



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive


Ag cur daoine ag croílár gach ní a dhéanaimid

Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais
na **Seirbhíse Sláinte** 2015




2015 Fíorais agus Figiúirí Airgeadas agus an Fórsa Saothair

Miondealú ar chaiteachas iomlán
2015 (€m)




Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach an FSS

% d'athrú ar chatagóirí foirne Nollaig
2014 – Nollaig 2015



Foinse sonraí: Áireamh Phearsanra an FSS

Ráta neamhláithreachta 2008-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

- ▶ €13.9bn ab ea caiteachas iomlán an FSS in 2015
- ▶ €5.4bn an t-ollchaiteachas ar sheirbhísí géarchúraim
- ▶ €3.6bn an t-ollchaiteachas ar sheirbhísí cúram príomhúil
- ▶ €2.8bn an t-ollchaiteachas ar sheirbhísí cúram sóisialta
- ▶ €762m an t-ollchaiteachas ar sheirbhísí meabhairshláinte
- ▶ In 2015, tháinig ardú de €138.6m (2%) ar an mbille iomlán pá, soláthróirí deonacha seirbhíse san áireamh ach gan aoisliúntas a áireamh
- ▶ Tháinig ísliú 2% ar chaiteachas le gníomhaireachtaí
- ▶ Caitheadh 5.3% de na costais iomlána pá ar chostais ghníomhaireachtaí
- ▶ Ag deireadh 2015 bhí 103,884 CL fostaithe
- ▶ Tháinig ardú 4.6% ar an líon foirne agus 61% de sin sna seirbhísí ospidéal ghéarmhíochaine
- ▶ Bhí 63.8% den fhoireann in 2015 fostaithe leis an FSS
- ▶ Tá 22.5% den fhoireann san earnáil dheonach ospidéal
- ▶ Tá 13.7% den fhoireann san earnáil dheonach neamhghéar
- ▶ Tá feabhas leanúnach ag teacht ar na rátaí neamhláithreachta, íslithe ó 5.76% in 2008 go dtí 4.21% in 2015

2015

Fíorais agus Figiúirí



303,502

An líon glaonna éigeandála a cuireadh ar an tSeirbhís Otharcharranna



144,701

An líon ban a d'fhreastail ar BreastCheck



4.6m

An líon daoine a bhí ina gcónaí in Éirinn



19m

An líon oideas a líonadh do 58 milliún earra



3.3m

An líon daoine a d'fhreastail ar rannóg na n-othar seachtrach in ospidéal




1.3m

An líon cóireálacha a cuireadh ar fáil faoin Scéim Fiaclóireachta



65,659

An líon naíonán a rugadh



1,858

An líon mí-úsáideoirí substaintí, faoi 18 mbliana, a thosaigh cóireáil laistigh d'aon tseachtain amháin dá measúnacht



1.7m

An líon daoine a bhfuil Cárta Leighis acu



1.2m

An líon daoine a d'fhreastail ar Rannóga Éigeandála



10.4m

An uaireanta an chloig de Chúnammh Baile a tugadh do 47,915 duine




1.5m

An líon daoine a fuair cóireáil othar cónaitheach nó cáis lae




980,917

An líon daoine a rinne teagmháil le DG lasmuigh d'uaireanta oibre



93%

An líon leanaí a imdhíonadh i gcoinne MMR



73%

An líon leanaí a fuair géarchúram meabhairshláinte d'othair chónaitheacha agus a glacadh isteach in aonaid leanaí agus ógánaigh



98%

An líon leanaí nuabhreithe ar thug PHN cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig

An Clár

Cuid I

Ráiteas ón Ard-Stiúrthóir	2
Ár bPlean Corparáideach	4
Ár nEagraíocht	5
Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí	9
Ár nDaonra	11
Feabhsú Cáilíochta agus Seachadadh Seirbhísí Sábháilte	13
Cúram Sláinte Pobail	15
Do Shláinte agus d’Fholláine a Chur Chun Cinn	16
Tusa agus do Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil	22
Tacú le do Riachtanais Chúraim Shóisialta	29
Barr Feabhais a Chur ar do Mheabhairshláinte	33
Seirbhísí Réamhospidéil agus Ospidéal	37
Ár Seirbhís Naisiúnta Otharcharranna a Fheabhsú	38
Do Sheirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine	40
Tacú Lenár Seirbhísí	53
Aguisíní	61
Aguisín 1: Ballraíocht na Stiúrthóireachta agus na Foirne Ceannasaíochta	62
Aguisín 2: Struchtúr Eagraíochtúil	63
Aguisín 3: Feidhmíocht Maidir le Príomh-Tháscairí an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2015	64
Aguisín 4: Tionscadail Chaipitil	71
Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	77
Aguisín 6: Mapa de na hOspidéal Ghéarmhíochaine	78
Aguisín 7: Mapa de na hEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail	79

Cuid II

Rialachas Airgeadais	81
Athbhreithniú ar Oibríochtaí agus Airgeadas	82
Tuarascáil Chomhaltaí na Stiúrthóireachta	88
Ráiteas um Fhreagrachtaí Chomhaltaí na Stiúrthóireachta i dTaca leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla	93
Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach	94
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	106
Ráitis Airgeadais	107
Beartais Chuntasaíochta	112
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	115
Aguisíní	136
Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil	136

Ráiteas ón Ard-Stiúrthóir

Bhí tionchar an chúlaithe eacnamaíochta le cúpla bliain anuas an-deacair ar gach duine. Ba é an scéal céanna é inár seirbhísí sláinte, d'úsáideoirí ár seirbhísí agus don fhoireann a bhí á gcur ar fáil. Bhí sé dúshlánach do gach duine againn a bheith ag déanamh níos mó le níos lú acmhainní. Ach táimid ag tosú ar thuras atá níos dearfaí agus téarnamh geilleagrach ag léiriú comharthaí feabhsaithe de thimpeallacht airgeadais níos cobhsaí don tsláinte sna blianta atá romhainn.

D'fhoilsíomar ár bPlean Corparáideach 2015-2017 i rith na bliana. Plean uailmhianach atá ann a chuireann creat ar fáil ina mbeidh ár seirbhísí á múnlú agus a cheadóidh dúinn cloí leis an deimhneacht: 'is féidir linn déanamh níos fearr, déanfaimid níos fearr'. Léiriú is ea ár bhfís, 'Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d'ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi', ar an méid atáimid ag iarraidh a chur i gcrích. Mar bhunús lenár bplean tá ár luachanna - Cúram, Taise, Iontaoibh agus Foghlaim, a sheasann do gach rud a dhéanaimid agus atáimid ar tí a dhéanamh mar sheirbhís sláinte. Samhlaíonn an Plean Corparáideach go mbeidh athruithe suntasacha ar ár seirbhísí faoi 2018 agus tá a thionchar sin le feiceáil cheana féin ar fud na Tuarascála Bliantúla.

I rith 2015, dhíríomar go háirithe ar fheabhsú caighdeán agus sábháilteacht na n-othar mar aon le athchóiriú a chur ar ár seirbhísí sláinte.



Déileáil lenár ndúshlán

Tá ár ndaonra ag fás. Tá ardú 9% tagtha ar líon na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn ó Dhaonáireamh 2006, agus ardú 1.3% ó 2011. Tá ardú beagnach dhá bhliain go leith tagtha ar an ionchas saoil ó 2004 agus tá sé níos airde go leanúnach ná an meán san AE, arna thiomáint go príomha ag laghdúithe suntasacha sna rátaí báis ó na príomhchúiseanna báis cosúil leis na cinn ó ghalair croí agus ailse. Tá laghdú móriomlán de 19% tagtha ar an ráta báis ó 2005. Meastar go mbeidh beagnach dúbailt ar líon na ndaoine os cionn 65 bliain d'aois go dtí 1 milliún faoi 2031.

Leanfaidh na treocharthaí sin ar aghaidh sa todhchaí agus beidh impleachtaí acu ar phleanáil don todhchaí agus do sheachadadh seirbhísí sláinte. Lenár bpobal a bheith ag dul in aois agus ag aithint go dtagann leitheadúlacht ar thinneas ainsealach, tá dúshlán leanúnach ann dúinn chun ár seirbhísí sláinte a chothú agus a fheabhsú níos mó.

Tá an tseirbhís sláinte ina hiomláine níos gnóthaí ná riamh. Táimid ag cur cóireála ar níos mó othar i dtimpeallachtaí ina bhfuil tionchar deimhneach ag an dul chun cinn suntasach i gcláir chliniciúla, nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí nua ar an mbealach a gcuirimid cúram ar fáil. Fad a bheidh fás ag teacht ar éileamh agus ar ionchas na n-othar caithfimid a chinntiú go leanfar agus go scaipfear feabhsúcháin den chineál sin.

Príomhthosaíocht dúinn is ea feidhmiú leanúnach ar an gcreat *Éire Shláintiúil* ina leagtar amach an bealach a bhfeabhsófar sláine agus folláine thar na blianta seo romhainn.

Mar aitheantas ar bhrúnna seirbhíse agus déimeagrafacha, chuir an Rialtas cistiú breise ar fáil chun tionscnaimh shainiúla a chur chun cinn i réimsí de chúraim ar a n-áirítear cúram príomhúil, meabhairshláinte, cúram sóisialta, sláinte agus folláine, agus seirbhísí ospidéal géarmhíochaine.

Seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil

Nuair a fheabhsáimid caighdeán cuirimid feabhas freisin ar an táirgiúlacht. Tá a fhios againn go mbíonn costas níos mó san fhadréimhse ar dhroch-chúram sláinte. Agus sinn ag imeacht ó bhlianta an ghanntanais, caithfimid a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí sláinte bunaithe ar na luachanna seo: cúram, taise, iontaoibh agus foghlaim. Bhí siad sin riamh mar chuid lárnach den bhealach a oibrímid, ach sin ráite, bhí cásanna ann nach raibh aon fhianaise ar na luachanna sin. Dá réir sin, táimid dírithe ar a chinntiú go mbeidh na luachanna sin mar bhunchloch le gach ní a dhéanaimid, an t-am go léir, agus ar a bheith oscailte agus follasach le linn dúinn a bheith ag foghlaim ónár mbotúin agus ag admháil gur tharla siad. Nuair a dhéanaimid é sin agus nuair a dhéanaimid athbhreithniú ar na nithe rathúla, ansin amháin is féidir linn a fháil amach conas cur lenár rathúlacht.

I rith na bliana, bhí fócas leanúnach agus cur chuige straitéiseach i gceist maidir le rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhísí agus na foirne, feidhmiú beartas mar Bainistíocht ar Nochtadh Oscailte agus Eachtraí Sábháilteachta ar fud ár seirbhísí go léir, cinntiú go ndéanfar seachadadh ar na *Caighdeán Náisiúnta do Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr*, monatóireacht ar fheabhsú caighdeán agus sábháilteacht othar, creat um dhearbhu agus deimhniú cáilíochta a chur i bhfeidhm, mar aon le bainistíocht ar theagmhais intuairiscithe agus tromchúiseacha. Lena chois sin, foilsíodh na torthaí ón gcéad suirbhé bliantúil ar shástacht na foirne. Chuir an suirbhé sin roinnt léargas iontach dúshlánach ar fáil do bhainisteoirí ar fud an chórais agus táimid tiomanta éisteacht a thabhairt agus freagra a sholáthar do thorthaí an tsuirbhé sin agus do chinn a dhéanfar sa todhchaí.

Athchóiriú Sláinte

Caithfidh an múnla cúraim a chuirimid ar fáil a bheith oiriúnach don fheidhm agus ar an gceann is fearr is féidir. Caithfidh soláthar an chúraim a bheith comhtháite trí rochtain níos fearr agus níos éasca ar sheirbhísí a chur ar fáil don phobal, agus iad sin a bheith gar don áit a bhfuil daoine ina gcónaí.

Ag tacú leis na cuspóirí atá ag an *bPlean Corparáideach 2015-2017*, tá an clár athchóirithe ag tiomaint sheachadadh cúraim atá duinelárnach agus comhtháite ar fud na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta, ag cur torthaí níos fearr ar fáil d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí.

Tá clár seachadta seirbhísí i bhfearas chun Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOnna), Grúpa Ospidéal agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna a bhunú agus a fhorbairt. Tá an obair sin ag fáil tacaíochta trí phleanáil do thodhchaí na bhfeidhmeanna is gá ag leibhéal náisiúnta chun tacú le seachadadh seirbhísí áitiúla ar a n-áirítear cúram comhtháite agus na príomhchláir cumasaithe agus tacaíochta go léir (caighdeán agus sábháilteacht, AD, ICT agus airgeadas san áireamh). Tá bailchríoch a chur ar Phlean Gníomhaíochta d'Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte agus leagfar amach ansin na príomhtháirgí insoláthartha thar na blianta atá le theacht.


Tá an obair ag dul ar aghaidh i dtaca le breis forbartha ar mhúnlaí otharlárnacha comhtháite sna cláir chúraim chomhtháite (sreabhadh othar, daoine scothaosta, cosc agus bainistíú ar ghalar ainsealach agus leanaí) agus sna 33 clár cliniciúil náisiúnta ar aon.

Buíochas

Thar ceann na Stiúrthóireachta, is mian liom buíochas a ghlacadh le Jim Breslin, Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus lena n-oifigigh, as a dtacaíocht, a spreagadh agus a gcúnamh i rith na bliana.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do cheannasaíocht an Aire Sláinte, Leo Varadkar, i gcomhar le Kathleen Lynch, an tAire Stáit le Freagracht as Meabhairshláinte, Cúram Príomhúil agus Cúram Sóisialta (Míchumais agus Daoine Scothaosta) a stiúraigh beartas ag leibhéal Rialtais.

Is mian liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghlacadh lenár bhfoireann as a dtiomantas i seachadadh seirbhísí sláinte ardchaighdeán do na daoine a bhfuil gá acu leo, ar fud na seirbhísí agus sna suíomhanna go léir. Tá an teacht aniar agus an bhuanseasmhacht atá iontu ar fheabhas agus tá aitheantas dlíte dó sin. Tá tionchar na hoibre seo ar fad le feiceáil sna forbairtí agus sna feabhsúcháin seirbhíse ar fud na Tuarascála Bliantúla.



Tony O'Brien

Ard-Stiúrthóir

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ár bPlean Corparáideach



Sa *Phlean Corparáideach 2015-2017* a foilsíodh níos luaithe i mbliana, leagtar amach an bealach a bhfuil sé i gceist againn dul chun cinn lenár seirbhís sláinte thar thréimhse trí bliana. An aidhm atá againn ná seirbhís den scoth a fhorbairt, a bheidh ar fáil do dhaoine san áit agus ag an am a mbeidh gá acu léi, agus na torthaí is fearr is féidir a fháil aisti.

Tá ár bhfís, ‘Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte ardchaighdeáin agus meas ag cách uirthi’, ina ráiteas den aidhm dheiridh sin, agus in éineacht leis tá ráiteas misin a imlíníonn an dóigh a mbainfear an fhís amach.

Mar bhunchloch leis an bplean iomlán tá na luachanna seo: Cúram, Taise, Iontaoibh agus Foghlaim. Bíonn tionchar ag ár luachanna ar ár ndearcadh agus ar an iompraíocht a bhíonn againn i leith na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus leo sin a mbíonn teagmháil ghairmiúil againn leo. Imlíníonn an plean an bealach a ndéanfaimid gach dícheall ceacht a fhoghlaim ó na botúin a rinneadh san am atá caite agus a bheidh nuálach san iarracht chun feabhsúchán leanúnach a dhéanamh. Tá gach luach sainithe ag ráitis a dhéanann cur síos ar féidir linn na luachanna sin a aithint, a léiriú agus a mhaireachtáil, mar sin tá siad le feiceáil inár n-iompraíochtaí, ár gcinntí agus ár n-idirghníomhaíochtaí go léir le hothair agus le húsáideoirí seirbhísí.

Tá cúig chuspóir leagtha amach sa phlean don tseirbhís sláinte, mar aon leis na gníomhaíochtaí is gá chun iad a sheachadadh:

- Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid le go mbeidh daoine níos sláintiúla
- Rochtain a chur ar fáil ar an tseirbhís Sláinte ardchaighdeáin atá daoine a iarradh, ar mhodh féarálte, cothrom agus tráithúil
- Cultúr a chothú a bheidh ionraic, atruach, follasach agus freagrach
- Ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheidh orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu
- Acmhainní a bhainistiú chun na torthaí sláinte is fearr a fháil, an tseirbhís do na húsáideoirí a fheabhsú agus luach ar airgead a léiriú

Trí na cuspóirí sin a bhaint amach tarlóidh athruithe suntasacha ar fud na seirbhíse sláinte, ar a n-áirítear:

- Córas seachadta sláinte a chruthú a bheidh cumasaithe agus freagrach trí eagraíochtaí cúram sláinte pobail (CHOnna) agus grúpaí ospidéal a bhunú, agus trí athchóiriú a chur ar an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil agus ar an tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna
- Tógáil agus dearadh múnlaí cúraim a bheidh otharlárnaithe, fianaise-bhunaithe agus treoraithe go cliniciúil ar fud na seirbhíse go léir
- Athchóiriú a dhéanamh ar na príomhfheidhmeanna tacaíochta mar atá Seirbhísí Gnó Sláinte, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, Acmhainní Daonna agus Airgeadas.

Ba é 2015 an chéad bhliain inar feidhmíodh ár *bPlean Corparáideach* uaimhianach nua, agus tá cuid dár nithe rathúla agus dár ndúshlán le feiceáil ar fud na Tuarascála Bliantúla seo.

Misean

- ▶ Tá daoine in Éirinn ag fáil tacaíochta ó sheirbhísí sláinte agus sóisialta chun a n-acmhainn iomlán a bhaint amach
- ▶ Pobal na hÉireann in ann cúram sábháilte, atruach agus ar ardcháilíocht sláinte a fháil nuair a theastaíonn sé uathu
- ▶ Daoine in Éirinn a bheidh muiníneach go seachadfaimid na torthaí sláinte agus na luachanna is fearr tríd an úsáid is fearr a bhaint as ár n-acmhainní

Ár bPlean

Sa phlean corparáideach seo tá ár 5 chuspóir, na beartais is gá chun iad a sheachadadh agus mar a thomhaisfimid dul chun cinn

Cuspóir 1

- ▶ Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid le go mbeidh daoine níos sláintiúla

Cuspóir 2

- ▶ Rochtain a chur ar fáil ar an tseirbhís Sláinte ardchaighdeáin atá daoine a iarradh, ar mhodh féarálte, cothrom agus tráithúil

Cuspóir 3

- ▶ Cultúr a chothú a bheidh ionraic, atruach, follasach agus freagrach

Cuspóir 4

- ▶ Ár bhfórsa saothair a ghníomhú, a fhorbairt agus meas a bheidh orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr a sheachadadh do na daoine atá ag brath orthu

Cuspóir 5

- ▶ Acmhainní a bhainistiú chun na torthaí sláinte is fearr a fháil, an tseirbhís do na húsáideoirí a fheabhsú agus luach ar airgead a léiriú


Fís

- ▶ Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d’ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi

Ár nEagraíocht

Is é an cuspóir atá againn ná seirbhísí sóisialta sábháilte, ardchaighdeán sláinte agus pearsanta a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. An fhís atá againn ná Éire níos sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d'ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi. Leagtar amach inár *bPlean Corparáideach* an méid atá i gceist againn a dhéanamh sa tréimhse 2015-2017.

Déanann an Tuarascáil Bhliantúil cur síos ar an méid a bhaineamar amach in 2015 chun ár gcuspóirí a bhaint amach i gcomparáid lenár *bPlean Corparáideach* agus lenár *bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2015*. Ar aon dul lenár riachtanais reachtaíochta faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), tuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil freisin an dul chun cinn i gcomparáid lenár bPleananna Caipitil agus soláthraítear ráitis mhionsonraithe airgeadais don eagraíocht.



Rialachas

Bunaíodh Stiúrthóireacht an FSS in 2013, tar éis don *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013* a beith achtaithe. Tá an tArd-Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht. Tá comhaltaí eile den Stiúrthóireacht ceaptha ag an Aire ó dhaoine atá fostaithe mar Stiúrthóirí Náisiúnta san FSS.

Is í an Stiúrthóireacht an comhlacht rialachais atá ar an bhFeidhmeannacht agus údarás

aici feidhmeanna na Feidhmeannachta a chur i gcrích. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire as feidhmiú feidhmeanna an FSS. Mar Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, tuairiscíonn an tArd-Stiúrthóir don Aire thar cheann na Stiúrthóireachta is é atá freagrach as feidhmiú, bainistiú agus rialú ginearálta riaracháin agus ghnó an FSS. Tugtar faoi sin ar bhunús oibriúcháin tríd an bhFoireann Cheannasaíochta agus a struchtúr thacaíochta laistigh den eagraíocht. Féach freisin ar Thuarascáil Chomhaltaí na Stiúrthóireachta sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla atá sa Tuarascáil seo agus freisin mar chairt eagraíochta mar a bhí ag 31.12.15 in Aguisín 2.

Faoin *Acht Sláinte*, tá sé de dhualgas ar an FSS Cód Rialachais a chur i bhfearas. Tá na príonsabail agus na cleachtais a bhaineann le dea-rialachas ag teacht chun cinn go leanúnach agus in 2015 rinne an FSS nuashonrú ar a Chód Rialachais le cur in ionad an Chóid Rialachais reatha a bhí i bhfeidhm ó 2011. D'fhaomhaigh an tAire an Cód nuashonraithe i mí na Nollag 2015.

Tar éis comhairliúcháin agus taighde, léiríonn an Cód Rialachais seo na caighdeán, beartais agus gnáthaimh reatha atá le cur i bhfeidhm laistigh de agus ag an FSS agus ag na gníomhaireachta a mhaoiníonn sé chun seirbhísí a chur ar fáil thar a cheann. Agus an Cód seo á nuashonrú, thug an FSS aird ar an reachtaíocht ábhartha ar a n-áirítear forálacha ábhartha de na hAchtanna Sláinte 2004-2015, *Plean Corparáideach 2015-2017* an FSS agus *Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte 2015-2017*. Tá an Cód seo ag cloí leis na riachtanais atá sa Chód Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit agus léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ár géilliúlacht. Tá socrúithe chun an

cód rialachais a fheidhmiú agus géilliúlacht a choinneáil leis leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

Athchóiriú Sláinte

Ag tacú leis na cuspóirí atá ag an *bPlean Corparáideach 2015-2017*, tá an clár athchóirithe ag tiomaint sheachadadh cúraim atá duineárnach agus comhtháite ar fud na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta, agus torthaí níos fearr ar fáil ag othair agus úsáideoirí seirbhísí. Ionas go dtarlódh sé sin, tá clár seachadta seirbhísí i bhfearas anois do CHOnna agus grúpaí ospidéal, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, cúram comhtháite agus na príomhchláir cumasaithe go léir (caighdeán agus sábháilteacht, AD, ICT agus airgeadas san áireamh). Táthar ag aontú Plean Gníomhaíochta d'Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte agus leagfaidh sé sin amach na príomhtháirgí insoláthartha thar na blianta atá le theacht.

CHOnna agus grúpaí ospidéal a fhorbairt

- In 2015, reáchtáladh sraith ceardlanna le foireann CHO ag a raibh 250 ball foirne. Lena chois sin, reáchtáladh sraith de 17 gceardlann le breis agus 400 ball foirne mar chuid den scóipeáil ar na tionscadail athchóirithe is gá chun grúpaí ospidéal a bhunú. Tá obair shuntasach déanta rialachas clár náisiúnta agus áitiúil a bhunú, chun tionscadail thosaíochta a chur chun cinn agus chun a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí cuí i bhfearas chun na grúpaí ospidéal agus na CHOnna araon a fheidhmiú. Táthar ag leanúint den obair sin.
- Comhthreomhar leis sin, cuireadh trí thionscadal tosaíochta chun cinn ina raibh rannpháirtíocht leathan foirne i gceist ar fud na CHOnna go léir, i dtaca le múnla oibriúcháin gréasáin, cumasú AD agus mapáil gréasán CHO. Déanfaidh na tionscadail thosaíochta seo sainiú ar thíreolaíocht gach gréasán oibriúcháin agus le gach CHO bunaithe ar dhaoine agus bunóidh sé na heagraíochtaí agus na bealaí oibre chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

Múnlaí cúraim othar-lárnaithe agus comhtháite a fhorbairt

- Rinneadh an doiciméadú ullmhúcháin ina raibh sonraí faoi gcur chuige agus na hacmhainní is gá a ullmhú do na cláir chomhtháite cúraim do dhaoine scothaosta agus do ghalar ainsealach araon. Tá tionscadail bunaithe ar dhearadh agus feidhmiú mhúnla oibriúcháin do straitéis agus clár chliniciúla mar aon lena n-ailíniú leis na cláir chomhtháite cúraim.

Athchóiriú ICT

- D'fhoilsigh oifig an Phríomhoifigigh Fhaisnéise *Plean Eolais agus Faisnéise* mar aon le Coiste Riomhsheirbhísí Sláinte Éireann agus táthar ag dul chun cinn le roinnt príomhchlár ar a n-áirítear an t-aitheantóir aonair sláinte agus an cás gnó um taifead leictreonach sláinte. Tá breis sonraí faoi na cláir athchóirithe sin le feiceáil trí an tuarascáil seo.

Athchóiriú AD

- Déanfar dul chun cinn leis an athchóiriú ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna tríd an *Straitéis i leith Daoine* a chur i bhfeidhm.

Táthar ag dul ar aghaidh le roinnt réimsí athchóirithe eile ar a n-áirítear airgeadas (múnla oibriúcháin airgeadais, maoiniú bunaithe ar ghníomhaíocht), sláinte agus folláine, srl. Tá sonraí fúthu sin le fáil níos deireanaí sa tuarascáil seo.

Ár bhFórsa Saothair

An fhís atá againn mar atá leagtha síos inár *bPlean Corparáideach 2015-2017* ná na daoine a chur ag croílár gach ní a dhéanaimid - táimid tiomanta ar chúram sláinte ardchaighdeán a chur ar fáil dár n-úsáideoirí seirbhísí, dár bpobail agus don daonra i gcoitinne. Tá ár bhfoireann ag croílár sheachadadh na seirbhísí cúram sláinte, ag oibriú laistigh de agus ar fud na suíomhanna cúraim sna pobail, ospidéal agus oifigí cúram sláinte.

Is í an tseirbhís sláinte an fostóir is mó sa stát agus 120,000 ball pearsanra, nó 103,884 coibhéis lánaimseartha (CL) fostaíthe inti ag deireadh mhí na Nollag. Sin ardú móriomlán de 4.6% nó 4,557 CL sa bhliain i gcomparáid le ardú de 2,332 CL sa tréimhse chéanna in 2014. Tá an t-ardú sin tiomanta ag an aistriú ó fhoireann ghníomhaireachta go dtí CLanna.

As na 103,884 CL:

- Tá 63.8% (66,278) fostaíthe leis an FSS
- Tá 22.5% (23,374) san earnáil dheonach ospidéal, agus
- Tá 13.7% (14,232) san earnáil dheonach neamhghéar.

Tháinig ardú de 4.6% ar líon na mball foirne a bhí fostaíthe ar fud na gcatagóirí foirne go léir agus 61% den ardú sin (2,797 CL) laistigh de sheirbhísí na n-ospidéal géarmhíochaine. Seo a leanas mar a léirítear an t-ardú sna leibhéil fostaíochta:


- 5.9% i míochaine/fiaclóireacht
- 2.4% in altranas
- 6.9% i ngairmithe sláinte agus cúram sóisialta
- 6.9% i mbainistíocht/riarachán
- 0.8% san fhoireann ghinearálta tacaíochta
- 6.3% i gcúram othar agus cliant elle

De bharr fhás na fostaíochta in 2015 tháinig athrú suntasach ar rialú fostaíochta agus dúshlán costais. Leanfar den mhonatóireacht air sin gcomparáid leis an inacmhainneacht ghinearálta agus na buiséid phá leithdháilte mar aon leis na pleananna maoinithe don fhórsa oibre.

Tábla 1: Pearsanra na Seirbhíse Sláinte 2015 – Grúpáil Foirne


Grúpáil Foirne	CL Noll. 2014	CL Noll. 2015
Comhairleoirí	2,635	2,724
Leigheas – eile	881	895
NCHDanna	5,302	5,717
Altraí Bainistíochta	6,602	6,947
Altraspeisialtóirí	1,332	1,475
Altraí Foirne	24,422	24,748
Altraí Sláinte Poiblí	1,460	1,501
Ábhair Altraí	404	387
Altranas – eile	289	295
Teiripeoirí (Fisiteiripeoirí, OT, SLT)	3,764	4,002
Sláinte agus Cúram Sóisialta – eile	9,875	10,576
Bainistíocht	4,721	5,043
Cléireachas agus Riarachán	10,399	11,126
Otharcharranna	1,556	1,601
Foireann Cúraim	16,266	17,353
Seirbhísí Tacaíochta	9,419	9,494
Seirbhís Sláinte Iomlán	99,327	103,884
Foinse sonraí: Áireamh Phearsanra na Seirbhíse Sláinte		

Figiúr 1: % d'athrú ar chatagóirí foirne Nollaig 2014 – Nollaig 2015



Foinse sonraí: Áireamh Phearsanra an FSS

Figiúr 2: % de dháileadh foirne Nollaig 2015



Foinse sonraí: Áireamh Phearsanra an FSS

Altranas agus cnáimhseachas

Seoladh feachtas nua earcaíochta chun altráí agus cnáimhsigh atá ag obair sa Ríocht Aontaithe nó níos faide ó bhaile a mhealladh chun dul ag obair in Éirinn. Tá na folúntais i réimse leathan suíomhanna ar a n-áirítear ospidéal agus pobail araon, agus deiseanna ar fáil do 500 altra agus cnáimhseach, geall leis.



Oiliúint agus Pleanáil Náisiúnta Dochtúirí

Lean Oiliúint agus Pleanáil Náisiúnta Dochtúirí (NDTP) den obair le réimse de pháirtithe leasmhara chun tionscnaimh a fhorbairt atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhochtúirí atá i mbun oiliúna agus oibre in Éirinn agus chun pleanáil do riachtanais fhórsa oibre leighis na hÉireann sa todhchaí. Ar na buaicphointí bhí:

- **Lá na nGairmeacha Leighis**

Reachtáladh Lá na nGairmeacha Leighis i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus seoladh an suíomh idirlín nua do ghairmeacha leighis, www.medicalcareers.ie. Tá sé sin deartha chun cuidiú le mic léinn leighis agus intéirínigh chun cinní eolasacha a dhéanamh faoina roghanna gairme. Comhthionscnamh is ea Lá na nGairmeacha Leighis idir an FSS - NDTP, Fóram na gComhlachtaí Oiliúna Leighis d'Iarchéimíthe in Éirinn agus Comhairle na nDochtúirí Leighis. Ba é seo an tríú bliain ag an ócáid agus tá meádú tagtha gach bliain ar an aiseolas deimhneach ar aon dul leis na figiúirí tinrímh.



- **Seoladh an Taifid Náisiúnta Fostaíochta (NER)**

Mar fhreagra ar an moladh a bhí in *Athbhreithniú Straitéiseach ar Struchtúr na hOiliúna agus na Gairme Míochaine* (Tuarascáil Mhic Craith) go laghdófaí an t-ualach páipéarachais do NCHDanna, a bhaineann le huainíocht idir suíomhanna cliniciúla, seoladh an NER. Caithfidh gach NCHD cuntas tairisí daingean NER a chlárú ina mbeidh ionad lárnach chun uaslódáil a dhéanamh ar cháipéisíocht a bhaineann le hathrú fostóra ar nós Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, teastais éigeantacha oiliúna, srl. Rinneadh tástáil ar an NER le cohórt intéirneach mhí lúil agus mar gheall ar chomh maith agus a bhí sé cuireadh i bhfeidhm é do na NCHDanna go léir ar bhonn náisiúnta i nDeireadh Fómhair. Faoi dheireadh na bliana bhí a gcuntas oscailte ag beagnach 2,600 NCHD. Tá sé pleanáilte ríomhphost uathoibríthe a thabhairt isteach do NCHDanna chun a mheabhrú dóibh go bhfuil doiciméid áirithe ag teannadh lena ndáta éagtha, ceadúnais oibre mar shampla.

- **Tuairisc ar an bPleanáil d'Fhórsa Saothair Leighis sa Chleachtadh Ginearálta**

I Meán Fómhair, foilsíodh tuairisc faoin bhfórsa saothair a bheidh ag teastáil sa todhchaí sa Cleachtadh Ginearálta. Sa tuarascáil, sonraítear an t-éileamh speisialaithe atá tuartha thar achar ama 10 mbliana. Áirithe sna cásanna tá teilgín daonra, rátaí reatha measta do chuairteanna dochtúra, tionchar ionchasach cinní beartais ar nós leathnú ar an gcáilitheacht do chárta cuairt dochtúra, mar aon le sonraí a bhaineann le hoibríú páirtaimseartha, bainneannú agus uimhreacha oiliúnaithe. Cuideoidh príomhthorthaí agus moltaí chun comhairle a chur ar bheartas i dtéarmaí teilgín d'uimhreacha san fhórsa saothair sa Chleachtadh Ginearálta, ag cur chun cinn na speisialtachta CG mar rogha gairme agus chun earcaíocht agus coinneáil a uasmhéadú laistigh den ghairm.

An Treoir Eorpach i dTaca le hAm Oibre

Tá ról tábhachtach ag dochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéal (NCHDanna) inár n-ospidéal, ár seirbhísí meabhairshláinte agus inár seirbhísí pobail. In 2015, coinníodh an fócas ar fheabhas a chur ar an ngéillúlacht don Treoir Eorpach i dTaca le hAm Oibre (EWTD) i measc NCHDanna, faoi réir na dtograí feidhmithe a cuireadh faoi bhráid an Coimisiúin Eorpaigh sa chéad chuid den bhliain.


- Bhí 77% ag cloí leis an meán-seachtain oibre 48 uair an chloig (ardú 10% ar 2014)
- Níor oibrigh 96% níos mó ná 24 uair ar an láthair ar glao-dhualgas (ardú 2% ar 2014)
- Fuair 96% bristeacha faoisimh laethúla de 11 uair nó a chomhionann de shos cúitimh (gan athrú ó 2014)
- Bhí 99% géillúlachta i gceist leis na bristeacha 30 nóiméad agus 99% géillúlachta leis an scíth seachtainiúil/coicisiúil nó a chomhionann

Cé go bhfuil feabhsúcháin shuntasacha curtha ar an ngéillúlacht EWTD, tá géillúlacht iomlán fós ina dhúshlán leanúnach don tSeirbhís Sláinte.

Cúram don fhreastal

Léirigh ráta neamhláithreachta bliantúil 4.2% na foirne go raibh laghdú tagtha ar ráta 4.3% na bliana roimhe sin, ag leanúint leis an treocht anuas atá ann le blianta beaga anuas.

Figiúr 3: Ráta neamhláithreachta 2008-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmioctha an FSS

Airgeadas

B'ionann caiteachas iomlán an FSS in 2015 agus €13.895 billiún (bn) do sheachadadh agus conraitheoireacht seirbhísí sláinte agus do sheirbhísí sóisialta pearsanta.

Tá na príomhréimsí caiteachais leagtha amach i bhfigiúr 4.

I gcur chun cinn Phlean Caipitil an FSS do 2015, bhí caiteachas caipitiúil iomlán de €388m i gceist, lena n-áirítear deontais chaipitil do ghníomhaireachtaí deonacha de luach €84.5m. Tá tuilleadh eolais faoi chaipiteal agus forbairtí infreastruchtúir ICT an FSS le fáil ar leathanaigh 71-76.

Tá eolas cuimsitheach airgeadais le fáil sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla atá sa dara cuid den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Párolla (reachtúil agus neamhreachtúil)

Tháinig ardú €138.6m (2%) ar bhille iomlán pá na Seirbhíse Sláinte in 2015, soláthróirí deonacha seirbhíse san áireamh ach gan aoisliúntas a áireamh. Tháinig ardú de €95.1m (2%) ar an mbunphá, d'ardaigh iocaíochtaí ragoibre de €20m agus d'ardaigh liúntais eile de €31.7m (3%). Tháinig laghdú 2% ar chaiteachas gníomhaireachtaí i gcomparáid le 2014.

Bhí 3% den ardú san earnáil géarchúraim agus ardú 2% san earnáil cúraim neamhghéar. Tharla an t-ardú ba mhó in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine, beagnach 4% i gcomparáid le 2014, i dtaca le bunphá. Tá an t-ardú sin tiomanta ag an aistriú ó fhoireann gníomhaireachta go colbhéisí lánaimseartha.

- Caitheadh 3.5% de na costais iomlána pá ar ragobair (gan aoisliúntas a áireamh).
- Caitheadh 5.3% de na costais iomlána pá ar chostais gníomhaireachtaí (gan aoisliúntas a áireamh).

Socruithe rialachais leis an earnáil neamhreachtúil

Chuir an FSS cistiú de €3.621bn ar fáil do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla chun seirbhísí sóisialta sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sholáthar.

- Ospidéal géarmhíochaine deonacha €1.908b (53%)
- Gníomhaireachtaí neamhghéara €1.713bn (47%).

Tugadh cistiú do bhreis agus 2,300 gníomhaireacht, le breis agus 3,700 socrúchán anarach maoinithe curtha i bhfearas. Bhí 50% den mhaoiniú i gceist le naoi ngníomhaireacht.


Leanadh leis an obair chun feabhas a chur ar shocrúcháin rialachais le gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú Alt 38 agus Alt 39 agus chun idirghníomhaíocht leanúnach a chur chun cinn. Ach go háirithe:

- Nuashonraíodh Cuid 1 de dhoiciméadú an tSocruithe Seirbhíse i gcomhairle le hionadaithe ó na gníomhaireachtaí maoinithe agus rinneadh an t-athbhreithniú bliantúil ar dhoiciméadú Chuid 2 (Sceidil)
- Sa chéad ráithe de 2016, aontaíodh próisis chun bailchríoch/siniú a chur le doiciméid rialachais na bliana seo chugainn
- Reáchtáladh dhá chruinniú fhoirmiúla le Cathaoirligh na nGrúpaí Géara agus Neamhghéara de Sholáthróirí Alt 38
- Bunaíodh grúpaí ionadaíochta ar a bhfuil baill foirne ó CHOnna agus as rannóga na bhfeidhmeanna tacaíochta/seirbhíse corparáide
- Tosaíodh agus críochnaíodh próiseas chun athbhreithniú neamhspleách ar rialachas a bhunú i dtaca le heagraíochtaí Alt 38.

Leanadh leis an bpróiseas de Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil, faoi gcaithfidh gníomhaireachtaí Alt 38 go léir ráiteas a chur ar fáil don FSS go bliantúil ag dearbhú a gcomhlíontacht le dea-cheachtas sa bhliain roimhe sin.


Shínigh na gníomhaireachtaí Alt 38 ar fad a Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil i dtaca le 2014. Rinneadh athbhreithniú ar na ráitis sin agus díriodh ar nithe a raibh gá le breis soiléirithe ina leith leis na gníomhaireachtaí a bhí i gceist.

Figiúr 4: Miondealú ar chaiteachas iomlán 2015



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach an FSS

Figiúr 5: Athrú i gcostais gníomhaireachtaí 2014-2015



Foinse sonraí: Airgeadas Corparáideach an FSS

Éisteacht le hÚsáideoirí ár Seirbhísí

Réamhrá

Ceann de na príomhluachanna atá againn ná éisteacht lenár n-othair agus ár n-úsáideoirí seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar aiseolas faoin mbealach a ndéantar seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh, mar atá leagtha síos inár *bPlean Corparáideach 2015-2017*. Ar cheann dár bpríomhthosaíochtaí tá bealaí nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí a chur chun cinn.

Chun a chinntiú go dtugtar cluas do thuairimí, ábhair imní agus taithí cúraim na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhísí agus go ndéantar beart dá réir, tá sé riachtanach:

- Cumas eagraíochtúil a fhorbairt chun aiseolas na n-othar a shaincagadh
- Rannpháirtí na n-úsáideoirí seirbhísí ar fhóiraim othar a spreagadh
- Gréasán náisiúnta a fhorbairt de cheannródaithe sábhailteachta othar
- Cláir thanta a chur i bhfeidhm inár suíomhanna sláinte go léir
- Tacú le suirbhéanna ar thaithí seirbhíse úsáideoirí agus othair
- Tacú le cláir cúraim duineárnacha
- An Beartas um Nochtadh Oscailte a chur i bhfeidhm

I rith 2015

Cuireadh roinnt tosaíochtaí chun cinn i rith 2015:

Rannpháirtíocht Úsáideoirí Seirbhísí

- Bunaíodh Fóram Náisiúnta Othar mar ardán chun dul i dteagmháil le hothair agus úsáideoirí seirbhísí faoi nithe a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo don tseirbhís sláinte.

Abhcóideacht

- Tá Othair do Shábháilteacht Othar Éireann (PFPSI) ina chuid de thionscnamh na hEagraíochta Domhanda Sláinte atá dírithe ar thuiscint agus caidreamh a chur chun cinn i dtaca le sábháilteacht othar agus an ról is féidir a bheith ag na hothair i bhforbairt uirlisí nua do shábháilteacht othar. In 2015, chuirimid tús le comhairliúchán le PFPSI faoin gCreat chun Caighdeán a Fheabhsú.

Inrochtaine

- Seoladh na *Treoirlínte Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinte agus Cúram Sóisialta Insroichte*, ina bhfuil treoraíocht phraiticiúil do gach ball foirne sláinte agus cúraim shóisialta faoi dóigh ar féidir leo seirbhísí inrochtana a chur ar fáil. An príomhtheachtaireacht atá treisithe ar fud na dtreoirlínte ná 'Ceistigh, Éist, Foghlaim agus Déan'.



Teachtaireachtaí Dea-mhéine agus Gearáin

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Seachas Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha)

Cuirtear fáilte roimh thagairtí, teachtaireachtaí dea-mhéine agus gearáin ó úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh agus cuirtear luach orthu mar go gcuidíonn siad linn ár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

In 2015, taifeadh 7,304 teachtaireacht dea-mhéine cé nach ndéantar taifeadh ar chuid mhór acu. Táthar ag leanúint den obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dea-mhéine a thairfeadh mar go gcuidíonn siad sonraí a ghlacadh faoi na gnéithe deimhneacha dár seirbhísí agus foghlaimimid as sin céard tá ag oibriú go maith.

Rinne oifigigh gearáin taifead agus scrúdú ar 9,289 gearán, sin méadú 10.9% ar an líon gearán a fuarthas in 2014. As an líon iomlán gearán a fuarthas i mbliana, déileáladh le 6,854 nó 74% acu laistigh de 30 lá oibre.

Tábla 2: Gearáin FSS a fuarthas agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

	Líon na ngearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre
2015	9,289	6,854 (74%)
2014	8,375	5,704 (68%)
2013	6,823	4,651 (68%)
2012	6,813	4,664 (69%)
2011	7,449	5,623 (75%)

Foinse sonraí: Rannóg um Fheabhsú Cáilíochta an FSS

Ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha

In 2015, taifeadh 10,108 teachtaireacht dea-mhéine cé nach ndéantar taifeadh ar chuid mhór acu.

Rinne oifigigh gearáin taifead agus scrúdú ar 11,459 gearán, ardú 6.5% (707) ar an líon gearán (10,752) a fuarthas in 2014. As an líon iomlán gearán a fuarthas i mbliana, déileáladh le 9,038 nó 79% acu laistigh de 30 lá oibre.

Tábla 3: Gearáin a fuarthas de réir catagóire (FSS) 2014-2015

Catagóir	2014	2015
Rochtain	2,130	3,257
Dínit agus Meas	868	999
Cúram Sábháilte agus Éifeachtach	2,520	3,199
Cumarsáid agus Eolas	3,517	2,014
Rannpháirtíocht	58	80
Príobháideachas	141	153
Feabhsú Sláinte	124	183
Freagracht	307	418
Eile	460	611
Breithiúnas Cliniciúil	116	196
Gearáin Chráiteacha	11	7
Tithe Altranais/cúram cónaithe do dhaoine scothaosta (65 agus os a chionn)	56	69
Tithe Altranais/cúram cónaithe (64 agus faoina bhun)	5	10
Seirbhísí iniúchta réamhscolaíochta	49	4
Muinín i gCúram	22	29
Tús Áite do Leanaí	8	50
Foinse sonraí: Rannóg um Fheabhsú Cáilíochta an FSS		
Nóta: Bíonn ilchúinsí i gcuid de na gearáin agus mar sin tagann siad faoi níos mó ná catagóir amháin		

Tábla 4: Gearáin a fuarthas de réir catagóire (ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha) 2014-2015

Catagóir	2014	2015
Rochtain	2,838	2,551
Dínit agus Meas	1,103	1,473
Cúram Sábháilte agus Éifeachtach	3,032	2,551
Cumarsáid agus Eolas	2,979	2,776
Rannpháirtíocht	102	150
Príobháideachas	125	203
Feabhsú Sláinte	164	152
Freagracht	398	309
Eile	525	608
Breithiúnas Cliniciúil	168	99
Gearáin Chráiteacha	19	50
Tithe Altranais/cúram cónaithe do dhaoine scothaosta (65 agus os a chionn)	7	6
Tithe Altranais/cúram cónaithe (64 agus faoina bhun)	89	9
Seirbhísí iniúchta réamhscolaíochta	0	2
Muinín i gCúram	690	573
Tús Áite do Leanaí	140	38
Foinse sonraí: Rannóg um Fheabhsú Cáilíochta an FSS		
Nóta: Bíonn ilchúinsí i gcuid de na gearáin agus mar sin tagann siad faoi níos mó ná catagóir amháin		

Gearáin faoi Chuid 2 agus 3 den Acht um Míchumas 2005

Fuarthas 564 gearán faoi Chuid 2 den *Acht um Míchumas 2005* i dtaca le measúnú an leanbh le riachtanas seirbhísí míchumais. Fuarthas trí ghearán faoi Chuid 3 den *Acht um Míchumas 2005*, i dtaca le rochtain chuig foirgnimh agus seirbhísí do dhaoine le míchumas.

Athbhreithnithe

Fuarthas 183 iarratas ar athbhreithniú. Is ionann sin agus laghdú de 15.3% ar an líon iarratas ar athbhreithniú a fuarthas agus a scrúdaíodh ón mbliain roimhe sin anall. Féadtar athbhreithniú a lorg faoi Chuid 9 den *Acht Sláinte 2004* má bhíonn gearánach míshásta leis na moltaí a rinneadh i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar a ngearán.

Líne Faisnéise Náisiúnta

Fuarthas 541 ceist san iomlán ar an Líne Faisnéise Náisiúnta faoin mbealach le gearán a dhéanamh. Acu sin, bhain 70 le gearáin faoi ospidéal.

Thug an Líne Faisnéise Náisiúnta freagra ar an milliúnú glao le gairid. Cuireann an tseirbhís eolas ar fáil faoi na seirbhísí is minice a lorgaítear i dtaca le scéimeanna náisiúnta, chomh maith le heolas faoi rún a thabhairt faoi bhreis agus 120 topaic a bhaineann le faisnéis faoi sheirbhísí sláinte agus sóisialta.

Tagairt, dea-mhéin nó gearán a chur in iúl

- Labhair le haon bhall d'fhoireann an FSS, bainisteoir seirbhísí nó Oifigeach Gearán
- Ríomhphost chuig yoursay@hse.ie le d'aiseolas
- Seol litir nó facs chuig aon ionad FSS
- Glaoigh ar 1850 24 1850
- Bain úsáid as an bhfoirm ar láithreán gréasáin an FSS ag www.hse.ie/eng/services/yourhealthservice/focus/ysys.html

Ár nDaonra

Ár nDaonra

- Tá 4.635 milliún (m) duine ina gcónaí in Éirinn, ardú 1.3% ó Dhaonáireamh 2011 ach ardú 9% ó Dhaonáireamh 2006 Nuashonrú an figiúr sin i nDaonáireamh 2016
- Tá breis agus milliún dar ndaonra (1 as 5) faoi 15 bliana d'aois
- Tá líon na ndaoine os cionn 65 bliain d'aois ag ardú ar ráta níos airde ná mar atá ag ár gcomharsana sa AE. Meastar go ndúblóidh an líon sin, geall leis, sna chéad 20 bliain eile agus an méadú comhréireach is mó san aoisghrúpa os cionn 85 bliain d'aois
- Tá an ráta breithe in Éirinn tite go dtí an ráta is ísle a bhí ann le deich mbliana ach tá na rátaí torthúlachta fós i measc na gcinn is airde san Eoraip

Póstaí agus Páirtnéireachtaí Sibhialta a cláraíodh

- 22,113 pósadh:
 - 14,560 searmanas eaglasta
 - 6,244 searmanas sibhialta
 - 1,309 searmanas daonnachach
- 377 páirtnéireacht sibhialta


Ionchas Saoil

- Bhí an t-ionchas saoil in Éirinn níos airde ná meán an AE go leanúnach thar na deich mbliana seo caite i gcás na bhfear agus bhí sé cothrom le meán an AE i gcás na mban. Tá na feabhsúcháin ar ionchas saoil tiomáinte go príomha ag laghdúithe suntasacha sna rátaí báis ó ghalair ainsealacha cosúil le galar croí agus ailse.
- Cé go bhfuil ionchas saoil níos airde ag mná ná fir (mná 82.8 bliain agus fir 78.4 bliain), nuair a léirítear ionchas saoil mar bhlianta i ndea-shláinte (i.e. blianta dea-shláinte) ag aois 65, níl an oiread sin de dhifríocht idir mná agus fir, rud a léiríonn go maireann mná níos faide ach go mbíonn níos mó deacrachtaí sláinte acu.

Rátaí Báis agus Rátaí Marthanais


- Tá an-difríocht idir cúiseanna báis dhaoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn agus na cúiseanna dóibh sin atá 64 bliain nó faoina bhun:
 - I gcás daoine 65 bliain d'aois agus os a chionn, galar imshruthaithe an phríomhchúis agus ailse ina dhiaidh sin (Figiúr 8)
 - I gcás daoine 64 bliain d'aois nó faoi, cé gur ailse an phríomhchúis báis tá galar imshruthaithe fós ina chúis shuntasach, tá básanna de bharr gortuithe agus nimhíthe i bhfad níos suntasaí ná san aoisghrúpa níos sine agus iad mar chúis le 18.5% de gach bás roimh am i gcomparáid le 2.1 % i gcás daoine 65 bliain nó níos sine (Figiúr 9).
- Tá feabhas suntasach tagtha ar na rátaí marthanais d'ailsí cíche agus colaiceiteach le 15 bliana anuas, cé go bhfuil an marthanais 5 bliana do na hailís sin fós díreach faoi bhun mheán an AE
- Meastar go dtiocfaidh ardú 20% ar leitheadúlacht na ngalar ainsealach faoi 2020, agus sin go príomha de bharr an daonra a bheith ag dul in aois
- Bunaithe ar fhiigiúr oifigiúla féinmharaithe 2013, tá laghdú os cionn 13% tagtha ar an ráta báis de bharr féinmharaithe ó 2014. Léiríonn figiúirí sealadacha do 2014 go raibh laghdú 5.6% ar ráta féinmharaithe do 2013.

Figióir 6: Daonra na hÉireann ('000) de réir aoisghrúpa, 2006-2015



Foinse sonraí: An Phríomhoifig Staidrimh

Figióir 7: Daonra iarbhír i gcomparáid le daonra réamh-mheasta in Éirinn ('000) 2011-2031



Foinse sonraí: An Phríomhoifig Staidrimh

Míchothromaíochtaí Sláinte

- Tá na leibhéil is airde de shláinte féin airithe in Éirinn go fóill, i gcomparáid le haon tír eile san AE. Is iondúil go dtuairiscíonn daoine a bhfuil ardoideachas acu sláinte níos fearr ná daoine a bhfuil oideachas íseal bainte amach acu.
- Tá nasc láidir idir míchothromaíochtaí sláinte agus cinnthigh sóisialta níos leithne ar a n-áirítear coinníollacha maireachtála agus oibre, cúinsí rochtana ar sheirbhísí agus timpeallachtaí cultúrtha agus fisiciúla.
- Bíonn tinneas ainsealach nó míchumas níos leitheadúla i measc leanaí as cúlraí socheacnamaíocha níos ísle.
- Tá fadhb fós le stíl mhaireachtála ar nós caitheamh tobac, ólachán, leibhéil gníomhaíochta coirp agus otracht agus d'fhéadfaidís sin cur as do chuid mhór de na gnóchain sláinte atá bainte amach le blianta beaga anuas.


Ár Sláinte – Éire Shláintiúil



Tá dúshlán mhóra ag baint le míchothromaíochtaí sláinte, stíleanna maireachtála míshláintiúla agus daonra atá ag dul in aois dár bpleanáilthe agus dár soláthraithe seirbhíse sláinte. Glacann an creat *Éire Shláintiúil* céimeanna tábhachtacha chun Éire a dhéanamh níos sláintiúla. Sa chéad suirbhé *Éire Shláintiúil* baineadh úsáid as 7,539 agallamh duine le duine agus foilsíodh eolas tábhachtach faoi stádas sláinte dhaonra na hÉireann




Figiúr 8: Básanna de bharr príomhchúiseanna 2014, % de dháileadh, aoiseanna 65 agus os a chionn



Foinse sonraí: An Phríomhoifig Staidrimh

Figiúr 9: Básanna de bharr príomhchúiseanna 2014, % de dháileadh, aoiseanna 0-64



Foinse sonraí: An Phríomhoifig Staidrimh

Feabhsú Cáilíochta agus Seachadadh Seirbhísí Sábháilte

Réamhrá

Tá feabhas ar chaighdeán, dearbhú cáilíochta agus fíorú mar bhunús le seachadadh ár seirbhísí go léir. Táimid tiomanta go mbeidh fáil ar chúram ardchaighdeán, fianaise-bhunaithe, sábháilte, éifeachtach agus duinelárnach. Bhí sé sin mar fhócas tábhachtach in 2015 chomh maith. Chinntíomar na nithe seo, ach go háirithe:

- Cur chuige forghníomhach do rannpháirtíocht úsáideoirí seirbhísí agus baill foirne
- *Caighdeán Náisiúnta do Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr* a chur i bhfeidhm
- Cumas d'fheabhsúchán ardchaighdeán a thógáil mar aon le comhair fheabhsúcháin ardchaighdeán
- Bearta cuí feidhmíochta caighdeán a fhorbairt agus a úsáid
- Monatóireacht ar fheabhsú caighdeán agus sábháilteacht othar trí eochairtháscairí feidhmíochta
- Creat dearbhairthe agus fíoraithé cáilíochta a chur i bhfeidhm
- Bainistíocht ar Theagmhas Thromchúiseacha

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Cúram Sábháilte

- Bunaíodh fóram náisiúnta othar agus reachtáladh seisiúin éisteachta le hothair úsáideoirí seirbhísí.
- Cuireadh dianchúrsa sábháilteachta cógas ón *Institute for Safe Medication Practices* (ISMP) ar fáil do 101 gairmí cúram sláinte ón réimse géarchúraim i gcomhar le hInstitiúid um Shábháilteacht Cógas na hÉireann.
- Cuireadh oiliúint ar fáil go céimneach ar an mBeartas Náisiúnta um Nochtadh Oscailte ar fud na seirbhísí go léir.
- Táthar ag leanúint den chur i bhfeidhm céimneach ar an gComhoibriú ar Bhrú-othrais ar fud na ngrúpaí ospidéal agus na CHOnna, agus tá laghdú ar líon na gcásanna brú-othras.

Cúram Éifeachtach

- Forbraíodh Creat um Fheabhsú Caighdeán le treoraíocht a chur ar fáil do sheirbhísí faoi chuir chuige éifeachtacha chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí.
- Forbraíodh treoirlínte náisiúnta cliniúla agus cuireadh i bhfeidhm iad i gcomhar leis an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus an Roinn Sláinte.

Cáilíocht a Fheabhsú

- Forbraíodh múnlaí de rannpháirtíocht na foirne tosaigh chun seirbhísí a fheabhsú.
- Mar chuid de Chlár Sláinte Domhanda na rannóige Feabhsaithe Cáilíochta, rinne Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn agus Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo éascaíocht ar chomhpháirtíochtaí le hospidéal sa Tansáin agus sa Chéinia chun seirbhísí péidiatraice ailse a fhorbairt feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim mháithreachais sna hospidéal Afracacha agus Éireannach faoi seach.
- Bunaíodh clár chun tacú le seirbhísí laghdú a dhéanamh ar an dochar a dhéanann míchothú a bhaineann le galar in ospidéal ghéarmhíochaine.
- Cuireadh bailchríoch ar 'Bord ar Bord le hArdchaighdeán de Chúram Cliniciúil', Tionscadal Feabhsaithe Caighdeán, le hOspidéal an Mater, ag tabhairt eolais agus plé faoi chaighdeán agus sábháilteacht na seirbhísí go barr chlár an Bhoird.
- Tugadh faoi thionscadail rialachais i dtaca le cáilíocht agus sábháilteacht cúram príomhúil chun tuilleadh a fhoghlaim faoi dhúshlán agus cúinsí i rialachas ar sheirbhísí cliniúla i gcúram príomhúil. Táthar ag úsáid na dtorthaí as an tionscadal chun treoir a thabhairt don fhorbairt ar shocrúcháin nua rialachais do chúram príomhúil.



▲
An Péidiatraí Éireannach, Dr. Trish Scanlan,
ag Ospidéal Náisiúnta Muhimbili, An Tansáin

Dearbhú agus Fíorú

- Bunaíodh feidhm Náisiúnta Gearán.
- Cuireadh Clár Iniúchta Cúram Príomhúil i bhfeidhm.
- Cuireadh córas i bhfearas chun teagmhais thromchúiseacha intuairiscithe a thuairisciú agus foilsíodh an chéad tuairisc i mí na Samhna.
- Tugadh faoi anailís ar mholtaí a tháinig ó thuairiscí fiosraithe.
- Cuireadh i bhfeidhm Céim 1 den Chóras Náisiúnta Bainistithe Teagmhas (NIMS).



▲ Páirteach sa 6ú cohórt den Diplóma i gCeannasaíocht agus Cáilíocht i gCúram Sláinte, 2015, bhí foirne as cúig shuíomh ghéarchúram ar fud na tíre agus foireann amháin meabhairshláinte.

Teagmhais Tromchúiseacha Intuairiscithe (SREanna)

Liosta sainithe de theagmhais thromchúiseacha is ea Teagmhais Thromchúiseacha Intuairiscithe (SREanna), agus d'fhéadfadh bás nó drochdhiobháil a bheith mar thoradh ar a lán acu.

Meastar go bhfuil cuid de na catagóirí SRE ina dteagmhais sábháilteachta othar atá inchoiscthe go maith má bhíonn na bearta coisctheacha atá ar fáil i bhfeidhm ag na soláthróirí cúram sláinte atá i gceist (i.e. máinliacht ar an láthair mhícheart).

D'fhéadfadh go bhfuil cuid eile ann nach raibh inchoiscthe ná intuatha ach nach mór iad a scrúdú chun a fháil amach an dearnadh faillí nó an bhféadfaí sábháilteacht a fheabhsú sna réimsí sin. (m.sh. othair ag titim).

- Foilsíodh an liosta sainithe de SREanna mar aon leis an treoraíocht a bhaineann leis do 2015.
- Foilsíodh an tuarascáil dar teideal Tuarascáil Speisialta: *Teagmhais Tromchúiseacha Intuairiscithe (SREanna)*. Cuireann sé fáil ar roghbhliúire de SREanna a tuairiscíodh go náisiúnta don tréimhse 19 mí idir Márta 2014 agus Meán Fómhair 2015 ó sheirbhísí atá á reáchtáil nó á maoiniú ag an FSS.
- Táimid ag leanúint orainn ag daingniú ceachtanna atá faighte ó na dtuairiscí agus a bhfuil foghlamtha ó theagmhais dhíobhálacha sa chur chuige foriomlán d'fheabhsú shábháilteacht na n-othar.

Lá Tiomána Feabhsú Cáilíochta i Sábháilteacht Fheistí Leighis 30ú Samhain 2015

Bhí gairmithe ildisciplíneacha cúram sláinte i láthair ag Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn do sheoladh an Chórais Náisiúnta Ríomh-fholáirimh um Fheistí Leighis chun sruthlíniú a dhéanamh ar bhainistíocht na bhfógraí sábháilteachta d'fhearais leighis laistigh den chóras cúram sláinte.

Coiste Náisiúnta um Bhainistíocht ar Threamh Feistí Leighis an FSS a rinne an fhorbairt i gcomhar leis an rannóg Feabhsaithe Cáilíochta agus le cabhair ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA); an aidhm atá leis an gCóras Ríomh-fholáirimh dearbhú a thabhairt do gach ionad seirbhíse deonaí de chuid an FSS nó atá ag fáil maoiniú ón FSS i dtaca le bainistíocht ar fhógraí a eisiúint an HPRA i dtaca le sábháilteacht nó cáilíocht feistí leighis. Cuid lárnach den chóras forairdill um fheistí leighis is ea eolas a scaipeadh a d'fhéadfaí a úsáid chun cosc a chur le teagmhas tarlú in athuair nó chun na hiarmhairtí uaidh a laghdú.

Cúram Sláinte Pobail



Do Shláinte agus d'Fholláine a Chur Chun Cinn

Réamhrá

Tá sé mar thosaíocht leanúnach againn tacú le daoine agus le pobail chun a sláinte agus a bhfolláine a chosaint agus a fheabhsú. Tá na seirbhísí sláinte agus folláine tiomanta chun taighde, fianaise agus eolas a athrú ina ngníomhaíochtaí a chabhróidh le daoine fanacht sláintiúil agus folláin agus saol níos iomláine a bheith acu. Rinneadh breis forbartha ar sheirbhísí a chlúdaíonn na réimsí sláinte pobail, cosaint sláinte, sláinte leanaí, cur chun cinn agus feabhsú na sláinte, seirbhísí náisiúnta scagthástála, sláinte chomhshaoil, bainistíocht ar éigeandáil agus faisnéis chun na seirbhísí sláinte agus folláine a bhreisiú agus a fheabhsú do dhaoine.

Áirithe sna heochairthosaíochtaí do 2015 bhí:

- *Éire Shláintiúil – Creat le hAghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025* a chur i bhfeidhm
- Laghdú a dhéanamh ar ualach na ngalar ainsealach don daonra
- Múnlaí seachadta seirbhísí a fhorbairt, a mhíinchóireáil agus a chomhtháthú do shláinte an phobail (níthe mar chláir scagthástála, sláinte leanaí agus imdhíonta)
- An daonra a chosaint ó bhagairtí dá sláinte agus dá bhfolláine.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Éire Shláintiúil

- Cuireadh bailchríoch ar *Plean Náisiúnta Forfheidhmithe d'Éirinn Shláintiúil sna Seirbhísí Leighis 2015-2017* agus seoladh é.
- Rinneadh dul chun cinn leis an obair thar na trí réimse tosaíochtaí atá aitheanta sa plean:
 - Athchóiriú na seirbhíse sláinte
 - Laghdú a dhéanamh ar ualach na ngalar ainsealach
 - Sláinte agus folláine na foirne
- Cuireadh tús leis an obair ar pleananna d'Éirinn Shláintiúil i dtrí ghrúpa ospidéal breise (Ollscoil Luimnigh, Éire Thoir agus RCSI). Leanadh den chur i ngníomh sa Ghrúpa Ospidéal Saolta.
- Cuireadh tús le clár piolótach de stíl mhaireachtála shláintiúil i gCorcaigh agus treoróidh sé sin plean gníomhaíochta 5 bliana do scoileanna chun a bheith rannpháirteach sa chlár *Éire Shláintiúil* i gcomhar leis an Roinn Sláinte.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Ghlac 95% leis an vacsaín luath-óige 6-in-1 ag aois 24 mí
- Ghlac 93% leis an vacsaín MMR ag 24 mí
- Thug altra sláinte poiblí cuairt ar 98% % de leanaí nuabhreithe laistigh de 72 uair an chloig ón am ar ligeadh as an ospidéal iad
- Bhí 54% de na leanaí ag fáil cothú cíche (go hiomlán nó measctha) ag cuairt 1 mhí PHN agus 35% ag cuairt 3 mhí PHN
- Fuair 94% de leanaí 10 mí d'aois a scagthástáil forbartha sláinte leanaí sula raibh siad 10 mí d'aois
- Fuair 11,949 caiteoir tobac dian-tacaíocht scoir
- Rinneadh 220,000 éirí as caitheamh tobac, ar d'ardú 47% ó 2014
- Fuair 492 gnólacht iniúchtaí comhairleacha i dtaca le leapacha gréine ón tseirbhís sláinte comhshaoil faoi reachtaíocht nua
- Rinneadh 36,304 iniúchadh pleanála agus pleanála faireachais
- Tugadh 162,000 cuairt ar www.thinkcontraception.ie agus 63,000 cuairt ar www.B4uDecide.ie
- Déileáladh le 508 ráig de ghalar



Saor ó Thobac

Tá caitheamh tobac ar an gcúis aonair is mó le drochshláinte agus bás roimh am a d'fhéadfaí a sheachaint. Léiríonn torthaí ón suirbhé a rinne *Éire Shláintiúil* i nDeireadh Fómhair go bhfuil an ráta caite toitíní tite go dtí 19% (caiteoirí laethúla) nó 23% (caiteoirí ócáideacha) ó 29% in 2007.

Leanadh den chur i bhfeidhm ar an gCreat Rialaithe Tobac:

- Seoladh seirbhís tacaíochta nua QUIT agus foireann nua tacaíochta de chomhairleoirí ar fáil ar an bhfón, ar ríomhphost, i gcomhrá beo gréasáin, trí Twitter nó Facebook
- Tugadh isteach suíomh nua idirlín ar a bhfuil plean QUIT ar líne
- Meastar gur dearnadh 220,000 iarracht éirí as caitheamh tobac, ardú 47% ó 2014
- Laghdaigh leitheadúlacht an chaite tobac de 70,000 duine
- Tacaíocht Scoir
 - Fuair 11,949 caiteoir tobac tacaíocht ó chomhairleoir scoir, ardú de 28.4% ó 2014
 - Tugadh oiliúint do 1,279 gairmí cúram sláinte trí 131 clár oiliúna
 - Tugadh oiliúint do 30 ball foirne (14 ó sheirbhísí meabhairshláinte) chun dian-tacaíocht speisialaithe scoir a a thabhairt do chaiteoirí tobac.
- Rinneadh 540 tástáil ar cheannachán tobac agus bhí ráta géillúlachta de 83% san iomlán i gceist.
- Gnóthachtáil le feidhmí an bheartais Saor ón Tobac thar líon de shuíomhanna sprioctha:
 - 99% cúram príomhúil
 - 39% in aonaid mheabhairshláinte fhaofa agus 24% de sheirbhísí cónaithe meabhairshláinte
 - 15% seirbhísí míchumais
 - 49% seirbhísí do dhaoine scothaosta



BUÍOCHAS DO GERRY

Tá laghdú 70,000 duine ar líon na gcaiteoirí tobac in Éirinn ó bhásaigh tú bliain ó shin.

IS FÉIDIR LEAT STOPADH,
AGUS IS FÉIDIR LINNE CABHRÚ LEAT.

QUIT **quit.ie** 1800 201 203



Buíochas do Gerry

Tugaimid buíochas ó chroí do Gerry Collins agus dá theaghlach as a gcabhair chun beatha a shábháil agus a lán daoine a choinneáil ó phian, tinneas agus cailteanas a thagann ó chaitheamh tobac.

30 soicind Comhairle chun Éirí as Tobac

Nuair nach bhfuil agat ach 30 soicind an rud is éifeachtaí is féidir leat a dhéanamh ná: CEISTIGH, COMHAIRLIGH agus GNÍOMHAIGH

CEISTIGH

CEISTIGH gach othar faoi úsáid tobac ag gach teagháil cúram sláinte, le linn ospidéalaithe san áireamh, agus cláraigh an stádas caite tobac.

COMHAIRLIGH

"Éirí as tobac an rud aonair is fearr is féidir leat a dhéanamh chun do shláinte a fheabhsú. Ní mór dúinn dhá rud a dhéanamh - tacú leat agus tú a thosú ar mhíochmú. Le cógais agus tacaíocht tá a 4 oiread de sheans ann go n-éireoidh leat."

Tá tacaíocht teiripe chógaisíochta agus iompraíochta le cheile 4 huairé níos éifeachtaí ná éirí as gan aon chúnaimh

PRÍOMHTHEACHTAIRÉACHTAÍ:

- Galar ainsealach athiompaite is ea spleáchas tobac. Rangú (ICD-F17.2) WHO
- Bíonn caiteoirí tobac ag súil le ceisteanna faoin gcaitheamh mar go léiríonn sé inni faoina sláinte iomlán
- Tá cúlreácha ar spleáchas tobac éifeachtach go clínicíúil agus ó thaobh costais de aron
- Níl na torthaí suntasacha céanna le fáil as aon idirghabháil clínicíúil eile ar infheistíocht ama atá chomh beag sin

GNÍOMHAIGH

OIDEASAIGH
"Is iad na chéad cúpla lá agus seachtain tar éis éirí an t-am is miosa. Rachaidh a lán daoine ar ais ar an tobac mura bhfaighidh siad cúnaimh breise. Anois, gheobhaidh tú an tógas agus an tacaíocht chun cabhrú leat." (féach an t-eolas faoi d'oidéas ar leathanach 2).

ATREORAIGH
"Ba mhaith liom go nglaofa ar Fhoireann QUIT an FSS @ 1800 201 203 www.quit.ie", seirbhís atá in aisce. Tabharfaimid leideanna duit chun déileáil le ciocras, aironna éirí as, cógais do chaitheamh tobac agus cabhair chun tu a choinneáil spreagtha. An bhfuil tú sásta é sin a dhéanamh anois?"

* de réir scrúthra áitiúla

Bain úsáid as gach teagháil



Dr. Stephanie O'Keeffe, Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte agus Folláine, agus an tAire Sláinte, Leo Varadkar TD ag seoladh fheachtas QUIT 2015 QUIT

Mí-úsáid alcóil

Foilsíodh An Bille Sláinte Poiblí (Alcól) i mí na Nollag.

- Feidhmíodh beartas nua ar chláir oideachas agus cumarsáid a bhaineann le halcól, ag cur cosc ar sheirbhísí a bheith páirteach i bhfeachtais, cláir nó tionscnaimh atá maoinithe nó cómhaoinithe ag déantóirí agus dáilitheoirí alcóil.
- Rinneadh plean trí bliana don Scéim REACT (Freagairt ar an Iomarca Alcól a bheith á Ól ag an Tríú Leibhéal) a mhaoiniú agus a aontú trí chomhthionscnamh le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), Cumann Sláinte na Mac Léinn in Éirinn (ISHA) agus *Health Matters* OÉC.

Itheachán Sláintiúil agus Maireachtáil Gníomhach

Cuireadh moltaí tosaíochta ón bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiúil i bhfeidhm i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha:

- Ceapadh ceannasaí do Itheachán Sláintiúil agus Maireachtáil Gníomhach
- Bunaíodh coistí stiúrtha cothúcháin i bhformhór na n-ospidéal
- Baineadh amach an sprioc chun 20 ionad nua do rith páirce a fháil agus chríochnaigh 145,327 an rith páirce 5km sna pobail áitiúla
- Cuireadh tús le postáil calraí sna grúpaí ospidéal go léir (ospidéal amháin ar a laghad i ngach grúpa)
- Cuireadh Beartas nua do Mheaisíní Díola Sláintiúla i bhfeidhm
- Diríodh deiseanna gníomhaíochta fhisiúla ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste nó eisiata go sóisialta trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí náisiúnta spóirt
- Cuireadh réimse de chláir oiliúna cócaireachta sláintiúla (*'Healthy Food Made Easy'* agus *'Cook It'*) ar fáil, dírithe ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste
- Cuireadh tús leis an athdhearadh ar an suíomh idirlín *Get Ireland Active*
- Chríochnaigh 385 ball foirne an modúl Ríomhfhoghlama Gníomhaíochta Fhisiúil.



▲ Baill foirne ó Ghrúpa Ospidéal OL ag 'Tolg go 5K' i Meitheamh

Féile na gCluichí Pobail

- Bhí Cluichí Pobail an FSS in 2015 níos mó agus níos fearr ná riamh agus ba iad na téamaí a bhí an-lárnach iontu ná cuimsiú, rannpháirtíocht agus an tábhacht atá le roghanna sláintiúla stíle maireachtála.



- Tháinig na mílte leanaí agus a dtuismitheoirí go Baile Átha Luain thar dhá dheireadh seachtaine i Lúnasa ag súil a bheith ag dul abhaile le bonn a raibh an-tóir air, ach níos tábhachtaí fós le cairde agus cuimhní nua.



- Bhí 50 cineál éagsúil gníomhaíochta ann ar a n-áirítear rannóga spóirt, cultúir agus ealaíne do leanaí le roghnú astu. Tugadh isteach roinnt catagóirí nua aoise, rud a chiallaigh go raibh an deis ag 600 leanbh breise dul in iomaíocht i gcluichí na bliana seo.

Sláinte ghnéis

- Foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta Sláinte Ghnéis agus Plean Gníomhaíochta in Éirinn.
- Ceapadh ceannasaí clínicíúil nua náisiúnta do sheirbhísí sláinte ghnéis chun a feidhmiú a thiomáint.
- Cuireadh bailchríoch ar chreat féinmheasúnuithe comhairleoireachta do thoircheas géarchéime/tar éis ginmhille, forbraíodh amchlár agus uirlís gréasáin agus reáchtáladh Ceardlann Toirchis Ghéarchéime.
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun tástáil a dhéanamh ar an gcéad mheasúnuithe tástála SEIF i mBaile Átha Cliath agus chun méadú a chur ar sheirbhísí reatha i gCorcaigh agus i Luimneach.

▼ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, ag seoladh an chéad fheachtas Éireannach de Lá Náisiúnta Domhanda SEIF




Óige sláintiúil

- Seoladh na súiomhanna idirlín *Caring for your Baby* agus *Caring for your Child* chun cuidiú le tuismitheoirí cúram a thabhairt dóibh féin agus dá leanaí sna chéad cúig bliana de shaol an linbh. Tá leabhair ar fáil d'altraí sláinte poiblí, agus tá ábhar ar fáil freisin ar líne.
- Cuireadh réimse tacaíochtaí, eolas agus seirbhís 'Cuir Ceist ar ár Saineolaí' do chothú cíche ar fáil - chun deis a thabhairt do mháithreacha freagra a fháil ar a gceisteanna.
- Tá na rátaí imdhionaithe in Éirinn ag dul ar aghaidh agus leibhéil arda taifeadta; ghlac 95% leis an vacsaín 6-in-1 ag aois 24 mhí agus ghlac 93% leis an vacsaín MMR ag 24 mí.



▲ Altra sláinte poiblí, Jemma Guiney, le Dara Ryan, Matthew O'Leary agus Cian O'Leary ag seoladh an tsuimh idirlín agus na leabhrán

Figiúr 10: Ghlac le vacsaíní luath-óige ag 24 mí



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Cosaint sláinte

- I nDeireadh Fómhair seoladh ‘feachtas fliú’ geimhrídh 2015 agus béim ar leith ar dhaoine i ngrúpaí a bhí i mbaol.
- Tuairiscíodh 508 cás (a chuir as do 5,365 duine) de ghalair ionfhabhtaíoch faoi Sceideal Tuairiscithe Náisiúnta na nGalar Ionfhabhtaíoch.
- Ar na galar ionfhabhtaíoch infhógartha a bainistíodh bhí: 321 cas eitinne, 747 cás de VTEC (Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach) agus 559 cás de Heipítíteas B.
- Cuireadh Heipítíteas E leis an liosta de ghalair infhógartha in Éirinn.
- Táthar ag leanúint d’fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Heipítítis C.
- D’oibrigh Sláinte Phoiblí i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun forbairt a dhéanamh ar an *Straitéis Náisiúnta chun an neamhchosaint ar Luaidhe san Uisce Óil a laghdú*, a foilsíodh i Meitheamh.

Cosaint na sláinte comhshaoil

- Cuireadh reachtaíocht Sláinte Phoiblí i leith Leapacha Gréine i bhfeidhm agus fuair 492 gnólacht iniúchtaí comhairleacha ón tseirbhís sláinte comhshaoil.
- Aontaíodh conradh seirbhíse nua leis an Údarás um Shábháilteacht Bia do 2016-2018..
- Rinneadh 36,304 iniúchadh pleanáilte agus pleanáilte faireachais ar ghnóthaí bia, 10% chun cinn ar an sprioc.
- Fuarthas 491 gearán faoi bhí agus 1,671 gearán faoi ghnóthaí bia agus rinneadh iniúchadh orthu.
- Tógadh 12,949 sampla bia agus rinneadh anailís orthu.
- Rinneadh 17,972 iniúchadh rialaithe tobac, ar a n-áirítear 540 iniúchadh tástála ar cheannacháin (díol le mionaoisigh).
- Cé go raibh an ghéillúlacht don *Acht Sláinte Poiblí (Tobac)* ard, thóg an FSS 28 cás i dtaca le cionta a bhain le tobac agus bhí 31 ciontú mar thoradh orthu.

Bainistíocht ar éigeandáil

- Cuireadh práinnfhreagairtí bainistíochta ar fáil do réimse de ghéartheagmhais aimsire.
- Tacaíodh agus cuireadh bailchríoch ar mheasúnuithe bliantúla riosca idirghníomhaireachta sna réigiúin ar fad.

Bainistíocht ar eolas

D’oibrigh an fhoireann i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha (reachtúla agus neamhreachtúla) chun cur chuige na rannóige a neartú i dtaca le bainistíocht eolais:

- Aontaíodh ar Mheabhrán Tuisceana (MOU) idir an FSS agus An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun creat comhoibríthe a chur ar fáil sa réimse timpeallachta agus sláinte agus folláine. Rinneadh cómhaoiniú ar roinnt staidéar taighde faoin MOU seo in 2015
- Rinneadh forbairt ar shé cinn fhichead de ‘phróifíil sláinte contae’ in 2015 inar leagadh amach príomhshonraí agus eolas sláinte ag leibhéal contae, ag tacú lenár gcomhghleacaithe agus ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta ar a n-áirítear údaráis áitiúla a bhíonn ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí pleanála agus forbairtí seirbhísí ag leibhéal contae
- Forbraíodh agus foilsíodh an doiciméad Pleanáil do Shláinte - Treochtaí agus Tosaíochtaí chun Pleanáil na Seirbhíse Sláinte a Threorú inar tugadh le chéile príomhshonraí agus léargais chun tacú le cinnteoireacht i réimsí pleanála seirbhíse sláinte agus i soláthar seirbhísí a raibh sé mar aidhm iomlán leis feabhas a chur ar shláinte go fadtéarmach
- Rinneadh forbairt ar scéim bronnta gradam chun díriú ar na bearnaí taighde sa réimse sláinte agus aosaithe i gcomhar le Atlantic Philanthropies agus an Roinn Sláinte, agus bronnadh cúig ghradam taighde mar chuid den Chlár Tionscnaimh um Aosú Dearfach (HaPAI)
- Rinneadh coimisiúnú ar athbhreithniú litríochta a scrúdaigh na riachtanais fhísiciúla atá ag daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu mar aon le hidirghabhálacha éifeachtacha cúram sláinte a bhaineann leis
- Cuireadh tuarascáil agus páipéar taighde ar fáil faoin tionchar atá ag ganntanas breosla ar othair a chur san ospidéal, go háirithe i gcás daoine leochaileacha scothaosta, i gcomhar le *Energy Action Ireland*. Tá an tuarascáil curtha san áireamh i ‘scéim um thithe níos teo’ piolótach na Roinne Cumarsáide agus Acmhainní Náidúrtha do dhaoine atá leochaileach do ghanntanas breosla.



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála



Tairgíonn an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch mamagram in aisce do mhná incháilithe gach 2 bhliain

- Fuair 144,701 bean scagthástáil cíoch ar aon dul le sprioc an bhabhta scagthástála (dhá bhliain).
- Cuireadh tús le síneadh aoise do mhná in aois 65-69 bliain agus cuirfead é sin ar fáil thar roinnt babhtaí scagthástála.
- Tugadh 200,000 cuairt ar breastcheck.ie
- Fuair an phleanáil do shíneadh aoise BreastCheck tacaíocht ó leithdháileadh breise maoinithe de €0.1m



Tairgíonn an Clár Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs tástálacha smearaidh in aisce do mhná 25-60 bliain

- Rinneadh scagthástáil ar 249,982 bean i suíomh cúram príomhúil.
- Tá réimse an chláir ag dul i méid i gcónaí agus bhain sé amach 78% (sprioc 80%).
- Tugadh isteach triáis HPV ó Bhealtaine ar aghaidh chun aimsiú luath a fheabhsú agus tacú leis an bhfilleadh ar scagthástáil ghnách.



Tairgíonn an Clár Náisiúnta Scagthástála Reitíní do Dhiaibéitigh scagthástáil atá dírithe ar an mbaol go gcaillfead an t-amharc a laghdú i measc daoine atá 12 bhliain nó níos sine agus a bhfuil diaibéiteas acu

- Cuireadh €4.5m ar fáil chun scagthástáil agus cóireáil a sheachadadh do RetinaScreen Dhiaibéitigh.
- Rinneadh scagthástáil ar 76,248 cliant incháilithe.
- Leis an méadú ar leithheadúlacht an diaibéitis sa phobal, tiocfaidh ardú bliain ar bhliain ar na cliant incháilithe.



Déanann an Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige scagthástáil chun aimsiú luath a dhéanamh ar ailse putóige i bhfir agus i mná atá 60-69 bliain

- Cuireadh €2m ar fáil chun leanúint den fheidhmiú céimneach ar BowelScreen.
- Tugadh cuireadh do 223,487 cliant san aoisghrúpa incháilithe de 60-69 a bheith páirteach.
- Críochnaíodh an chéad bhabhta scagthástála.

Tusa agus do Sheirbhísí Cúraim Phríomhúil

Réamhrá

An fhís atá ann do sheirbhísí cúram príomhúil ná go ndéanfar sláinte an phobail a bhainistiú, an oiread agus is féidir, laistigh de shuíomh cúram príomhúil agus pobail, agus gan gá a bheith ag daoine dul san ospidéal ach go hannamh. Tá ár gcur chuig ailínithe leis an gcreat *Éire Shláintiúil* agus táimid tiomanta a chinntiú go leanfar ag forbairt agus ag seachadadh seirbhísí cúram príomhúil atá:

- Sábháilte agus ar ardchaighdeán
- Freagrúil agus inrochtana d'othair agus do chliaint
- An-éifeachtach agus ag tabhairt luach maith ar airgead
- Comhtháite go maith agus ailínithe leis na seirbhísí speisialaithe ábhartha.

Áirithe ar na tosaíochtaí do **Chúram Príomhúil** in 2015 bhí feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cúram príomhúil, liostaí feithimh agus agaí feithimh a laghdú, clúdach na bhfoirne idirghabhála pobail a leathnú, seirbhísí sláinte béil a fheabhsú, sheirbhísí ortódóntacha san áireamh, agus feabhas a chur ar an rochtain ar diagnóisic i gcúram príomhúil.

Áirithe ar na tosaíochtaí do **Chuimsiú Sóisialta** bhí torthaí sláinte a fheabhsú do dhaoine a bhfuil andúile acu, cuidiú chun laghdú a dhéanamh ar na leibhéil daoine atá gan dídean agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúram príomhúil do ghrúpaí atá leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste.

Déantar Scéimeanna Cúram Príomhúil a bhainistiú tríd an **tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS)**. Áirithe inár dtosaíochtaí bhí leathnú ar an rochtain ar chúram dochtúra, gan táillí, do leanaí faoi 6 bliana agus d'aoisigh os cionn 70 bliain, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár bainistithe cógas agus feabhsúcháin ar sheirbhísí a thabhairt isteach i dtaca leis an measúnú ar incháilitheacht do chárta leighis, soláthar cártaí leighis agus aisíocaíocht.


Áirithe ar na tosaíochtaí do **Chúram Maolaitheach** bhí rochtain éifeachtach agus tráthúil a chinntiú do sheirbhísí cúram maolaitheach, agus feabhsúchán ardchaighdeán a chinntiú ar fud na seirbhísí go léir.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- 19,675 atreorúchán chuig Foirne Idirghabhála Pobail
- 980,917 teagmháil le DG lasmuigh d'Uaireanta Oibre
- 159,694 atreorú othar chuig seirbhísí altranais
- 9,876 atreorú othar chuig cosliacht
- 22,322 atreorú othar chuig oftailmeolaíocht
- 18,351 atreorú othar chuig éisteolaíocht
- 25,712 atreorú othar chuig bia-eolaíocht
- 12,264 atreorú othar chuig seirbhísí síceolaíochta



▲ Ionad Cúram Príomhúil Bhóthar na hUaimhe (Pic: Paul Tierney)



▲ Ionad Cúram Príomhúil Bhaile Chill Mhantáin

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Seirbhísí cúraim príomhúil a fheabhsú

- Cuireadh bailchríoch ar thógáil seacht gcinn d'Ionaid Cúram Príomhúil in 2015 agus cúig cinn acu ag feidhmiú go hiomlán - Ráth Iomgháin, Béal Átha Seanaidh/Bun Dobhráin, Cill Mhantáin, Deisceart Liatroma agus Bóthar na hUaimhe.
- Tugadh cead pleanála d'uasgrádú nua €1m ar Ionad Sláinte Phlásóg na Rós.
- Feabhsaíodh Foirne Idirghabhála Pobail (CITanna) le breis clúdaigh agus seirbhísí, agus fócas ar leith ar sheachaint ospidéal, scaoileadh amach níos luaithe agus cuimsiú ar Teiripe Fhrithmhiocróbach Paireintreach d'Othair Sheachtracha (OPAT), le tacaíocht ó leithdháileadh breise de €2m maoinithe.
 - Tháinig ardú 33.9% ar atreorúcháin, agus fuarthas 19,675 atreorúchán chuig CIT.
- Rinneadh feidhmiú céimneach ar thionscadal piolótach rochtana ultrafhuaimne ag suíomhanna cúram príomhúil ar bhunús tosaíochta agus bhí 3,000 scagthástáil déanta faoi dheireadh na bliana.

- Rinneadh 1,459 gnáthamh máinliachta ag 24 DG in 20 cleachtadh.
- Cuireadh bailchríoch ar Chlár Feidhmithe um Champas Saor ó Thobac trí bliana.

Oinceolaíocht phobail

- Leathnaíodh amach atreorú leictreonach dochtúra i gcás loit lítheacha a raibh amhras meileanóma fúthu.
- Leathnaíodh amach an clár altranais oinceolaíochta pobail faoina seachnaíonn othair dul san ospidéal do roinnt idirghabhálacha teiripe shistéamach.
- Cuireadh i bhfeidhm an pacáiste atreorúcháin do dhochtúirí agus do fhiaclóirí i gcás ailse amhrasta cinn agus muinil.

Cláir náisiúnta cliniciúla


- Rinneadh dul chun cinn ar thionscnaimh galar ainsealach, ar fheidhmiú céimneach ultrafhuaimneanna (Clár Náisiúnta Cúram Cliniciúil Raideolaíochta) agus ar an Athbhreithniú ar Sheirbhísí Cúram Príomhúil Súl (Oftailmeolaíocht) i gcomhar le ceannasaithe náisiúnta na gclár cliniciúil do ghalar ainsealach, raideolaíocht agus oftailmeolaíocht.
- Thug an clár bainistithe cógas faoi roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar oideasú sábháilte, fianaise-bhunaithe agus costéifeachtach go náisiúnta.



◀ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, ag an oscailt oifigiúil i mí Meithimh ar an tsaoráid nua shaincheaptha – Ionad Cúram Príomhúil Bhóthar na hUaimhe an FSS agus Cleachtadh Míochaine agus Fiaclóireachta Sláinte Lárnaíoch Bhóthar na hUaimhe



Figiúr 11: Gníomhaíocht na Foirne Idirghabhála Pobail de réir foins



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Cúram dár leanaí


- Scaoileadh amach leanaí cúram speisialta as ospidéal trí úsáid a bhaint as pacáistí cúraim sa phobal do leanaí a bhfuil traicéatáime orthu.
- Tús Áite do Leanaí:
 - Tugadh cead Oifig Naisiúnta Tús Áite do Leanaí a bhunú agus cuireadh tús le hearcaíocht do 19 bpost
 - Forbraíodh an plean cumarsáide agus an suíomh idirlín Tús Áite do Leanaí
 - Tugadh tacaíocht d'fheidhmiú breise ar Tús Áite do Leanaí, agus ainmníodh ceannasaithe ar fud na CHOnna agus na ngrúpaí ospidéal
 - Forbraíodh beartais chaighdeánacha cosanta agus leasa leanaí
 - Forbraíodh múnlá ríomhfhoghlama agus straitéis oiliúna Tús Áite do Leanaí
 - Cuireadh tús leis an bhforbairt ar Chreat um Dhearbhu Cálíochta do gach gné den chlár agus leanfar den obair in 2016.

Sláinte bhéil agus ortódontaic

- Cuireadh rochtain fheabhsaithe ar fáil do leanaí ar chóireáil ortódontach, ar a n-áirítear riachtanais mháinliachta ortaighiallach/béil, trí úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní agus agaí feithimh a laghdú.
- Cuireadh fáil ar chúram fiacloireachta d'othair a raibh ailse orthu, a raibh gá acu le cúram coimpléascach eile nó a raibh seirbhísí ainéistéiseacha ginearálta ag teastáil uathu.
- Cuireadh oideasú miocróbach agus caighdeán rialaithe ionfhabhtuithe HIQA i bhfeidhm.

Caighdeán agus sábháilteacht a fheabhsú

- Forbraíodh Suirbhé ar Thaití Othar i gcúram príomhúil go náisiúnta chun eolas a fháil faoi thaití úsáideoirí na seirbhísí cúram príomhúil.
- Tugadh breis tacaíochta agus cuireadh i bhfeidhm go céimneach Caighdeán Náisiúnta do Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr ag leibhéal CHO.
- Rinneadh forbairt ar chlár cáilíochta agus sábháilteachta cúram príomhúil ina bhfuil eolas tosaigh agus dearbhú faoi cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí laistigh den chúram príomhúil. Cuireadh oiliúint agus tacaíocht leanúnach ar fáil do bhaill foirne i dtaca le bainistíocht teagmhas, fiosrú analíse córas, iniúchadh cliniciúil agus nochtadh oscailte.



Cúram Diaibéitis

Bail ainsealach coitianta is ea diaibéiteas Cineál 2 a tharraingíonn galracht shuntasach agus básmhaireacht mura ndéantar diagnóis agus bainistíocht cheart air, agus meastar go bhfuil diaibéiteas Cineál 2 ar 5.6% den daonra aosach, sin 190,000 duine.

- Seoladh seirbhís nua Ciorcal Cúraim Diaibéitis do dhaoine a bhfuil Diaibéiteas Cineál 2 acu agus iad i seilbh cárta leighis agus Cárta Cuairt Dochtúra.
- Bhí 62,000 othar GMS a raibh Diaibéiteas Cineál 2 orthu cláraithe faoin gCiorcal Cúraim faoi dheireadh na bliana.
- Rinneadh feidhmiú céimneach go náisiúnta ar chláir bhreise Oideachais Saineolais Othar seachas Cóireáil (X-Pert). Díríonn an clár ar oideachas a chur ar dhaoine a bhfuil diaibéiteas Cineál 2 orthu chun cuidiú leo athruithe a chur ar a stíl mhaireachtála a chabhróidh le cóireáil a chur ar a ndiaibéiteas.

▶ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, agus an tAire Stáit, Kathleen Lynch TD, ag seoladh seirbhíse nua diaibéitis na ndochtúirí



Cuimsiú Sóisialta

I rith 2015:

Seirbhísí andúile

- Cuireadh fáil ar an gclár oiliúna aon lae scagthástála agus gearr-idirghabhála, SAOR (Tacaigh, Ceistigh agus Meas, Tairg Cúnamh, agus Atreoraigh) do 540 ball foirne.
- Tugadh tacaíocht trí leithdháileadh breise maoinithe de €2.1m d'ionaid bhreise chónaithe cóireála agus athshlánúcháin, do bhreis malartuithe snáthaidí agus don Tionscadal Nalocsóin.
 - Cuireadh 309,862 snáthaid ar fáil faoin gClár um Malartú Snáthaidí Cógaslaine.
 - Bunaíodh tionscadal taispeántais Nalocsóin (frithnimh chun iarmhairtí drugaí ópóideacha a aisiompú i gcás ródháileoige) mar chuid den Straitéis um Ródháileog a Chosc.
- Dhéileáil an Chabhairlíne Drugaí agus Alcóil le 3,421 glao agus ríomhphost.

Iarrthóirí tearmainn/Teifigh

- Ghlac an FSS páirt sa chlár comhordaithe cosanta teifeach mar fhreagra ar an ngéarchéim imirceach reatha.
- Ghlac an FSS páirt sa Ghrúpa Oibre ar an bPróiseas Cosanta a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt. Sa tuarascáil dheiridh a d'fhoilsigh an Grúpa Oibre i Meitheamh rinneadh moltaí don Rialtas faoi na feabhsúcháin ba chóir a dhéanamh ar sholáthar díreach reatha agus ar phróiseas cosanta an Stáit.

Cúram sláinte trasghnéasach

Reáchtáladh an chéad Chomhdháil Cúram Sláinte Trasghnéasach in Éirinn i gcomhar le Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann (TENI).

Seirbhísí do dhaoine gan dídean

- Seoladh tuarascáil ar *Easpa Dícline: Staid Mhífholláin*. Comhshaothar ab ea an tuarascáil idir Cuimsiú Sóisialta, Oiliúint DG Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Rannóg Cúram Príomhúil Ollscoil Luimnigh.
- Rinneadh forbairt ar phrótacail náisiúnta d'urscaoileadh as ospidéal.



2015 Fíorais agus Figiúirí

- Fuair 9,537 othar teiripe ionadaithe le hóipiámóidigh (gan príosúin a áireamh), 4,106 othar a fuair teiripe ó 350 dochtúir san áireamh
- Rinne 666 cógaslann dáileadh ar an teiripe ionadaithe le hóipiámóidigh do 6,665 othar
- Chuir 77 clinic FSS teiripe ionadaithe le hóipiámóidigh ar fáil agus cuireadh 11 chlinic bhreise ar fáil sa tseirbhís phríosúin
- Chuir 91% de na mí-úsáideoirí substaintí, os cionn 18 mbliana, tús lena dteiripe laistigh de mhí amháin tar éis na measúnachta
- Chuir 100% de na mí-úsáideoirí substaintí, faoi 18 mbliana, tús lena dteiripe laistigh de sheachtain amháin tar éis na measúnachta
- Sláinte Taistealaithe: Fuair 3,272 ardú feasachta agus eolas faoi dhiaibéiteas cineál 2 agus sláinte chardashoithíoch
- D'fhreastail 1,669 duine aonarach ar leith ar mhalartú snáthaidí cógaslaine

Seoladh Plean Straitéiseach Cúig Bliana ag Taistealaithe do Thaistealaithe

Rinne baill aonaracha den phobal Taistealaithe agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha ceannródaíocht ar an bpróiseas chun Plean Straitéiseach do Shláinte Taistealaithe a fhorbairt, comhordaithe ag Aonad Sláinte Taistealaithe Reigiúin an Oirdheiscirt chun sláinte a bpobal a fheabhsú.



An tSeirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS)

Cuireadh seirbhísí ar fáil do 3.7m duine ina bpobail trí 7,000 conraitheoir cúraim príomhúil. Áirithe sna scéimeanna cúraim príomhúil tá:

- Seirbhísí Ginearálta Míochaine (GMS)
 - Scéim na gCártaí Leighis agus Cártaí Cuairt Dochtúra sa áireamh
 - An Scéim Íocaíochta Drugaí
 - Scéim um Thinneas Fadtéarmach
 - Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta (DTSS)
 - Socrúcháin do Dhruaí Ardteicniúla
 - Scéim Phríomhúil Imdhíonta Leanáí
 - An Scéim Oftalmach Pobail
 - Seirbhísí áirithe faoin Acht Sláinte (Leasú) 1996 agus an tAcht um Shásamh do Mhná a raibh Cónaí Orthu i bhForais Áirithe, 2015
 - Seirbhís Cóireála Meataidín.

I rith 2015:

- Eisíodh 115,951 cárta leighis nua nó uasghrádaithe, cumasaíthe ag maoiniú breise de €40m
- Tháinig ardú 51.4% ar an gcáilitheacht do chártaí leighis ó 2005.



2015 Fíorais agus Figiúirí

- Tá cártaí leighis ag beagnach 1.74m duine (38% den daonra)
- Tá cárta cuairt dochtúra ag 431,306 duine
- Próiseáladh 99.8% de na hiarratais chomhlánaithe ar chártaí leighis laistigh de 15 lá
- Próiseáladh breis agus 19m ordú oidis GMS a chlúdaigh os cionn 58m earra
- Próiseáladh beagnach 2.2m éileamh ar scéim íocaíochta drugaí
- Próiseáladh 1.26m cóireáil fiaclóireachta agus os cionn 844,000 cóireáil oftalmach pobail

An Clár Cóireála um Heipitéas C

Fuair breis agus 470 othar teiripí nua drugaí faoin gClár Cóireála um Heipitéas C.

Seirbhís Liachleachtóirí in Aisce

Cárta cuairt dochtúra - leanáí faoi 6

- Bhain suas le 300,000 leanbh faoi 6 úsáid as cuairteanna dochtúra, measúnaithe ag aois dhá bhliain go cúig bliana, agus cúram do leanáí a bhfuil asma orthu ó mhí Iúil.
- D'fhéadfaí clárú trí www.gpvisitcard.ie agus freisin ag na hionaid sláintiúla áitiúla.

Cárta cuairt dochtúra - daoine os cionn 70


- Tá daoine 70 bliain d'aois nó os a chionn in ann rochtain a fháil ar sheirbhís dochtúra in aisce, rud atá tagtha in ionad an tsocrúcháin reatha do sheirbhís dochtúra a bhí bunaithe ar tástáil mhaoine.
- Cuireadh tús le clárú i mí Lúnasa trí líon roghanna - ar líne ag www.gpvisitcard.ie, lóghlao 1890 252919 nó i gcógaslanna nó oifigí sláinte poiblí.

Sa phictiúr (ó chlé): An tAire Stáit, Kathleen Lynch TD; Kiya O'Connor; Isabelle Heapes agus An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD



Sa phictiúr (ó chlé): Ellen Reddin; An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD; Mabel Gargan; agus an tAire Stáit, Kathleen Lynch TD

Figiúr 12: Líon iomlán a fuair cárta leighis nó cárta cuairt dochtúra 2011-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Cúram Maolaitheach

An aidhm atá againn ná seirbhísí cúraim mhaolaitheacha a chur ar fáil a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha agus, cibé áit is féidir, tionchar deimhneach a imirt ar chúrsa na breoiteachta. Lena chois sin, leatar cúram maolaitheach chuig teaghlaigh chun cuidiú leo déileáil le breoiteacht an bhaill theaghlaigh mar aon lena dtaithí féin ar an dobrón agus an cailteanas.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

- Osclaíodh sé leaba chónaitheacha bhreise in Ospis Naomh Proinsias, Baile Bhlainséir.
- Osclaíodh ceithre leaba chónaitheacha bhreise in Ospidéal na hOllscoile agus Ospis Marymount, Corcaigh.
- Fuarthas cead chun an dara comhairleoir cúraim mhaolaitheach a fhostú sa Réigiún Lárthíre.
- Ceapadh deichniúr altraspeisialtóirí cliniciúla chun cúram maolaitheach a thabhairt do dhaoine atá ina gcónaí sa bhaile.
- Cuireadh Creat Cúraim Mhaolaitheach nua ar fáil ina bhfuil treoraíocht do sheirbhísí cúraim mhaolaitheach don todhchaí.
- Foilsíodh doiciméad critéar incháilithe chun rochtain chothrom a thabhairt d'othair a bhfuil bail neamhurchóideach orthu.
- Foilsíodh doiciméad um Threoraíocht Measúnaithe do Riachtanais Cúram Maolaitheach agus cuireadh oiliúint ar 74 éascaitheoir.
- Foilsíodh dhá threoirline NCEC i dtaca le bainistíocht ar phian agus iatacht.
- Bunaíodh gréasán náisiúnta do sholáthróirí cúram maolaitheach speisialaithe.
- Tugadh faoi thuilleadh oibre le Foras Ospise na hÉireann i dtaca leis an Scéim Deontas Dearadh agus Dínit i bhfeidhmiú *Palliative Care for All* le tosú na dtionscadal in Ospidéal Ginearálta Chiarraí agus in Ospidéal na hOllscoile, Ros Comáin.



▲ Comhghairdeas le Hilary Noonan as Luimneach, Altra For-rochtana Leanaí do Bhaileanna a Chiorraíonn Saol Duine, a fuair Gradam Cúram Sláinte ag gradaim bhliantúla Hidden Heros

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Fuair 11,399 duine cúram maolaitheach speisialaithe sa phobal i rith na bliana agus bhí 118,477 cuairt baile san iomlán i gceist
 - 70.5% a raibh diagnóis phríomhúil ailse acu agus 29.5% gan ailse d'othair nua
 - Fuair 88% de na hothair cúram maolaitheach speisialta sa phobal laistigh de sheacht lá ón atreorúchán
- Fuair 1,170 duine ar meán seirbhísí cúraim mhaolaitheach speisialaithe lae
 - 83% a raibh diagnóis phríomhúil ailse acu, agus 17% gan ailse d'othair nua
- Fuair 433 othar ar meán seirbhísí cúraim mhaolaitheach speisialaithe lae othar cónaitheach gach mí
 - 86.5% a raibh diagnóis phríomhúil ailse acu, agus 13.5% gan ailse d'othair nua
 - Glacadh isteach 98% de na hothair chuig leapacha cónaitheacha laistigh de sheacht lá ón atreorúchán
- Fuair 411 leanbh cúram faoin tseibhís for-rochtana altranaís do leanaí

Seirbhísí cúraim mhaolaitheacha do leanaí

Rinneamar dul chun cinn leis an gcomhtháthú ar chúram maolaitheach leanaí tríd an bhforbairt ar an ospidéal nua do leanaí agus cuireadh tús leis an earcaíocht ar bheirt Altraí For-rochtana Leanaí nua.

- Cuireadh an doiciméad taifid a bhíonn ag tuismitheoirí 'Ár Scéal' ar fáil do thuismitheoirí. Tá an doiciméad fós ina chuid den chleachtadh caighdeánach atá ag altraí for-rochtana leanaí, altraí Jack and Jill agus LauraLynn.
- Neartaíodh agus leanadh de na seirbhísí iompair do cúram maolaitheach leanaí trí chomhoibriú leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus trí dhoiciméadú caighdeánaithe a fhorbairt.
- Tugadh breis trealaimh don fhoireann chun freastal ar riachtanais leanaí a bhfuil baileanna a chiorraíonn saol duine orthu agus dá dteaghlaigh trí chlár creidiúnaithe seacht lá COBÁC a chur ar fáil ag Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn, ag tabhairt tuilleadh tacaíochta don Creat um Inniúlacht i gCúram Maolaitheach.



Labhróimid Faoi

Rinne an Feachtas Labhróimid Faoi Chúram, faoi cheannasaíocht Institiúid Ospise agus Cúraim Mhaolaitheach Uile-Éireann, le tacaíocht an FSS agus ón nGníomhaireacht Sláinte Poiblí (PHA) i dTuaisceart Éireann, cuireadh a thabhairt do dhaoine (nó cúramóirí agus teaghlaigh thar a gceann) ar fud na hÉireann a dtaithí a roinnt trí shuirbhé oscailte a líonadh ag www.caresurvey.org.

Aonad Nua Cóireála ar Phian, Ospís Marymount, Corcaigh

I Meán Fómhair, osclaíodh clinic nua idirghabhála péine in Ospidéal Ollscoile agus Ospís Marymount, Corcaigh

Tá an t-aonad seo ar an gcéad cheann dá leithéid san Eoraip agus ina chéad bhliain oscailte rinne sé 250 gnáthamh d’othair cúram maolaitheach a raibh pian choimpléascach nó dona orthu.



▲ Roy Keane agus an t-othar Patricia O'Donovan ag oscailt oifigiúil na clinice nua idirghabhála péine, Ospís Marymount, Corcaigh

Oscailt oifigiúil Ospís Naomh Proinsias, Baile Bhlainséir

Tá Ospís Naomh Proinsias, Baile Bhlainséir, lonnaithe ag Baile an Aba, gar d'Ospidéal Uí Chonghaile. Cuirfidh an tsaoráid nua ina bhfuil 24 leaba fáil ar réimse iomlán de sheirbhísí cúraim mhaolaitheigh speisialaithe i bpobal Iarthar Bhaile Átha Cliath ina bhfuil daonra de 580,000.

Tá an tsaoráid nua ag feidhmiú mar bhunáit freisin don fhoireann cúraim mhaolaitheigh pobail, mar ionad oideachais agus mar ionad lae ospise a bhíonn ar oscailt dhá lá sa tseachtain.


Chosain sé €24.5m an ospís nua a thógáil agus a fheistiú, tháinig €1.5m de sin ón FSS agus fuarthas an chuid eile as gníomhaíocht tiomsaithe airgid agus iasacht bainc.



▲ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, leis an othar Sharon O'Toole agus a hiníon Jodie, ag oscailt Ospís Naomh Proinsias



Figiúr 13: % de dhaoine ag feitheamh níos lú ná 7 lá le cúram maolaitheach



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Tacú le do Riachtanais Chúraim Shóisialta

Réamhrá

Tugann seirbhísí Cúram Sóisialta tacaíocht do dhaoine scothaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas maireachtáil ina dtithe féin nó ina bpobal féin trí mhúnlaí cúraim agus seirbhíse a fheidhmiú a chuidíonn le neamhspleách, a dhéanann uasmhéadú ar ionchas daoine agus a thacaíonn le rogha stíle maireachtála an oiread agus is féidir.

Soláthróirí neamhreachtúla agus soláthróirí príobháideacha an FSS a chuireann na seirbhísí ar fáil. Cuirtear thart ar 80% de na seirbhísí míchumais go léir ar fáil ón earnáil neamhreachtúil, arna maoiniú ag an FSS trí alt 38 agus 39 den *Acht Sláinte 2004*. Tá 76% de d'áiteanna Scéime Tacaíochta na dTithe Altranais (NHSS) á soláthar ag tithe altranais príobháideacha.

Táimid tiomanta ar sheirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. In 2015 leanamar den fheidhmiú ar ár gclár straitéiseach athchóirithe agus athraithe agus ar fhorbairt ár múnla oibriúcháin laistigh de na naoi CHO nua. Leanamar den fhorbairt ar ár rannpháirtíocht leis na daoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí, lena dteaghlach, grúpaí tathanta agus an earnáil dheonach chun tacú leis an bhforbairt ar mhúnla comhtháite cúraim agus tacaíochta.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Cosaint do dhaoine leochaileacha

- Tugann an Beartas um Aosaigh Leochaileacha tacaíocht do sheirbhísí chun leas a chur chun cinn agus slánchumhdach ó mhí-úsáid a thabhairt d'aosaigh leochaileacha. Baineann an beartas le seirbhísí an FSS go léir na cinn atá maoinithe ag an FSS, agus táthar á fheidhmiú go leanúnach sna seirbhísí sin trí oiliúint speisialaithe agus ardú feasachta don fhoireann agus trí fhoirne slánchumhdaithe agus cosanta a fhorbairt i ngach CHO.
- In aitheantas don ról atá ag an sochaí i gcoitinne i gcothú cearta agus neamhspleáchas daoine leochaileacha, tá Coiste Náisiúnta Idirearnálach Slánchumhdaithe bunaithe faoi chathaoirleach neamhspleách. Áirítear ar an gcoiste tá ionadaithe ó réimse de ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla laistigh agus lasmuigh den earnáil sláinte a chuirfidh treoir ar fáil don FSS i dtaca le slánchumhdach.

Seirbhísí Míchumais

An aidhm atá againn ná cuidiú le daoine atá faoi mhíchumas chun a n-acmhainn iomlán a bhaint amach, maireachtáil chomh neamhspleách agus is féidir san áireamh, agus a dheimhniú go dtugtar aird orthu agus go bhfuil siad páirteach i bpleanáil agus i bhfeabhsú seirbhísí. Áirítear inár dtosaíochtaí do 2015 bhí:

- An clár 'Saotha a Athrú ó Bhun' a chur i ngníomh chun *Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartas ar Sheirbhísí Míchumais in Éirinn* a chur i bhfeidhm agus chun tacú leis

2015 Fíorais agus Figiúirí

Seirbhísí Míchumais

- 137 duine faoi mhíchumas aistrithe ó shuíomhanna comhchónaithe go dtí suíomhanna pobail
- 1.4m uaireanta cúntóirí pearsantas agus 2.7m uaireanta tacaíochta baile curtha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas
- Os cionn 180,000 oícheanta faoisimh curtha ar fáil do bheagnach 6,000 duine faoi mhíchumas
- Tá beagnach 8,200 duine faoi mhíchumas i seirbhísí cónaitheacha i mbreis agus 900 ionad ainmhithe HIQA
- Freastalaíonn breis agus 16,000 duine faoi mhíchumas ar ionaid seirbhísí lae
- Cuireadh socrúchán cúram lae ar fáil do 1,350 fágálaí scoile faoi mhíchumas
- Fuarthas 5,818 iarratas agus eisíodh 3,318 tuarascáil mheasúnachta faoin Acht Míchumais, 2005.
- Cuireadh 2,583 ionad athshlánúcháin oiliúna ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas fisiciúil/míchumas intleachta agus/nó uathachas

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

- 10.4m uair an chloig de chúnamh baile curtha ar fáil do 47,915 duine (ardú 1.5% ar na huairéanta ó 2014)
- Fuair 23,073 duine tacaíocht faoi Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais do chúram cónaithe fadtéarmach (ardú 3.2% ó 2014)
- Fuair 15,272 duine pacáiste cúraim bhaile (10.7% os cionn an leibhéil seirbhíse a raibh súil leis)
- 1,817 cás nua atreoraithe chuig foirne drochíde ar sheanáirí

an bhforbairt ar mhúnlaí cúraim agus seirbhísí a chuireann daoine faoi mhíchumas ag croílár gach a ndéanaimid

- Seirbhísí agus tacaíochtaí den chaighdeán agus den tsábháilteacht is airde a sheachadadh i gcomhar leis an rannóg Feabhsaithe Cáilíochta
- Modhanna bailithe sonraí a fheabhsú chun torthaí níos fearr a léiriú do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí
- Ár gclár athruithe Sé Chéime a chur i bhfeidhm. Faoi cheannas an Tascfhórsa Náisiúnta, cuireadh fócas suntasach ar chinnteacht cáilíochta agus sábháilteachta ár seirbhísí go léir trí dhaoine leochaileacha a chumasú agus a shlánchumhdach. Tháinig an Tascfhórsa le chéile sé huairé in 2015 agus áirítear ina chuid oibre bhí bailiú na sonraí a bhí foghlamtha ón athbhreithniú ar Áras Attracta, feidhmiú leanúnach ar phróisis slánchumhdaithe agus forbairt ar an gclár iomlán tathanta lena n-áirítear an obair atáthar a dhéanamh i gcomhar le Cuimsiú Éireann.

In Aibreán, Iúil agus Samhain, réachtáladh sraith de chruinnithe mullaigh ag a raibh cúpla céad teachta lena n-áirítear úsáideoirí seirbhísí agus baill teaghlaigh mar aon le soláthraithe seirbhíse reachtúla agus deonacha. Chuir na cruinnithe mullaigh fóram ar fáil do dhaoine chun foghlaim agus aiseolas a roinnt lena chéile agus, níos tábhachtaí fós, éisteacht le glórtha na ndaoine faoi míchumas chun go mbeimis dírithe ar a riachtanais agus a mianta.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn


- Chuir feidhmiú an bheartais Treonna Nua feabhas ar sholáthar iomlán na seirbhísí lae. Cuireadh seirbhísí lae ar fáil do thart ar 1,350 fágálaí scoile agus céimí oiliúna athshlánúcháin.
- Cuireadh clár seirbhísí míchumais chun cinn do leanaí agus daoine óga (0-18) trí:
 - 120 post forbarthach breise a leithdháileadh
 - Athchoimriú a dhéanamh ar sheirbhísí chun 56 Foireann Gréasáin Míchumais Leanaí iildisciplíneach agus ilghníomhaireachta a chruthú.
 - Ceannasaí tathanta a cheapadh do Ghrúpaí Forfheidhmithe Áitiúla na n-ógánach (0-18) i ngach CHO.
- Comhlánaíodh 5,818 iarratas i dtaca le leanaí a rugadh tar éis 1ú Meitheamh 2007 agus a bhí incháilithe chun cur isteach ar mheasúnacht faoin *Acht Míchumais 2005*.
- Leanadh den obair ar fheidhmiú thuarascáil an bheartais *Time to Move on from Congregated Settings* a thugann tacaíocht do dhaoine chun aistriú ó shuíomhanna institiúideacha go dtí suíomhanna pobail. Chríochnaigh 137 duine an t-aistriú ó shuíomh comhchónaithe go dtí ionad cuí pobail agus tá obair shuntasach ar siúl chun é sin a bhrú ar aghaidh in 2016.
- Bunaíodh grúpa oibre, ar a bhfuil ballraíocht ó sholáthar agus CHONna, chun feabhas a chur ar phleanáil an tsoláthair seirbhísí i dtaca le socrúcháin éigeandála agus le riachtanais atá ag athrú.

- Táthar ag leanúint den obair i dtaca le feidhmiú 'Saoilta a Athrú ó Bhun':
 - Bunaíodh próiseas chun riachtanais sláinte agus sóisialta a aithint agus a mheas do dhaoine faoi mhíchumas thar na chéad 5-10 mbliana seo romhainn agus chun cumas na seirbhísí reatha agus na seirbhísí athchumraithe a chinntiú chun freastal ar na riachtanais sin
 - Tá Creat um Thomhas Cáilíochta agus Torthaí á chur i bhfearas chun feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus chun feabhas a chur ar a dtaithe ar an tseirbhís
 - Ceapadh taighdeoir tríd an Údarás Náisiúnta Míchumais chun cuidiú leis an bhforbairt ar bhainistíocht agus córais faisnéise a fheidhmiú mar phointe aonair faisnéise agus comhairle faoi sheirbhísí míchumais d'úsáideoirí seirbhísí, a dteaghlaigh agus an pobal
 - Tá foirne Feabhsúcháin Seirbhíse ag cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní laistigh de sheirbhísí agus go bhfeidhmeofar múnlaí inbhuanaithe cúraim chun freastal ar riachtanais atá ag athrú agus ag teacht chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas ar aon dul leis an gclár 'Saoilta a Athrú ó Bun'
 - Tá an obair le soláthróirí ag leanúint ar aghaidh chun a chinntiú go gcorpróidh na múnlaí seachadta cúram agus seirbhísí na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach in *Éire Shláintiúil – Creat le hAghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025*.



▲ 'Saoilta a Athrú ó Bhun' - In éineacht lena chuariteoirí tá Paddy Lyons, 78 bliain d'aois, a bhíodh ina chónaí i dTeach an Gharráin, Corcaigh agus a d'aistrigh go dtí cónaí pobail i mí Iúil.

Figiúr 14: Líon na n-iarratas comhlánaithe do Mheasúnú ar Riachtanas a fuarthas 2007-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Tuarascálacha cigireachta HIQA

Tá ardú ag teacht ar an leibhéal géilliúlachta sna Seirbhísí Míchumais Cónaitheacha agus ina lán de na seirbhísí a ndearna HIQA iniúchadh orthu fuarthas go raibh siad ag cloí leis na *Caighdeáin Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí* agus *d'Aosaigh atá Faoi Míchumas*. Ach sin ráite, léirigh na hiniúchtaí roinnt cúinsí suntasacha a bhfuiltear ag díriú orthu ar bhonn tosaíochta. Déantar monatóireacht ghéar ar ghéilliúlacht do chaighdeáin HIQA agus an fócas ar fheabhsú leanúnach cáilíochta.

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

An aidhm atá againn an úsáid is fearr a bhaint as ionchas daoine scothaosta, a dteaghligh agus a bpobail áitiúla ionas go mbeidh daoine in ann maireachtáil ina dtithe agus ina bpobail féin an oiread agus is féidir. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, cuirimid cúram cónaithe poiblí ar fáil atá ar ardchaighdeán. In 2015, bhí 4.1% de dhaoine os cionn 65 bliain i gcúram cónaithe factéarmach. Tá sé sin fós níos ísle ná meánráta an OECD de 4.5%.

Ar na tosaíochtaí do 2015 bhí:

- Ospidéalú a sheachaint agus tacú le scaoileadh amach luath trí íoschéimniú, cúram idirthréimhseach, leapacha athshlánúcháin agus cúram baile, agus an leas is fearr a bhaint as rochtain ar chúram cónaithe factéarmach den scoth nuair a bhíonn gá leis
- Cinntiú go leanfar de chuir chuige comhtháite agus nuálacha le múnlaí cúraim agus soláthar seirbhísí.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Chuireamar roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun tacú le daoine scothaosta ar a n-áirítear:


- Laghdú ar líon na ndaoine atá ag feitheamh agus ar na hagai feithimh araon do mhaoiniú faoin NHSS. Tacaíodh leis sin mar chuid de na leithdháilte maoinithe breise d'urscaoileadh moillithe in 2015:
 - Laghdaíodh an tréimhse feithimh do mhaoiniú NHSS ó 15 seachtainí in 2014 go dtí 4 seachtainí i mí na Nollag 2015
 - Tugadh tacaíocht do 23,073 duine faoin scéim, ardú 713 duine ó 2014
 - Eisíodh 9,280 faomhadh ar mhaoiniú don scéim, ardú 43% ó 2014.
- Laghdaigh ár dtuilleamaí ar chúram cónaithe trí fháil a chur ar chúnamh baile agus pacáistí cúnaimh baile chun cóir a chur orthu sin is mó a bhfuil gá acu leo inár ndaonra scothaosta atá ag dul i méid, mar aon le tacaíocht a thabhairt d'urscaoileadh as ospidéal ar bhonn tosaíochta:
 - Bhí pacáiste cúraim bhaile faighte ag 15,272 duine ag deireadh mhí na Nollag, 10.7% os cionn sprioc na bliana
 - Fuair 600 duine scothaosta seirbhísí cuimsitheacha cúram baile agus tacaíochta pobail le tacaíocht ó mhaoiniú breise de €5m, dírithe ar ospidéal ghéarmhíochaine a bhfuil brúnna seirbhíse ag cur dóibh
 - Cuireadh 195 pacáiste dianchúraim bhaile ar fáil chun tacú le daoine scothaosta a bhí an-spleách filleadh abhaile ó ospidéal ghéarmhíochaine
 - Bhí seirbhísí cúram baile faighte ag 47,915 duine faoi dheireadh mhí na Nollag
 - Cuireadh 10.4m uair an chloig de chúram baile ar fáil, 1.5% os cionn na sprioc.

- Cuireadh bearta i bhfearas chun tacú le hurscaoileadh luath as ospidéal, laghdú a dhéanamh ar urscaoiltí moillithe agus seirbhísí athshlánúcháin a chur ar fáil chun tacú le daoine atá ag filleadh abhaile:
 - Osclaíodh 115 leaba gearrthréimhseacha lena n-áirítear 65 leaba breise in Ospidéal Pobail Chnoc Chairméal i mBaile Átha Cliath
 - Diríodh ar rochtain ar leapacha cúram idirthréimhseacha, a chuirtear ar fáil do gach ospidéal géarmhíochaine nuair a thagann borradh faoi ghníomhaíochtaí, ag 17 ospidéal a raibh deacrachtaí suntasacha acu i dtaca le hurscaoiltí moillithe. Rinneadh 5,696 faomhadh i rith na bliana.
 - Osclaíodh 173 leaba breise in aonaid phoiblí agus i dtithe altranais phríobháideacha
 - Cuireadh comhbhealach i bhfearas ar fud na seirbhísí go léir don bhainistíocht ar urscaoiltí moillithe, agus dá thoradh tháinig laghdú 29% ar urscaoiltí moillithe ó dheireadh na bliana 2014.

De bhreis air sin in 2015:

- Leanadh leis an bhfeidhmiú céimneach ar an straitéis um néaltrú trí chomhoibriú le seirbhísí cúram príomhúil, an Roinn Sláinte agus Atlantic Philanthropies
- Tá an Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach á cur i bhfeidhm, i gcomhar le seirbhísí sláinte agus folláine agus leis an Roinn Sláinte
- Tá forbairt á dhéanamh ar chreat don fhorbairt ar Chlár Cúram Comhtháite do Dhaoine Scothaosta agus tá ceithre láthair phiolótacha aitheanta chun an clár a thabhairt isteach - Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, Ospidéal Thamhlachta, Ospidéal na hOllscoile Luimneach agus Ospidéal Mhuire Lourdes i gcomhar le straitéis agus clár chliniciúla
- Leanadh den fheidhmiú céimneach ar Uirlis Mheasúnaithe Aonair

Figiúr 15: Líon daoine ag fáil pacáiste cúram baile (HCP) 2011-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Nóta: Áirithe i sonraí 2015 tá pacáistí cúram baile um thionscnamh d'urscaoileadh moillithe

- I Meán Fómhair, mar chuid den Chlár Caipitiúil Sláinte €3bn atá an Rialtas a chur ar fáil, fógraíodh maoiniú caipitil breise de €348m do sheirbhísí daoine scothaosta. Lena chois sin, táthar ag measúnú €150m do Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) nó socrúcháin mhaoinithe eile chun tacú le forbairtí dá leithéid sin. Déanfaidh an FSS clár d'fhorbairtí a ullmhú agus a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte in Eanáir 2016 lena bhfaomhadh chun díriú ar na caighdeáin thimpeallachta aitheanta
- Chun a chinntiú go mbeidh ár seirbhísí cónaithe in ann cloí le caighdeáin nua-aimseartha ardcháilíochta, rinneadh dul chun cinn le roinnt tionscadal caipitiúil lena n-áirítear:
 - Céim a haon den fhorbairt nua foirgníochta ag Aonad Altranais Phobail Ráth Eanaigh (CNU), síneadh nua a thógáil san áireamh ina bhfuil seacht leaba nua en suite agus seomraí cónaithe eile. Tá tuilleadh uasghrádaithe le tosú in 2016
 - Rinneadh an oscailt oifigiúil ar shíneadh nua le hAonad Altranais Phobail Inis Díomáin ar chostas de bhreis ar €1.2m agus €400,000 curtha ar fáil ag Cairde Ospidéal Inis Díomáin
 - Osclaíodh síneadh le hAonad Altranais Phobail Theach Regina i gCill Rois, Co. an Chláir. Tógadh Sciathán Bluebell ar chostas de bhreis ar €1.2m agus €100,000 de curtha ar fáil ag Cairde Theach Regina.



▲ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, ar cuairt ar Theach Altranais Moorehall Lodge i nDroichead Átha

Oscailt Oifigiúil Ospidéal Pobail Chnoc Chairméal, Baile Átha Cliath

I Meán Fómhair, rinneadh an oscailt oifigiúil ar Ospidéal Pobail Chnoc Chairméal ina bhfuil 65 leaba, ag cur ospidéal pobail tiomnaithe ar fáil do cheantar Bhaile Átha Cliath agus ag cur an-fheabhas ar an soláthar seirbhísí do dhaoine scothaosta. Cuireann sé fáil ar leapacha cúram idirthréimhseach agus ar leapacha tacaíochta gearrthréimhseach mar aon le rochtain ar ghairmí cúram sláinte agus sóisialta, m.sh. fisiteiripe, teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga. Tá oifigeach liachta lánaimseartha ar an láthair le tacaíocht ó gheiriatraithe ag cur seisiúin ar fáil san ospidéal. Leathnaíodh seirbhísí Chnoc Chairméal chuig na hospidéil ghéarmhíochaine a fad i mBaile Átha Cliath mar chuid de phróiseas pleanála an gheimhridh in 2015 agus tá na leapacha ag tacú anois leis na sé ospidéal géarmhíochaine i mBaile Átha Cliath agus leis an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin.



▲ An tAire Stáit, Kathleen Lynch TD, ag bualadh leis an othar Thomas Reilly ag an oscailt i gCnoc Chairméal

Barr Feabhais a Chur ar do Mheabhairshláinte

Réamhrá

Tugann meabhairshláinte mhaith deis dúinn an leas is fearr a bhaint as am a chaitheamh lenár dteaghlach agus ár gcairde, agus cuidíonn sé linn in amanna deacra dár saol. Is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu cóir léigh a fháil óna DG agus ní atreorófar go dtí na seirbhísí meabhairshláinte iad ach nuair is gá.

Áirithe sna tosaíochtaí do 2015 bhí:

- A chinntiú go bhfuil tuairimí na n-úsáideoirí seirbhísí, bhaill an teaghlach agus na gcúramóirí lárnach i ndearadh agus i soláthar na seirbhísí
- Seirbhísí comhtháite atá bunaithe ar fhianaise agus dírithe ar théarnamh, a dhearadh
- Seirbhísí meabhairshláinte tráthúla, a bheidh éifeachtach agus caighdeánaithe go clínicíil agus sábhálta a chur ar fáil
- Meabhairshláinte na ndaoine a chur chun cinn agus laghdú a chur ar líon na ndaoine a chailltear trí fhéinmharú, i gcomhar le seirbhísí agus gníomhaireachtaí eile
- Soláthar na seirbhísí meabhairshláinte a chumas trí fhoireann atá ardoilte agus rannpháirteach in infreastruchtúr oiriúnach don fheidhm.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Forbraíodh cláir oibre chun ár dtosaíochtaí ilbhliantúla a chur chun cinn.

- Rinneadh obair i gcomhar le húsáideoirí seirbhísí chun feabhsúcháin a dhearadh, a phleanáil agus a threorú.
- Forbraíodh Tionscadal Feabhsúcháin do Mheabhairshláinte Leanaí agus Ógánach.
- Cuireadh feabhas agus breisíodh cáilíocht agus sábhálteacht.
- Rinneadh caighdeánú ar chleachtais chliniciúla fianaise-bhunaithe ar fud ár seirbhísí go léir.
- Cuireadh maoiniú breise rialtais de €35m ar fáil don infheistíocht leanúnach sna seirbhísí inar áiríodh suas le 350 ball foirne de bhreis ar an 950 post a maoiníodh trí Chlár infheistíochta an Rialtais 2012 go dtí 2014. Rinne sé sin cumasú ar an dul chun cinn i dtaca le:
 - Díriú ar na riachtanais fhísiciúla sláinte atá ag daoine a bhfuil galar mheabhrach ag cur as dóibh, i gcomhar le Coláiste Dhochtúirí Teaghlach Éireann
 - Aonad Dianchúraim nua a oscailt i gCorcaigh
 - Foirne meabhairshláinte pobail a fhorbairt sna CAMHanna, síciatracht na seanaoise, daoine fásta i gcoitinne agus seirbhísí idirchaidrimh
 - Forbairt ar *Connecting for Life - Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun an Féinmharú a Laghdú 2015 - 2020*
 - Oifig Clár a bhunú chun cláir, feabhsúcháin seirbhíse agus athchóiriú a phleanáil agus a bhainistiú.
- Tugadh cead planála don ospidéal nua fóirínseach, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath ina bhfuil:
 - Ospidéal Fóirínseach Náisiúnta 120 leaba in ionad an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar
 - Aonad fóirínseach 10 leaba do mhíchumas intleachta meabhairshláinte
 - Aonad fóirínseach 10 leaba do mheabhairshláinte leanaí agus ógánach.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Facthas 74% de na daoine fásta a atreoraíodh chuig foirne meabhairshláinte ginearálta laistigh de thrí mhí (níor fhreastail 22% acu)
- Facthas 95% de na daoine a atreoraíodh chuig foirne síciatracha seanaois laistigh de thrí mhí (níor fhreastail 3% acu)
- 67% de na leanaí agus ógánaigh a atreoraíodh chuig na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh, facthas iad laistigh de thrí mhí
- 73% de na leanaí a fuair dianchúram cónaitheach meabhairshláinte glacadh isteach iad in aonaid chónaitheacha do leanaí agus d'ógánaigh, i gcomparáid le 25% in 2008
- 95% de na leapacha lae a d'úsáid leanaí a glacadh isteach in aonaid chónaitheacha mheabhairshláinte bhí siad in aonaid chónaitheacha a bhí cuí ó thaobh aoise de do leanaí agus d'ógánaigh
- Tháinig laghdú ar na liostaí feithimh do sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh (CAMHanna)
 - 607 níos lú daoine ag feithimh níos faide ná 3 mhí
 - 278 níos lú daoine ag feithimh níos faide ná 12 mhí
- 17,002 atreorúchán faighte ag an gComhairleoireacht i Seirbhísí Cúram Príomhúil, 56,623 coinne tairgthe agus 45,490 seisiún déanta
- Meastar go bhfuil oiliúint um chosc ar fhéinmharú faighte in aisce ag duine as gach 100 duine fásta in Éirinn trí ASIST agus safeTALK

Cláir náisiúnta cliniciúla mheabhairshláinte

Rinneadh dul chun cinn leis an bhfhorbairt agus an mhaoirseacht ar thrí chlár cliniciúla meabhairshláinte:

- Bainistíocht ar Léiriú Féindochar do Rannóga Éigeandála - chuir 25 Altraspeisialtóirí Clínicíil ar fud 16 Rannóg Éigeandála oiliúint ar an bhfoireann éigeandála agus d'ardaigh siad feacht faoi fhéinmharú agus féindochar. Cuireadh gnáthamh caighdeánach aontaithe oibriúcháin i bhfeidhm agus bailíodh sonraí ar feadh bliana
- Luath-idirghabháil i dTeiripe Iompraíochta Teaghlach i leith Síocóis Chéadtaoma (BFT) - cuireadh oiliúint ar 19 ball foirne mar oiliúnaithe/maoir i seachadadh BFT, rud a thug an t-iomlán naisiúnta go dtí 26. Cuir na hoiliúnaithe nua oiliúint ar fáil go háitiúil ar bhonn céimneach agus cuireadh oiliúint ar 180 ball foirne. Tá an tseirbhís ar fáil anois do theaghlach agus/nó d'úsáideoirí seirbhísí
- Neamhoird Itheacháin: Is í am Teiripe Teaghlach-bhunaithe (FBT) an idirghabháil fhianaise-bhunaithe is fearr do dhaoine óga a bhfuil anorexia nervosa ag dul dóibh - d'fhreastail 73 CAMH ar oiliúint agus rinneadh éascaíocht do mháistir-rang le haghaidh síciatríche comhairleach CAMHanna.

Comhpháirtíocht i bhFeidhm - an tÚsáideoir Seirbhísí, an Ball Teaghlaigh agus Grúpa Tagartha na gCúramóirí

Chuir Grúpa Tagartha ar a raibh naonúr úsáideoirí seirbhísí mar aon le ceathrar ionadaithe teaghlaigh agus cúramóirí bailchríoch ar mholtaí faoi na struchtúir agus an mheicníocht do rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhísí, na mball teaghlaigh agus na gcúramóirí, agus moladh go saineofaí ról phoist cheannasaí rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhísí, na mball teaghlaigh agus na gcúramóirí agus go mbunófaí:

- An ceannasaí ar rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhísí, na mball teaghlaigh agus na gcúramóirí mar chomhalta d'fhoireann bainistíochta náisiúnta na rannóige meabhairshláinte
- An naonúr ceannasaí ceantair ar rannpháirtíocht na n-úsáideoirí seirbhísí, na mball teaghlaigh agus na gcúramóirí mar chomhaltaí ar fhoirne bainistíochta ceantair na meabhairshláinte
- Struchtúir agus meicníochtaí d'aiseolas agus do chomhairliúchán trí fhóirne áitiúla agus ceantair
- Tógáil acmhainne chun tacú leis na meicníochtaí agus na ról rannpháirtíochta

Tá grúpa stiúrtha feidhmithe bunaithe chun tacú le feidhmiú na moltaí atá tacaíte ag Clár an Rialtais 2014/2015.

Bouncing Away

Foilseachán faoi mheabhairshláinte is ea *Bouncing Away*, cruthaithe ag leanaí agus foilsithe i gcomhar le CAMHanna Shligigh, Seirbhís Síceolaíochta Pobail Shligigh agus le comhpháirtíocht foilsithe Kid's Own. Thug an tionscadal deis do leanaí agus daoine óga oibriú trí phróiseas cruthaitheach le healaíontóirí gairmiúla - ag tacú lena n-ionracas mar dhaoine ar leith agus ag forbairt a bhféinmheas, ag cur folláine leanaí chun cinn agus á ceiliúradh, mar aon le feachtas ar mheabhairshláinte a thógáil ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Thar 8 seachtainí, bhí na leanaí gafa le réimse de ghníomhaíochtaí chun braistintí agus mothúcháin a chur in iúl, agus léiriú a thabhairt ar an mbealach a dheileáilann siad le sonas agus donas. Bhí ceardlanna ann go seachtainiúil agus gairmithe cúram sláinte i láthair chun struchtúr tacaíochta a thabhairt do riachtanais ealaíonta, mothúcháin agus forbarthacha na leanaí.

Tá *Bouncing Away* ar fáil ó Kid's Own - www.kidsown.ie



▲ An t-amhránaí Kian Egan le leanaí rannpháirteacha ag seoladh Bouncing Away

Féinmharú a Chosc

An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc a rinne an fhorbairt ar *Connecting for Life*, an straitéis chun féinmharú a laghdú in Éirinn de 10% thar na cúig bliana seo romhainn (2015-2020).

Leagann an straitéis fis amach ina mbeidh níos lú saolta á gcailleadh trí féinmharú agus ina mbeidh pobail agus daoine aonaracha cumasaithe chun meabhairshláinte agus folláine a fheabhsú trí sheacht gcuspóir:

- Tuiscint níos fearr ar iompraíocht fhéinmharaithe
- Tacú le pobail iompraíocht fhéinmharaithe a chosaint agus freagairt di
- Cuir chuige sprioctha dóibh sin atá leochaileach ó thaobh féinmharaithe de
- Rochtain, comhsheasmhacht agus comhtháthú níos fearr ar sheirbhísí
- Seirbhísí sábháilte ar ardchaighdeán
- Laghdú ar an rochtain ar dheiseanna
- Sonraí agus taighde níos fearr



▲ Ag an seoladh do *Connecting for Life*, bhí an Taoiseach, Enda Kenny TD, agus an tAire Stáit, Kathleen Lynch TD, mar aon le heagraíochtaí comhpháirtíochta

- Thacaíomar leis an Lá Domhanda um Fhéinmharú a Chosc ar an 10ú Meán Fómhair le téama chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag teagmhail a dhéanamh le duine atá i mbaol chun féinmharú a chosc.
- I gCorcaigh, seoladh leabhrán eolais dar teideal *Lighting the Way South Cork* do dhaoine ar bhásaigh duine leo trí féinmharú.



#littlethings

Rinneadh #littlethings, an feachtas gradamach meabhairshláinte agus folláine atá againn, arna bhainistiú ag an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, a chur i ngníomh go náisiúnta ar bhonn céimneach. Léiríonn an feachtas go mbeidh tráthanna deacra i saol gach duine againn, agus nuair a tharlaíonn siad sin, go bhfuil nithe beaga simplí, fianaise-bhunaithe, ann atá in ann difríocht mhór a dhéanamh sa bhealach a airímid. Rinneadh an feachtas i gcomhar leis an ngrúpa stáisiún raidió réigiúnach IRS, Independent News and Media, thejournal.ie agus TV3.

Mar chuid den fheachtas, d’inis ceathrar, Robert Carley, Gary Seery, Alan O’Mara agus Una-Minh Kavanagh, a scéalta féin, roinn siad a dtaitní ar stoirmeacha an tsaoil linn agus na nithe a d’oibrigh chun iad a thabhairt tríd na tréimhsí deacra sin.



▲ Robert Carley, Gary Seery agus Alan O’Meara

◀ agus ▼

Chuir na comharsana Gaillimh agus Maigh Eo a gcuid iomaíochta i leataobh chun a theacht le cheile don fheachtas #littlethings chun díriú ar an leid folláine ‘Dá Mhéid a Ghluaiseann Tú is Fearr do Ghiúmar’.



Oscailt Oifigiúil ar Aonad Géarchúraim Othar Cónaitheach Linn Dara do Leanaí agus d'Ógánaigh ag Campas Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath

Leis an oscailt ar Linn Dara, saoráid CAMH den dearadh is déanaí, rinneadh méadú 15% ar an acmhainn d'othair cónaitheach CAMHanna a bhfuil géarchúram uathu. Airithe sa tsaoráid tá dhá aonad 11 leaba, ceann d'ógánaigh níos sine suas go dtí 18 mbliana, ceann do leanaí agus d'ógánaigh níos óige, agus láthair dianchúraim ina bhfuil dhá leaba. Tá foirgneamh scoile sé sheomra nasctha don aonad ina bhfuil seomra ealaíne agus ceardaíochta, seomra ranga d'eacnamaíocht bhaile agus seomra teiripe saothair. Ar na saoráidí gníomhaíochta spóirt atá ar fáil tá halla spóirt, giom agus cúirt chrua lasmuigh. In aitheantas do riachtanais na dteaghlach, tá árasán teaghlach curtha ar fáil inar féidir le teaghlach fanacht nuair a thógtar a leanbh isteach san aonad.

Cuireann an tsaoráid nua an timpeallacht teiripeach is fearr ar fáil ina bhfuil foireann foirne ildisciplíneach chun freastal ar riachtanais na ndaoine óga a thógtar isteach le haghaidh measúnachta agus cóireála. Téitear i gcomhairle leis na daoine ga agus leis an bhfoireann ag gach céim den phróiseas deartha chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais na ndaoine óg agus a dteaghlach.

Tá foirne CAMH Linn Dara in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath agus Seirbhís Ospidéal Lae na nÓgánach lonnaithe ar shuíomh Ghort na Silíní. Trí na seirbhísí d'othair cónaitheacha a thabhairt go dtí an láthair chéanna is féidir comhtháthú níos mó a dhéanamh ar na seirbhísí do dhaoine óga agus dá dteaghlach, agus cuideoidh an éascaíocht rochtana chun tréimhse cónaitheach na n-othar a ghiorrú.



Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéal



Ár Seirbhís Naisiúnta Otharcharranna a Fheabhsú

Réamhrá

Is í An tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna (NAS) an soláthróir reachtúil ar chúram éigeandála agus cúram idirmheánach réamhospidéal don Stát. I mBaile Átha Cliath, cuirimid é sin ar fáil i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Cuireann NAS cúram agus iompar réamhospidéal, atá cuí agus tráthúil go clínicíúil, ar fáil d’othair.

Áirithe sna tosaíochtaí do 2015 bhí:


- Sármhaitheas chliniciúil a thiomáint
- Cultúr de bainistíocht láidir feidhmiúcháin a chothú
- Úsáid a bhaint as na hacmhainní clínicíúla is cuí go sábháilte, go tapa agus go héifeachtúil.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Sármhaitheas chliniciúil a thiomáint

- Tionscnamh is ea an tionscadal ONE LIFE a bhfuil sé mar aidhm shoiléir leis na rátaí marthanais ó stad cairdiach lasmuigh d’ospidéal a ardú in Éirinn. Eochairtháscaire feidhmíochta i dtaca le stad cairdiach atá ina bhaol báis is ea Imshruthú Spontáineach Atosaithe (ROSC). In 2015, baineadh amach an sprioc de 40% d’othair a raibh stad cairdiach faighte acu agus cuisle nó ROSC acu.
- Cuireadh bailchríoch ar an soláthar de thaifead leictreonach othar. Feabhsóidh sé sin an t-iniúchadh clínicíúil laistigh dár seirbhísí. Cuireadh réiteach eatramhach ar fáil freisin agus tá sé á fheidhmiú go céimneach anois.
- Leis na múnlaí clínicíúla nua atá ag teacht chun cinn, tabharfar isteach bealaí nua chun a chinntiú go mbeidh an cúram agus na freagraí is cuí ar fáil do na glaoiteoirí.

Figiúr 16: Líon glaonna AS1 (glaonna éigeandála agus práinne) agus glaonna AS2 (glaonna práinne a fuarthas ó DG nó foinsé leighis eile) agus na hamanna freagartha 2013-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Fuarthas 64 otharcharr breise tríd an leithdháileadh €9.4m de bhuiséad flit
- Beagnach 1,700 ball foirne fostaithe i mbreis agus 100 ionad
- Dhéileáil an NAS le 303,502 glao agus díobh sin:
 - Glaonna ECHO ab ea 3,810 (stad cairdiach nó riospráide atá ina bhaol báis)
 - Glaonna DELTA ab ea 105,061 (tinneas nó gortú eile a bhí ina bhaol báis)
- Déileáladh le 76% de ghlaonna ECHO agus 64% de ghlaonna DELTA laistigh den amscála 18 nóiméad agus 59 soicind
- An tSeirbhís Cúram Idirmheánach a rinne 87% nó 35,822 de na haistriúcháin iomlána idir ospidéal
- Rinneadh 576 aistriú nua-naíoch, 81 aistriú péidiatrac agus 72 aistriú ar othar aosach do thrasphlandú
- Déileáladh le 399 glao ar an tseirbhís éigeandála aeráileighis
- Déileáladh le 103 glao ar an aerárthach othar agus le 394 glao ar Gharda Cósta na hÉireann

Cultúr de bainistíocht láidir feidhmiúcháin a chothú

- Eochairthosaíocht dúinn is ea bainistíocht, athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar agáí freagartha ECHO agus DELTA. Tá feabhas ag teacht ar agáí freagartha do ghlaonna ECHO (stad cairdiach nó riospráide atá ina bhaol báis) agus DELTA (breoiteacht nó gortú atá ina bhaol báis, seachas stad cairdiach nó riospráide). Tá sé sin ag tarlú i gcomhthéacs ina bhfuil níos mó úsáid á bhaint as an tseirbhís otharcharranna ina bhfuil glaonna ECHO ag ardú de 22% agus glaonna DELTA ag ardú de 10%.
- Forbraíodh dréachtphlean straitéiseach (Fis 2020) do na cúig bliana seo romhainn agus díriú ar chúram duineáil. Corpraithe ansin tá príomhthorthaí ó athbhreithnithe a críochnaíodh in 2014 (athbhreithniú inmheánach an FSS chun tacú le feabhsú feidhmíochta agus athbhreithniú HIQA ar sheirbhísí cúram éigeandála réamhospidéal in Éirinn) agus in 2015 (athbhreithniú ar acmhainn náisiúnta na seirbhísí cúram éigeandála réamhospidéal in Éirinn agus athbhreithniú ar sholáthar seirbhísí cúram éigeandála réamhospidéal i mBaile Átha Cliath).
- Aon mhoill a bhíonn ar aga slánúcháin otharcharranna sna hospidéal tá sé neamhéifeachtach. Tá próiseas formhéadúcháin i bhfearas agus rinneadh formhéadúcháin ar 80% de na moillithe i rith na bliana.

Úsáid a bhaint as na hacmhainní cliniciúla is cuí go sábháilte, go tapa agus go héifeachtúil

- Rinneadh an oscailt oifigiúil ar Ionad Oibríochtaí Éigeandála Náisiúnta (NEOC) (Tamhlacht agus Béal Átha Seanaidh). An NEOC a fhreagraíonn agus a sheolann gach glao éigeandála 999/112 don tír cé is moite den cheantar i mBaile Átha Cliath atá clúdaithe ag Briogáid Dóiteáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Ceadáíonn sé sin an acmhainn is gaire atá ar fáil a sheoladh san am is lú is féidir chuig gach iarratas éigeandála.
- Fuair an NEOC creidiúnú ó na hAcadaimh Idirnáisiúnta Seoltaí Éigeandála. Níl ach seacht n-ionad eile sa Bhreatain agus san Eoraip a fuair an creidiúnú sin.
- Cuireadh an córas náisiúnta um Sheoladh Ríomhchuidithe (CAD) i bhfeidhm i Meán Fómhair. Tá an luas agus an cruinneas in aithint ionaid an teagmhais criticiúil d'agaí freagartha níos tapúla agus tugann an córas nua CAD é sin.
- Cuidíonn an tSeirbhís Cúram Idirmheánach (ICS) le haistriú othar neamh-éigeandála nuair a bhíonn othair á n-aistriú idir ospidéal nó á n-aistriú chuig saoráidí céim síos sa phobal. An ICS a bhainistíonn 87% de ghlaonna aistrithe othar (35,822).
- Seoladh Céad Fhreagróirí Pobail Éireann, fóram nua náisiúnta do Scéimeanna Céad Fhreagróirí Pobail (CFR). Faoi láthair, tá breis agus 134 scéim CFR ar fud 18 gcontae ina raibh 1,693 coinne in 2015.

▼ In 2015, d'oibrigh TV3 linn chun sraith clár dar teideal Paramedics a chur ar fail. Sé eipeasóid uair an chloig a bhí sa tsraith a thug léargas ar ghnáthobair laethúil an NAS, ag taispeáint réimse agus scála na nglanna a fhaightear agus ar bhfreastalaítear orthu go laethúil.



▲ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD ag oscailt oifigiúil an Ionad Oibríochtaí Éigeandála Náisiúnta

◀ Aer-otharcharr ag éirí ar ócáid an 1,000ú misean ag Aeradróm Mhic Easmuinn



Do Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine

Réamhrá

Cuirtear seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine ar fáil in Éirinn ó dhá scór ospidéal géarmhíochaine atá eagraithe trí sheacht ngrúpa ospidéal a bunaíodh ar fad le gairid. Cuireann siad sin réimse leathan seirbhísí ar fáil ar a n-áirítear seirbhísí othar cónaitheach, othar seachtracha, éigeandála agus diagnóiseacha, ag cur seirbhísí géarchúraim ar fáil do dhaonra 4.6m geall leis.

Áirithe sna tosaíochtaí do 2015 bhí:

- Rochtain ar sheirbhísí
- Sábháilteacht agus cáilíocht na n-othar
- Clár athchóirithe na n-ospidéal géarmhíochaine agus forbairt seirbhísí a fheabhsú
- An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse
- Clár Chliniciúla agus Straitéiseacha Náisiúnta.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Tionchair dhéimeagrafacha

Tagann méadú ar riachtanais sláinte de réir mar a théann daoine in aois, is minic go dteastaíonn cúram ospidéil ó dhaoine atá os cionn 65 bliain d'aois agus go mbíonn riachtanais choimpléascacha acu. Léiríonn an treocht déimeagrafach go bhfuil an daonra an-aosta (85 bliain agus os a chionn) ag dul i méid ar ráta thart ar 4.5% sa bhliain le blianta anuas. Tá tionchar suntasach aige sin ar an éileamh ar sheirbhísí ospidéil ach go háirithe. Ach sin ráite, tá sé mar phríomhthosaíocht ag na hospidéal go bhfeabhsófaí an rochtain ar sheirbhísí.

Cúram sceidealaithe

- Fuair breis agus 1.5m duine cóireáil chónaithe nó cóireáil lae.
- Acu sin othair chónaitheacha ab ea 644,990 cásanna lae ab ea 878,821 (gan scagthealú a áireamh).
- San iomlán, bhí méadú de 19,861 ar an líon othar a fuair cóireáil i gcomparáid le 2014. I gcásanna lae a tharla formhór an mhéadaithe sin (17,683). Tá sé sin suntasach nuair a chuirtear i gcomhthéacs é leis an laghdú ar an ráta breithe (1,738 níos lú breitheanna), an t-ardú atá tagtha ar an líon othar isteach atá os cionn 65 bliain, agus an t-ardú atá ar choimpléasc na gcásanna éigeandála.
- Bhí 102,554 iontráil roghnach i gceist, ardú 1.6% (1,583) ar an mblain roimhe sin.
- D'fhreastail breis agus 3m duine ar rannóg na n-othar seachtrach, ardú 3.4% ar líon na bhfreastal othar seachtrach (107,726) i gcomparáid leis an ngníomhaíocht a rabhthas ag súil leis sa bhliain.

Cuireadh maoiniú breise ar fáil d'ospidéal chun gníomhaíocht a chur amach ar chonradh agus chun breis acmhainne a mhaoiniú laistigh dá gcuid ospidéal féin, agus chun uas-aga feithimh de 15 mhí a bhaint amach faoi dheireadh 2015. Chun an sprioc sin a bhaint amach, d'aithin na hospidéal an gá a bhí le 5,000 gnáthamh othar seachtrach/cásanna lae a chur amach ar chonradh mar aon le 16,000 coinne othar seachtrach.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Fuair breis agus 1.5m duine cóireáil chónaithe nó cóireáil lae
- D'fhreastail beagnach 3.3m duine ar rannóg ospidéal d'othair seachtracha
- D'fhreastail beagnach 1.2m duine ar Rannóga Éigeandála
- Rugadh 65,659 leanbh inár 19 n-ionad máithreachais
- Glacadh isteach 447,557 othar mar iontrálacha éigeandála agus 102,554 mar iontrálacha roghnacha
- Tháinig othar i láthair, tríaiseáilte na phráinneach, ag clinici do shiomptóim chíche
- Rinneadh 266 trasphlandú, ardú de 15 ar an mblain roimhe sin

Liostaí feithimh

Tá sé mar thosaíocht againn laghdú a dhéanamh ar na liostaí feithimh do chúram sceidealaithe agus an fócas orthu sin is faide atá ag feitheamh. Faoi mhí na Nollag, bhí feabhas suntasach ar na liostaí feithimh do chóireálacha othar cónaitheach agus cásanna lae. Bhí laghduithe tagtha ar na huimhreacha foriomlána de dhaoine a bhí ag feitheamh le gnáthamh chónaitheacha nó cásanna lae, maidir leis an líon a bhí ag feitheamh idir 15-18 mí agus iad sin a bhí ag feitheamh os cionn 18 mí.


Othair chónaitheacha agus cásanna lae

- 68,086 an líon daoine a bhí ag feitheamh le gnáthamh othar cónaitheach nó cás lae i mí na Nollag. Astu sin:
 - Bhí 75.2% de dhaoine fásta ag feitheamh níos lú ná 8 mí
 - Bhí 55.9% de leanaí ag feitheamh níos lú ná 20 seachtain
 - Bhí 0.7% de dhaone fásta (419) agus 0.5% de leanaí (40) ag feitheamh níos faide ná 18 mí
 - Bhí 1.1% de dhaone fásta (673) agus 1.0% de leanaí (73) ag feitheamh níos faide ná 15 mhí

Othair Sheachtracha


- D'fhan 90.1% de na daoine níos lú ná 52 seachtain ar choinne othar seachtrach faoi mhí na Nollag.
- I mí na Nollag bhí 5,262 othar ag feitheamh níos mó ná 18 mí le coinne agus bhí 9,887 ag feitheamh níos faide ná 15 mhí (laghdú 45% agus 54% faoi seach i gcomparáid le liostaí feithimh na Samhna).
- Chuir an Clár Feabhsúcháin Feidhmíochta d'Othair Sheachtracha tús leis an bhforbairt ar shraith de chonairt cúram a chuirfidh rochtain níos fearr ar fáil ar sheirbhísí othar seachtrach. Aontaíodh ar thacar íosmhéid sonraí do sheirbhísí othar seachtrach agus réitigh an rannóg ICT breis agus leath de na hospidéal chun atreorúcháin leictreonacha a ghlacadh.

Figiúr 17: Gníomhaíocht othar cónaitheacha agus cásanna lae 2011-2015




Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Figiúr 18: feithimh daoine fásta > 18 mí agus > 15 mhí ag deireadh 2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Figiúr 19: Tinrimh nua RÉ 2013-2015



Foinse sonraí: Tuarascálacha Feidhmíochta an FSS

Ionscópacht GI

- Faoi dheireadh mhí na Nollag, ní raibh aon othar ag feitheamh > 4 seachtainí ar ionscópacht phráinneach.
- Tá ardú ag teacht na huimhreacha foriomlána de dhaoine atáthar a atreorú do ghnáth-ionscópacht GI. 15,961 an foriomlán a bhí ann i mí na Nollag (ardú 2,983 nó 23% i gcomparáid lena mhacasamhail d'uimhir do 2014). Acu sin facthas 9,084 nó beagnach 57% taobh istigh de 13 seachtainí.
- Bunaíodh Grúpa Oibre um Fheabhsú Ionscópachta chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin ar fud na n-ospidéal go léir.

Cúram neamhsceidealaithe

- D'fhreastail beagnach 1.2m duine ar RÉ (14,396 níos mó ná in 2014) agus san iomlán bhí 1.29m teacht i láthair éigeandála in ospidéalí ghéarmhíochaine – 35% acu sin tógtha isteach san ospidéal.
- Bhí 280,509 glacadh isteach éigeandála trí RÉ agus 447,557 glacadh isteach éigeandála san iomlán i gceist don bhliain.
- Chríochnaigh 81.7% de na daoine a gcuairt ar RÉ laistigh de naoi n-uair an chloig i rith 2015 agus chríochnaigh 68.2% a gcuairt laistigh de shé uair an chloig.
- Mar chuid den chreat agus de na gnáthaimh formhéadaithe atá ar fud an chórais chun déileáil le plódú an RÉ, tá smachtbhannaí neamhchomhlíontachta i bhfearas agus tá tús curtha le gníomhaíochtaí sprioctha feabhsúcháin.

Deonú orgán

- Bunaíodh an oifig um Deonú agus Trasphlandú Orgán Éireann.
- Rinneadh 266 trasphlandú, méadú de 15 ar an mbliain roimhe sin. Áirítear ansin tá na méaduithe foriomlána ar thrasplandaithe duán (deontóirí marbha agus beo le chéile), scamhóg agus aenna mar aon leis an gcéad thrasphlandú croí agus scamhóg a rinneadh riamh le chéile.
- Aontaíodh ar phleananna chun na Seirbhísí do Thrasphlandaithe Paincréasacha a aistriú ó Beaumont go dtí Ospidéal Naomh Uinseann i mBaile Átha Cliath.

Forbairtí

- Dearnadh leithdháileadh ar mhaoiniú chun déileáil le cúinsí acmhainne do leanaí a bhfuil scolóis orthu in Ospidéal Mhuire do Leanáí.
- Ceapadh comhairleoir chun tacú le hobráidí dromlaigh i dTamhlacht.
- Osclaíodh Obrádlann Éigeandála Tráma Dromlaigh ag Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath.
- Ceapadh breis foirne chun feabhas a chur ar sheirbhísí staidéir chodlata ag Ospidéal Mhuire do Leanáí, Cromghlinn.
- Cuireadh breis acmhainní ar fáil chun ógánaigh a bhfuil Galar Corráncheallach orthu a aistriú go dtí Ospidéal San Séamas ó Ospidéal Mhuire do Leanáí, Cromghlinn.
- Tá seirbhísí narcailéipse á bhforbairt ag Ospidéal San Séamas do thrasdul ógánach ó sheirbhísí Ospidéal Ollscolaíoch na Leanáí, Sráid an Teampaill.
- Tá an Clár um Ionchlannáin Chochla do Dhaoine Fásta agus Leanáí i bhfearas anois agus táthar ag leanúint den earcaíocht ar Éisteolaithe.
- Tá acmhainní breise curtha ar fáil chun tacú le Géarshiondróm Corónach, hIdirghabháil Corónach Trécharicneach (PCI) 24/7 ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.
- Rinne na suíomhanna ospidéal go léir forbairt ar phleananna oibríochta do chásanna Ebola agus Fiabhrais Fhuilreatha Víreasacha eile in Ospidéalí na hÉireann.
- Ceapadh ceannasaí náisiúnta do sheipsis mar aon le ceannasaithe seipsise grúpaí ospidéal i sé ghrúpa ospidéal.

Urscaoileadh Moillithe a Fheabhsú

De dheasca Thuarascáil an Tascfhórsa faoi RÉ agus anailís a dhéanamh ar na fachtóirí ba chúis le brú in RÉ, cuireadh maoiniú breise de €74m ar fáil san Aibreán chun tacú le breis:

- Áiteanna NHSS
- Leapacha imfhálaithe cónaitheacha gearrthréimhseacha
- Pacáistí cúram baile

Mar thoradh ar na bearta sin tá íslíú tagtha ar an líon d'othair urscaoilte moillithe ó 719 i mí na Nollag 2014 go dtí 509 i mí na Nollag 2015 - laghdú 29%

Tá an maoiniú breise de €16.9m (€8.9m in ioncam agus €8m i gcaipiteal) a cuireadh ar fáil i mí Iúil chun tacú le hospidéil ghéarmhíochaine thar thréimhse an gheimhridh, á chur i bhfeidhm ar réimse de thionscnaimh acmhainne. Mar chuid d'obair Ghrúpa Feidhmithe Thascfhórsa na nRÉ, ceadaíodh agus eisíodh creat agus gnáthaimh fhorhádaithe ar fud an chórais chun déileáil le plódú in RÉ

Mar thoradh ar rannpháirtíocht na CHOnna agus na n-ospidéal géarmhíochaine i bpróiseas pleanála an gheimhridh faoi cheannas na rannóg náisiúnta, tháinig laghdú de 14% ar mheán gluaisteach 30 lá Fhaire Tralaithe an INMO i mí na Nollag i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2014.

Sábháilteacht agus cáilíocht na n-othar a fheabhsú

- Trí úsáid a bhaint as na *Caighdeáin Náisiúnta do Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr*, tá a gcéad mheasúnachtaí críochnaithe ag 80% de na hospidéil agus tá an obair ag dul ar aghaidh chun a chinntiú go leanfaidh na grúpaí ospidéal dá bhfeidhmiú ar na caighdeáin.
- Tá an Córas Náisiúnta Bainistithe Teagmhas á úsáid ag na grúpaí ospidéal go léir anois agus tá Cláir Rioscaí i bhfearas acu go léir.

Feabhsúcháin i seirbhísí máithreachais a thiomáint

Tá roinnt tuarascálacha déanta ar na seirbhísí máithreachais le cúpla bliain anuas, tá ceachtanna foghlamtha agus tá na ceachtanna sin ag tabhairt treorach anois faoin dóigh lenár seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh.

- Tá an Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta Máithreachais ag cinntiú go bhfuil moltaí ó na hathbhreithnithe go léir ar sheirbhísí máithreachais á gcur chun cinn, tuarascáil HIQA ar Phort Laoise san áireamh.
- Tá bailchríoch curtha ar an Straitéis Máithreachais agus táthar ag bunú Cláir Náisiúnta Sláinte do Mhná agus Naíonáin.
- Tá Cairt um Chúram Máithreachais á forbairt i gcomhpháirtíocht leis an gclár cliniciúil um Obstatraic agus Ginéiceolaíocht agus faoi threoir na Straitéise Máithreachais.



- Is garr go mbeidh bailchríoch curtha ar phróiseas chun Ráitis Shábháilteachta Othar Máithreachais a thuairisciú agus a fhoilsiú.
- Rinneadh Caighdeán do Chúram Méala a fhaomhadh agus ceapfar ceannasaithe méala do gach aonad máithreachais an chéad bhliain eile.
- D'fhoilsigh an Clár Cliniúil um Obstataic agus Gíneiceolaíocht treoirínte cliniúla.
- Tá Scór Réamhrabhaidh Máithreachais Éireann á fheidhmiú i ngach ospidéal ina bhfuil seirbhísí máithreachais á gcur ar fáil.
- Tá cógaiseoir ábhar frithmhiocróbach máithreachais lonnaithe i ngach grúpa ospidéal anois.
- Táthar aontaithe faoi mhúnla do cheapachán Stiúrthóirí Cnámhseachais in aonaid mháithreachais.
- Tá an Staidéar Ráta Breithe Plus leathnaithe amach chuig na suíomhanna go léir agus é ag treorú breis foirne máithreachais.
- Tá Córas um Bhainistiú Cliniúil Máithreachais agus Nuabhairthe á fhorbairt. Clár taifid leictreonach ar chúram sláinte atá ansin do gach othar máithreachais.
- Tosaíocht dár gcuid is ea gréasáin chliniciúla máithreachais a bhunú mar aon le comhsheasmhacht agus cáilíocht na seirbhíse a chur chun cinn agus tá dul chun cinn á dhéanamh i dtaca leis sin ar fud na ngrúpaí ospidéal go léir.

- Tá an tSeirbhís Iompair Nua-naíoch Náisiúnta ina seirbhís 24/7 anois chun nua-naíonna atá i mbaol báis a aisghabháil, a chobhsú agus a aistriú.

Forbairt na seirbhíse a fheabhsú agus ár gclár athchóirithe a chur i bhfeidhm

- Tá na grúpaí ospidéal ag neartú a struchtúir rialachais agus bhainistíochta trí cheapacháin a bhfoirne bainistíochta agus tús a bheith á chur leis an bhforbairt ar a bpleananna straitéiseacha.
- Leanadh den fheidhmiú ar Chlár Athdheartha Ospidéal na hÉireann (IHRP) ar a chéad shuíomh ospidéal (Tamhlacht) i rith na bliana.
- Tá na grúpaí ospidéal ag leanúint den fhorbairt agus den pheanáil ar fheidhmiú *Éire Shláintiúil*.



Éisteacht le dearcthaí agus le tuairimí na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhísí agus iad a mheas i bpleanáil agus i seachadadh seirbhísí is ea ceann de na luachanna lárnacha atá againn. Tá an-tábhacht ag baint le bailiú agus anailísú ar an aiseolas ó othair chun go dtarlódh sé sin. Mar thúsphointe, tugadh isteach an clár piolótach 'Happy or Not' in 12 ospidéal in 2015 agus thug sé sin deis don phobal aiseolas a thabhairt ar bhealach sciobtha agus éasca faoina sástacht nó a míshástacht leis an tseirbhís a fuair siad. Ceadaíonn sé do na húsáideoirí aiseolas gan ainm a thabhairt ar bhealach éasca le siombailí a aithnítear i ngach áit lena aghaidh sona nó míshásta ar chnaipí stíle.

Tugtar an t-aiseolas láithreach, déantar i bhfíor-am é dá réir agus is féidir é a thuairisciú ar ais in aghaidh na huairé nó an lae. Léiríonn an t-aiseolas foriomlán ón gclár piolótach gur uirlis thairbheach é agus go bhfuil ionchas iontach ann chun tuilleadh de a chur ar fáil go céimneach ar fud ár gcóras cúram sláinte.

Seirbhísí Ailse

Áirithe ar na eochairthosaíochtaí do 2015 bhí feidhmiú na gclár náisiúnta leighis agus haematoinceolaíocht, oinceolaíocht leighis, oinceolaíocht máinliachta, oinceolaíocht radaíochta, oinceolaíocht pobail agus seirbhísí ailse ó oidhreacht.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

- Tá roinnt post breise á gcur i bhfearas in oinceolaíocht leighis, oinceolaíocht radaíochta péidiatraice agus seirbhísí oidhreachta.
- Eochairthosaíocht is ea feabhas a chur ar an rochtain ar chlinicí mear-rochtana. Cé go bhfuil feabhsúcháin déanta i roinnt ionad, ní raibh an rath céanna ar cheantair eile. Tá tionscnaimh sprioctha á gcur i bhfearas chun breis foirne a chinntiú mar aon le tuilleadh clinicí athbhreithnithe agus atreorúcháin a chur amach ar chonradh chuig an earnáil phríobháideach chun rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil ar na seirbhísí ina n-íomláine. Sna réimsí sin ina bhfuil an fheidhmíocht íseal go fóill, táthar ag déanamh athbhreithniú iomlán ar na próisis chliniciúla.
- Forbraíodh comhpháirtíocht leis an Ionad Náisiúnta Géineolaíocht Leighis chun clár níos cuimsithí a fhorbairt d'othair agus don phobal atá i mbaol ailsí ó oidhreacht. Ceapadh ceannasaí náisiúnta cliniciúil d'aillsí ó oidhreacht chun an clár a leathnú níos mó.
- Seoladh trí threoirlíne nua chun cuidiú le liachleachtóirí diagnóis, monatóireacht agus cóireáil a dhéanamh ar ailse chíce, ailse phróstataigh agus galar trófablastach le linn toirchis.
- Tá ag eirí thar barr leis an gcóras leictreonach atreorúcháin agus níos mó ná 16,000 atreorúchán ailse déanta in 2015. Go leictreonach a fhaightear thart ar 50% de na hatreorúcháin iomlána ailse chíce, phróstataigh agus scamhóg. Seoltar os cionn 90% de na hatreorúcháin iomlána ailse trí na Córais Bogearraí DG atá creidiúnaithe ag GPIT.
- Rinneadh dul chun cinn leis an gcás gnó don Chóras Faisnéise Cliniciúil ar Oinceolaíocht Leighis mar ullmhú dá sholáthar an bhliain seo chugainn.
- Forbraíodh prótacail náisiúnta cóireála do na drugaí nua ailse go léir in 2015. San iomlán, tá 83 prótacal i bhfearas anois ag clúdach 114 tásc.
- Seoladh Tuarascáil ar 'Fheidhmiú na Straitéise um Rialú Ailse in Éirinn, 2006'. Tugann sé forléargas cuimsitheach ar na forbairtí agus na gnóthachtálacha suntasacha sna seirbhísí ailse go náisiúnta.
- Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Straitéis Náisiúnta Ailse chun comhairle a chur ar an Roinn Slainte i dtaca le straitéis nua náisiúnta ailse a fhorbairt do 2016 – 2025. Tá a thuarascáil beagnac críochnaithe. Lena chois sin, bunaíodh Fóram Othar Ailse chun éascaíocht a dhéanamh d'ionchur othar i bhforbairt na straitéise.

Fíorais agus Figiúirí

Ailse Chíce:

- Facthas 96.9% (16,712 tinreamh) de na dhaoine go léir a raibh seirbhís éigeandála cíche uathu laistigh de choiscis ón dáta atreorúcháin (95% an sprioc)
- Rinneadh 10.6% (1,833) díobh a dhiagnóisiú le hailse chíce ina dhiaidh sin
- Bhí 23,015 coinne neamhéigeandála i gceist

Ailse Scamhóg:

- Tugadh coinne do 85.5% (2,649 tinreamh) de na hothair a chuaigh chuig clinicí mear-rochtana ailse scamhóg laistigh de 10 lá oibre (95% an sprioc) – ardú 1.3% sa líon a facthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin
- Rinneadh 32.5% (1,008) díobh a dhiagnóisiú le hailse scamhóg ina dhiaidh sin

Ailse Phróstataigh:

- Tugadh coinne do 58.7% (1,515 tinreamh) de na hothair a chuaigh chuig clinicí mear-rochtana ailse phróstataigh laistigh de 20 lá oibre (90% an sprioc) – ardú 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin

Radaiteiripe:

- I gcás othar a bhí ag fáil fréamhchóireáil radaiteiripe, cuireadh tús leis an gcóireáil ar 84.6% díobh (4,174 tinreamh) laistigh de 15 lá oibre ón am ar measadh go raibh siad réidh chun cóireála (sprioc 90%)
- Ar an iomlán, tá ardú 19.6% tagtha ar líon na n-othar a chríochnaigh a gcóireáil i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh.

Cláir Náisiúnta Chliniciúla agus Chomhtháite Cúraim

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha a Chur Chun Cinn

Cláir Chomhtháite Cúram

Táthar i mbun forbartha ar chúig chlár cúram comhtháite (ICPanna) sna réimsí do shreabhadh othar, daoine scothaosta, cosc agus bainistíocht ar ghalar ainsealach, leanaí agus cúram máithreachais.

Déileálfaidh na ICPanna sin leis na dúshláin is géire sna córais sláinte agus cúram sóisialta agus feabhsóidh siad na torthaí agus an taithí don líon is mó othar agus ball foirne. Tá gach clár ag forbairt creata do bhainistíocht agus seachadadh seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta mar aon le plean feidhmithe do na chéad 2-5 bliana seo romhainn.

Cláir Náisiúnta Cliniciúla

Tá Grúpcheannasaithe Náisiúnta Cliniciúla i mbun feidhme agus iad ag tiomáint athchóirithe laistigh de na 33 clár cliniciúil náisiúnta.

Ar na buaicphointí in 2015 bhí:

- Reáchtáil an Chomhdháil Chomhtháite Cúraim
- Lean na cláir náisiúnta chliniciúla d'Ainéistéise agus Máinliachta dá dtacaíocht do sheachadadh an chláir um Obrádlann Táirgiúil (TPOT) agus 2 dháta bhreise oiliúna éascaithe ag na cláir
- Sheol an Clár um Thráma agus Ortaipéidic a múnla cúram. Cuireadh tús le clár piolótach um Chlinic Mheasúnachta Bristeacha san Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre sa Tulach Mhór
- Osclaíodh trí Aonad Satailíte Scagdhéalaithe Duán nua ar conradh i dTamhlacht, Droichead Átha agus Áth an Ghainimh táthar i mbun earcaíochta do 3 phost bhreise do Neifreolaithe Comhairleacha
- Chuir an Clár Stróc bailchríoch ar a staidéar ar Scagthástáil ar Fhibriliú Aitriamach i gCleachtadh Ginearálta. Neartaíonn na torthaí an fiúntas atá i scagthástáil faille do Fhibriliú Aitriamach. Chuir an clár bailchríoch freisin ar an Iniúchadh Náisiúnta Stróc 2015 i gcomhar le Foras Croí na hÉireann. Léirigh sé sin gur mhéadaigh rátaí trombalaithe an laghdú ar rátaí báis de 26%
- Sheol an Clár Ainéistéise a gclár cúram d'ainéistéise péidiatraiceach
- Seoladh Córas Réamhrabhaidh Péidiatraicigh na hÉireann (PEWS). Ceapadh Comhordaitheoir PEWS chun tacú lena fheidhmiú leanúnach
- Foilsíodh an múnla cúram nua-naíoch agus an múnla cúram um diaibéiteas péidiatraiceach
- Chuir an clár cliniciúil náisiúnta do Ghéarshiondróm Corónach bailchríoch ar a anailís ar shonraí 2014 a thaispeánann go bhfuair 92% de na hothair ath-tréata idirghabháil chorónach thréachraicneach phríomhúil (PPCI) i gcomparáid le 55% in 2011.

Buaicphointí den obair thras-rannach atá ar siúl:

- Tá an Clár do Dhaibéiteas ag obair leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála i dtaca leis an bhfeidhmiú céimneach ar an gclár scagthástála agus cóireála do gach othar a bhfuil diaibéiteas aitheanta leo. Táthar ag leanúint den earcaíocht d'ocht bpost cosliachta bhreise. Earcaíodh breis foirne chun tacú leis an Teiripe Caidéil Inslíne do Leanáí
- Bhí an Tionscadal Taispeánta Cúram Comhtháite Asma ina fhócas lárnach ar fud an chéad dá shuíomh ceantair fheidhmigh ina raibh iontrálacha arda agus ísle asma daoine fásta. Cuireadh dhá phost nua d'Altraspeisialtóirí Cliniciúla Riospráide i bhfearas chun tacú leis an tionscadal sin agus tá feidhmiú céimneach breise beartaithe ar shuíomhanna eile an bhliain seo romhainn
- Seoladh an Treoirlíne Náisiúnta Cliniciúil don Bhainistíocht ar Ghéarthaom Asma i nDaoine Fásta
- Táthar ag earcú ceathair ultraspeisialtóirí cliniciúla agus triúr fisiteiripeoirí sinsearach chun tacú leis an Tionscadal Taispeánta Cúram Comhtháite um Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach a bhfuil sé d'aidhm leis feabhas a chur ar dhiagnóis agus bainistíocht othar i suíomhanna cúram príomhúil.



Rinneadh a lán feabhsúcháin seirbhíse laistigh dár ngrúpaí ospidéal agus tá blaiseadh díobh sin sna leathanaigh seo romhainn...

Grúpa Ospidéal an Deiscirt/lardheiscirt

- Ospidéal na hOllscoile Corcaigh
- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí
- Ospidéal Ollscoile na Trócaire
- Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas
- An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria
- Ospidéal Ginearálta Bheantraí
- Ospidéal Ginearálta Mhala
- Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, An Choill Chríon

Comhpháirtí Acadúil: Coláiste na hOllscoile Corcaigh (COC)

Roinnt buaicphointí

- Osclaíodh Seomra Éigeandála (SÉ) nuachóirithe in [Ospidéal Máithreachais Ollscoil Chorcaí \(CUMH\)](#). Seirbhís 24 uair an chloig atá anseo agus é ina chéad pointe rochtana d'fhormhór na mban a úsáideann seirbhís CUMH. Feictear breis agus 17,000 bean sa SÉ in aghaidh na bliana agus tá an dearadh nua ina fhorbairt iontach dearfach do na hothair, ag cinntiú cultúr dínite agus measa do na hothair agus don fhoireann araon.
- Tá an [barda pédiatraiceach ag Ospidéal Ollscoil Chorcaí \(CUH\)](#) aistrithe go dtí aonad nua modúlach atá geal agus fairsing, agus tá an rannóg reatha á hathchóiriú agus á méadú chun saoráid nua iontach nua-aimseartha a chruthú.
- Osclaíodh an [tAonad Fiobrós Cistí \(CF\)](#) ag CUH go hoifigiúil. In CUH atá an dara hionad CF is mó in Éirinn do dhaoine fásta faoi láthair agus é ag freastal anois ar riachtanais bhreis agus 160 daoine fásta as réigiún na Mumhan.
- Forbraíodh saoráidí nua ag [Ospidéal Ollscoile Phort Láirge](#) do leanaí a bhfuil CF orthu. Tá na saoráidí deartha chun freastal ar 21 leanbh ón Oirdheisceart agus áirítear iontu beidh ceithre sheomra en suite ina mbeidh aeráil aerláimhsithe, cosanta agus saoráid do thuismitheoirí.
- Rinne [Ospidéal Thiobraid Árann Theas](#) ceiliúradh ar a nGradam d'Ospidéal atá Cairdiúil do Leanaí. Tionscnamh idirnáisiúnta fianaise-bhunaithe dea-chleachtais é sin ina n-áirítear caighdeán in dtaca le cleachtas cothaithe cíche, tacaíochta agus cosanta.

Ava Joyce as Corcaigh nach raibh ach 18 mí nuair a shroich sí a clocha míle forbartha go léir - in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí le sárú aici. Nuair a rugadh Ava, diagnóisíodh í le diaibéiteas nua-naíoch buan, riocht neamhchoitianta géiniteach a chuireann as do naionán amháin as gach 200,000. De dheasca feabhsúcháin a rinneadh le gairid ar sheirbhís pédiatraiceacha diaibéitis ag CUH agus an obair a rinne an fhoireann ildisciplíneach, bhí Ava in ann a cóireáil iomlán a fháil i gCorcaigh agus ní raibh uirthi taisteal chuig aon áit eile.



◀ An naionán Seán O'Sullivan as Maigh Chromtha ag teacht chuige féin tar éis meiningitis san aonad nua modúlach ag Ospidéal Ollscoil Chorcaí, in éineacht le (ó chlé) an tAltra Deirdre White, Declan Duignan, Roankabin agus an tAltra Sophie Carlin

Grúpa Ospidéal RCSI

- Ospidéal Beaumont
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin
- Ospidéal Uí Chonghaile
- Ospidéal Chontae Lú
- Ospidéal Mhuineacháin
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
- Ospidéal an Rotunda

Comhpháirtí Acadúil: Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI)

Roinnt buaicphointí

- Rinneadh an oscailt oifigiúil ar svuít raideolaíochta idirghabhálaí in **Ospidéal Ginearálta an Chabháin**. Tá raideolaíocht idirghabhálach ar cheann de na réimsí is mó atá ag fás sa leigheas nua-aimseartha, ag cur fáil ar theiripí úra íosionracha faoi threoir íomhánna d’othair a bhfuil réimse leathan de riochtaí leighis agus míochaine ag cur as dóibh.
- Rinneadh ceiliúradh ar 60 bliain bhunaithe **Ospidéal Uí Chonghaile**. I rith na bliana, cuireadh tús leis an obair ar fhorbairt na seirbhíse úireolaíochta, ar uasghrádú na rannóige raideolaíochta reatha, agus tá maoiniú curtha ar fáil d’aonad altranais nua 100 leaba ar láthair an ospidéal. Tá Ospidéal Uí Chonghaile aitheanta mar aonad satailíte d’ospidéal náisiúnta nua na Leanaí agus beidh gá le haonad trí stór. Áirithe ansin beidh RÉ Leanaí nó Aonad Cúraim Práinne a bhféadfadh siúl isteach ann, mar aon le rannóg d’othair sheachtracha péidiatraiceacha agus fiaclóireacht leanaí.



▲ (Ó chlé): Dr. Michael Slattery (Raideolaí Idirghabhálach Comhairleach), Orla Sheridan (Bainisteoir Altraí Cliniciúla 1 – Raideolaíocht Idirghabhálach) agus an tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, ag an oscailt oifigiúil ar an Svúit Raideolaíochta Idirghabhálaí nua in Ospidéal Ginearálta an Chabháin

Bunaíodh Seirbhís Cóireála Súl nua in Ospidéal Contae Lú, ag tá sí ag tacú leis na seirbhísí oftailmeolaíochta reatha d’othair i limistéir chontaetha Lú, Mhuineacháin agus an Chabháin, ag cinntiú go bhféadfadh obráidí agus gnáthaimh speisialaithe súl a chur ar fáil go háitiúil. Cuireann an tseirbhís nua fáil ar mháinliacht do chatarechtaí agus caipíní súile mar aon le cóireáil do riochtaí eile súl ar bhonn cóireála lae in Ospidéal Contae Lú. Lena chois sin, cuireann sé fáil ar an goóireáil is nua-aimseartha d’othair a bhfuil meath macúlach seanaoise ‘fliuch’ orthu, galar diaibéiteach na súl nó fadhbanna reitine. Trí oibriú i gcomhar leis na seirbhísí pobail súl atá in Ospidéal an Mater i mBaile Átha Cliath, tá tionchar suntasach ag an tseirbhís ar na liostaí feithimh áitiúla.



▲ Frank Duffy, Dún Dealgan (ar chlé) duine de na chéad othair a fuair máinliacht catarachta tSeirbhís Súl nua in Ospidéal Contae Lú, in éineacht le Geraldine Forrester, Bainisteoir Altraí Cliniciúla agus James Morgan, Oftailmeolaí Comhairleach ag Ospidéal Contae Lú

Grúpa Ospidéal Éireann Thoir

- Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae
- Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann Cearr
- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais
- Ospidéal Mhuire An Uaimh
- Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas
- Ospidéal Naomh Colm Cille
- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh
- Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman

AComhpháirtí Acadúil: Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC)

Roinnt buaicpointí

- Bhuaigh an tOspidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus Scoil na gCóras Altranais Cnámhseachais agus Sláinte COBÁC an 'Gradam do Thionscadal Cúram Sláinte Inbhuanaithe' ag Dámhachtainí Cúram Sláinte Bliantúla na hÉireann i mí na Samhna. Thug an gradam aitheantas do obair a bhí déanta chun laghdú a dhéanamh ar an aga dorais go snáthaid i gcás daoine a raibh amhras stróic fúthu. Tugadh isteach conair othar agus laghdaíodh an t-aga dorais go snáthaid ó 80 nóiméad go dtí 45 nóiméad, rud a chur feabhas 44% ar an am riaracháin trombalaithe. Tá an t-aga dámhachtana á laghdú go leanúnacha agus tá an fheidhmiú ag sábháil beatha go gníomhach.
- Osclaíodh Ionad Leabharlaine agus Oideachais an Dr. Jim Mahon agus Aonad Seirbhísi Lae Susie Long in Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, Ceatharlach-Cill Chainnigh mar chuid d'fhorbairt mhór chaipitil €21m ar an Ospidéal. Tá an tIonad tiomnaithe don Dr. Jim Mahon,

nach maireann, a bhí ina Lia Comhairleach gradamach in Ospidéal Naomh Lúcas agus meas air dá réir. Tá an tAonad Seirbhísi Lae tiomnaithe do Susie Long, nach maireann, a rinne tathaint go mbeadh rochtain níos fearr ar ghnáthaimh ionscópachta de dheasca na moille lena diagnóis féin ba chúis báis di roimh am. Cuirfidh an tsaoirid cúram siúlach seo cóiríocht ar fáil d'othair a bheidh ag freastal ar ionscópacht (ionscópacht ar an drólann san áireamh), máinliacht lae (máinliacht ghinearálta agus gíniceolaíocht san áireamh), scrúduithe agus cóireálacha dochtúra agus máinliacht fiacla.

- Osclaíodh Ionad Dianchúraim Nua-naíoch nua ag an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais ar Shráid Holles, Baile Átha Cliath, a chuirfidh cóir ar chuid de na naíonáin is breoite agus de na cásanna is casta as gach ceard d'Éirinn. Rinneadh maoiniú ar an tsaoirid nua seo den dearadh is déanaí le hinfheistíocht de €6m agus tá réimse leathan saoraidí le fáil ansin.



Ag Dámhachtainí Cúram Sláinte Bliantúla na hÉireann bhí (ó chlé): Mary Day, Príomhfheidhmeannach Grúpa, Comhollamh Taca Altranais, Scoil na gCóras Altranais Cnámhseachais agus Sláinte COBÁC, Grúpa Ospidéal Éireann Thoir; Seán Paul Teeling, Bainisteoir Barainne, Acadamh Barainne an Mater, Ospidéal an Mater, Baile Átha Cliath; Paula Guerin, Stiúrthóir Gnóthaí Eachtracha, AbbVie; Dr. Martin McNamara, Déan agus Ceannasaí Scoile, Scoil na gCóras Altranais Cnámhseachais agus Sláinte COBÁC agus Una Cunningham, Cathaoirleach na Stiúrthóireachta Sláinte agus Cúram Sóisialta, Ceannasaí an Trasfhoirmithe, Ospidéal an Mater, Baile Átha Cliath

- ▶ Osclaíodh an svuít agus an gairdín suaimhnis ag Ospidéal Mhuire, An Uaimh. Tionscnamh a bhí ansin a maoiníodh faoin gclár Dearadh agus Dínit atá á fheidhmiú i gcomhpháirtíocht le Foras Ospise na hÉireann. Tá sé deartha chun timpeallacht fhísiciúil na n-ospidéal a fheabhsú agus cosaint a thabhairt do dhínit na n-othar agus a dteaghlaigh agus duine ag fáil bháis



Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath

- Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus Naíonáin
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Port Laoise
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Tulach Mhór

- Ospidéal Ginearálta an Náis
- Ospidéal San Seamas
- Ospidéal Naomh Lúcas
- Ospidéal Thamhlachta

Comhpháirtí Acadúil: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD)

Roinnt buaicphointí

- Mar chuid dá thiomantas seanbhunaithe d'abhcóideacht othar agus do thaithí ardcháilíochta othar, thug Ospidéal Thamhlachta faoi [Chlár Suirbhéireachta Othar](#) ina raibh suirbhéanna cuimsitheacha ar othair chónaitheacha agus othair lae in 2015 chun aiseolas a bhailiú ó othair agus é a úsáid chun na seirbhísí a fheabhsú. Léirigh torthaí na suirbhéanna go bhfuil tromlach na n-othar sásta lena dtaithe ag Ospidéal Thamhlachta, agus dúirt 94% de na hothair a d'fhreagair go raibh an cúram go maith, an-mhaith nó ar fheabhas; dúirt 98% go raibh a seomra nó a mbarra san ospidéal glan agus dúirt 95% go raibh muinín acu as na haltraí.
- Tá Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath dírithe ar bharr feabhais a chur ar fáil i seachadadh a seirbhísí máithreachais. Tá an grúpa ag tabhairt isteach [an chéad líonra bainistithe máithreachais sa tír](#). Sa Márta, síníodh Meabhrán Tuisceana idir Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin agus an FSS. Cruthóidh an múnla nua seo seirbhísí aonair do mhná agus naíonáin thar dhá shuíomh - Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin agus an tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, rud a cheadóidh comhroinnt a dhéanamh ar shaineolas máinliachta le tacaíocht ó acmhainní breise.
- Sheol Ospidéal Ginearálta an Náis dlúthcheirnín i gcomhar le KARE, mar chomhartha ar an rath a bhí ar chlár socrúcháin in Ospidéal Ginearálta an Náis.

Tionscnamh gnóbhunaithe is ea an [Tionscadal SEARCH](#) atá dírithe ar athrú iomlán a chur ar shaol daoine óga a bhfuil míchumas intleachta orthu trí chlár chomhpháirtíochta agus deiseanna fostaíochta sa phobal. Bhí seoladh DVD an Tionscadail SEARCH mar thoradh ar thrí bliana d'intéirneachtaí rathúla a rinneadh i roinnt rannóg éagsúil in Ospidéal Ginearálta an Náis. Tá Ospidéal Ginearálta an Náis ar an gcéad eagraíocht dá leithéid in Éirinn a ghlac páirt sa chlár seo.

- Rinneadh an oscailt oifigiúil ar an [Institiúid um Eolaíocht Chardashoithíoch ag Ospidéal San Seamas](#). An aidhm atá leis an institiúid ná an tuiscint faoi ghalair chardashoithíocha a mhéadú chun feabhas agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí coiscithe, diagnóiseach, cóireála agus athshlánúcháin.
- Tugadh teastais do thríocha a trí ball foirne as ospidéal a bhí mar ionadaíocht do na seacht n-ospidéal atá i nGrúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath as ucht [Chúrsa Feabhsúcháin Cáilíochta na hInstitiúide um Chúram Sláinte](#) a chríochnú. Thug an searmanas bronnta aitheantas do gach a raibh bainte amach ag 280 céimí ó ospidéal, pobail agus seirbhísí leanaí a chríochnaigh an cúrsa in 2015.



▲ Cuid de chomhalta na Foirne Tionscadail SEARCH



▲ (Ó chlé) Ag déanamh ionadaíochta ar Ospidéal Naomh Lúcas, Breda Collins, Richard Lodge, in éineacht leis an Dr. Susan O'Reilly ó DMHG agus Eileen Whelan, Angela Clayton Lea ó Ospidéal Naomh Lúcas freisin.

Grúpa Ospidéal na Leanaí

- Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill)
- Ospidéal Mhuire do Leanaí (Cromghlinn)
- Ospidéal Thamhlachta (Péidiatraiceach)

Comhpháirtí Acadúil: An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath/RCSI/ Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Roinnt buaicpointí

- Tá **Plean Straitéiseach** an Ghrúpa á fhorbairt agus ansin leagtar amach fíis agus aidhm an ghrúpa. Lena chois sin, tá an Grúpa ag déanamh forbartha ar straitéis do sheirbhísí cliniúla ina n-áirítear treochlár do gach ceann de na 39 speisialtacht cliniúil mar ullmhúchán d'oscailt an OPD agus na nAonad Cúraim Práinne Péidiatraiceach, agus ospidéal nua na leanaí in 2020.
- Bíonn cruinnithe míosúla ag **grúpa um chomhtháthú seirbhísí péidiatraiceacha** le príomhpháirtithe leasmhara as na trí ospidéal leanaí agus lena chois sin, déanann Coiste Boird de chuid an Ghrúpa (Coiste Stiúrtha um Chomhtháthú) monatóireacht ar an gcomhtháthú ar fud na dtrí ospidéal.
- Rinne Grúpa Ospidéal na Leanaí forbairt ar thionscadal chun **rannpháirtíocht úsáideoirí** a chinntiú i gcomhar leis an Ombudsman do Leanaí agus tá sé sin á chur i bhfeidhm.
- Aontaíodh **struchtúr stiúthóireachta cliniúil** do na hospidéal sa ghrúpa agus tá sé a fheidhmiú.

- Chuidigh an Grúpa leis an **iarratas pleanála** a chur isteach i mí Lúnasa agus leis na héisteachtaí ó bhéal i mí na Nollag.
- Cuireadh bailchríoch ar an réamhchás gnó don **ospidéal nua agus na hionaid satailíte** i mí an Mheithimh.
- Forbraíodh cás infheistíochta do **Chlár Ospidéal na Leanaí** agus cuireadh ar fáil é i mí na Nollag le haghaidh tacaíochta don chomhtháthú ar na trí ospidéal neamhspleácha.
- I mí Iúil, cuireadh bailchríoch ar **chás gnó ICT** don infheistíocht agus tacaíocht ICT is gá chun fíis an ospidéal dhigitigh a sheachadadh agus ceadaíodh é i Meán Fómhair.



Ospidéal nua na Leanaí

Chuir An Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceigh an dearadh is deireanaí atá acu d'ospidéal nua na leanaí faoi bhráid chomhaltá den Oireachtas agus na n-áititheoirí sa phobal áitiúil i mBaile Átha Cliath 8. Beidh Ospidéal nua na Leanaí ar an infheistíocht chaipitil aonair sláinte is mó a rinneadh riamh i stair an Stáit. Is é an cinneadh faoin iarratas pleanála an chéad chéim eile agus táthar ag súil go dtosóidh an obair thógála i lár 2016.

▲ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, agus an tAire Stáit, Kathleen Lynch TD, le POFanna Ospidéal na Leanaí

▼ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, le baill foirne ó Ospidéal na Leanaí agus comhalta de Chomhairle Chomhairleach na nÓg



Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta

- Ospidéal na hOllscoile Gaillimh
- Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn
- Ospidéal Ollscoile Shligigh
- Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo
- Ospidéal Ollscoile Portiuncula
- Ospidéal Ollscoile Ros Comáin

Comhpháirtí Acadúil: Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh

Roinnt buaicphointí

- Osclaíodh dhá Acadamh Leighis go foirmiúil - [Acadamh Leighis Mhaigh Eo agus Acadamh Leighis Shligigh](#). Comhpháirtíochtaí iad sin de chuid OÉ Gaillimh le Saolta agus Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo agus Ospidéal Ollscoile Shligigh chun oiliúint a chur ar dhochtúirí. Tá na hAcadaimh seo ina n-infheistíocht mhór ag OÉ Gaillimh san oiliúint chliniciúil i Maigh Eo agus Sligeach.
- Cuireadh tús leis an obair thógála in [Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh \(UHG\)](#) ar fhorbairt an bhloic nua bardaí 75 leaba. Beidh cóiríocht seomra aonair d'othair chónaitheacha ar fáil sa tsaoráid nua agus beidh sé ag cloí leis na caighdeáin is airde i dtaca le rialú ionfhabhtaithe. Meastar go dtógfaidh sé 18 mí é a chríochnú. Táthar ag leanúint den obair freisin ar sholáthar 30 leaba breise in UHG.
- Táthar ag leanúint den tionscadal atógála ag [Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn](#). Osclaíodh aonad nua lónadóireachta agus saoráidí itheacháin le gairid ar chostas de €2.97m geall leis agus tá saotharlann nua scamhógach oscailte freisin mar chuid den fhorbairt mhór €2.06m.

- Osclaíodh ionad cúraim lae nua €1.4m d'othair a bhfuil fiobrós chisteach (CF) orthu ag [Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo](#) agus den chéad uair beidh saoráidí tiomnaithe ar fáil ann d'othair a bhfuil CF orthu.
- Rinneadh uasghrádú athchóirithe ar an Seomra Teaghlaigh in [Ospidéal Ollscoile Portiuncula](#). Cuireann sé sin go mór le dínit agus príobháideachas na dteaghlach a bhfuil daoine muinteartha acu atá i mbaol báis nó ag saothrú báis istigh san ospidéal. Tá an clár oibre seo mar thoradh ar dheontas dearadh agus dínit ó Chumann Ospise na hÉireann.
- Cuireadh bailchríoch ar an Aonad Ionscópachta in [Ospidéal Ollscoile Ros Comáin](#).

Saoráid Taighde Cliniciúil Aistritheach

Osclaíodh Saoráid Taighde Cliniciúil Aistritheach ar shuíomh Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh. Comhpháirtíocht nuálach é seo idir OÉ Gaillimh, An Bord um Thaighde Sláinte agus Grúpa Ospidéal Saolta. Le comhshuíomh an dá shaoráid seo ina aon fhoirgneamh amháin ar láthair an ospidéil ciallaíonn sé gur féidir an taighde bunúsach saotharlainne a dhéantar sa tsaoráid taighde aistritheach a mheas i dtrialacha cliniúla sa tsaoráid taighde cliniúil agus bainfidh othair tairbhe níos tapúla as i ndeireadh thiar.



▲ An Taoiseach, Enda Kenny TD, ag an oscailt oifigiúil ar na saoráidí nua taighde cliniúil



▲ An tAire Sláinte, Leo Varadkar TD, ar cuairt chuig an suíomh don bhloc nua bardaí 75 leaba, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh

Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh



- Ospidéal Ollscoil Luimnigh
- Ospidéal Máithreachais Ollscoil Luimnigh
- Ospidéal na hInse
- Ospidéal an Aonaigh

- Ospidéal Chromadh
- Ospidéal Naomh Eoin

Comhpháirtí Acadúil: Ollscoil Luimnigh (OL)

Roinnt buaicphointí

- Osclaíodh téatair nua san **Aonach**; mhéadaigh an acmhainn leapacha ar shuíomh **Ospidéal Ollscoil Luimnigh** agus osclaíodh leapacha speisialaithe d'fhiobrós chisteach, néar-/stróc, cosc agus rialú ionfhabhtaithe; agus forbraíodh seirbhís speisialaithe geiriatrach in **Ospidéal Naomh Eoin**.
- Cuireadh tús le hoibreacha feistithe agus críochnaithe don RÉ nua agus leis an ullmhú don aonad scagdhealaithe nua 24 leaba ag **Ospidéal Ollscoil Luimnigh**.
- Cuireadh tús leis an oscailt chéimneach ar **Fhoirgneamh Leben**, a forbraíodh i gcomhar le trí chomhpháirtí carthanachta, TLC4CF, Cumann Parkinson na hÉireann trína mbrainse réigiúnach agus Iontaobhas Forbartha Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair.
- Síníodh **Meabhrán Tuisceana** idir Grúpa Ospidéal OL agus Ollscoil Luimnigh, ag neartú an chomhchaidrimh

fhada leis an dá institiúid. An phríomhaidhm atá leis ná an fhorbairt ar nascálacha acadúla a chur chun cinn, go háirithe sna réimsí a bhaineann le hoideachas cliniúil, oiliúint, taighde agus nuálaíocht.

- Tá **Ionad Oideachais Chliniciúil agus Taighde** (CERC) á thógáil ag Ospidéal Ollscoil Luimnigh. Tionscadal comhpháirtíochta atá ann idir Ollscoil Luimnigh agus an grúpa ospidéal agus é á chómhaoiniú ag an dá dhream. Tá an foirgneamh le bheith tógtha i Meán Fómhair 2016 agus tabharfaidh sé cóiríocht agus tacaíocht do riachtanais oideachais, oiliúna agus taighde ár bpobal cliniúil ar fud na ndisciplíní foirne go léir. Tá an foirgneamh lonnaithe go straitéiseach i lár champas Ospidéal OL ionas go mbeidh sé chomh hinrochtana agus is féidir do na gairmithe cúram sláinte ar fad. Beidh Institiúid Taighde Sláinte OL agus Aonad Taighde Cliniúil Ospidéal Ollscoil Luimnigh araon lonnaithe san fhoirgneamh nua CERC seo.



▲ Ag iniúchadh oibreacha ag an Ionad Oideachais Chliniciúil agus Taighde, Ospidéal Ollscoil Luimnigh, bhí (ó chlé): An tOllamh Don Barry, Uachtarán Ollscoil Luimnigh; An tOllamh Colette Cowan, CEO, Ospidéal OL; an tAire Airgeadais Michael Noonan TD; An tOllamh Michael Larvin, Ceannasaí Scoil Leighis Iontrála Iarchéime OL; agus an tOllamh Niall O'Higgins, Cathaoirleach, Ospidéal OL

Tacú Lenár Seirbhísí



Tacú Lenár Seirbhísí

Ní soláthar córais chúraim sláinte atá sábháilte, nua-aimseartha agus éifeachtach an t-aon ról atá ag ár seirbhísí tosaigh. Sa chúla, cuireann seirbhísí tacaíochta riachtanacha ar nós Acmhainní Daonna, Airgeadas, Seirbhísí Gnó Sláinte, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, srl., fáil agus soláthar ar na 'huirlisí' a chinntíonn go mbeidh na seirbhísí a mbíonn an pobal ag idirghníomhú leo go laethúil in ann feidhmiú go héifeachtach.

In 2015, leanamar den fhorbairt ar ár seirbhísí tacaíochta corparáideacha go léir chun cáilíocht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead a thiomáint.

Seirbhísí Gnó Sláinte

Is é Seirbhísí Gnó Sláinte an rannóg Seirbhísí Comhroinnte Gnó den eagraíocht agus cinntíonn sé go mbeidh rochtain ag seirbhísí oibríúcháin sláinte agus sóisialta, iad sin ag Tusla san áireamh, ar réimse de chomhsheirbhísí tacaíochta gnó ar bhonn comhroinnte.

In 2015

Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí

Caidrimh fhadtéarmacha le custaiméirí a bhunú agus seirbhís atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do Chustaiméirí HBS.

- Lean Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM) leis an daingniú ar ár múnla gnó.
- Ceapadh seachtar Bainisteoirí Caidreamh Gnó chun tacú leis an múnla CRM. Reáchtáladh roinnt suirbhéanna, mapáil ar phróiseas gnó agus tionscadail i dtaca le mapáil ar turais custaiméirí.
- Leathnaíodh amach an Córas Bainistíochta Ceisteanna do Loighistic HBS chuig 394 custaiméir breise.
- Sheol Foireann Chumarsáide HBS an chéad Ríomhíris Foirne HBS.
- Cuireadh suíomh nua idirlín HBS i mbun oibre agus tá sé le fáil ag www.hse.ie/eng/about/who/health_businessservices

Soláthar HBS

Tacaíocht ghnó, earraí a fhoinsíú, a cheannach, a stóráil agus a dháileadh, ag dearbhú comhlíontachta le reachtaíocht rialaithe soláthair agus le treoracha agus treoirlínte rialtais an AE

De dheasca chinneadh an Rialtais in 2013 agus bhunú na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP), tá múnla nua forbartha ina bhfuil an soláthar go léir ar fud na hEarnála Poiblí corpraithe.

- Áiríodh an choincheap *Glór Amháin don Soláthar Sláinte* sa mhúnla nua a seoladh agus atá i bhfeidhm ar fud na rannóg agus na ngníomhaireachtaí sláinte go léir.
- Táthar ag leanúint den fhorbairt ar Lárionad Náisiúnta Dáilíúcháin (NDC). Tá an NDC lonnaithe ar an Tulach Mhór agus tá sé freagrach as ceannachán, stóráil agus dáileadh earraí, agus rachaidh sé in ionad na rannóg aonair stórais reatha atá scoite óna chéile.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- €334m caiteachas caipitiúil
- 280 tionscadal caipitil tacaíthe
- 7,658 iarratas ar earcaíocht faighte ag Seirbhísí Earcaíochta HBS
- 82,000 ball foirne agus 32,000 pinsinéir íochta
- €32m de shábháil airgid ar sholáthar bainte amach
- 35,000 ball foirne agus 3,000 duine ar scor cláraithe ar líne do dhuillíní pá ar líne agus 1,500 ball foirne Tusla cláraithe
- 1.8m sonrasc soláthróra íochta

HBS Estates

Tá Eastáit freagrach as bainistíocht ar an bPlean Caipitil ilbhliantúil agus an luach is fearr a fháil ar eastát, sealúcháis agus saoráidí an FSS lena chinntiú go bhfuil infreastruchtúr cuí i bhfearas chun breisiú a dhéanamh ar fholláine na n-othar, na gcliant agus na foirne.

Rinneadh dul chun cinn le réimse leathan de thionscadail chaipitil in 2015, lena n-áirítear:

- Seacht n-ionad cúram príomhúil nua a chríochnú nó a chur i mbun oibre
- Lorgaíodh tairiscintí i dtaca le 14 ionad cúram príomhúil a sholáthar lena seachadadh trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí. Ceapfar an tairgeoir ar éirigh leis go luath an chéad bhliain eile
- Críochnaíodh aonaid ghéarchúraim mheabhairshláinte i nDroichead Átha, Corcaigh agus Luimneach (an chéim dheiridh)
- Fuarthas cead pleanála agus cuireadh tús leis an gconradh oibreacha cumasúcháin don Champas Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann (le cur in ionad An Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar)
- Cuireadh tús le hoibreacha cumasúcháin ar Champas Ospidéal San Séamas
- Cuireadh bailchríoch ar mhórtionscadail in Ospidéal Ginearálta Loch Garman (uasghrádú ar bhardaí), Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh (Aonad nua RÉ agus Seirbhísí Lae san áireamh) agus Ospidéal Ollscoile Ros Comáin (Aonad Seirbhísí Lae)
- Rinneadh athchóiriú ar Ospidéal Chnoc Chairméal i mBaile Átha Cliath agus osclaíodh é mar shaoráid íoschéimnithe
- Leanadh le hoibreacha comhlíontachta HIQA i saoráidí cúram fadtéarmach do dhaoine scothaosta.

Tá breis eolais i dtaca le tionscadail chaipitiúla le fáil tríd an tuarascáil agus tá achoimre déanta air in Aguisín 4.

Airgeadas an HBS

Seirbhísí párolla, cuntas iníochta, cuntasáocht ghinearálta agus seirbhísí tuairiscithe airgeadais a chur ar fáil do sheirbhísí oibríochtúla tosaigh

Lena chois sin, cuireadh iad seo a leanas ar fail:

- Bainistíocht mar aon le próiseáil agus tuairisciú dheireadh míosa ar bearta airgeadais do chustaiméirí
- Seirbhís aonair náisiúnta do phróiseáil agus íocaíochtaí sonrasc caipitil
- Feidhmiú a dhéanamh agus tacaíocht gnó a thabhairt don chóras príobháideach éileamh árachais (Claimsure). Tacú le feidhmiú an Chláir Athchóirithe Airgeadais.

Acmhainní Daonna HBS

Maoirseacht ar bhainistíocht na seirbhísí criticiúla tacaíochta acmhainní daonna, ar a n-áirítear bainistíocht ar phinsin, earcú agus riaradh taifead an phearsanra

- 4,845 post líonta.
- 25,000 iarratas próiseáilte.
- 21,000 iarratas ar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána próiseáilte.
- 12,000 taifead pearsanra bainistithe go lárnach.

Seirbhísí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta

Tugann siad tacaíocht, cothabháil agus forbairt ar na córais SAP AD/Phárolla agus ar an gcumas faisnéis gnó do shonraí AD/Párolla

- Faoi láthair, déantar 101,500 fostaí agus pinsinéir a phróiseáil in SAP AD agus íoctar 59,000 fostaí agus pinsinéir trí phárolla SAP.
- Tuairiscítear go náisiúnta agus go háitiúil anois ar gach taifead AD agus Párolla don FSS.
- Cuireadh tús leis an bhfeidhmiú céimneach ar an gcumas Éirime Gnó.
- Tá an dearadh ar an struchtúr nua ERPS críochnaithe san ullmhú do sheirbhísí atá seachadta go náisiúnta.



▲ Ionad Cúram Príomhúil Bhéal Átha Seanaidh

▼ Ionad Cúram Príomhúil Bhaile Átha an Rí

Cuid dár dTionscadail Chaipitil



▲ Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh



► Brú Ardtacaíochta, an Muileann gCearr



Oifig an Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin

D'fhoilsigh Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise an *Plean Eolais agus Faisnéise*, ag tógáil ar an bhfís Ríomhshláinte d'Éirinn. Tacaíonn an plean sin le seachadadh cúram sláinte atá nuálach, sábháilte agus ar ardchaighdeán, agus béim ar chomhordú an chúraim ar fad a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó dhuine, cibé áit a seachadtar é, agus fócas ar leith ar riachtanais eolais agus faisnéise na n-othar agus na gcliniceoirí.

In 2015

- Bunaíodh Ríomhshláinte Éireann chun díriú ar chur chun cinn agus feidhmiú na Straitéise Ríomhshláinte.
- Bunaíodh Comhairle na nOifigeach Faisnéise Cliniciúla chun comhairle a chur agus tacaíocht a thabhairt d'Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise i seachadadh an *Plean Eolais agus Faisnéise*. Cuireann sé sin pobal ar fáil laistigh de sheirbhís sláinte na hÉireann ina bhfuil daoine le paisean do sheirbhís sláinte a bheidh seachadta trí Ríomhshláinte chun a dtáithí a roinnt lena chéile agus foghlaim conas feabhsúchán leanúnach a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht trí idirghníomhaíochtaí rialta.
- Uimhir is ea an tAitheantóir Aonair Sláinte (IHI) a shainíonn go huathúil agus go sábháilte gach duine a bhfuil úsáid acu, atá ag úsáid nó a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as seirbhís cúraim sláinte nó sóisialta in Éirinn. Forbraíodh clár cruthúnais choincheapa, ag sannadh IHLanna d'úsáideoirí seirbhísí sláinte. Tá tús curtha ag an gcéad chéim eile den IHI le haithint na gcóras do thomhaltóirí a bheifear a úsáid. Áirítear sna chéad chórais beidh ríomh-atreorúchán, córais DG agus an Córas Naisiúnta Titimis. Seo é an chéad pháirt den chlár ilbhliantúil chun an IHI a leabú sa chóras seirbhíse iomlán.

2015 Fíorais agus Figiúirí

- Forchéimníodh 225 tionscadal nua maoinithe ICT
- €53.35m an caiteachas ar thionscadail chaipitil ICT
- Críochnaíodh 101 tionscadal caipitil ICT
- 184,000 glao ar dheasc seirbhíse ICT socraithe

- Tá tacaíocht á fháil ag réimse leathan d'eocharthionscadail athchóirithe sláinte lena n-áirítear:
 - Taifead Leictreonach Sláinte (EHR): Seoladh próisis chomhairliúcháin phoiblí i dtaca le tosaíochtaí EHR. Tá aiseolas iarrtha ón bpobal faoi cheisteanna mar céard a dhéanadh an EHR rathúil, cén áit ar cheart é a bheith mar thosaíocht (i dtéarmaí cúram sláinte poiblí, ospidéal, srl.), rúndacht agus inrochtaineacht ar shonraí, agus an dóigh ar cheart toiliú a bhainistiú
 - Tá an Córas Náisiúnta Comhtháite Íomháithe Míochaine nó NIMIS, i bhfearas anois in 57 suíomh, 35 ospidéal géarmhíochaine agus 22 ospidéal satailíte agus pobail, ag cur réiteach gan scannán ar fáil d'íomháu raideolaíochta agus cairdeolaíochta
 - Nuair a bheidh an Córas um Bhainistiú Cliniciúil Máithreachais agus Nuabhairthe i bhfeidhm chuirfidh sé fáil ar fhoinsé gan uaim, iomlán agus iontaoifa den eolas ar fad a theastaíonn ó chliniceoirí chun cinntí cúraim a dhéanamh go tapa agus go cruinn i dtaca le sláinte agus folláine máithreacha agus naíonán in Éirinn. Tá céim 1 ag díriú ar fheidhmiú céimneach an tionscadail i gceithre ospidéal in 2016, agus na 15 ospidéal máithreachais eile ina dhiaidh sin
 - Tá an Clár Ríomh-atreorúcháin i bhfeidhm in 31 ospidéal agus beidh gach ospidéal ar an gcóras i rith 2016. Beidh DGanna in ann atreorúchán a chur isteach



Richard Corbridge, Príomhoifigeach Faisnéise, FSS leis an Aire Sláinte, Leo Varadkar TD, ag taispeántas Ríomhseirbhísí Sláinte Éireann

díreach go leictreonach óna gcóras bainistíochta cleachtaidh go dtí an t-ospidéal a bheidh i gceist trí úsáid a bhaint as an bhfoirm atreorúcháin atá faofa ag HIQA agus tiocfaidh admháil ar ais láithreach ag dearbhú go bhfuarthas an teachtaireacht

- Tá seoladh teachtaireachtaí Healthlink ag croílár an tionscadail Ríomh-atreorúcháin, tionscnaimh atreorúcháin an Chláir Náisiúnta Rialaithe Ailse agus na cumarsáide DG ón tseirbhís náisiúnta scagthástála. Aistríonn Healthlink réimse de theachtaireachtaí i bhfíor-am lena n-áirítear tuairiscí saotharlainne agus raideolaíochta, eolas faoi urscaoileadh agus nuashonruithe faoi liostaí feithimh. Seoladh breis agus 13 milliún teachtaireacht trí Healthlink i rith 2015 ina raibh breis agus 1,459 cleachtadh páirteach, 3,658 DG agus níos mó ná 60 eagraíocht
- Éiceachóras Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann: Reáchtáladh trí ócáid do pháirtithe leasmhara chun sraith de mholtaí ardchálíochta a ghiniúint chun an Straitéis Ríomhshláinte a chur chun cinn in Éirinn. Ba iad na topaicí ná Ríomhchógaisíocht agus uirlisí tacaíochta don chógaslann digiteach, rannpháirtíocht cliniúil agus taighde cliniúil, agus breithniúcháin dheiridh éiceachórais ar na Taifid Leictreonacha Sláinte
- Cheadaigh An Roinn Sláinte agus An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gnó agus treochlár an Chórais Náisiúnta Airgeadais. Tá tús curtha anois leis an gcéad chéim den chlár, cobhsú na gcóras reatha
- Córas Faisnéise Cliniúil ar Oinceolaíocht Leighis: Tá iarratais náisiúnta ar thairiscintí faoi bhealach chun an réiteach seo a sholáthar. Cuirfear bailchríoch ar an bpróiseas tairisceana in 2016 agus ansin cuirfear tús le himscaradh an réitigh
- Cuireadh bailchríoch ar athsholáthar an chláir ríomhaireachta Microsoft XP. Rinneadh athsholáthar ar bhreis agus 15,000 gaireas i rith an chláir. Lena chois sin, rinneadh uasghrádú ar 17,000 eile
- Cuireadh Córas Ríomhchuidithe Náisiúnta Seolta na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna i bhfeidhm. Déantar gach otharcharr a sheolann an FSS a bhainistiú anois tríd an réiteach seo.


An Córas MedLIS

Tá an conradh don chóras MedLIS – córas nua comhtháite faisnéise saotharlainne – bronnta ar Cerner. Áirithe sa tionscnamh beidh athsholáthar ar 43 córas saotharlainne ospidéal poiblí ar fud na tíre thar thréimhse ceithre bliana.



▲ Richard Corbridge, Príomhoifigeach Faisnéise, FSS, Pamela Howard, Eolaí Míochaine Faoi Oiliúint, Ospidéal San Séamas agus Amanda Green, Feidhmeannach Réigiúnach agus Stiúrtóir Bainistíochta, Cerner ag Rannóg na Míochaine Saotharlainne, Ospidéal San Séamas le linn fhógairt bhronnadh an chonartha do MedLIS

Roinnt buaicphointí Ríomhshláinte Éireann in 2015



Acmhainní Daonna Corparáideacha

An fhís atá againn, mar atá leagtha síos inár *bPlean Corparáideach 2015-2017*, ná na daoine a chur ag croílár gach ní a dhéanaimid – táimid tiomanta ar chúram sláinte ardchaighdeán a chur ar fáil dár n-úsáideoirí seirbhísí, dár bpobail agus don daonra i gcoitinne. Tá ár bhfoireann ag croílár sheachadadh na seirbhísí cúram sláinte, ag oibriú laistigh de agus ar fud na láithreacha cúraim sna pobail, sna hospidéal agus sna hoifigí cúram sláinte.

In 2015

- Tá plean gníomhaíochta á fhorbairt do Rannpháirtíocht Fostaithe don tseirbhís sláinte de thoradh fhoilsiú an chéad Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe a rinneadh ar fud na hearnála sláinte san Aibreán. Léiríonn an fhianaise go bhfuil fórsa saothair atá rannpháirteach fite fuaite le torthaí dearfacha d'othair. Tá sraith de ghrúpaí fócais laistigh de CHOnna, grúpaí ospidéal, An tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna agus seirbhísí corparáideacha ag cur eolais isteach i bPlean Gníomhaíochta iomlán do Rannpháirtíocht Fostaithe. Tá Suirbhé eile le déanamh in 2016.
- Forbraíodh *Straitéis do Dhaoine 2015-2018* tar éis cuid mhaith ceardlanna rannpháirtíochta agus comhairliúcháin. Cuireann sé bonn agus taca faoin athchóiriú níos leithne sláinte agus tá sé dírithe ar sheirbhísí daoine don chóras sláinte go léir ag aithint go bhfuil bainistíocht ar dhaoine mar fhreagracht ar na ceannasaithe go léir, ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann. Tá sé dírithe freisin ar riachtanais na seirbhíse sa todhchaí chun freastal ar éileamh an fhórsa saothair chun foireann ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil.
- Chríochnaigh an chéad chohórt de Ghairmithe Cúram Sláinte agus Sóisialta an clár piolótach ceannasaíochta, *Beginning a New Leadership Journey*. Dearadh an clár

faoi réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus is clár iildisciplíneach ceannasaíochta atá ann. Forbraíodh é mar thoradh ar an riachtanas aitheanta atá ann do cheannasaíocht fheabhsaithe ag gach leibhéal den tseirbhís sláinte agus ar na riachtanais agus na bearnaí aitheanta i dtaca le rochtain ar fhorbairt cheannasaíochta laistigh den FSS. to leadership development within the HSE.

- Reáchtáladh ceithre Mháistir-rang.
- Seoladh *A Guide to Coaching* mar threoir phraicticiúil le freastal ar riachtanais cóitseálaithe agus cliant. Cuireadh fáil chéimneach ar sheisiúin fhaisnéise do bhainisteoirí chun scileanna agus inniúlachtaí cóitseála a fhorbairt agus chun méid a chur ar infhaighteacht cóitseálaithe agus meantóirí oilte.
- Seoladh *A Guide to a Positive Work Environment in our Health Service*. Cuireann an treoirleabhar béim ar an ngá atá le luath-idirghabháil ó bhainisteoirí líne chun stop a chur le coimhlintí san ionad oibre dul in olcas.
- Reáchtáil an Lárionad Náisiúnta Ceannasaíocht agus Nuálaíochta d'Altranas agus Cnámhseachas Cruinnú Mullaigh Ceannasaíochta agus Nuálaíochta faoin teideal *People, Purpose, Passion*.
- Thosaigh 18 rannpháirtí ar an gcéad Chlár Ceannasaithe Todhchaí AD Leibhéal 1 a bhí dírithe ar Ghrád VI agus VII. Thosaigh 18 rannpháirtí ar an gClár Ceannasaithe Todhchaí Leibhéal 2 a bhí dírithe ar Ghrád VIII agus BG.
- Leanadh den obair mar ullmhú d'iniúchadh a d'fhéadadh a bheith i gceist do Chreidiúnú AD iomlán. Bunaíodh grúpaí oibre chun scrúdú a dhéanamh ar gach ceann de na téamaí seo a leanas:
 - Pleanáil gnó agus feabhsú leanúnach
 - Cumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht daoine
 - Ceannasaíocht agus bainistíocht ar dhaoine
 - Foghlaim agus forbairt a phleanáil
 - Measúnacht ar fhoghlaim agus forbairt
 - Córais AD agus folláine fostaithe

Cóitseálaí Feidhmiúcháin na Bliana



Ar Niall Gogarty, Oifigeach Sinsearach Riaracháin sa rannóg náisiúnta Acmhainní Daonna a bhronn an Chónaidhm Idirnáisiúnta Cóitseála an gradam Cóitseálaí Feidhmiúcháin na Bliana ag Gradaim Chóitseálaí na Bliana 2015. Bhí Niall lárnach san fhorbairt ar chultúr cóitseála laistigh den FSS chun tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann ina bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil, agus ag cumasú a bhfoirne le hiarracht leanúnach a dhéanamh i dtreo an rathúnais. Mar chuid dá ról, tá sé freagrach as an nGréasán Cóitseála ina réimse féin ina n-áirítear foireann de 17 cóitseálaí a bhfuil an-taithí acu agus iad ag cur seirbhísí cóitseála ar fáil do bhaill foirne as na disciplíní ar fad. Tá Niall cáilithe ina Mhaor Cóitseála freisin.

Fíorais Ghasta 2015

hseland.ie
Cúram le Eolas




Faoi láthair* tá **64,259** úsáideoir gníomhach ann



Breis agus 140 acmhainn agus clár foghlamtha
14 mhól foghlamtha comhoibríoch
Leabhar oibre PDP & Ríomhphunann
Uirlis measúnachta inniúlachta 360 céim
Seirbhísí oiliúna

Cláir agus Acmhainní Ríomhfhoghlamtha

In 2015-



UI nua agus uasghrádú HTML 5

Breis agus

56K

Clár Ríomhfhoghlamtha críochnaithe (56,802)

Tháinig ardú


11%

ar líon na gClár Ríomhfhoghlamtha a críochnaíodh

21

Clár Ríomhfhoghlamtha nua curtha ar fáil

Na 3 chlár ríomhfhoghlamtha ba mhó a críochnaíodh



Moil Fhorbartha Cleachtaidh

In 2015-

cuireadh 3 mhól nua ar fáil:



1. Ionad Comhroinnte
2. Mol um Chúram Maor
3. Mol InSpire

10,351



an líon ball foirne a rinne rochtain ar na moil chleachtais

Méadaithe de

14%

ó 2014

* Tá na figiúirí ceart ón 18 Samhain 2015

** i gcomparáid le 01 Eanáir - 31 Noll 2014

Moil HSELanD

Tá na Moil HSELanD deartha chun tacú leis an bhfeidhmiú céimneach ar thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta, ag ceadú duit a fháil amach céard atá ag tarlú, rochtain a fháil ar an doiciméadú ábhartha, agus comhoibriú agus foghlaim le chéile ar líne. Seoladh an Mol inSpire i rith na bliana agus is acmhainn ghréasánbhunaithe é a cheadaíonn do bhaill foirne na seirbhíse sláinte moltaí a dhéanamh go heasca faoin dóigh le seirbhísí a fheabhsú.

Logáil isteach ar www.HSELanD.ie chun do thuairimí a roinnt nó inspioráid a fháil uathu sin atá ann cheana féin.

hseland.ie
Cúram le Eolas

Health Services
e-Learning and Development



Airgeadas Náisiúnta

An ról atá ag Airgeadas an FSS ná cuidiú chun an infheistíocht chúil is mó a fháil don chúram sláinte agus sóisialta trí thacú lenár seirbhísí chun luach agus ionracas a léiriú sa bhealach a úsáidimid ár n-acmhainní reatha.

In 2015

Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht

Leanadh den obair ar Fheidhmiú Mhaoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíocht (ABF). Foilsíodh an *Plean Forfheidhmithe um Mhaoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht 2015-2017* a ghabhann air féin:

- Gach ospidéal a athrú chuig leithdháileadh ABF
- Tosú ag cur deireadh de réir a chéile le coigeartuithe idirthréimhseacha
- Meicníocht a dhearadh chun ABF a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí othar seachtrach
- Íocaíochtaí a nascadh le cuspóirí cliniciúla.

In 2015, bhí an fócas ar:

- Ospidéil a thagarmharcáil i gcomparáid le Meánphraghsanna Náisiúnta
- Ullmhú d'athrú na n-ospidéal ó bhlocdheontais go dtí leithdháilte ABF d'obair othar cónaitheach agus cásanna lae ó Eanáir 2016 ar aghaidh
- Tosú ar an Iníuchadh Náisiúnta ar chodú cliniciúil HIPE, agus tacóidh na torthaí as sin leis na hospidéil chun caighdeán a gcuid sonraí a fheabhsú.



Pleanáil airgeadais

Thug Airgeadas an FSS ceannasaíocht shuntasach chun tacú le Meastacháin, Plean Seirbhíse Náisiúnta agus próisis Phleanála Oibríochtúla 2016.

Costáil agus maoiniú

Leanadh den obair leanúnach fhorbartha i rith 2015 chun a chinntiú go mbeidh cur chuige láidir i bhfearas ag an FSS i dtaca le seirbhísí agus timthriallacha cúraim a chostáil chun treoir iomlán a thabhairt do choimisiúnú seirbhísí sa todhchaí mar aon le leithdháileadh oibiachtúil ar acmhainní. I rith 2015, bhí an fócas ar phleanáil agus ar chomhairliúchán le páirtithe leasmhara don fhorbairt ar an gCreat Straitéiseach Costála Pobail chun a chinntiú go bhfuil misean comhroinnte agus riar de chuspóirí straitéiseacha ann a mhúnlóidh an obair a bheifear a sheachadadh faoin gclár.

Meabhrán Tuisceana

Síníodh 'Príomhranna Comhaontaithe' (HoA) i mí na Samhna 2015 idir an VHI agus an FSS (48 ospidéal reachtúil agus deonach) agus dá thoradh fuair an FSS €127m d'airgead breise roimh dheireadh na bliana. Leanadh de chomhráit ar feadh na bliana idir an VHI, an FSS agus an Roinn Sláinte d'fhonn a theacht ar réiteach faoi Mheabhrán Tuisceana (MoU) chun go bhfaigheadh an FSS téarmaí íocaíochta níos fearr ón VHI.

Córas na gCuntas Sláinte

Foilsíodh Córas na gCuntas Sláinte 2013 agus cuireadh tús leis an obair ar réamhthuairisceáin 2014. Tá Córas na gCuntas Sláinte deartha chun léargas níos fearr a thabhairt ar an dóigh a gcaitear airgead ar na cineálacha éagsúla cúram sláinte a sheachadann na soláthóirí éagsúla sláinte ar fud an FSS.

Costáil phá

Tugadh faoi obair i dtaca le cur chuige fianaise-bhunaithe do chostáil thionchar an ráta pá i gcomhaontuithe AD ar fud an FSS.

Cánachas

Tá an rannóg ag leanúint de na hiarrachtaí chun bunús láidir a chur faoi chomhlíontacht cánach ar fud an FSS agus na cúinsí a d'eascair as an bhFéin-athbhreithniú Cánachais 2011-2013 a chur ina gceart. Cuireadh bailchríoch freisin ar an bhFéin-athbhreithniú Cánachais 2014 i rith na bliana.

An Grúpa Náisiúnta Cinnteachta Rialuithe Airgeadais

Bunaíodh Grúpa Náisiúnta Cinnteachta Rialuithe Airgeadais (NFCAG) chun tacaíocht, comhordú agus saineolas fadhbréitigh a chur ar fáil i dtaca le riar de chúinsí rialúcháin agus airgeadais. Ar na réimsí fócais i rith 2015 bhí na cinn a bhain le riosca suntasach nó neamhchomhlíonadh ar a n-áirítear cánachas, ró-íocaíochtaí pá-choibhneasa, láimhsiú airgid thirim, soláthar, agus ús prasíocaíochta. Tá foghrúpaí, ar a bhfuil ionadaithe sinsearachas as Rannáin Náisiúnta an FSS, CHONna agus Grúpaí Ospidéal, cruthaithe chun díriú ar gach ceann de na réimsí sin.

Athchóiriú Airgeadais

Lean an Clár Athchóirithe Airgeadais lena chuid oibre i bhfeidhmiú an Mhúnla Oibriúcháin Airgeadais (FOM) nua atá aitheanta ar an tosaíocht neamhchliniciúil is airde atá ag an FSS. Tá cuspóirí an Athchóirithe Airgeadais struchtúrtha mórtimpeall sheachadadh na dtionchar agus na dtorthaí ón FOM nua chuig Daoine, Próiseas agus Teicneolaíocht, mar a leanas:

- Daoine – An tacaíocht is gá a chur ar fáil dár ndaoine chun go ndéanfaid siad a gcuid oibre níos fearr agus go mbraithfid siad go bhfuil siad luachmhar san obair a dhéanann siad
- Próiseas – athrú a chur ar an mbealach a dhéanaimid rudaí chun léiriú a thabhairt ar ár n-athrú ó fhócas ar phróiseáil thrasghníomhaíochta go dtí cur chuige tacaíochta comhpháirtíochta/cinnidh
- Teicneolaíocht – ardán aonair bainistíochta airgeadais a sheachadadh chun tuairisciú níos fearr agus níos cruinne a chumasú.

Fuarthas cead in 2015, faoin gClár Athchóirithe Airgeadais, chun:

- Cobhsú a dhéanamh ar na córais oidhreacht airgeadais san Iarthar agus sa Deisceart, ag tosú le Ceantar an Mheán-Iarthair
- Réiteach Náisiúnta um Thuairisciú Airgeadais nua a fhorbairt
- Córas Náisiúnta Airgeadais aonair a sholáthar.

Aguisíní



Aguisín 1: Ballraíocht na Stiúrthóireachta agus na Foirne Ceannasaíochta

Comhaltaí na Stiúrthóireachta ar an 31ú Nollaig 2015:


- **Tony O'Brien** (Ard-Stiúrthóir)
- **Laverne McGuinness** (Leas-Ardstiúrthóir)
- **Stephen Mulvany** (Príomhoifigeach Airgeadais)
- **Liam Woods** (Stiúrthóir Náisiúnta, Ospidéal Ghéarmhíochaine)
- **Dr. Stephanie O'Keeffe** (Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte agus Folláine)
- **John Hennessy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Príomhúil)
- **Anne O'Connor** (Stiúrthóir Náisiúnta, Meabhairshláinte)
- **Pat Healy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Sóisialta)
- **Dr. Philip Crowley** (Stiúrthóir Náisiúnta, Feabhsú Cáilíochta)

An Fhoireann Cheannasaíochta ar an 31ú Nollaig 2015:

- **Tony O'Brien** (Ard-Stiúrthóir)
- **Laverne McGuinness** (Leas-Ardstiúrthóir)
- **Stephen Mulvany** (Príomhoifigeach Airgeadais)
- **Liam Woods** (Stiúrthóir Náisiúnta, Ospidéal Ghéarmhíochaine)
- **Dr. Stephanie O'Keeffe** (Stiúrthóir Náisiúnta, Sláinte agus Folláine)
- **John Hennessy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Príomhúil)
- **Anne O'Connor** (Stiúrthóir Náisiúnta, Meabhairshláinte)
- **Pat Healy** (Stiúrthóir Náisiúnta, Cúram Sóisialta)
- **Dr. Philip Crowley** (Stiúrthóir Náisiúnta, Feabhsú Cáilíochta)
- **Patrick Lynch** (Stiúrthóir Náisiúnta, Dearbhú agus Fíorú Cáilíochta)
- **Dr. Áine Carroll** (Stiúrthóir Náisiúnta, Straitéis agus Cláir Chliniciúla)
- **Dr. Jerome Coffey** (Stiúrthóir Náisiúnta, Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse)
- **Damien McCallion** (Stiúrthóir Náisiúnta, An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna)
- **Richard Corbridge** (Príomhoifigeach Faisnéise)
- **Rosarii Mannion** (Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna)
- **Jane Carolan** (Stiúrthóir Náisiúnta, Seirbhísí Gnó Sláinte)
- **Dr. Paul Connors** (Stiúrthóir Náisiúnta, Caidreamh)
- **Michael Flynn** (Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchadh Inmheánach)
- **Leo Kearns** (Ceannasaí Náisiúnta, Athchóiriú agus Athrú)
- **Dara Purcell** (Rúnaí Corparáideach)

Aguisín 2: Struchtúr Eagraíochtúil

Mar a bhí ar 31ú Nollaig 2015



Aguisín 3: Feidhmíocht Maidir le hEochairtháscairí an Phlean Náisiúnta Seirbhíse 2015

Is féidir eochairtháscairí agus bearta feidhmíochta eile a fheiceáil ar fud na Tuarascála Bliantúla

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag-súlachta ó Sprioc 2015
SLÁINTE AGUS FOLLÁINE	Imdhíontaí agus Vacsaíní				
	% de leanaí 24 mí a bhfuil an vacsaín do Bhruitíneach, Leicneach, Rubella (MMR) faighte acu	93.0%	95%	93.0%	-2.1%
	% de leanaí 12 mhí a fuair 3 dháileog de vacsaín (6-in-1) don Diftéire (D3), Triuch (P3), Teiteanas (T3), Haemophilus influenzae cineál b (Hib3), Polaimiailíteas (Polio3), Heipitíteas B (HepB3)	92.1%	95%	91.4%	-3.8%
	% de leanaí 24 mí a bhfuil 3 dháileog den vacsaín Meiningeacocúil C (Men3) faighte acu	87.9%	95%	88.0%	-7.3%
	Cosaint Sláinte				
	% de chailíní céad bhliana a fuair an tríú dáileog den vacsaín HPV (víreas Sineánóma daonna)*				
	<i>* D'athraigh an sceideal vacsaínithe HPV go dtí sceideal dhá dháileog sa bhliain acadúil 2014/2015</i>	84.0%	80%	85.0%	6.3%
	% d'oibríthe cúram sláinte a bhfuil dáileog amháin den vacsaín séasúrach fliú faighte acu sa séasúr fliú 2014-2015 (ospidéal géarmhíochaine agus saoráidí cúram fadtéarmacha sa phobal)	24.0%	40%	23.4%	-41.5%
		23.0%		25.7%	-35.8%
	% d'iontógáil na vacsaíne fliú do dhaoine > 65	PI Nua 2015	75%	60.2%	-19.7%
Sláinte Leanaí					
% de leanaí nuabhreithe ar thug PHN cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig ón am a n-urscaoileadh as ospidéal	97.3%	97%	97.5%	0.5%	
% de leanaí a raibh deich mí bainte amach acu sa tréimhse tuairiscithe agus a raibh a scagthástáil forbartha sláinte leanaí faighte in am acu sula raibh siad deich mí d'aois	92.2%	95%	93.7%	-1.3%	
CÚRAM PRÍOMHÚIL	CÚRAM PRÍOMHÚIL				
	Ortódóntaic				
	% d'atreorúcháin a facthas do mheasúnacht laistigh de 6 mhí	PI Nua 2015	75%	60.3%	-19.6%
	Comhréir na n-othar atá ar an liosta feithimh cóireála níos faide ná 4 bliana (grád 4 agus 5) a laghdú	877	< 5%	7.0%	-40.0%
	Ionfhabhtuithe Bainteach leis an gCúram Sláinte: Bainistíocht Cógas				
	Úsáid frithbheathach i suíomhanna pobail (dáileoga sainithe laethúla do gach 1,000 áitritheoir sa lá)	22.9	< 21.7	27.0	-24.4%
	Bainistíocht ar an Liosta Feithimh Fisiteiripe agus Teiripe Saothair				
Teiripe Saothair – % d'atreorúcháin a facthas le haghaidh measúnachta laistigh de 12 sheachtain	PI Nua 2015	80%	76.4%	-4.5%	
Fisiteiripe – % d'atreorúcháin a facthas le haghaidh measúnachta laistigh de 12 sheachtain	PI Nua 2015	80%	83.1%	3.9%	

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhir Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhir Tuairiscithe 2015	% Éag-súlachta ó Sprioc 2015
CÚRAM PRÍOMHÚIL	Altranais, Cosliacht, Oftailmeolaíocht, Éisteolaíocht, Bia-eolaíocht agus Síceolaíocht				
	Othair reatha a facthas sa mhí	PI Nua 2014	Bonnlínte le cinntiú 2015	Níl sonraí ar fáil	---
	Othair nua a facthas sa mhí	PI Nua 2014	Bonnlínte le cinntiú 2015	Níl sonraí ar fáil	---
CÚRAM PRÍOMHÚIL	CUIMSIÚ SÓISIALTA				
	Mí-úsáid Substaintí				
	% de mhí-úsáideoirí substaintí (os cionn 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de mhí tar éis a measúnachta	93.0%	100%	91.1%	-8.9%
	% de mhí-úsáideoirí substaintí (faoi 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de sheachtain tar éis a measúnachta	96.0%	100%	100.0%	0%
	Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean				
	% d'úsáideoirí aonair seirbhísí a glacadh isteach i mbrúnna / saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean ar dearnadh measúnacht ar a riachtanais sláinte mar chuid de Mheasúnacht Iomlánaíoch ar Riachtanais (HNA) laistigh de choicis ón am ar glacadh isteach iad	68.0%	85%	73.0%	-14.1%
	An tAcht Sláinte (Leasú) – Seirbhísí do dhaoine a fuair Heipitíteas C ón stát				
Líon na n-othar ar tairgíodh measúnacht ar riachtanas dóibh	PI Nua 2015	1,440	Níl sonraí ar fáil	---	
Líon na n-othar atá le hathbhreithniú	PI Nua 2015	820	Níl sonraí ar fáil	---	
CÚRAM PRÍOMHÚIL	PCRS				
	Cártaí Leighis / Cártaí Cuairt Dochtúra				
	% de na hiarratais ar chártaí leighis / cárta cuairt dochtúra, a bhí comhlánaithe i gceart, a próiseáladh laistigh den aga slánúcháin 15 lá	96.4%	90%	99.8%	10.9%
% de na hiarratais ar chártaí leighis / cárta cuairt dochtúra, a sannadh d'athbhreithniú Oifigigh Liachta, a próiseáladh laistigh den aga slánúcháin 5 lá	PI Nua 2015	90%	99.7%	10.8%	
CÚRAM MAOLAITHEACH	CÚRAM MAOLAITHEACH				
	Aonaid na nOthar Cónaitheach – Agaí Feithimh				
	Leapacha speisialaithe d'othair chónaitheacha curtha ar fáil laistigh de 7 lá	96.4%	98%	98.0%	0%
	Cúram Baile Pobail – Agaí Feithimh				
Seirbhísí cúraim mhaolaithe sa phobal curtha ar fáil d'othair ina n-áit chónaithe laistigh de 7 lá (baile, teach altranais, ospidéal neamhghéara)	88.0%	95%	88.0%	-7.4	

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag- súlachta ó Sprioc 2015
CÚRAM SÓISIALTA	SEIRBHÍSÍ MÍCHUMAIS				
	Clár do Dhaoine 0-18				
	Comhréir de Ghrúpaí Feidhmithe Áitiúla a bhfuil Pleananna Feidhmithe Áitiúla acu chun seirbhísí míchumais a chur chun cinn do leanaí agus d'ógánaigh	20.8% (5 de 24)	100% (24 de 24)	33.3% (8 de 24)	-66.7%
	An tAcht um Míchumas				
	% de na measúnachtaí a críochnaíodh laistigh de na hamlínte atá sna rialacháin	35.0%	100%	31.2%	-68.8%
	Seirbhísí Lae				
	% d'fhágóirí scoile agus de chéimithe RT a bhfuil socrúchán faighte acu a réitíonn a gcuid riachtanas go hiomlán	100%	100%	98%	-2.0%
	Cáilíocht				
	Maidir le gníomhaireachtaí a fhaigheann €5m nó níos mó de mhaoiniú poiblí, an % acu a fheidhmíonn modheolaíocht aitheanta idirnáisiúnta feabhsúcháin cáilíochta ar nós EFQM, CQL nó CARF	Níl sonraí ar fáil	100%	39%**	-61.0%
				** Níl fáil ar na sonraí ar fad	
SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE SCOTHAOSTA					
Drochíde ar Sheanáirí					
% de chásanna gníomhacha athbhreithnithe laistigh den tréimhse sé mhí	92.2%	90%	90.0%	0%	

MEABHAIRSHLÁINTE	Meabhairshláinte Pobail Daoine Fásta				
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair ar tairgíodh a gcéad choinne dóibh laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag na Foirne Ginearálta Pobail Meabhairshláinte	94.0%	> 90%	92.6%	2.9%
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair ar tairgíodh a gcéad choinne dóibh agus a facthas laistigh laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag na Foirne Pobail Meabhairshláinte Daoine Fásta	74.0%	> 75%	73.6%	-1.9%
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair ar tairgíodh a gcéad choinne dóibh laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag na Foirne Pobail Meabhairshláinte Síciatracha Seanaoise	97.0%	> 99%	97.9%	-1.1%
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair ar tairgíodh a gcéad choinne dóibh agus a facthas laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag na Foirne Pobail Síciatrachta Seanaoise	93.0%	> 95%	95.4%	0.5%
	Seirbhísí Meabhairshláinte Pobail do Leanáí agus d'Ógánaigh				
	Glacadh leanáí isteach in Aonaid Ghéarchúraim Chónaitheacha do Leanáí agus d'Ógánaigh mar % den líon iomlán leanáí ar glacadh leo in aonaid ghéarchúraim chónaithe meabhairshláinte	69.0%	95%	73.3%	-22.8%
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair ar tairgíodh a gcéad choinne dóibh laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag na Foirne Pobail Meabhairshláinte Leanáí agus Ógánach	76.0%	> 78%	76.4%	-2.1%
	% d'atreorúcháin / atreorúcháin athuair a fuair a gcéad choinne agus a facthas laistigh de 12 sheachtain / 3 mhí ag Foirne Meabhairshláinte Pobail do Leanáí agus d'Ógánaigh	67.0%	> 72%	66.9%	-7.1%

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag-súlachta ó Sprioc 2015
NAS	Agaí Freagartha				
	% de chásanna Stádais Chliniciúla 1 ECHO a d'fhreagair feithicil iompar othar in 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú (sprioc 95% ag HIQA)	76.4%	80%	76.0%	-5.0%
	% de theagmhais Stádais Chliniciúla 1 DELTA a d'fhreagair feithicil iompar othar in 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú (sprioc 95% ag HIQA)	65.0%	80%	64.0%	-20.0%
	Toradh Cliniciúil				
	An Imshruthú Spontáineach (ROSC) Ar Ais ag RÉ i stad cairdiach lasmuigh d'ospidéal (OHCA) a chonaic fianaise, le rithim inturraingeach tosaigh ag úsáid ghrúpáireamh comparáide Utstein	Níl sonraí ar fáil	40%	40%	0%
	Iniúcháireacht				
% de lárionaid rialaithe a dhéanann Ard-iniúchadh ar Dhearbhú Cáilíochta (AQuA)	PI Nua 2015	100%	100.0%	0%	

SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL GHÉARMHÍOCHTAINNE					
SEIRBHÍSÍ GÉARMHÍOCHTAINNE	Othair Sheachtracha				
	% de dhaoine ag feitheamh < 52 seachtain dá gcéad rochtain ar sheirbhísí OPD	84.1%	100%	90.1%	-9.9%
	Freastal othar seachtrach – Nua: Cóimheas Athfhillte	1: 2.6	1: 2	1: 2.6	-30.0%
	Agaí Feithimh d'Othair Chónaitheacha agus Cásanna Lae				
	% de dhaoine fásta ag feitheamh < 8 mí le hobráid roghnach (othar cónaitheach)	73.5%	100%	71.9%	-28.1%
	% daoine fásta ag feitheamh < 8 mí le hobráid roghnach (cás lae)	77.9%	100%	76.5%	-23.5%
	Líon leanaí ag feitheamh < 20 seachtain le hobráid roghnach (othar cónaitheach)	52.7%	100%	53.0%	-47.0%
	Líon leanaí ag feitheamh < 20 seachtain le hobráid roghnach (cás lae)	68.2%	100%	58.3%	-41.7%
	Seirbhís Ghastrastéigeach / Ionscópachta				
	% ndaoine ag feitheamh < 4 seachtainí le hionscópacht phráinneach	98.0%	100%	100.0%	0%
	% ndaoine ag feitheamh < 13 seachtainí tar éis atreorúcháin do ghnáth-ionscópacht nó OGD	62.6%	100%	56.9%	-43.1%
	Cúram Éigeandála				
	% den líon iomlán daoine a d'fhreastail ar RÉ a urscaoileadh nó a glacadh isteach laistigh de 6 uair an chloig ón am ar chláraigh siad	67.6%	95%	68.2%	-28.2%
	% den líon iomlán daoine a d'fhreastail ar RÉ a urscaoileadh nó a glacadh isteach laistigh de 9 uair an chloig ón am ar chláraigh siad	81.3%	100%	81.7%	-18.3%
	% d'othair RÉ a imíonn sula mbíonn a gcóireáil críochnaithe	4.4%	< 5%	4.2%	16.0%
	% de na daoine ar a d'fhreastail ar RÉ a bhí i RÉ > 24 uair an chloig	PI Nua 2015	0%	3.9%	---
	Próiseáil Géarmhíochaine Othar				
	% d'othair leighis a urscaoiltear nó a thógtar as AMAU laistigh de 6 huairé ón am ar chláraigh siad in AMAU	63.7%	95%	65.1%	-31.5%
	Agaí Slánúcháin Otharcharranna				
	% d'otharcharranna a bhfuil eatramh ama de < 30 nóiméad acu ón am a sroicheann siad RÉ go mbeidh an criú otharchairr in ann a dhearbhu go bhfuil an t-otharcharr réidh do ghlaio eile (glan agus ar fail)	PI Nua 2015	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag- súlachta ó Sprioc 2015
SEIRBHÍSI GÉARMHÍOCHANE	Ionfhabhtuithe Bainteach leis an gCúram Sláinte				
	Ráta d'ionfhabhtú MRSA sa sruth fola in ospidéal ghéarmhíochaine do 1,000 lá leaba a úsáideadh	< 0.057	< 0.057	0.054	5.3%
	Ráta de chásanna nua buinní a bhain le Clostridium Difficile in ospidéal ghéarmhíochaine per 10,000 lá leaba a úsáideadh	< 2.5	< 2.5	2.3	8.0%
	Ráta airmheáin frithbheathach iomlán ospidéal úsáide (de réir dáileoige lae do gach 100 lá leaba) i ngach ospidéal	83.0	83	78.4	5.5%
	Glantóirí alcóil lámh úsáide (litr do gach 1,000 lá leaba úsáide)	25.0	25	27.6	10.4%
	% comhlíontachta ag foireann na n-ospidéal leis na 5 phointe sláinteachais lámh atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ag úsáid na huirlise iniúchta náisiúnta um shláinteachas lámh	90.0%	90%	88.0%	-2.2%
	Teagmhais Dhíobhála				
	Oscailt Cneá Tar Éis Oibráide – Rátaí per 1,000 cás othar cónaitheach 16 bliana+ d'aois	PI Nua 2015	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	Bristeacha san Ospidéal – Rátaí per 1,000 cás othar cónaitheach 16 bliana+ d'aois	PI Nua 2015	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	Earra Coimhthíoch Fágtha le Linn Oibráide – Rátaí per 1,000 cás othar cónaitheach 16 bliana+ d'aois	PI Nua 2015	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	% d'Éilimh a fuair an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ba chóir a bheith tuairiscithe mar theagmhas roimhe sin	PI Nua 2015	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	Múnla do Mhaoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíocht (MFTP)				
	Comhláine HIPE – an mhí Roimh Ré: % de chásanna iontráilte in HIPE	95.0%	> 95%	96.0%	1.1%
	Meánfhad Fanachta				
	Meánfhad fanachta othair leighis	6.9	5.8	7.0	-20.7%
	Meánfhad fanachta othair mháinliachta	5.3	5.1	5.4	-5.9%
	Meánfhad fanachta do na hothair chónaitheacha ar fad	5.3	5.0	5.4	-8.0%
	Meánfhad fanachta do gach othar cónaitheach a urscaoiltear seachas fanacht >30 lá	4.5	4.3	4.6	-7.0%
	Stróc				
	% d'othair a raibh géarstróc iscéimeach deimhnithe acu a fuair trombalú	11.8%	9%	12.4%	37.8%
	% ama a chaith othair le géarstróc in aonad stróc san ospidéal tar éis iad a ghlacadh isteach chuig aonad géarstróc nó comh-aonad	61.5%	66%	57.6%	-12.7%
	Géarshiondróm Corónach				
	% d'othair STEMI (gan fritásca ar theiripe atréleata) a fuair PPCI	84.1%	85%	88.5%	4.1%
	Máinliacht				
	% d'othair chónaitheacha mháinliachta ar dearnadh an príomh-ghnáthamh orthu lá a n-iontrála	65.0%	70%	68.8%	-1.7%
	% de ráta cásanna lae do Colaicisteachtóime Laparascópach Roghnach	PI Nua 2015	> 60%	39.8%	-33.7%
	% d'úsáid leapacha lae ag othair ghéarchúram isteach nach raibh obráid phríomhúil mháinliachta acu	PI Nua 2015	Laghdú 5%	10.9%	-54.4%

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag- súlachta ó Sprioc 2015
SEIRBHÍSI GÉARMHÍOCHÁINE	Fad ama roimh an Máinliacht				
	% d'obráidí éigeandála ar bhriseadh corróige a rinneadh laistigh de 48 uair an chloig (Fanacht réamh-ob: 0, 1 nó 2)	82.0%	95%	84.9%	-10.6%
	Mortlaíocht Ospidéil				
	Ráta Caighdeánaithe Mortlaíochta (SMR) do bhásanna othar cónaitheach de réir bail ospidéil agus chliniciúil	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	Athiontráil				
	% d'athiontrálacha éigeandála do chásanna géarmhíochaine san ospidéal céanna laistigh de 28 lá ón am ar urscaoileadh iad	11.0%	9.6%	10.7%	-11.5%
	% d'athiontrálacha máinliachta san ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar urscaoileadh iad	2.0%	< 3.0%	2.1%	30.0%
	Sábháilteacht Cógas				
	% d'earráidí míochnaithe tuairiscithe (mar a tomhaiseadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát)	0.1%	Níl sonraí ar fáil	Níl sonraí ar fáil	---
	Taithí na nOthar				
	% d'ospidéil a thug faoi shuirbhéanna bliantúla ar eispéaras othar i measc samplaí ionadaíochá dá ndaonra othar	Níl sonraí ar fáil	100%	Níl sonraí ar fáil	---
	Urscaoiltí Moillithe				
	% de laghdú ar laethanta leapa a chailleadh trí mhóil ar urscaoileadh	Níl sonraí ar fáil	Laghdú 10%	221,353	-3.9%
	% de laghdú ar an líon daoine a raibh moill lena n-urscaoileadh	Níl sonraí ar fáil	Laghdú 15%	509	8.7%
	Comhlíonadh EXT D				
	Seal oibre <24 uair an chloig	95.0%	100%	96.0%	-4.0%
	Seachtain oibre <48 uair an chloig	66.0%	100%	77.0%	-23.0%
	Scór Náisiúnta Réamhrabhaidh (NEWS)				
	% d'ospidéil ag comhlíonadh NEWS go hiomlán i ngach réimse cliniciúil d'ospidéil ghéarmhíochaine agus d'ospidéal speisialtachta aonair	98.0%	100%	100.0%	0%
	% den fhoireann chliniciúil iomlán atá oite sa chlár COMPASS	Níl sonraí ar fáil	> 95%	59%	-37.9%
Scór Réamhrabhaidh Máithreachais Éireann (IMEWS)					
% d'aonaid / ospidéil mháithreachais a bhí ag comhlíonadh IMEWS go hiomlán	PI Nua 2015	100%	100.0%	0%	
% d'ospidéil a bhí ag comhlíonadh IMEWS d'othair thorracha	PI Nua 2015	100%	100.0%	0%	
Caighdeán Náisiúnta					
% d'ospidéil a chuir tús lena gcéad mheasúnacht faoi réir an NSSBH	Níl sonraí ar fáil	95%	100%	5.3%	
% d'ospidéil a chríochnaigh a gcéad mheasúnacht faoi réir an NSSBH	Níl sonraí ar fáil	95%	82%	-13.7%	

Eochairtháscaire Feidhmíochta		Iarbhír Tuairiscithe 2014	Sprioc 2015	Iarbhír Tuairiscithe 2015	% Éag- súlachta ó Sprioc 2015
SEIRBHÍSÍ GÉARMHÍOCHÁINE	SEIRBHÍSÍ AILSE				
	Seirbhísí d'Ailse Siomptómach Cíche				
	% de dhaoine a d'fhreastail a raibh a n-atreorúcháin triáiseáilte mar chás práinne ag an aonad ailse agus a chloigh le caighdeán HIQA de choicís i gcás atreorúcháin phráinneacha	94.0%	95%	96.9%	2.0%
	Ailsi Scamhóg				
	% d'othair a d'fhreastail ar an gclinic mear-rochtana a d'fhreastail nó a fuair coinne laistigh de 10 lá oibre ón am a bhfuair siad an atreorúchán san ionad ailse	88.0%	95%	85.5%	-10.0%
	Ailsi Próstataigh				
% d'othair a d'fhreastail ar an gclinic mear-rochtana a d'fhreastail nó a fuair coinne laistigh de 20 lá oibre ón am a bhfuair siad an atreorúchán san ionad ailse	49.0%	90%	58.7%	-34.8%	
Radaiteiripe					
% d'othair a fuair fréamhchóireáil radaiteiripe a thosaigh ar a gcóireáil laistigh de 15 lá oibre ón am ar mheas an t-oinceolaí radaíochtaí go raibh siad réidh don chóireáil (níl othair chúraim mhaolaithigh san áireamh)	87.6%	90%	84.6%	-6.0%	

AR FUD AN CHÓRAIS	Socruithe Seirbhíse / Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil (mar a bhí ag 31.12.15)				
	% agus méid luacha airgeadúil na Socruithe Seirbhíse a síníodh	PI Nua 2015	100%	72.1%	27.9%
	% agus líon na Socruithe Seirbhíse a síníodh	PI Nua 2015	100%	78.4% 2,942	21.6%
	% agus líon na Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil a síníodh	PI Nua 2015	100%	100% 39	0%
	Teagmhais Thromchúiseacha Intuairiscithe				
	% de Teagmhais Thromchúiseacha Intuairiscithe a chuirtear in iúl don oifigeach ainmnithe laistigh de 24 uair an chloig	PI Nua 2015	99%	Níl sonraí ar fáil	---
	% d'fhiosrúcháin éigeantacha a tosaíodh laistigh de 48 uair an chloig ón am ar tharla an eachtra	PI Nua 2015	90%	Níl sonraí ar fáil	---
	% d'fhiosrúcháin éigeantacha a tosaíodh laistigh de 4 mhí ón am ar tharla an eachtra	PI Nua 2015	90%	15%	-83.3%
Teagmhais Intuairiscithe					
% de theagmhais a thuairiscítear don oifigeach ainmnithe laistigh de 30 lá ón am ar tharla siad	PI Nua 2015	95%	Níl sonraí ar fáil	---	

Aguisín 4: Tionscadail Chaipitil

Cúram Príomhúil

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

Ionaid Chúram Príomhúil

- Ionaid Chúram Príomhúil de réir comhaontaithe léasa – Rialto/an Com, Cill na Manach/Bóthar Tigh Motháin agus an Chaisil,/ Baile Bhaicín, Baile Átha Cliath; Cill Droichid, Co. Chill Dara; An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí; An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí; baile Thiobraid Árann
- Ionaid Chúram Príomhúil – An Chúlóg agus Cnoc an tSamhraidh (Baile Átha Cliath); Cill Choca, (Co. Chill Dara); Baile an Mhóta (Co. Shligigh), Teach Nazarat (baile Shligigh); Baile an Róba, Cathair na Mart agus Clár Chlainne Mhuiris (Co. Mhaigh Eo); Tuaim (Co. na Gaillimhe); Mainistir na Búille (Co. Ros Comáin); Béal Átha na Cora/An Baile Thiar (cathair Luimnigh); baile Loch Garman; Dún Garbháin (Co. Phort Láirge) agus cathair Phort Láirge; Carraig na Siúire agus Buiríos Uí Chéin (Co. Thiobraid Árann)
- Ionaid Chúram Príomhúil – Rualach agus Cluain Dolcáin (Baile Átha Cliath); An Baile Nua (Co. Dhún na nGall); Meathas Troim, An Tulach (Co. Cheatharlach); An Ghráinseach agus Droim Chliabh (Co. Shligigh); baile Mhuineacháin; cathair Chorcaí thiar thuaidh

Cuimsiú Sóisialta

- Aonad Seirbhísí Andúile Pobail – Port Laoise, Co. Laoise
- Lárionad Chónaithe um Chóireáil Andúile – Bóthar an Bhainbh, Inis, Co. an Chláir

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

Ionaid Chúram Príomhúil

- Ionaid Chúram Príomhúil de réir comhaontaithe léasa – Achadh an Tobair agus Tamhlacht (Baile Átha Cliath); Baile Brigín, (Tuaisceart Co. Bhaile Átha Cliath); Baile Coimín agus Carn an Bhua (Co. Chill Mhantáin); Caisleán an Bharraigh (Co. Mhaigh Eo); An Creagán (Co. na Gaillimhe).
- Ionaid Chúram Príomhúil – An Chorr Dhubh agus Gráinseach Ghormáin (Baile Átha Cliath); Baile Uí Thaidhg (Co. Chiarraí)

Sláinte an Phobail

- Ospidéal Naomh Fionnbarra, Corcaigh – Seirbhísí éisteolaíochta
- Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí – Athchóiriú ar bhunfhoirgnimh ospidéal (Scott's) atá folamh le cur in ionad cóiríochta ar cíós
- An Clár Náisiúnta Fluairídithe – Uasghrádú ar an ngléasra fluairídithe i ngléasraí cóireála uisce na n-údarás áitiúil

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

Ionaid Chúram Príomhúil

- Ionaid Chúram Príomhúil de réir comhaontaithe léasa – Tús Nua (baile Chill Dara); Ceanannas (Co. na Mí); An Ráth (Co. Chorcaí); Bóthar na hUaimhe (Baile Átha Cliath); Ráth Iomgháin agus Mainistir Eimhín (Co. Chill Dara); baile Chill Mhantáin.
- Ionaid Chúram Príomhúil – Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall

Sláinte an Phobail

- Ospidéal Naomh Fiontán, Port Laoise, Co. Laoise – Cóiríocht riaracháin do sheirbhísí teiripe

Cuimsiú Sóisialta

- An Bord Náisiúnta um Chóireáil Drugaí – Ceannach anailíseoirí micridhioscadh léasarghabhála

Cúram Maolaitheach

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge – Bloc bardaí agus aonad cúram maolaitheach
- Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo – Forbairt ospíse
- Baile Chill Mhantáin – Forbairt ospíse
- Ospís Mhuire, Crois Araidh, Baile Átha Cliath – Méadú

Cúram Maolaitheach

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

- Scéim Dearadh agus Dínit – Scéim deontais caipitiúil do sheomraí teaghlaigh i RÉ, ICUnna agus bardaí, agus uasghrádú ar sheomraí féachana na marbhlainne agus áiteanna poiblí in ospidéal ghéarmhíochaine
- Soláthar aonaid chúraim mhaolaithe in Ospidéal Ginearálta Chiarraí agus in Ospís Naomh Bríd, Droichead Nua, Co. Chill Dara

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

Cúram Maolaitheach

- Scéim Dearadh agus Dínit – Ospidéal Ollscoile Shligigh, Ospidéal Ginearálta Ros Comáin, Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, (Cill Chainnigh), Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae agus Ospidéal San Séamas (Baile Átha Cliath), Ospidéal Mhuire, An Uaimh (Co. na Mí); Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe (Co. na Gaillimhe).

Cúram Sóisialta

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

Seirbhísí Míchumais

- Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin – Bloc bardaí 120 leaba
- An Clinic Lárnach Íocshláinte, Sord – Ionad gníomhaíochta lae
- Ceannach agus/nó tógáil áiteanna cónaithe sa phobal do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta orthu agus atá i láithreacha comhchónaithe faoi láthair

Seirbhís do Dhaoine Scothaosta

- Tigh Motháin, Tuaisceart Thamhlachta, Baile Átha Cliath – Aonad 100 leaba
- Ospidéal an Chroí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo – Aonad 75 leaba
- Cathair Phort Láirge – Aonad altranais pobail (CNU) – [100 leaba]
- Béal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall – Aonad altranais pobail [80 leaba]
- Ospidéal Pobail Dhroichead na Bandan, Co. Chorcaí – méadú [23 leaba]
- Uasghrádú ar CNU na chun comhlíontacht HIQA a bhaint amach: Na Cealla Beaga, an Fál Carrach agus Bun Cranncha (Co. Dhún na nGall); Naomh Fionnán agus Acaill (Co. Mhaigh Eo); Na Ráithíní, Inis (Co. an Chláir).
- Uasghrádú ar Ospidéal Phobail chun comhlíontacht HIQA a bhaint amach: An Clochán Liath agus Carn Domhnach (Co. Dhún na nGall); Baile an Mhóta (Co. Shligigh) agus Ospidéal Naomh Eoin, (baile Shligigh); Lios Tuathail (Co. Chiarraí); Ospidéal Naomh Padraig Mainistir Fhear Maí, An Sciobairín, Dún Mánmaí, Naomh Seosamh Sráid an Mhuilinn, Eochail, agus Naomh Seosamh Baile Chaisleáin Bhéarra (Co. Chorcaí).

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

Seirbhís do Dhaoine Scothaosta

- Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath – Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil
- Athchóiriú agus uasghrádú ar CNU na chun comhlíontacht HIQA a bhaint amach: Áras Mhic Dara, An Cheathrú Rua (Co. na Gaillimhe); Áras Mháthair Phóil, An Caisleán Riabhach agus Ospidéal N. Oilibhéar Pluincéid, Mainistir na Búille (Co. Ros Comáin); Béal an Mhuirthead, Naomh Aibhistín, Béal an Átha, Mac Giolla Bhríde, Cathair na Mart (Co. Mhaigh Eo); Inis Díomáin agus Teach Regina, Cill Rois (Co. an Chláir); Naomh Uinseann, Móinteach Milic (Co. Laoise); Belvilla, An Cuarbhóthar Theas (Baile Átha Cliath)
- Athchóiriú agus uasghrádú ar shaoráidí cónaitheacha neamhghéara eile chun comhlíontacht HIQA a bhaint amach: Teach Offalia, Éadan Doire (Co. Uíbh Fhailí), Teach Mhic Giolla Bhríde, Cathair na Mart agus Teach an Daltúnaigh, Clár Chlainne Mhuiris (Co. Mhaigh Eo); Ionad Cúram Naomh Seosamh (An Longfort); Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Luain (Co. na hIarmhí); Ospidéal Naomh Oilibhéar Pluincéid, Dún Dealgan (Co. Lú); Ospidéal Naomh Muire, Baile na Lorgan (Co. Mhuineachán); Ospidéal Mhuire, An Caiseal (Co. Thiobraid Árann); Ospidéal Pobail Bheantraí. (Co. Chorcaí).
- Ospidéal Pobail Naomh Eoin, Sligeach – Uasghrádú campais (céim 1)

Cúram Sóisialta

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

Seirbhísí Míchumais

- Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall – Athchóiriú agus uasghrádú ar an tsaoráid reatha lae agus for-rochtana don luathfhoghlaim (Bóthar Chill Mhic Réanáin)

Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

- Athchóiriú agus uasghrádú ar shaoráidí cónaitheacha neamhghéara chun comhlíontacht HIQA a bhaint amach – Ospidéal Chnoc Chairméal (Baile Átha Cliath); Ospidéal Naomh Muire, Baile na Lorgan (Co. Mhuineachán); Aonad Cúram Leighis Achadh an Iúir (Co. an Chabháin); Naomh Seosamh, Baile Átha Troim (Co. na Mí); Ospidéal Pobail na Scoile agus Ospidéal Pobail Chionn tSáile – céim 1 (Co. Chorcaí).

Meabhairshláinte

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

- An tAonad Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath – príomhfhorbairt
- Ospidéal Ginearálta Shligigh – Aonad géarchúraim meabhairshláinte (MHU)
- Port Laoise, Co. Laoise – Aonad cónaitheach 40 leaba
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí – Uasghrádú ar MHU géarchúraim – (céim 2 athchumrú inmheánach)
- Ospidéal Ginearálta an Náis – Uasghrádú, athchumrú agus méadú ar MHU géarchúraim

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

- An tAonad Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath – Conradh d'oibreacha cumasúcháin
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – MHU géarchúraim
- An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí – Cóiríocht chónaitheach pobail (3 theach)
- Cluain Sceach, Baile Átha Cliath – Forbairt ar ospidéal géarmhíochaine lae in Naomh Broc agus méadú ar líon na leapacha othar
- Ospidéal Naomh Íde, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath – Obair chobhsaithe ar fhoirgneamh liostaithe
- Ospidéal Ollscoil Luimnigh – Críochnú na n-oibreacha athchóirithe, Aonad 5B, aonad géarchúraim othar cónaitheach
- Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe – Athchóiriú ar chuid d'Ospidéal Pobail Naomh Breandán chun cóiríocht a chur ar fáil don fhoireann meabhairshláinte pobail
- Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe – Athchumrú ar bhunurlár fhoirgneamh na n-othar isteach; soláthar lóistín ardtacaíochta i mbrú
- Ionad na Coille, An Droichead Órga, Baile Átha Cliath – Aonad cónaitheach
- Teach an Dainigh, Glas Naíon, Baile Átha Cliath – Aonad cónaitheach
- Gort Glas, Inis, Co. an Chláir – Athchóiriú chun ionad meabhairshláinte lae a chur ar fáil

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

- Gort na Silíní, Baile Átha Cliath – Aonad cónaithe 22 leaba do leanáí agus d'ógánaigh (Linn Dara)
- Cromghlinn, Baile Átha Cliath – Ionad cúraim príomhúil eatramhach lae agus ospidéal meabhairshláinte pobail lae
- Cluain Sceach, Baile Átha Cliath – Ionad for-rochtana Réimse
- Brú Chaoimhín, Baile Átha Cliath – Athchóiriú ar Aonad 4 chun áit a dhéanamh do sheirbhísí meabhairshláinte lae daoine fásta
- Ospidéal Naomh Fiontán, Port Laoise, Co. Laoise – Athchóiriú ar Theach Alvernia chun áit a dhéanamh d'aonad meabhairshláinte ógánach, méadú ar ionad cúraim príomhúil agus saoráidí eile do sheirbhísí míchumais
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Co. Lú – MHU géarchúraim nua
- Cill Árne, Co. Chiarraí – Comhaonad cónaitheach d'iompraíocht dhúshlánach agus do mheabhairshláinte (aonad 40 leaba)
- Teach Nazarat, Sligeach – Athchóiriú chun áit a dhéanamh d'aonad meabhairshláinte leanáí agus ógánach (céim 1)
- Naomh Eoin, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman – Aonad éigeandála titheochta

An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

- Stáisiún nua otharcharranna – Sligeach
- Bunáit nua otharcharranna agus ionad mearfhreagartha – Bóthar Mhic Dháibhéid, Baile Átha Cliath
- Bunáit nua otharcharranna – Cathair Chorcaí, Luimneach agus Éadan Doire

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

- Clár Athsholáthair Otharcharranna – ar a n-áirítear otharcharranna, feithiclí mearfhreagartha, dífhibrileoirí LEAD/ECT02 agus cothabháil ar an bhflít reatha

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

- Bunáit Otharcharranna – Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Ospidéal Ghéarmhíochaine

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt

- Ospidéal Ollscoil Chorcaí – Athfhorbairt pédiatraiceach (céim 2); cóiríocht d'othair chónaitheacha; tionscadal eolaíocht na fola; héileapad
- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge – Athsholáthar ar shaoráidí marbhlainne agus iarbháis; bloc nua d'othair chónaitheacha ina mbeidh leapacha athsholáthraithe d'othair chónaithe agus aonad cúraim mhaolaithigh, uasghrádú ar aonaid láimhseála aeir obrádlann
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí – Méadú agus athchóiriú ar an saotharlann paiteolaíochta reatha (tionscadal eolaíocht na fola)

Grúpa Ospidéal RCSI

- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath – Uasghrádú ar an rannóg raideolaíochta (céimeanna 3 agus 4)
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath – Aonad um ionchlannáin chochla; obrádlann hibride
- Ospidéal Ginearálta an Chabháin – Aonad fiobrúise cistí d'othair chónaitheacha

Grúpa Ospidéal Éireann Thoir

- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr – Athfhorbairt (céim 2b), cóiríochta nua bardaí agus obrádlann san áireamh
- Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath – Athlonnú an Ospidéil Náisiúnta Máithreachais, go dtí Campas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann; soláthar MRI
- Ospidéal Loch Garman – Aonad measúnaithe luath-thoirchis
- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh – soláthar MRI

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre

- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise – Athfhorbairt, ar a n-áirítear rannóg d'othair sheachtracha
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór – Méadú ar an aonad Raideolaíochta, MRI san áireamh
- Ospidéal Ginearálta an Náis – Svuít ionscópachta agus aonad obráidí lae
- Ospidéal Thamhlachta, Baile Átha Cliath – Aonad scagdhealaithe duán (céim 2); athlonnú chuid de sheirbhísí OPD go dtí foirgneamh Simms; méadú ar ICU/HDU
- Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath – Aonad dí-éilliúcháin ionscópachta

Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta

- Ospidéal Réigiúnach Shligigh – Athfhorbairt, uasghrádú CSSD san áireamh; aonad néareolaíochta (Teach Mollway)
- Ospidéal Ginearálta Portiuncla, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe – Athsholáthar ar bhloc bardaí
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall – Rannóg oinceolaíochta radaíochta; aonad cúraim chorónaigh; aonaid haemaiteolaíochta agus oinceolaíochta

Ospidéil Ghéarmhíochaine

An Chéim Thionscadail – Pleanáil

Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh

- Ospidéal na hInse, Co. an Chláir – Athfhorbairt ar a n-áirítear feistiú áiteacha atá folamh sa bhfoirgneamh reatha d'ionad áitiúil mionghortuithe
- Ospidéal Ollscoil Luimnigh – Athlonnú an ospidéil mháithreachais; tionscadal eolaíocht na fola

An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse

- CUH – Aonad oinceolaíochta radaíochta nua
- Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh – Méadú ar an aonad oinceolaíochta radaíochta
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Aonad oinceolaíochta radaíochta

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt

- Ospidéal Ollscoil Chorcaí – athchumrú agus méadú ar an OPD cúraim péidiatraicigh, saoráidí leithlise breise san áireamh
- Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh – Athsholáthar / uasghrádú ar an gcoire agus ar na rialtáin teasa; soláthar aonaid cúraim idirthréimhsigh (tionscnamh Pleanála Geimhridh)
- An Otharlann Theas Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Athlonnú na rannóige oftailmeolaíochta d'othair sheachtracha
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí – Uasghrádú obrádlainne; aonad cúraim mhaolaitheigh
- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge – Aonad dí-éilliúcháin ionscópachta
- Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas, Cluain Meala – Leathnú ar an rannóg raideolaíochta chun glacadh le CT agus MRI amach anseo; méadú 4 sheomra leis an RÉ (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)

Grúpa Ospidéal RCSI

- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath – Aonad scagdhealaithe duán (aonad 44 stáisiún); uasghrádú ar Aonad Ghort na Carraige
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha – Barda athsholáthair agus bloc obrádlainne
- Ospidéal Chontae Lú, Dún Dealgan – Aonad cúraim idirthréimhsigh (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)

Grúpa Ospidéal Éireann Thoir

- Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath – Oibreacha sábháilteachta dóiteáin, méadú chun glacadh le saotharlann mhóilíneach agus clinic Warfarin
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr – Rannóg éigeandála, (céim 2)

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre

- Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath – Tionscadal Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA); Tionscadail scinceála forbartha Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (athlonnú na seirbhísí ospidéil reatha)
- Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise – Soláthar aonaid ghéarmhíochaine agus aonad obráidí lae

Grúpa Ospidéal na Leanaí

- Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí (Sráid an Teampaill), Baile Átha Cliath – Oibreacha eatramhacha lena n-áirítear seomra ECG, aonad na n-othar isteach, saoráid um ionchlannáin chochla / éisteolaíochta, clinic mear-rochtana san RÉ, uasghrádú ionscópachta agus raideolaíochta (críochnú céimneach)
- Ospidéal Mhuire do Leanaí (Cromghlinn), Baile Átha Cliath – Saotharlann um chataitéarú a sholáthar mar aon le hobrádlann ortaipéideach

Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta

- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall – Athdheisiú agus uasghrádú ar an ducht seirbhíse faoi thalamh agus na seirbhísí
- Ospidéal Ginearálta Shligigh – Uasghrádú ar bhallaí an fhoirgnimh agus oibreacha roinnte dóiteáin, gléasra coire agus seomra coire
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Bloc bardaí cliniúla (75 leaba); barda éigeandála eatramhach (25 leaba breise)
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall – Aonad oideachais leighis agus méadú ar an aonad scagdhealaithe duán san áireamh (creatlach agus croí)
- Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh – Uasghrádú agus méadú ar an aonad ionscópachta

Ospidéal Ghéarmhíochaine

An Chéim Thionscadail – Leanúint den tógáil in 2015

Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh

- Ospidéal Ollscoil Luimnigh – Feistiú RÉ; ionad taighde agus oideachais chliniciúil
- Ospidéal Ginearálta an Aonaigh, Co Thiobraid Árann – Athsholáthar ar bhloc bardaí
- An Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse
- BreastCheck – Uasghrádú agus athsholáthar trealaimh

An Chéim Thionscadail – Tógáil críochnaithe in 2015

Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt

- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Aonad don mheasúnú leighis (céimneach); barda scinceála 50 leaba a sholáthar chun gur féidir tús a chur le clár athchóirithe bardaí
- Ospidéal na hOllscoile Port Láirge – Saoráid leithlise péidiatraiceach
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí – Aonad dí-éilliúcháin ionscópachta

Grúpa Ospidéal RCSI

- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath – Aonad trasphlandaithe duán (céim 1); uasghrádú ar bharda Naomh Daimian
- Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhainséir, Baile Átha Cliath – Uasghrádú céimnithe ar an rannóg raideolaíochta reatha (céim 1); méadú ar an aonad úireolaíochta
- Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath – Uasghrádú ar an gcóras dáilithe leictreachais; balla teorann a chríochnú; oibreacha cobhsaithe agus uasghrádú ar an marbhlann

Grúpa Ospidéal Éireann Thoir

- Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh – Tógáil RÉ nua, aonad don mheasúnú leighis (MAU), seirbhís lae ar a n-áirítear aonad oideachas ionscópachta agus leighis
- Ospidéal Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath – Aonaid téarnaimh chun freastal ar an rannóg obrádlainne (céim 1)
- Ospidéal Ginearálta Loch Garman – Uasghrádú ar na haláirí dhóiteáin agus oibreacha sábháilteachta dóiteáin
- Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath – Soláthar de 22 leaba breise (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)
- Ospidéal Ollscoile Naomh Colm Cille, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath – Soláthar de 13 leaba breise (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)
- Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath – Soláthar de 10 leaba breise (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Lár Tíre

- Ospidéal Thamhlachta, Baile Átha Cliath – uasghrádú agus méadú ar an rannóg éigeandála daoine fásta agus péidiatraiceach; soláthar de 27 leaba breise (Tionscnamh pleanála geimhridh)

Grúpa Cúram Sláinte Ollscoile Saolta

- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall – Athdheisiú agus uasghrádú ar an saotharlann agus ar na rannóga lónadóireachta (damáiste ó thuille, 2013)
- Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh – Uasghrádú ar an aonad máithreachais
- Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Páirc Mheirlinne, Gaillimh – Uasghrádú ar aonaid láimhsithe aeir na hobraídlainne ortaipéidicé agus ar ghléasra na hobraídlainne (seomra nua gléasra san áireamh)
- Ospidéal Ros Comáin – Svúit ionscópachta
- Ospidéal Réigiúnach Shligigh – Ionad nua oideachais leighis; oibreacha cumasúcháin don athfhorbairt

Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh

- Ospidéal Ollscoil Luimnigh – Feistiú fhoirgneamh Leben agus á thabhairt ar lámh; feidtiú deiridh ar an gcarrchlós faoi thalamh
- Ospidéal Naomh Eoin Luimneach – Soláthar aonaid speisialaithe geiriatrach (Tionscnamh Pleanála Geimhridh)

Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Réamhrá

Mar fhreagra ar an Treoir Maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (EED), (2012/27/AE), leagann an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009-2020 roinnt oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí maidir le ceannródaíocht i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh ar a n-áirítear go mbainfeadh comhlachtaí poiblí na hÉireann sprioc bliantúil eifeachtúlachta fuinnimh de 33% amach faoi 2020.

Tuairiscíonn Seirbhísí Gnó Sláinte (HBS) na hOifige Náisiúnta Inbhuanaithe Sláinte (NHSO) go bliantúil thar cheann an FSS chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), gan ospidéal dheonacha a bheith san áireamh. San Aibreán, d'fhoilsigh an SEAI a chéad thuarascáil bhliantúil maidir le Feidhmíocht na hÉifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, ceann de na chéad tuarascála dá leithéid go hidirnáisiúnta agus é i gcomhthéacs thiomantais náisiúnta agus AE na hÉireann mar aon leis na spriocanna um athrú aeráide níos leithne.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Tá an NHSO ag cloí go hiomlán le riachtanas SI 426 agus tá gach pointe méadair FSS fíoraithe do 2015. Tá na sonraí seo á bhfaomhadh ag an SEAI faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh na sonraí úsáide fuinnimh faofa seo ar fáil ón SEAI i lár 2016.

Meastachán atá sa bhforbhreathnú thíos ar Úsáid Fuinnimh in 2015 mar aon leis an úsáid i ndáiríre agus nuair a eiseoidh an SEAI é beidh sé ar fáil ag www.hse.ie/sustainability.

- 224,961 MWh de leictreachas;
- 611,973 MWh de bhreosláí iontaise;
- 692 MWh de bhreosláí in-athnuaite.

Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2015

- Tugadh isteach feachtas feasachta fuinnimh don fhoireann, 'Optimising Power at Work', i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW).
- Críochnaíodh roinnt comórtas do sholáthar fuinnimh, don FSS agus d'eagraíochtaí maoinithe eile, i gcomhar le Soláthar HBS agus an Oifig um Sholáthar Rialtais. Beidh gach cineál fuinnimh á sholáthar anois ag soláthróir aonair, rud a cheadóidh barainneacht scála agus cumas níos fearr chun monatóireacht agus tuairiscíú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh an FSS.
- Táthar ag leanúint den fhorbairt ar Chonradh Lamhátais do Bhainistiú na hInbhuanaitheachta chun múlna a chur ar fáil do Chonraitheoireacht um Fheidhmíocht Fuinnimh san earnáil sláinte.
- Glacadh páirt in KIC Aeráide (Pobail Eolais agus Faisnéise), an tionscadal Eorpach is mó chun tacú le hathrú aeráide trí mhalartú eolais leis an NHS, Birmingham, i dtaca le feidhmíú conraitheoireachta um fheidhmíocht fuinnimh i seirbhís sláinte na Ríochta Aontaithe.


- Mar chuid den fhorbairt ar an gClár Náisiúnta de Dheiseanna, tugadh isteach próiseas céimnithe don fhorbairt ar thionscadail inbhuanaitheachta agus fuinnimh; tá sé sin curtha in oiriúint do struchtúr eagraíochtaí an FSS ach é fós ag ceadú rochtana ar chabhair dheontais SEAI.
- Corpraíodh athbhreithnithe ar dhearadh tíosach ar fhuinneamh sa scóip d'oibreacha do sheirbhísí foirne deartha, modheolaíocht a chuidíonn le heagraíochtaí chun dearadh, tógáil agus bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail chun an t-ídiú is lú fuinnimh a bhaint amach.
- Mar chuid de straitéis chumarsáide an NHSO, eisíodh nuachtlitreacha ráithiúla NHSO agus nuashonraíodh an suíomh idirlín (www.hse.ie/sustainability) chun feasacht na foirne a ardú.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do 19 ball foirne ó Eastáit HBS agus ospidéal ghéarmhíochaine chun go mbeidís ina mbainisteoirí teistithe i gcomhar le SEAI.
- Rinne Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, óstáil ar shiompóisiam comhshaoil, 'Sustainable Healthcare – A Continual Journey', i Meán Fómhair.

Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2016


Tríd an NHSO, déanfaidh an FSS na nithe seo:

- Straitéis Inbhuanaitheachta na Seirbhísí Sláinte 2016 – 2020 a fhoilsiú
- Céim 2 den fheachtas feasachta fuinnimh do bhaill foirne, 'Barrfheabhsú Fuinnimh ag an Obair' a chur ar fáil go céimneach
- Leanúint ag cur isteach méadar agus tosú ar an monatóireacht ar úsáid fuinnimh i saoráidí móra cúram sláinte atá comhpháirteach sa chlár 'Barrfheabhsú Fuinnimh ag an Obair'
- Dul i gcomhairle leis na ceithre sholáthróir nua fuinnimh chun a theacht ar aontú faoin bhforbairt ar chórais mhonatóireachta agus thuairiscithe, úsáid fuinnimh agus anailís costas, agus na taraifí is fearr do láithreacha
- Córas bainistíochta sprioctha comhshaoil a thabhairt isteach chuig láithreacha oiriúnacha cúram sláinte
- Leanúint den fhorbairt ar an gConradh Lamhátais do Bhainistiú na hInbhuanaitheachta agus ar Sheirbhísí Corparáideacha Bainistíochta Inbhuanaitheachta
- Grúpa inbhuanaitheachta CHO a bhunú agus teagmháil a leathnú le hionadaithe inbhuanaitheachta na n-ospidéal gearchúram, sláinte agus folláine agus grúpaí inbhuanaitheachta na n-eastáit
- Tacú le seimineáir réigiúnacha inbhuanaitheachta
- Úsáid a bhaint as na meáin dhigiteacha agus as gréasáin inmheánacha cumarsáide chun feasacht a ardú agus leanúint den fhorbairt ar mhicreashuíomhanna an NHSO
- Comhoibriú a neartú don obair thrasearnála le páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí cúram sláinte an AE.

Aguisín 6: Ospidéal Ghéarmhíochaine



Aguisín 7: Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail



Rialachas Airgeadais



Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais (OFR) 2015

Réamhrá

Mar atá nótáilte i Ráiteas an Ard-Stiúrthóra, bíonn tionchar ar na seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta in Éirinn ag na cúinsí ginearálta socheacnamaíocha a bhíonn le réiteach ag an tír ina hiomláine. Bhliain dhúshlánach ach bliain thairbhíúil chomh maith ab ea 2015 agus sinn ag oibriú linn i dtreo na spriocanna d'Éire Níos Sláintiúla agus seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil chomh maith le bheith ag cur na n-athruithe riachtanacha ar ár struchtúir i bhfeidhm go leanúnach.

Tá achoimre ar na heochaireilimintí d'fheidhmíocht airgeadais an FSS anseo thíos. Chun brí a bhaint as na torthaí sin, ní mór áireamh a dhéanamh freisin ar an gcomhthéacs straitéiseach agus timpeallachta ina raibh an FSS ag obair i rith na bliana.

Comhthéacs Straitéiseach agus Timpeallachta

Ar aon dul le cuid mhaith tíortha forbartha eile, bíonn an timpeallacht in n-oibríonn an FSS faoi thionchar chuid mhaith de na tréithe seo a leanas:

- Riachtanas leanúnach a bheith ag díriú ar agus ag léiriú luacha níos fearr ó na hacmhainní reatha atá curtha faoi chúram na seirbhísí sláinte, agus a bheith ag léiriú níos mó ionracais lena chois sin trí leasuithe inbhuanaithe a chur ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- Dea-scéala é pobal atá ag maireachtáil níos faide agus leis sin tagann an gá le freastal a dhéanamh ar riachtanais líon ndaoine atá ag dul i méid agus galair ainsealacha orthu, néaltrú san áireamh, mar aon leo sin a bhfuil lagú ar a gcumas gluaiseachta
- Tá brú suntasach éileamh ag teacht ar sheirbhísí de dheasca stíleanna maireachtála ar a n-áirítear murtall, caitheamh tobac agus ólachán alcóil
- Rud a bhfuil fáilte roimhe agus atá ag dul i méid is ea an fócas ar an ngá atá le caighdeán níos airde i dtéarmaí sábháilteachta, cáilíochta agus taise maidir leis an mbealach a ndéantar seirbhísí a sheachadadh
- Ionchais níos airde ó othair agus úsáideoirí eile seirbhísí mar aon le méadú ar fheasacht agus tuiscint na gcúinsí a bhaineann lena sláinte agus a bhfolláine féin
- Dearcadh deimhneach i gcoitinne atá léirithe ag úsáideoirí seirbhísí i dtaca lena dtaithe ar an tseirbhís
- Sraith de chásanna mór le rá faoi theipeanna tromchúiseacha sa tseirbhís a gcaithfear déileáil leo go práinneach agus go leanúnach
- Rud eile atá ag dul i méid is ea an riachtanas agus deis le múnlaí cúram a aistriú diaidh ar ndiaidh i dtreo feabhas, dul chun cinn agus cothabháil a dhéanamh ar shláinte agus folláine, féinchúram, agus cúram sa phobal (cúram príomhúil agus cúram sóisialta), ionas go mbeifear in ann acmhainn ghann chostas na gcúram tánaisteach agus na gcúram treasach speisialaithe a chuirtear ar fáil in Ospidéal Ghéarmhíochaine a sheachadadh ar bhunús níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe
- Cé go bhfuil fáilte roimh bhreis rialachais ar an gcóras cúram sláinte agus sóisialta, agus gá lena leithéid, tá tionchar aige ar acmhainn, seirbhísí agus costas
- Leis an méadú leanúnach ar chostais atá tiomáinte ag teicneolaíocht sláinte mar aon leis na fachtóirí déimeagrafacha agus eile atá aitheanta, sáraíonn siad sin aon iarrachtaí chun costais a laghdú nó a choinneáil faoi smacht. Caithefear leanúint d'iarrachtaí chun costais a shábháil ar bhealach níos sprioctha agus níos inbhuanaithe chun tacú leis an gcás infheistíochta i gcúram sláinte agus sóisialta

- Tá dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas i gcinntiú rannpháirtíocht na gcliniceoirí sinsearach i ndearadh múnlaí nua cúraim agus iad a bheith i rólí cheannasaíochta inár seirbhísí áitiúla ospidéal agus pobail.

Tá an córas seachadta trína gcuirtear seirbhísí ar fáil don phobal i lár próisis mhóir athraithe le bunú na nGrúpaí Ospidéal agus na nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail ina dhiaidh sin. Sa dá chás sin, tá obair shuntasach ag teastáil chun na struchtúir nua a dhaingniú agus an inniúlacht bhainistíochta a threisiú iontu. Eolas seanbhunaithe é i dtaca le próisis athraithe ar mhórscaála, fiú má bhíonn siad bainistithe go maith agus curtha i bhfeidhm in am tráthúil, go méadaíonn na rioscaí rialaithe agus rialachais ar feadh tréimhse ama. Tá fócas suntasach ag teastáil chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Is í earnáil na nOspidéal Géarmhíochaine an réimse is tipiciúla a mbíonn an dúshlán airgeadais is mó ann in aon chóras sláinte agus tá Éire ar aon dul le dlínsí eile i dtaca leis sin. Riosca suntasach is ea an éiginnteacht leanúnach i dtaca le conair agus amscála cheapachán na mbord le húdarás reachtúil tar éis chruthú an chéad 2 ghrúpa ospidéal. Nuair a chuirtear é sin i gcomhar leis na dúshláin agus na moilleanna in earcú Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Grúpa cáilithe agus a bhfoirme sinsearach, tá sé ina ghné a gcaithfear aird leanúnach agus feabhsaithe bhainistíochta a thabhairt air san am atá romhainn.

Achoimre Oibriúcháin agus Airgeadais

Tá sé de dhuilgias ar an FSS seirbhísí sláinte agus cúram sóisialta a chur ar fáil laistigh den bhuiséad atá fógartha ag an Roinn Sláinte. Fuair an FSS Deontas Glan Ioncaim de €12.170 billiún do 2015 roimh mhaoiniú forlíontach de €642m, i.e. iomlán de €12.812 billiún. (2014: €11.843 billiún agus forlíonadh de €680m). Tá easnamh de €7.9m nó 0.06% tuairiscithe tar éis an fhorlíonta.

Tugann an tábla 5 anailís de Chaiteachas 2015 de réir rannóige i gcomparáid le caiteachas 2014 agus buiséad 2016. Tá na figiúirí caiteachais de réir rannáin do 2014 agus 2015 sa tábla thíos taispeánta glan ó ioncam, rud atá níos cuí i gcinntiú feidhmíochta, ach tá na figiúirí rannáin in AFS 2015 taispeánta mar ollmhéideanna.

€12,820m ab ea an glanchostas iomlán chun seirbhísí a chur ar fáil in 2015, rud a léiríonn glanathraitheas caiteachais de €650m, geall leis, do 2015 tar éis áireamh a dhéanamh ar chaiteachas breise a bhain le tionscnaimh nua i rith 2015 (m.sh. Urscaoiltí Moillithe, Liostaí Feithimh, RÉ/Plean Geimhridh). Ar na coda ba shuntasá den athraitheas €650m bhí:

- **€308m (47%)** – a bhaineann leis an róchaiteachas in 2015 ar phinsin (€55m) agus réimsí éilimh eile (PCRS €125m, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát €109m agus Scéimeanna Éileamhbhunaithe Áitiúla €19m)
- **€50m (8%)** - a bhaineann le sprioc stairiúil luathaithe chun airgead tirim a bhailiú – bainistithe ar aon dul le NSP 2015
- **€91m (14%)** – a bhaineann le caiteachas breise a bhain le **tionscnaimh nua a faomhadh i rith 2015** (i.e. faofa tar éis glacadh le NSP 2016). Áirithe iontu sin bhí Urscaoiltí Moillithe €53m, Liostaí Feithimh €28m RÉ/Plean Geimhridh €10m.
- **€201m (31%)** - a bhaineann le róchaiteachas ar réimsí a ndéanann an FSS bainistiú feidhmíochta orthu glan ó thearcchaitimh ar líon de réimsí. Bhí na róchaiteachais príomha na hospidéalí ghéarmhíochaine, €200m, agus sa chúram sóisialta – míchumais €48m (tionchar rialála a d'eascair go príomha as feidhmíú phróiseas cláraithe / iniúchta HIQA maidir le rialúcháin nua do sheirbhísí chónaitheach míchumais intleachta) agus fritháirimh bheaga i réimsí eile

Tábla 5

	Caitea- chas 2014	Caitea- chas 2015	Buiséad 2016	2015 vs 2014	2015 vs 2014	Buiséad 2015 vs 2016	Buiséad 2015 Roimh an mBreis;	Athraith- eas 2015 Roimh an mBreis	Athraith- eas 2015 Tar Éis na Breise
	€m	€m	€m	€m	%	%	€m	€m	€m
Ospidéal Ghéarmhíochaine	4,052.5	4,225.6	4,137.4	(173.1)	-4.3%	2.1%	4,025.8	(200)	(12.9)
An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna	137.8	145.5	151.4	(7.7)	-5.6%	-4.0%	144.1	(1)	(1.4)
Sláinte & Folláine	182.7	179.1	206.6	3.7	2.0%	-15.4%	192.4	13	13.3
Cúram Príomhúil	933.9	954.7	969.9	(20.9)	-2.2%	-1.6%	955.4	1	3.1
Meabhairshláinte	737.0	780.3	795.2	(43.3)	-5.9%	-1.9%	787.4	7	7.1
Cúram Sóisialta	2,949.8	3,121.1	3,182.7	(171.4)	-5.8%	-2.0%	3,011.3	(110)	(3.9)
Rannáin/Seirbhísí Náisiúnta Eile	313.5	317.1	369.4	(3.6)	-1.1%	-16.5%	319.4	2	4.9
Réimsí Sheirbhísí Oibríúcháin	9,307.3	9,723.5	9,812.7	(416.2)	-4.5%	-0.9%	9,435.8	(288)	10.3
Pinsin	219.6	247.6	321.9	(27.9)	-12.7%	-30.0%	192.2	(55)	(3.4)
Réimsí Éileamhbhunaithe	2,619.0	2,848.8	2,796.9	(229.8)	-8.8%	1.8%	2,591.9	(257)	(14.9)
Ioncam Luathaithe	-	-	-	0.0			(50.0)	(50)	-
Pinsin & Réimsí Éileamhbhunaithe	2,838.6	3,096.4	3,118.8	(257.8)	-9.1%	-0.7%	2,734.0	(362)	(18.2)
Iomáin Rannán Glan ó Ioncam	12,145.9	12,819.9	12,931.4	(674.0)	-5.5%	-0.9%	12,169.9	(650)	(7.9)
*Coigeartú ar Ioncam	1,074.2	1,075.0		(0.7)	-0.1%				
Caiteachas Iomlán de réir AFS	13,220.2	13,894.9	12,931.4	(674.7)	-5.1%	n/a	n/a	n/a	(7.9)

* Tá Caiteachas Iomlán 2015 tógtha as Tuarascáil Feidhmíochta (PR) na Nollag 2015. Tá an Plean Seirbhíse (buiséad) agus Toradh de réir na Tuarascála Feidhmíochta taispeánta glan ó ioncam.

Sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) tá gach caiteachas taispeánta glan agus tá tuairisc ar leith ar ioncam.

Tá sonraí Bhuiséad 2015 ar fáil sa leagan foilsithe de PR mhí Feabhra 2016.

Tábla 6

Rannóg	AFS 2015	AFS 2014	Cun Bain 2015	Cun Bain 2014
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ospidéal Ghéarmhíochaine	5,395,934	5,225,293	4,371,176	4,190,366
Sláinte & Folláine	185,366	190,125	179,058	182,739
Cúram Príomhúil	3,612,890	3,416,804	954,724	933,868
Meabhairshláinte	762,155	715,870	780,294	737,022
Cúram Sóisialta	2,780,619	2,633,647	3,121,139	2,949,788
Rannáin/Seirbhísí Náisiúnta Eile	1,157,888	1,038,409	317,128	313,544
Pinsin			247,563	219,623
Réimsí Éileamhbhunaithe	-	-	2,848,801	2,618,968
Coigeartú ar Ioncam			1,074,968	1,074,229
Caiteachas Iomlán	13,894,852	13,220,148	13,894,851	13,220,148

€12,820m ab ea an costas iomlán chun seirbhís a chur ar fáil in 2015 agus áirítear ansin tá gnéithe de chaiteachas nach bhfuiltear ag súil arís leo in 2016, agus an ceann is suntasaí acu sin is ea na tionscnaimh do liostaí feithimh. Má dhéanaimid coigeartú do na suimeanna sin, meastar costas na seirbhís leanúnacha do 2015 a bheith thart ar €12,750m. €12,890m an maoiniú iomlán atá ar fáil do sheirbhís reatha sa leithdháileadh do 2016. Léiríonn sé sin ardú de €120m, (0.9%) ar an mbonn costais coigeartaithe in 2015, agus caithfear bainistíocht a dhéanamh ar bhrúnna suntasacha boilscitheacha laistigh de.

Tugann an tábla 6 breis anailíse trí chomparáid a chur ar fáil idir Feidhmíocht Rannach de réir na Ráiteas Airgeadais Bliantúla (ollmhéid) agus an bunús tuairiscithe atá leis na Cuntais Bhainistíochta (glanmhéid).

Déantar na príomh-dhifríochtaí idir léirithe na dtorthaí agus an bunús tuairiscithe éagsúil a nótaíl mar a leanas:

- Tá torthaí PCRS áirithe in 'Cúram Príomhúil' san AFS agus in 'Réimsí Éileamhbhunaithe' sna Cuntais Bhainistíochta
- Tá caiteachas i dtaca leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát áirithe laistigh de 'Fo-ranna/Seirbhís Náisiúnta Eile' san AFS agus rangaithe laistigh de 'Réimsí Éileamhbhunaithe' sna Cuntais Bhainistíochta
- Taispeántar gach ioncam FSS, ioncam othar mar shampla, mar ghné ar leith sa Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim san AFS (i.e. ar bhunús ollmhéide) agus tá sé áirithe ar bhunús glanmhéide sna Cuntais Bhainistíochta.

Réimse na bPríomhsheirbhísí Oibriúcháin

Ospidéal Ghéarmhíochaine

Easnamh roimh an bhforlónadh, €200m. Easnamh tar éis an fhorlóna, €12.9m

Bhí córas na nOspidéal géarmhíochaine réamh-mheasta a bheith €187m in easnamh faoi dheireadh 2015, ag léiriú méadú bliain ar bhliain de 4.3% sa chostas. B'ionann sin agus croí-easnamh de €149m móide €28m agus €10m de chaiteachas faofa breise ar liostaí feithimh agus pleanáil geimhrídh faoi seach. Is é riocht an easnaimh tar éis an mheastacháin fhorlónaigh ná €12.9m, rud is ionann agus méadú breise costais os cionn na leibhéil de 0.3% den bhuiséad iomlán géarchúraim a bhí réamh-mheasta. In 2015, tharla an méadú aonair caiteachais ba mhó sa bhunphá de €88m. Is ionann sin agus ardú 3.7% i gcomparáid le 2014. Tá cuid de sin seach-churtha ag an laghdú €23m nó 10.1% ar an gcaiteachas do ghníomhaireachtaí géarchúraim. Tá ardú €82m, nó 8% bliain ar bhliain, tagtha ar chostais chliniciúla neamhphá. Ba iad na príomh-thiománaithe fáis sna costais chliniciúla neamhphá ná drugaí & cógais, i.e. €43m (12.7%), agus soláthairt leighis & máinliachta, i.e. €22m (6.5%).

Seirbhísí Iomlána Cúram Sóisialta (Comhdhéanta de Sheirbhísí do Dhaoine Scothaosta ar a n-áirítear Seirbhísí "Fair Deal" agus Míchumais)

Easnamh roimh an bhforlónadh, €110m. Easnamh tar éis an fhorlóna, €3.9m

Bhí Cúram Sóisialta réamh-mheasta a bheith thart ar €106m in easnamh faoi dheireadh 2015, ag léiriú méadú bliain ar bhliain de 5.8% sa chostas. Áirítear san easnamh deiridh roimh an maoiniú forlontach tá €59m de chaiteachas faofa breise ar thionscnaimh d'urscaoiltí moillithe sna Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta agus sna Scéimeanna Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS). Áirítear sna heochairbhrúnna costais agus sna rioscaí airgeadais i rith 2015 bhí brúnna suntasacha costas pá i dtaca le baill foirne cónaitheacha thar oíche. De bhreis air sin, bhí fachtóirí timpeallachta ina gcúinse leanúnach i dtaca le himscaradh foirne, ag tiomáint na gcostas do ghníomhaireachtaí. Gaolmhar leis sin, bhí brúnna suntasacha foirne agus caipitil / brúnna aonuaire a d'eascair as an bhfeabhsúchán maidir le fócas rialála ar sheirbhísí cónaitheacha míchumais a mbeidh clár suntasach ilbhliantúil infheistíochta ag teastáil dó sna blianta atá romhainn.

Daoine Scothaosta (cuid de na Seirbhísí Cúram Sóisialta)

Easnamh roimh an bhforlónadh, €34.5m. Barrachas tar éis an fhorlóna, (€0.5m).

Bhí barrachas beag de €474,000 ag na Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta tar éis leithdháileadh forlontach de €35m. Leithdháileadh €30m as maoiniú forlontach do sholáthar tionscnamh chun laghdú a dhéanamh ar urscaoiltí moillithe othar ón gcóras ospidéal géarmhíochaine. Chuir an tionscnamh seo laghdú ar na hurscaoiltí moillithe go dtí leibhéil ísle stairiúla agus thug siad luach maith ar airgead don FSS. Cionroinneadh an €5m a bhí fanta idir leibhéil ardaíthe de Chúram Baile agus pacáistí Cúram Baile mar aon le costais phá a bhí níos airde ná mar a bhí buiséadaithe in Aonaid Chúram Cónaithe, ag brath ar bhailchríoch a chur ar an meascán cuí scileanna a haontaíodh trí rannpháirtíocht leis na ceardchumainn.

An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (NHSS), 'a Fair Deal' (cuid de na Seirbhísí Cúram Sóisialta)

Easnamh roimh an bhforlónadh, €23.6m. Easnamh tar éis an fhorlóna, €0.6m.

Bhí easnamh beag de €0.6m ar an scéim Fair Deal tar éis maoinithe fhorlónaigh de €23m. Chun díriú ar na deacrachtaí a bhí sna rannóga éigeandála agus le hagaí feithimh Fair Deal sa chéad chuid den bhliain, rinneadh tiomantas de mhaoiniú breise in 2015. Tá an t-easnamh roimh an maoiniú forlontach san NHSS áirithe san €23m de chaiteachas a bhain leis an tiomantas seo.

Seirbhísí Míchumais (cuid de na Seirbhísí Cúram Sóisialta)

Easnamh roimh an bhforlónadh, €51.7m. Easnamh tar éis an fhorlóna, €3.7m.

Bhí an maoiniú seo le soláthar a dhéanamh do chostais a d'easródh as feidhmiú céimneach phróiseas cláraithe HIQA. Ní rabhtas ag súil le lear d'iniúchtaí iomráiteacha HIQA agus ní raibh soláthar déanta dóibh sa mheastachán iomlán bliana do 2015. Bhí iomlán de €5m i gceist sa chaiteachas gan choinne sin. Bhain an caiteachas breise sin le cinntiú chomhlíontacht HIQA do ghníomhaireachtaí áirithe agus áiríodh an caiteachas sin laistigh den leithdháileadh forlontach €48m. Eascaíonn an riocht deireadh bliana atá níos airde ná mar a bhí tuartha de dheasca méadú gan cead sa chaiteachas i riar d'Eagraíochtaí Alt 38. Tá rannpháirtíocht shuntasach tosaithe tríd na Príomhoifigigh ábhartha leis na hEagraíochtaí seo chun a chinntiú go ndéanfaidh siad a ngnó laistigh den leithdháileadh atá tugtha dóibh do 2016.

Réimsí Éileamhbhunaithe

Mar gheall ar an nádúr teicniúil nó reachtúil a bhíonn sna réimsí sin, ní hionann go gcaithfidh siad géilleadh do bheartaíocht bhainistíochta agus dá réir sin ní bhíonn siad tascach ar easnaimh fheidhmíochta. Taispeáin Réimsí Éileamhbhunaithe, gan Pinsin a áireamh, méadú costais bliain ar bhliain de 8.6%, agus PCRS agus an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag léiriú 64% agus 36% den mhéadú sin faoi seach.

An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) Costas na nÉileamh Stairiúil

Easnamh roimh an bhforlónadh, €109m. Easnamh tar éis an fhorlóna, €16m.

Léiríonn an róchaiteachas i dtaca leis na héilimh sin an cás nach bhfuil aon mhéadú tagtha ar an mbuiséad atá ar fáil ag an FSS do na costais sin (€96m) le blianta beaga anuas cé go bhfuil a réamh-mheastacháin imlínte ag an SCA i dtaca le méadú costais. Bíonn sé an-deacair i gcónaí réamh-mheas cruinn ar chostas a dhéanamh sa réimse seo agus le blianta anuas déileádh le heasnaimh de bhíthin maoinithe breise ag deireadh na bliana.

Seirbhís Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil

Easnamh roimh an bhforlíonadh, €125m. Barrachas tar éis an fhorlíonta, €4m.

Seirbhís faoi thiomáint éileamh is ea an PCRS go príomha. Bhí riocht easnamh thart ar €145m réamh-mheasta go luath in 2015 agus bhí an toradh deiridh a baineadh amach €20m níos lú ná a bhí súil leis. Áirithe in easnamh deiridh an PCRS bhí sprioc sábhála de €40m do shábhálacha ar phraghas IPHA/AMPI, áit nár sábháladh ach €2.8m sa réimse de bharr spleáchais ar chomhaontú nua a bhí á idirbheartú in 2015.

Scéimeanna Éileamhbhunaithe Áitiúla (cóireáil thar lear san áireamh)

Easnamh roimh an bhforlíonadh, €23m. Easnamh tar éis an fhorlíonta, €3m.

Bhí easnamh deiridh de €23m ar Scéimeanna Éileamhbhunaithe Áitiúla, €3m níos mó ná mar a bhí súil leis sa Rannán Cúram Príomhúil. Is iondúil go mbíonn sé deacair méadú ar éileamh a mheas sa réimse seo. Is iad na príomh-thiománaithe laistigh de

Scéimeanna Áitiúla ná scéimeanna cruatain d'aisíocaíocht cógas agus drugaí rud is ionann agus 100% den easnamh, geall leis, roimh an maoiniú forlíontach.

Pinsin

Easnamh roimh an bhforlíonadh, €55m. Easnamh tar éis an fhorlíonta, €3m.

Thuar an FSS go mbeadh easnamh de €52m in 2015 i dtaca le pinsin bunaithe ar an líon daoine a rabhthas ag súil leo dul ar scor sa bhliain. Bíonn sé deacair scala agus líon na ndaoine a rachaidh ar scor in aon tréimhse airgeadais a thuar le cinnteacht.

Méadú Costais i gcomparáid le Méadú Gníomhaíochta

Tá sampla de mheadarachaí a bhaineann le toirt gníomhaíochta in aghaidh na bpríomh-réimsí seirbhíse taispeánta (féach Tábla 7) chun tuairim a thabhairt faoin méid gaoil a d'fhéadadh a bheith idir costas (féach tábla thuas) agus toirt fhás na gníomhaíochta idir 2014 agus 2015. Níor chóir breathnú ar an nasc idir costas agus gníomhaíocht ach mar léiriúchán amháin mar gheall ar nádúr ardleibhéil na gcomparáidí.

Tábla 7

Réimse Seirbhísí / Méadracht	Gníomhaíocht Iarbhir 2014	Gníomhaíocht Iarbhir 2015	Gníomhaíocht Sprioctha / Ionchais 2016	Fás / (Laghdú) Gníomhaíochta 2015 i gcomparáid le 2014	Fás / (Laghdú) Gníomhaíochta Sprioctha / Ionchais 2016 i gcomparáid le 2015
Ospidéal Ghéarmhíochaine – Leapacha Lae Úsáidte	3,566,414	3,591,588	N/A	0.7%	N/A
Ospidéal Ghéarmhíochaine – Teacht i Láthair Éigeandála go Léir	1,272,156	1,293,140	1,292,483	1.6%	-0.1%
Ospidéal Ghéarmhíochaine – Cásanna Othar Cónaitheach	592,878	644,990	640,140	8.8%	-0.8%
Ospidéal Ghéarmhíochaine – Cásanna Lae	984,739	878,821	851,831	-10.8%	-3.1%
Ospidéal Ghéarmhíochaine – Freastal Othar Seachtrach	3,206,056	3,297,475	3,242,424	2.9%	-1.7%
An tSeirbhís Naisiúnta Otharcharranna – Glaonna Éigeandála Iomlána	293,095	303,502		3.6%	-100.0%
Sláinte & Folláine – Seiceálacha Ceirbheacs / Tástálacha Smearaidh	266,801	249,982	255,000	-6.3%	2.0%
Sláinte & Folláine – Líon leanaí 24 mí a fuair an vacsaín 6 in 1 thar an tréimhse 2013-2015	68,583	66,084		-3.6%	-100.0%
Cúram Príomhúil – Líon na n-atreorúchán othar: Fisiteiripe, Teiripe Saothair, Teiripe Urlabhra agus Teanga	318,905	328,383		3.0%	-100.0%
Cúram Sóisialta – Líon leapacha NHSS in aonaid fhadchónaithe Phoiblí	5,290	5,222	5,255	-1.3%	0.6%
Cúram Sóisialta – Líon uaireanta an chloig de chúram baile do gach grúpa cúram (Seachas HCPanna)	10,298,481	10,400,000	10,400,000	1.0%	0.0%
Cúram Sóisialta – Líon iomlán daoine ag fáil HCPanna	13,199	15,272	15,450	15.7%	1.2%
Meabhairshláinte – Líon atreorúchán glactha ag: Daoine Fásta Ginearálta, Siciatracht na Seanaoise, Foirne Meabhairshláinte Pobail & Seirbhísí Meabhairshláinte Ógánach	62,337	66,906	71,394	7.3%	6.7%
Meabhairshláinte – Líon other isteach in aonaid ghearchúraim chónaitheacha daoine fásta	12,880	13,096	12,726	1.7%	-2.8%
PCRS – Líon cártaí cuarta dochtúra / Leighis ag deireadh na bliana dar críoch 31ú Noll	1,928,276	2,166,159		12.3%	-100.0%
PCRS – Oidís GMS	19,144,298	19,005,385		-0.7%	-100.0%
PCRS – Earraí GMS	58,831,655	57,727,106		-1.9%	-100.0%

Buaicphointí agus Gaiscí

Áirítear ar na príomh-gnóthachtálacha de réir Rannáin ó 2015 tá siad seo a leanas:

Sláinte & Folláine

Críochnaíodh an chéad bhabhta de BowelScreen ag deireadh R4, agus cuireadh tugtha do 223,487 duine incháilithe in aois 60-69 a bheith páirteach ann in 2015. Críochnaíodh céim 2015 de shíneadh aoise Breastcheck (do mhná in aois 65 - 69) agus cuireadh tugtha do 1,000 bean ar dearnadh scagthástáil ar 500 acu, an sprioc a bhí leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2015.

Meabhairshláinte

I rith 2015, de dheasca thionscnamh feabhsaithe fócasaithe Seirbhíse Meabhairshláinte do Leanáil agus d'Ógánaigh (CAMHS), tháinig laghdú níos mó ná 60% ar líon na ndaoine óg a bhí ag feitheamh níos faide ná 12 mhí le coinne le foirne pobail, ó 459 (Márta 2015) go dtí 177 (Nollaig 2015). Lena chois sin, tá méadú de bhreis agus 20% déanta ar infhaighteacht leapacha d'othair chónaitheacha CAMHS i rith 2015.

Cúram Príomhúil

Tá ciorcal cúram diaibéitis d'othair GMS (sealbhóirí cárta leighis agus cárta cuairt dochtúra) a bhfuil Diaibéiteas Cineál 2 orthu tugtha isteach go náisiúnta. Tosáíodh ag clárú othar i Meán Fómhair 2015 agus cuireadh tús leis an gciorcail cúram féin ar an 1ú Deireadh Fómhair 2015. Faoi dheireadh 2015, bhí thart ar 62,000 othar GMS a raibh Diaibéiteas Cineál 2 orthu cláraithe faoin gCiorcal Cúram.

Tá cúram asma do leanáil faoi 6 bliana d'aois tugtha isteach freisin.

Cúram Sóisialta

In 2015 rinneadh an oscailt oifigiúil ar Ospidéal Pobail Chnoc Chairméal ina bhfuil 65 leaba, ag cur ospidéal pobail tiomnaithe ar fáil do cheantar Bhaile Átha Cliath agus ag cur an-fheabhas ar an soláthar seirbhíse do dhaoine scothaosta. Cuireann sé fáil ar leapacha cúram idirthréimhseach agus ar leapacha tacaíochta gearrthréimhseach mar aon le rochtain ar ghairmithe cúram sláinte agus sóisialta, m.sh. fisiteiripe, teiripe saothair agus teiripe urlabhra agus teanga. Tá oifigeach liachta lánaimseartha ar an láthair le tacaíocht ó gheiriatriithe comhairleacha ag cur seisiúin ar fáil san ospidéal. Leathnaíodh seirbhíse Chnoc Chairméal chuig na hospidéil ghéarmhíochaine a fad i mBaile Átha Cliath mar chuid de phróiseas pleanála an gheimhridh in 2015 agus tá na leapacha ag tacú anois leis na sé ospidéal géarmhíochaine i mBaile Átha Cliath agus leis an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin.

An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

In 2015, rinneadh comhdhlúthú ar na trí líonad rialaithe a bhí fágtha isteach leis an ionad oibríochtaí éigeandála náisiúnta. Cuireadh bailchríoch ar shuíomhanna eile i rith 2013 agus 2014. Bhí infheistíocht iomlán de thart ar €25m i gceist leis sin agus áirítear ann tá an t-ionad náisiúnta oiliúna nua le hais an ionaid oibríochtaí éigeandála náisiúnta i dTamhlacht. Ceadáíonn sé sin infheictheacht agus mear-imscaradh ar fhílít iomlán otharcharranna an FSS mar aon le nasc aonair chuig ár gcomhghleacaithe i mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a chuireann seirbhíse otharcharranna ar fáil do chuid de cheantar Bhaile Átha Cliath.

Rannán na nOspidéal Géarmhíochaine tacaithé ag ár gcláir chliniciúla

Mar chuid dár n-iarrachtaí chun ionfhabhtú ó chúram sláinte a fheabhsú, tá sláinteachas lámh ina chuid thábhachtach dár straitéis. Bhí an ráta comhlíontachta le sláinteachas lámh ina ábhar leanúnach

misnigh agus ráta comhlíontachta de 88 i gceist i gcomparáid leis an sprioc de 90%. Tá ceithre cinn de na seacht n-ospidéal ag aimsiú nó ag sárú na sprice i dtéarmaí a méanfhigiúirí grúpa.

In 2015, tháinig trombalú ar thart ar 12% d'othair géarstróc i gcomparáid le sprioc de 9% agus ráta 2014 de 11.8%.

Ár bhFoireann

In 2015, 4.21% an ráta neamhláithreachta a bhí sna Seirbhíse Sláinte, íslithe ón ráta 4.27% in 2014, agus sin an ráta is ísle a taifeadadh ó thosaigh an tuairiscíú bliantúil ar bhonn earnála iomláin sláinte in 2008. Is ionann an ráta neamhláithreachta do 2015 agus laghdú 27% ar an ráta a taifeadadh in 2008. Cuireann sé an tSeirbhís Sláinte ar aon dul i gcoitinne leis na rátaí a tuairiscíodh ó ISME i dtaca le heagraíochtaí móra san earnáil phríobháideach agus leis an eolas atá ar fáil d'eagraíochtaí móra eile san earnáil phoiblí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon. 4.42% an ráta móriomlán is deireanaí a bhí ag NHS Shasana i dtaca le ráta neamhláithreachta bliantúil, ardú de 4.18% ar an mbliain roimhe sin; do NHS na hAlban bhí ráta 4.76% i gceist agus sa Bhreatain Bheag bhí ráta 5.5% i gceist.

ICT

D'fhoilsigh Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OoCIO) an Plean Eolais agus Faisnéise (Straitéis ICT an FSS) i mBealtaine 2015. Deanann an Straitéis imlíniú ar threochlár 10 mbliana do theicneolaíocht faisnéise san eagraíocht. I rith na bliana d'aistrigh an OoCIO ó fhoirne feidhme áitiúla ICT go dtí oifig straitéiseach náisiúnta aonair atá in ann cláir mhórscaála a sheachadadh. Tá lear clár tábhachtach á seachadadh faoi láthair ar a n-áirítear Medlis (Réiteach Náisiúnta Saotharlainne), NIMIS (réiteach náisiúnta PACS) agus NCMS (Córas Nuabhreithe agus Máithreachais). De bhreis air sin, in 50% de na hospidéil cuireadh i bhfeidhm go sásúil an tionscadal ríomh-Atreorúcháin a éascaíonn atreorúcháin ó Dhochtúirí Ginearálta go dtí Ospidéal. Chuir Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OoCIO), bailchríoch ar an uasghrádú go dtí Windows 7 ó XP. Rinneadh athsholáthar nó uasghrádú ar 26,000 gaireas eile i rith shaolré an chlár; anois tá breis agus 45,000 gaireas ag an FSS atá in oiriúint do Windows 7. Tá gach tionscadal agus clár de chuid an OoCIO faofa ag Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Athchóiriú Airgeadais

Rinneadh dul chun cinn suntasach chun na ceadanna riachtanacha a fháil le feabhas a chur ar chórais airgeadais agus soláthair an FSS atá as dáta nó nach bhfuil oiriúnach don fheidhm:

- **Cobhsú** – Fuarthas cead ón OGCIÓ do athsholáthar eatramhach ar na córais airgeadais sa mheán-iarthar, mar a bhí, mar chéad chéim dár gclár cobhsaithe a bhfuil súil go mbeidh bailchríoch curtha air i rith R4 2016
- **Babhta 1 IFMS** – Fuair cur chuige an FSS i dtaca le hardán factéarmach náisiúnta bogearraí a chur chun críche tacaíocht fhoirmiúil ón OGCIÓ. Táthar ag súil go mbeidh an t-ardán nua aitheanta faoi dheireadh 2016
- **Faisnéis Airgeadais Ghnó** – cuireadh bailchríoch rathúil ar phróiseas rialachais inmheánach an FSS chun uasghrádú a dhéanamh ar réiteach tuairiscithe corparáideach an FSS a bhí as dáta agus a bhíonn in úsáid chun sonraí a chomhdhlúthú do thuiriscíú náisiúnta agus réigiúnach maidir le cuid mhór córas oidhreachta. Táthar ag súil go mbeidh réiteach corparáideach eatramhach um thuiriscíú i bhfeidhm go hiomlán agus curtha in ionad riar de réitigh náisiúnta agus réigiúnacha faoi lár 2017.

Rialachas agus Maoiniú

Thug an FSS creat freagrachta nua isteach in 2015 a faomhadh laistigh den Phlean Seirbhíse Náisiúnta agus leagtar cur chuige struchtúrtha amach ann i dtaca le maoirseacht ar fheidhmíocht ar a n-áirítear géaraíthe cuí as a dtiocfaidh idirghabhálacha, tacaíocht agus smachtbhannaí nuair is cuí. I ndeireadh 2015, rinne saineolaí neamhspleách seachtrach athbhreithniú ar oibriú an chreata freagrachta ina chéad bhliain agus aithníodh moltaí d'fheabhsúchán, nithe atá á gcur i bhfeidhm in 2016.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2015 i dtaca le feidhmiú an Maoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíocht (ABF) laistigh d'earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine. Mar bhailchríoch ar an obair sin aistríodh buiséid 2016 ó "bhlocbhuiséad le coigeartuithe incriminteacha" traidisiúnta go dtí buiséad bunaithe ar ghníomhaíocht den chéad uair.

Tábla 8		
Táscairí Stádas Sláinte & Riosca an OECD	Rangú na hEireann (as 34)	
Ionchas Saoil tar éis a mBreithe – Fir	15	
Ionchas Saoil tar éis a mBreithe – Mná	23	
Ionchas Saoil ag 65 – Fir	19	
Ionchas Saoil ag 65 – Mná	24	
Mortlaíocht don ghalar cardashoithíoch	21	
Caitheamh Tobac i nDaoine Fásta	16	
Ól Alcóil	26	
Murtall i nDaoine Fásta	24	
Murtall i Leanaí	11	
Cáilíocht na dTáscairí Cúram	Rangú na hEireann (as 34)	
Ospidéalú i gcás Asma & Galar Scamhógach	32	
Ospidéalú i gcás Diaibéitis	16	
Básanna i gcásanna AMI	8	
Básanna i gcásanna stróc Iscéimeach	24	
Rátaí Marthanais d'Ailse Cheirbheacs	20	
Rátaí Marthanais d'Ailse Chíce	20	
Rátaí Marthanais d'Ailse Colaiceiteach	19	
Táscairí Acmhainní Cúram Sláinte	Rangú na hEireann (as 34)	
Caiteachas Sláinte per capita	16	
Dochtúirí per capita	25	
Altraí per capita	7	
Leapacha ospidéal per capita	26	
Aonaid MRI per capita	13	
Scanóirí CT per capita	17	
An trian is airde	An trian lárnach	An trian íochtarach

Tagarmharcanna Idirnáisiúnta

Cuireann an tsraith OECD, "Health at a Glance", agus eagrán 2015 de ach go háirithe a foilsíodh i mí na Samhna 2015, léargas suimiúil ar fáil den chomparáid atá idir Éirinn agus na 34 tír rannpháirteach (28 ballstát den AE agus 6 tír lasmuigh den AE) i dtaca le roinn fachtóirí sonracha sláinte agus riosca.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh na srianta sonraí aitheanta atá leagtha amach ag an OECD sa doiciméad d'ainneoin go bhfuil siad sin ina bhfoinse luachmhar d'ábhar tagarmharcála idirnáisiúnta.

Féachaint ar 2016 agus ina Dhiaidh sin

D'fhoilsigh an FSS a bPlean Corparáideach 2015-2017 i rith na bliana. Cuireann an plan seo fáil ar a gceart a chuideoidh linn chun díriú ar ár bhfís atá ráite go sonrach againn, "Éire Níos Sláintiúla ina mbeidh seirbhís sláinte d'ardchaighdeán agus meas ag cách uirthi". Mar bhunchloch leis an bplan seo tá ár mbunluachanna: Cúram, Taise, Iontaoibh agus Foghlaim.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chuid de na heochairchúinsí a gcaithfear machnamh a dhéanamh orthu i bhfeidhmiú an Phlean Chorporáidigh mar atá thíos:

- Ár bhfócas a choinneáil ar fheabhsú sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí a chuirim ar fáil, an taise lena gcuirimid ar fáil iad san áireamh
- Dearadh agus feidhmiú na múnlaí comhtháite cúram a chur in ord tosaíochta, ag tosú leis an gcúram do dhaoine laga aosta
- Ag déanamh athbhreithnithe ar ár n-acmhainn oibríochtúil chun tacú le cáilíocht agus rochtain ar chúram éigeandála agus ar ghéarchúram pleanáilte araon mar aon leis an riachtanas a theacht ar an acmhainn sin ar bhealach iomlánaíoch, ó acmhainn cúram baile, cúram neamhghéar gearrthréimhseach/acmhainn idirthréimhseach leapa, acmhainn fadtéarmach cúram go dtí acmhainn leapacha géarchúram
- Ár straitéis do dhaoine a chur i bhfeidhm
- Aistriú chuig comhdhearadh comhroinnte / sochaíoch faoin riocht ina bhfuil an costas agus an luach a chuireann an tSeirbhís Sláinte ar fáil i gcomparáid le, ar bhunús ceart cothrom, tagarmharcanna réasúnacha idirnáisiúnta. Breathnaítear air sin mar bhunchloch lárnach do bheart a chaithfidh a bheith ina phlean 15-20 bliain don infheistíocht sa chúram sláinte atá faisnéisithe ar ghníomhaíochtaí comhaontaithe chun díriú ar dhrochluach nuair a bhíonn sé sin léirithe, agus múnla maoinithe do chúram sláinte a bheidh nasctha le timthriall geilleagrach na tíre
- Díriú ar ICT, rialachas sonraí agus rialachas faisnéise
- An riachtanas go bhfeidhmeofaí go hiomlán an Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail agus Struchtúir na nGrúpaí Ospidéal agus oibriú freisin ar shoiléiríú a dhéanamh agus acmhainn a fháil don ról a bhfuiltear ag súil leis ó na soláthróirí sin agus, dá réir sin, athrú a chur ar an ról reatha atá ag lárionad corparáideach an FSS faoi láthair. Neamhspleáchas tuille an treoirphionsabal atá ann dár soláthróirí faoi réir comhlíontachta leis na creata náisiúnta. Áirítear sna creata náisiúnta tá úsáid córas aonair ar nós an Taifid Leictreonaigh Sláinte (EHR) aonair atá molta, na córais aonair náisiúnta airgeadais, soláthair agus AD / párolla atáthar a fhorbairt, seirbhísí comhroinnte náisiúnta agus mear-rochtain ag soláthróirí agus lucht maoinithe araon ar shonraí iontaofa agus tráthúla ó fhoinse aonair
- Feabhsúcháin leanúnacha ar rialaithe airgeadais, ionracas agus rialtacht mar chuid lárnach i dtiomáint agus i léiriú luacha
- An clár athchóirithe airgeadais a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh an fhoireann, na próisis agus an teicneolaíocht airgeadais againn is gá chun tacú lenár seirbhísí an infheistíocht chúí is mó a fháil don chúram sláinte agus sóisialta trí luachanna agus ionracas a léiriú i dtaca leis an úsáid a bhainimid as ár n-acmhainní reatha.

Tuarascáil Chomhaltaí na Stiúrthóireachta

An Stiúrthóireacht

Tar éis an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) a achtú ar an 25 Iúil 2013, bunaíodh Stiúrthóireacht an FSS mar chomhlacht rialaithe ar an FSS.

Tá comhfhreagracht ar an Stiúrthóireacht mar údarás rialaithe don FSS agus tá údarás aici feidhmeanna an FSS a dhéanamh. Tá an Stiúrthóireacht freagrach don Aire as feidhmíocht fheidhmeanna an FSS agus a cuid feidhmeanna féin mar údarás rialaithe ar an FSS. Ach i gcoitinne tarmligean an Stiúrthóireacht feidhmeanna uile an FSS chuig an Ard-Stiúrthóir, seachas na feidhmeanna sonracha a choinníonn sí di féin.

Ba é an tArd-Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasáiochta don FSS suas go dtí 31 Nollaig 2014. Rinneadh Vóta an FSS a dhíbhnú ar an 1 Eanáir 2015, faoi réir na bhforálacha atá san Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014 agus d'aistrigh an Vóta go dtí an Roinn Sláinte. Faoi reachtaíocht tá an tArd-Stiúrthóir freagrach do Choiste na gCuntas Poiblí i dtaca le ráitis airgeadais bhliantúla an FSS agus aon tuarascáil eile a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Is é an tArd-Stiúrthóir, mar Chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, a thuiriscíonn don Aire thar cheann na Stiúrthóireachta. Cruthaíonn sé sin líne dhíreach freagrachta don Stiúrthóireacht chuig an Aire.

Ceadaíonn an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013 don Aire Sláinte treoracha a thabhairt don FSS faoi feidhmíú polasaithe agus spriocanna Aireachta agus rialtais, agus tosaíochtaí a leagan síos a gcaithfidh an FSS aird a thabhairt orthu in ullmhú a plean seirbhíse. Ní mór don FSS cloí le treoracha a eisiann an Aire Sláinte faoi na hAchtanna.

Cruinnithe

Faoi réir Alt 3(A) den Acht Sláinte 2004 (mar a foráladh ag Alt 16(K) den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013), tá sé de dhualgas ar an Stiúrthóireacht gan níos lú ná cruinniú amháin a bheith aici i ngach ceann de 11 mhí na bliana. In 2015, tháinig an Stiúrthóireacht le chéile 21 huaire, bhí 11 chruinniú mhíosúla Stiúrthóireachta acu agus 10 gcrúinniú breise. Tá an tinreamh ag cruinnithe na Stiúrthóireachta taifeadta i dTábla 9.

Coistí

Faoi Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013, déantar foráil go mbunóidh an tArd-Stiúrthóir coiste iniúchóireachta chun na feidhmeanna atá sonraithe in alt 40(l) a dhéanamh, agus leagtar amach dualgais an Choiste. Tugann an reachtaíocht údarás don Stiúrthóireacht freisin chun Coistí eile dá leithéid a bhunú de réir mar a mheasann sí sin a bheith cuí chun críocha cabhair agus comhairle a thabhairt di i dtaca le feidhmíocht a cuid feidhmeanna. Is í an Stiúrthóireacht a chinnteoidh ballraíocht agus téarmaí tagartha gach coiste acu sin.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá an Coiste Iniúchóireachta ceaptha ag an Stiúrthóireacht. Feidhmíonn sé mar chomhairleoir agus níl aon gnó feidhmíocháin aige. Is iad na dualgais atá ar an gCoiste Iniúchóireachta, mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, ná comhairle a thabhairt don Stiúrthóireacht agus d'Ard-Stiúrthóir an FSS araon i dtaca le cúinsí airgeadais a bhaineann lena bhfeidhmeanna, comhairle faoi na nithe seo a leanas san áireamh:

- Treoirínte an rialtais i dtaca le cúinsí airgeadais a chur i bhfeidhm mar is cóir ag an FSS

Tábla 9: Tinreamh ag cruinnithe Stiúrthóireachta

Comhalta	Cruinnithe míosúla Stiúrthóireacht FSS		Cruinnithe breise Stiúrthóireacht FSS	
	Líon cruinnithe	Líon a d'fhreastal	Líon cruinnithe	Líon a d'fhreastal
T. O'Brien	11	11	10	10
L. McGuinness ¹	11	10	10	9
P. Healy	11	11	10	9
J. Hennessy	11	11	10	10
S. Mulvany	11	9	10	10
S. O'Keefe	11	9	10	7
A. O'Connor	11	9	10	9
T. O'Connell ²	1	1	N/A	N/A
P. Crowley ³	10	7	10	7
L. Woods ⁴	10	10	10	10

¹ Scortha mar chomhalta den Stiúrthóireacht ar 31.12.15 tar éis éirí as an HSE.

² Scortha mar chomhalta den Stiúrthóireacht ar 31.01.2015 tar éis éirí as an HSE.

³ Ceaptha ar an Stiúrthóireacht 01.02.15

⁴ Ceaptha ar an Stiúrthóireacht 01.02.15

- b) Comhlíontacht an FSS i dtaca le:
- i. A dhualgas (faoi Alt 33⁵) na seirbhísí a bhainistiú mar atá leagtha amach i bplean seirbhísí faofa ionas go ndéanfar na seirbhísí a sheachadadh de réir an phlean agus nach rachaidh an caiteachas neamhchaitiúil a bheidh i gceist os cionn na suime atá sonraithe i Litr Cinntiúcháin an Rialtais
 - ii. A dhualgais (faoi Alt 33B⁶) plean caipitil bliantúil a chur ar fáil
 - iii. Aon dualgais eile a chuirfear air faoin dlí i dtaca le cúinsí airgeadais
- c) Comhlíontacht an Ard-Stiúrthóra lena dhualgais (faoi alt 33A⁷) a chinntiú nach rachaidh caiteachais neamhchaitiúla agus chaipitiúla an FSS os cionn na suimeanna atá leithdháilte ag an rialtas do bhliain nó do chuid de bhliain (agus an tAire a chur ar an eolas má bhíonn baol ann go sárófar a leithéid de leithdháileadh)
- d) Oiriúnacht, éifeachtúlacht agus críochnúlacht nósanna imeachta an FSS i dtaca le:
- i. Soláthar poiblí
 - ii. Ceadú a lorg do chaiteachas agus comhlíonadh an cheadaithe sin
 - iii. Éadáil, coinneáil agus diúscairt sócmhainní
 - iv. Bainistíocht riosca
 - v. Tuairiscíú airgeadais, agus
 - vi. Iniúchtaí inmheánacha.

De réir dea-chleachtas rialachais, tá Cairt curtha i bhfearas ag Coiste Iniúchóireachta an FSS ina leagtar amach go sonrath ról, dualgais chomhairleacha agus údarás an Choiste, mar aon le cúinsí áirithe riaracháin. Rinneadh leasú ar an gCairt i dtús 2015 chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe a d’eascair as an *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014*.

Aithníonn Cairt an Choiste Iniúchóireachta bunú Choiste Riosca ar leith den FSS a rinne an FSS, a thuiriscíonn don Stiúrthóireacht agus atá freagrach as comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht faoi nithe a bhaineann le gach saghas riosca nach bhfuil gné airgeadais iontu i gcoitinne.

Nuair a chuireann an Coiste Iniúchóireachta comhairle ar an Ard-Stiúrthóir bíonn sé dírithe ar mhaireacht agus ar chomhairle i dtaca le: (i) tuairiscíú airgeadais an FSS; agus (ii) córas um rialú inmheánach airgeadais an FSS agus bainistíocht ar riosca airgeadais. Tá ról ag an gCoiste Iniúchóireachta freisin sa chur chun cinn ar chleachtas maith cuntasáiochta agus tuairiscithe, cinnteoireacht airgeadais níos fearr agus níos feasaí, agus acmhainn an FSS a chosaint trí fhócas ar rialtacht, cuibheas agus luach ar airgead a fheabhsú ar fud an FSS.

Ballraíocht

Tá an Coiste Iniúchóireachta ceaptha ag an Stiúrthóireacht, bíonn comhalta amháin den Stiúrthóireacht air agus ní bheidh níos lú ná ceathrar eile air a mbeidh na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh. De réir an chleachtais is fearr, ní bheidh Cathaoirleach Stiúrthóireacht an FSS ná an Príomhoifigeach Airgeadais ina gcomhaltaí ar an gCoiste seo. Faoi réir na reachtaíochta, ní ceadmhach do Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta a bheith ina chomhalta de Stiúrthóireacht an FSS.

Bhí na daoine seo a leanas in gcomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta in 2015:

- Peter Cross (Cathaoirleach) - Stiúrthóir Bainistíochta ar Trasna Corporate Finance (agus Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann)
- Dr. Geraldine Doyle⁸ – Leachtóir sinsearach cuntasáiochta agus cánachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (agus Comhalta d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn) Ceapadh an tOllamh Patricia Barker ar an gCoiste in ionad an Dr. Doyle ar an 9ú Feabhra 2016
- Joe Mooney – iar-Príomhoifigeach sa Roinn Airgeadais
- John Hynes – iar-Ard-Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- David Smith – Príomhoifigeach sa Roinn Sláinte
- Stephen McGovern – Ceannasaí ar CRH Europe Compliance and Ethics (agus Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann)
- Dr. Sheelah Ryan⁹ – lia sláinte poiblí, iar-POF ar FSS an Iarthair/BSI
- Laverne McGuinness¹⁰ – Leas-Ardstiúrthóir FSS (agus Comhalta d’Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn). Ceapadh Anne O’Connor ar an gCoiste in ionad Ms. McGuinness ar an 12ú Feabhra 2016.

Cruinnithe

De réir reachtaíochta, caithfidh an Coiste a theacht le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile seacht n-uaire in 2015, agus réachtáladh comhchruinniú den Coiste Iniúchóireachta agus den Choiste Riosca ag tráth amháin eile. Tá tinreamh gach comhalta den Choiste ag na cruinnithe sin leagtha amach i dTábla 10.

Tábla 10: Tinreamh ag cruinnithe coiste na Stiúrthóireachta – An Coiste Iniúchóireachta

Comhalta	Líon cruinnithe	Tinreamh
P. Cross (Cath.)	7	7
G. Doyle ⁸	5	2
J. Mooney	7	7
J. Hynes	7	6
D. Smith	7	6
S. McGovern	7	6
S. Ryan ⁹	5	4
L. McGuinness ¹⁰	7	6

5 Alt 33 den Acht Sláinte 2004 arna leasú ag alt 10 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014*

6 Alt 33B den Acht Sláinte 2004 arna leasú ag alt 11 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014*

7 Alt 34A den Acht Sláinte 2004 arna leasú ag alt 12 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014*

8 Éirithe as an gCoiste Iniúchóireachta ar ab 16ú Iúil 2015, de bharr cúinsí oibre.

9 Ceaptha ar an gCoiste Iniúchóireachta ar an 16ú Márta 2015

10 Scortha mar chomhalta den Stiúrthóireacht ar 31ú Nollaig 2015, ar éis éirí as an HSE.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí ar chruinnithe an Choiste go rialta, agus freastalaíonn an tArd-Stiúrthóir agus comhaltaí eile den Fhoireann Cheannasaíochta ar chruinnithe nuair is gá.

D'fhreastail na hiniúcháirí seachtracha (Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste) ar chruinnithe den Choiste Iníúcháireachta de réir mar ba ghá agus bhí rochtain dhíreach acu ar Chathaoirleach an Choiste i gcónaí. Bhuail an Coiste le hiniúcháirí seachtracha an FSS chun pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hiniúcháireachta bliantúil ar ráitis airgeadais bhliantúla agus cuntais leithghabhála 2014 an FSS.

Tá an Coiste Iníúcháireachta freagrach, i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóir, as treorú, tacú agus maoirseacht a dhéanamh ar obair Rannáin Iníúcháireachta Inmheánaí an FSS. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí ar chruinnithe an Choiste Iníúcháireachta ar fad, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta.

Fuair an Coiste tuairiscí ón mbainistíocht faoi ghnéithe a bhain le rialú airgeadais, bainistíú ar rioscaí airgeadais agus luach ar airgead ó am go ham.

Faoi réir reachtaíochta, chuir an Coiste tuairisc scríofa ar fáil don Ard-Stiúrthóir agus don Stiúrthóireacht i dtaca le gnéithe ar thug sé comhairle fúthu agus le gníomhaíochtaí an Choiste i rith 2015. Cuireadh cóip den tuairisc sin ar fáil don Aire.

An Coiste Riosca

Cheap an Stiúrthóireacht an Coiste Riosca faoi réir an *Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013* chun críocha cuidiú agus comhairle a thabhairt i dtaca le córais bainistíochta riosca an FSS chun a chinntiú go bhfuil cur chuige pleanáilte agus córasach ann chun rioscaí a aithint, a mheas agus déileáil leo, agus chun deimhnithe a thabhairt go bhfuil na freagairtí éifeachtach.

Feidhmíonn an Coiste Riosca mar chomhairleoir agus níl aon ghnó Feidhmiúcháin aige.

Is iad na dualgais atá ar an gCoiste ná comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht agus d'Ard-Stiúrthóir an FSS araon i dtaca le cúinsí neamhairgeadais a bhaineann lena bhfeidhmiúcháin, comhairle a chur orthu faoi na nithe seo a leanas san áireamh:

Tábla 11: Tinreamh ag cruinnithe coiste na Stiúrthóireachta – An Coiste Riosca

Comhalta	Líon cruinnithe	Tinreamh
T. Beegan (Cath.)	6	6
G. Crowley	6	4
S. Kelly	6	6
P. Kirwan	6	5
M. Murphy	6	3
S. O'Keeffe	6	6

- Próisís a bhaineann le haitheantas, tomhas, measúnú agus bainistíocht riosca san FSS.
- Cultúr cuí bainistíochta riosca a chur chun cinn ar fud na seirbhíse sláinte.

De réir dea-chleachtas rialachais, tá Cairt curtha i bhfearas ag Coiste Iníúcháireachta an FSS. Sa Chairt, leagtar amach go sonrach ról, dualgais chomhairleoireachta agus údarás an Choiste, mar aon le cúinsí áirithe riaracháin. Aithníonn Cairt an Choiste Iníúcháireachta an bunú a rinne an FSS ar Choiste Riosca ar leith den FSS, a thuairiscíonn don Stiúrthóireacht agus atá freagrach as comhairle a chur ar an Stiúrthóireacht faoi nithe a bhaineann le gach saghas riosca a bhaineann le hairgeadas.

Ballraíocht

Tá an Coiste Riosca ceaptha ag an Stiúrthóireacht, tá comhalta amháin den Stiúrthóireacht air agus ní bheidh níos lú ná ceathrar eile air a mbeidh na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh.

Bhí na daoine seo a leanas in gcomhaltaí den Choiste Riosca in 2015:

- Tom Beegan (Cathaoirleach) – POF agus Stiúrthóir Bainistíochta, Tom Beegan and Associates, agus iar-POF, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Ger Crowley – Oibrí Sóisialta
- Simon Kelly – Comhairleoir Fuinnimh agus iar-POF ar an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
- Pat Kirwan – Leas-Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Margaret Murphy – WHO Othair do Shábháilteacht Othar
- Dr. Stephanie O'Keeffe – Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte agus Folláine.

Cruinnithe

Bíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus Fíorú Cálíochta ag gach cruinniú den Choiste. Tagann an tArd-Stiúrthóir, Stiúrthóir Náisiúnta eile, nó aon fostaí eile chuig cruinnithe ar chuireadh ón gCoiste.

Bíonn cruinniú ar leith ag comhaltaí an Choiste leis an Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhu agus Fíorú Cálíochta uair sa bhliain ar a laghad.

Chuir an Coiste tuairisc scríofa ar fáil don Ard-Stiúrthóir agus don Stiúrthóireacht i dtaca le gnéithe ar thug sé comhairle fúthu agus le gníomhaíochtaí an Choiste i rith 2015. Cuireadh cóip den tuairisc sin ar fáil don Aire.

Idirchaidreamh idir na Coistí Iníúcháireachta agus Riosca

Tá freagrachtaí ar an gCoiste Iníúcháireachta agus ar an gCoiste Riosca araon maidir le soláthar eolais faoi réimsí áirithe den bhainistíocht riosca agus de na rialuithe inmheánacha. Chas cathaoirligh an dá Choiste le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana chun comhordú a dhéanamh ar chláir oibre an dá Choiste agus chun soiléireacht leanúnach a chinntiú i dtaca lena réimsí freagrachta faoi seach.

Bhí miontuairiscí chruinnithe gach Coiste acu go rialta ar chláir chruinnithe a chéile i rith na bliana, agus réachtáladh comhchruinniú den dá Choiste ag tráth amháin.

Chuir an dá choiste araon comhairle ar fáil i dtaca leis an bhforbairt ar Chláir Riosca Corparáidigh an FSS, ina raibh rioscaí neamhairgeadais agus airgeadais araon, agus i dtaca le feabhas a chur ar an bpróiseas chun an Clár a bhainistíú agus a chothabháil.

Tacaíocht do na Coistí

Faigheann an Stiúrtóireacht agus a Coistí tacaíocht ón Rúnaí Corparáideach, Dara Purcell.

An Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte

Le foilsiú Straitéis Ríomhsheirbhísí Sláinte d'Éirinn i ndeireadh 2013, tugadh aitheantas do ról criticiúil na Ríomhsheirbhísí Sláinte i gcumasú athchóirithe bunúsach sa tseirbhís sláinte. Ó na céimeanna atá tógtha go dtí seo, tá sé ar chumas an FSS tús a chur le cruthú struchtúir a cheadóidh do Ríomhsheirbhísí Sláinte a bheith ina gcatalaíochta don athchóiriú ar chúram sláinte in Éirinn.

Bhunaigh Stiúrtóireacht an FSS Coiste Ríomhshláinte Éireann i ndeireadh Fómhair 2015. An aidhm atá leis an gCoiste ná tacaíocht agus treoir a thabhairt d'fheidhmiú Straitéise Ríomhshláinte Éireann trí *Phlean Eolais agus Faisnéise* an FSS a chur i bhfeidhm.

Díríonn an Coiste go bunúsach ar sholáthar de shaineolas, treoraíocht agus deiseanna líonraithe a chinntiú don OoCIO mar chúnamh do sheachadadh a chlár oibre.

Cuireann an Coiste comhairle ar an Stiúrtóireacht i dtaca le:

- Próiseas foriomlán an OoCIO i bhfeidhmiú a *Phlean Eolais agus Faisnéise*
- Na rioscaí d'fheidhmiú an *Phlean Eolais agus Faisnéise*, ag cur san áireamh an timpeallacht maicreacnamaíoch reatha agus ionchasach agus an timpeallacht cúram sláinte, ag baint úsáide as an gclár oibre móriomlán don athchóiriú cúram sláinte agus as saineolas an ghrúpa
- Gníomhaíocht chúí chun na caighdeán is airde a choinneáil i dtaca le hionracas agus macántacht ar fud an OoCIO de réir an Chóid Rialachais
- Clár riosca rannacha an OoCIO go léir agus comhairle faoin bpróiseas bainistíochta riosca atá i mbun oibre san OoCIO
- Cothabháil agus cur chun cinn ar chultúr a chumasóidh seachadadh an *Phlean Eolais agus Faisnéise*
- Tuarascálacha rialta a chur ar fáil faoin chlár oibre bliantúil an OoCIO maidir le soláthar dóthain acmhainní agus an seasamh cúí a bheith ag an bhfeidhm seo laistigh den FSS.

In 2016, iarrfar ar an gCoiste comhairle agus treoraíocht a chur ar fáil faoi réimsí de chlár a bheidh sainithe roimh ré. Lena chois sin, iarrfar ar an gCoiste comhairle a thabhairt agus tagairt a dhéanamh do chruthú fheidhm Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann.

Ar an Coiste Ríomhsheirbhísí Sláinte Éireann tá daoine aonair a bhfuil inniúlachtaí an-ábhartha acu chun tacú le Príomhoifigeach Faisnéise (CIO) an FSS i bhfeidhmiú na straitéise. Déanfaidh sé athbhreithniú agus tabharfaidh sé moltaí d'fheidhmiú na straitéisí don CIO, agus tabharfaidh sé comhairle don CIO agus do Stiúrtóireacht an FSS i dtaca le cinntí infheistíochta ICT.

Ballraíocht

Tá saineolas agus taithí ag an gCoiste i dtaca le réimse leathan de scileanna agus d'eolas ar a n-áirítear:

- Córais agus eagrú seirbhísí sláinte
- Córas sláinte na hÉireann agus an clár athchóirithe
- Eolas cliniciúil ar réimse leathan de chúraim agus de phróisis chúram (taithí ar fheidhmiú ICT más féidir)
- Crua-earraí agus bogearraí teicneolaíochtaí ICT (bainteach le sláinte ach go háirithe)
- Forbairt ar chórais mhóra agus imscaradh i dtimpeallachtaí coimpléascacha

- Próisis agus nósanna imeachta do mheastóireacht ar chórais mhóra, measúnacht eacnamaíoch agus monatóireacht ar thionscadail choimpléascacha
- Socrúcháin tráchtála gnó d'Airgeadas agus ICT Sláinte
- Nuálaíocht Sláinte mar aon le feidhmiú agus úsáid teicneolaíochtaí don nuálaíocht
- Forbairt agus feidhmiú córais ICT sláinte idirnáisiúnta

Seo é ballraíocht an choiste:

- An tOllamh Mark Ferguson – POF, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (Cathaoirleach)
- An tOllamh Brian Caulfield – Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta, An tIonad Eolaíochtaí Sláinte (Leaschathaoirleach)
- Muiris O'Connor – Rúnaí Cúnta, An Roinn Sláinte
- Eibhlin Mulroe – POF, An Comhghrúpa Taighde Oinceolaíochta Uile-Éireann (ICORG)
- Enda Kyne – Stiúrtóir IT agus Athchóirithe Teicneolaíochta, RCSI
- Derick Mitchell – POF, Ardán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal (IPPOS)
- An tOllamh George Crooks – Stiúrtóir Míochaine NHS24, Stiúrtóir Scotland Telehealth
- An tOllamh Joe Peppard – An tOllamh le Bainistíocht agus Teicneolaíocht, Ollscoil na hAstráile Theas (Beirlín)
- Andrew Griffiths – Príomhoifigeach Faisnéise NHS na Breataine Bige
- Dr. James Batchelor – Stiúrtóir an Aonaid Taighde Faisnéisíochta Cliniciúil, Ollscoil Southampton
- Dr. Colin Doherty – Comhairleoir, Ospidéal San Séamas (Titeamas)
- Dr. Brian O'Mahony – Bainisteoir Tionscadail ICT Náisiúnta, Clár GPIT
- Dr. Áine Carroll – Stiúrtóir Náisiúnta, Straitéis agus Clár Chliniciúla, FSS
- Dr. Stephanie O'Keeffe – Stiúrtóir Náisiúnta, Sláinte agus Folláine, FSS
- Leo Kearns – Ceannasaí Náisiúnta, Athchóiriú agus Athrú, FSS
- Ger Reaney – Príomhoifigeach, Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail (FSS)
- Dr. Susan O'Reilly – POF, Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath (FSS)
- An tOllamh Jane Grimson – Iar-Stiúrtóir Faisnéis Sláinte, HIQA
- Richard Corbridge – Príomhoifigeach Faisnéise, FSS
- Henry Minogue – VP, Príomhoifigeach Faisnéise, Virgin Media, Éire
- Helen McBreen – Stiúrtóir Infheistíochta, Atlantic Bridge Capital
- Yvonne Goff – Treoirifigeach Faisnéise, FSS
- Deirdre Lee – Bunaitheoir, Derilinx
- Diane Nevin – Bunaitheoir, Health Evident
- Dr. Martin Curley – Ollamh le Teicneolaíocht agus Nuálaíocht Gnó, OÉ Maigh Nuad; Stiúrtóir, Institiúid um Luach Nuálaíochta Shaotharlanna Eorpacha Intel
- Barry Heavey – Ceannasaí na nEolaíochtaí Beatha, An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (IDA).

Tá na comhaltaí ceaptha ag Stiúrtóireacht an FSS agus freastalaíonn siad ar feadh tréimhse dhá bhliain ar dtús agus an rogha ann trí bliana eile a chur le ceapacháin aonair.

Cruinnithe agus Doiciméadú

Reáchtáladh dhá chruinniú in 2015:

- 22ú Deireadh Fómhair – Forbhreathnú ar an gClár Ríomhshláinte Éireann agus treoraíocht don phróiseas rialachais agus do nósanna imeachta do Ríomhshláinte Éireann.
- 17ú Nollaig – Fócas ar an gClár um Aitheantóir Aonair Sláinte agus ar an acmhainn faisnéise gnó.

Mar gheall go mbeidh an Coiste ag oibriú leis an CIO sna chéad bhlianta chun forbairt a dhéanamh ar straitéisí, cuir chuige, tosaíochtaí agus measúnacht ar infheistíochtaí, meastar go dtiocfaidh sé le chéile idir ceithre huairé agus sé huairé sa bhliain.

Tá tacaíocht ag Coiste Ríomhshláinte Éireann ó rúnaireacht a chuirtear ar fáil trí Oifig an CIO (OoCIO).

Déanann Coiste Ríomhshláinte Éireann a mhiontuairiscí, cláir oibre, agus ábhar a fhoilsiú ar shuíomh idirlín Ríomhshláinte Éireann chun díriú ar an gclár oibre follasachta maidir leis an réimse seo.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Ráiteas um Fhreagrachtaí Chomhaltaí na Stiúrthóireachta

i dTaca leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú de réir an dlí is infheidhme.


Éilíonn Alt 36 den Acht Sláinte, 2004 (arna leasú leis an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013) ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a ordóidh an tAire Sláinte de réir caighdeán cuntasáíochta a shaineoidh an tAire.

In ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil, éilítear ar Stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasáíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- faisnéisiú agus míniú a thabhairt faoi aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasáíochta is infheidhme, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí glacadh leis go leanfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasáíochta ina nochtar staid airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le cruinneas réasúnach ag am ar bith. Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a ghlacadh de lámh chun calaois agus neamhréireanna eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an FSS



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais seo an staid ina bhfuiltear sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015.

1. Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Bunaíodh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) de réir ordú ón Aire ar an 1 Eanáir 2005 de réir fhorálacha an Acht Sláinte, 2004. Tar éis an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013, a theacht i bhfeidhm bunaíodh Stiúrthóireacht an FSS mar an comhlacht rialaithe ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus é freagrach don Aire Sláinte as feidhmíocht an FSS. Ceadaíonn an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013 don Aire Sláinte treoracha a thabhairt don FSS faoi fheidhmiú beartas agus spriocanna Aireachta agus rialtais, agus tosaíochtaí a leagan síos a gcaithfidh an FSS aird a thabhairt orthu in ullmhú a plean seirbhíse.

Mar aon lena fheidhmeanna mar chomhalta den Stiúrthóireacht agus mar chathaoirleach ar an Stiúrthóireacht, tá feidhmeanna eile ag an tArd-Stiúrthóir ar a n-áirítear feidhmiú, bainistiú agus rialú ar riarachán agus gnó na Stiúrthóireachta. Rinneadh Vóta an FSS a dhíbhnú ar an 1 Eanáir 2015, faoi réir na bhforálacha san de réir an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Aire thar cheann na Stiúrthóireachta as feidhmíocht fheidhmeanna na Stiúrthóireachta agus feidhmíocht na Feidhmeannachta.

Tá freagracht foriomlán ar an Stiúrthóireacht i dtaca le córas um rialú inmheánach airgeadais an FSS agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá Rialú Inmheánach Airgeadais deartha mar phróiseas atá déanta ag comhlacht rialaithe aonáin chun dearbhú réasúnach a thabhairt faoi aimsiú cuspóirí ar nós:

- Iontaofacht an tuairiscithe airgeadais
- Comhlíontacht na reachtaíochta agus na rialachán ábhartha
- Gnóthachtáil éifeachtach chuspóirí na heagraíochta
- Cosaint sócmhainní
- Cuibheas agus Rialtacht

Tá an bhainistiúocht ag gach leibhéal den FSS freagrach don Ard-Stiúrthóir as feidhmiú agus cothabháil an rialaithe inmheánaigh airgeadais de bhreis ar a bhfeidhmeanna féin. Tá leabú seo an chórais um rialú inmheánach deartha d'fhonn a chinntiú go mbeidh an FSS in ann ní amháin aimsiú a dhéanamh agus déileáil le cúinsí rialaithe má thagann siad chun cinn, ach freisin go gcruthóidh sé cultúr cuntasachta agus freagrachta agus go mbeidh prótacal gearaithe i bhfearas.

I rith 2015, thug an FSS Creat Freagrachta isteach a léiríonn go soiléir na dualgais atá ar bhainisteoirí agus a thugann mionchuntas ar na bealaí a gcaithfidh an tseirbhís sláinte, Grúpaí Ospidéal agus Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail ach go háirithe, a bheith freagrach maidir lena dtimpeallacht rialuithe.

Ar aon dul leis na córais iomlána um rialú inmheánach airgeadais, is amhlaidh go bhfuiltear ag súil go laghdóidh an FSS an riosca seachas fáil réidh leis go hiomlán, agus dá réir ní féidir leis ach dearbhú réasúnach a thabhairt, seachas dearbhú iomlán, go bhfuil na sócmhainní cosanta, go bhfuil bearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtáí ábharacha nó go dtabharfar faoi deara iad go tráthúil.

Caitheann FSS cistí poiblí ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar do phobal na hÉireann. Tá na dualgais a bhain le caiteachas iomlán de €14.3 billiún a thabhaigh an FSS in 2015 dian i dtéarmaí cuntasachta agus follasachta d'fhonn ár bhfreagracht a chomhlíonadh maidir leis an maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte agus ó fhoinsí eile chuige sin. Sonraítear na dualgais seo san Acht Sláinte 2004 arna leasú leis an Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013, sa Chód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit, san tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014 agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2. Bunús an Ráitis

Tá an ráiteas seo á dhéanamh agamsa, mar Chathaoirleach na Stiúrthóireachta, de réir an riachtanais atá leagtha síos in *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009)* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3. Rialú Airgeadais agus Córais IT

Is córas dinimiciúil é an córas um rialú inmheánach airgeadais. Déantar an córas a fhorbairt, a chothú agus a mhonatóiriú go leanúnach mar fhreagairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht.

Cruthaíonn timpeallacht na gCórais IT Airgeadais reatha san FSS dúshlán bhreise d'oibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá na córais dhéabhlóidithe airgeadais iolrach agus ilroinnte agus tá dearbhú déanta ag roinnt athbhreithnithe seachtracha ar an comhdhearadh i measc lucht airgeadais an FSS nach bhfuil an tsamhail oibriúcháin airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm. Braithéann an FSS ar réiteach tuairiscithe eatramhach chun tacú le gach tuairisciú airgeadais ag leibhéal náisiúnta ar a n-áirítear tuarascálacha míosúla bainistíochta chomh maith leis Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Iompórtálann an córas seo sonraí ó 12,000 costionad sa mhí ó chórais oidhreachta an FSS agus déantar é a athainlísiú de láimh d'fhonn tacú le tuairisciú náisiúnta. Ó tharla nach bhfuil córas náisiúnta amháin ann tá sé riachtanach obair shuntasach a dhéanamh de láimh d'fhonn a chinntiú go bhfuil na mórleabhair áitiúla agus an córas náisiúnta sioncrónaithe agus réitithe. Tá an cur chuige tuairiscithe seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfanais athruithe ar an struchtúr eagraíochta, agus aosú na gcórais.

Beidh an Múnla Oibriúcháin Airgeadais (FOM) nua don tSláinte in ann freastal ar na riachtanais a bheidh sa todhchaí ag timpeallacht sláinte fhuinniúil agus choimpléascach mar aon le bheith in ann díriú ar na dúshláin a bhaineann leis an gcleachtas bainistíochta airgeadais atá ann faoi láthair. Cuirfidh an múnla nua athrú ó bhun, geall leis, ar an bhfeidhm Airgeadais agus dá réir treiseofar an timpeallacht rialaithe airgeadais níos fearr laistigh den FSS.

Tá trí réimse lárnacha den Chlár Athchóirithe Airgeadais a bhfuil cead faighte ina leith agus cuireadh iad sin chun cinn i rith 2015:

- Cobhsú ar na córais oidhreachta san Iarthar agus sa Deisceart
- An Córas Náisiúnta Tuairiscithe Airgeadais a uasghrádú go dtí Córas Tuairiscithe Corparáideach (CRS)
- Soláthar Bhabhta 1 den Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (IFMS)

3.1 Cobhsú ar na córais oidhreachta san Iarthar agus sa Deisceart

Tá cead faighte ón mBord um Athchóiriú Airgeadais, ar a bhfuil comhaltáí ón FSS, an Roinn Sláinte agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun dul ar aghaidh leis an gcéad chéim de thionscadal chun cobhsú a dhéanamh ar na córais oidhreachta san Iarthar agus sa Deisceart. An eochairchuspóir atá leis an tionscadal Cobhsaithe/Cuíchóirithe ná deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le feidhmiú na gcóras cuntasaithe reatha agus na gcóras ceannachán atá san Iarthar agus sa Deisceart agus a chinntiú go bhfuil na réimsí reachtúla go léir san FSS ag oibriú a bpróiseas lárnach cuntasaithe airgeadais agus soláthair le bogearraí Pleanála Acmhainní Fiontraíochta (ERP) a bhfuil tacaíocht iomlán acu agus atá cobhsaí. Tá an tionscadal cobhsaithe ina chéim lárnach eatramhach de sholáthar córais aonair náisiúnta airgeadais. Beidh ceantar an Mheán-Iarthair ar an gcéad cheantar a gcuirfear cód cuideachta SAP nua i bhfeidhm ann in R4 2016 agus rachaidh an 2ú céim cobhsaithe i bhfeidhm in R3 2017.

3.2 An Córas Náisiúnta Tuairiscithe Airgeadais a Uasghrádú

Cuirfear uirlís nua faisnéise agus tuairiscithe in áit an Réitigh Náisiúnta Tuairiscithe Airgeadais ar ardán nua uasghrádaithe. Ceadóidh an rogha seo don FSS tuairiscí a rith ó bhunachar aonair sonraí a ghlacfaidh ionchuir ón ERP oidhreachta reatha a bheidh mapáilte go hiomlán go dtí leibhéal ionaid chostais agus chlár comhardaithe. Tar éis tástáil rathúil comhthreomhar a chur i gcrích, déanfar an CRS reatha agus na réitigh thuairiscithe "malartacha" go léir a scor go hordúil.

3.3 Soláthar Bhabhta 1 IFMS (Ardán ERP)

Tá ceadú faighte i scríbhinn ó Oifig Phríomhoifigigh Faisnéise an Rialtais (OGCIO) don Ráiteas Tionchair Gonta (SIS) don réiteach eatramhach FI a mbeifear ag lorg tairiscintí dó roimh dheireadh na Bealtaine 2016. Tá an fhoireann mheastóireachta tairiscintí FI roghnaithe agus táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm faoi dheireadh 2016.

Baineann an próiseas tairisceana IFMS le soláthar ardáin bhogearraí ERP don IFMS. Tá an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) i gceannas an tsoláthair.

Tar éis athbhreithnithe, socraíodh an próiseas soláthair a chur i bhfeidhm mar Iarratas Oscailte atá ina phróiseas aonchéime. Is é an Iarratas Oscailte an bealach soláthair is éifeachtaí do Bhabhta 1 chun cloí leis na hamlínte atá riachtanach. Tá an dearcadh seo deimhnithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus tá sé mar mholadh ag an Grúpa Stiúrtha um Athchóiriú Airgeadais (6ú Bealtaine 2016). Tá bailchríoch curtha ar an gcéad dréacht de na doiciméid don Mháistir-mhúlna Riachtanas agus Praghsála atá le corprú sa doiciméad Tairisceana agus tá sé curtha chuig OGP. Déanfaidh an Grúpa Foinsíocháin (FSS/OGP) athbhreithniú ar an gcáipéisíocht Tairisceana i mBealtaine 2016. Lena chois sin, tá OGP ag déanamh forbartha ar phlean tionscadail mionsonraithe don Phróiseas Oscailte Soláthair. Meastar go mbeidh bailchríoch curtha ar sholáthar Bhabhta 1 IFMS sa ráithe deiridh den bhliain reatha.

Conclúid

Tá feidhmiú an IFMS roinnte ina chéimeanna aonair agus ina chéimeanna soláimhsithe agus pointí lárnacha seiceála nó cinnidh ag gach céim. An chéad chéim eile is ea aistriú chóras oidhreachta an Mheán-Iarthair chuig cód

cobhsaíochta cuideachta, uasghrádú go dtí réiteach Náisiúnta Tuairiscithe Airgeadais agus soláthar an ardáin IFMS ERP atá sceidealaithe a bheith críochnaithe sa ráithe deiridh den bhliain reatha.

Táthar ag súil go mbeidh bailchríoch in R4 2016 ar thogra i dtaca le Céim 2 den Chobhsaíocht ar a n-áirítear an chéad suíomh eile agus nithe atá foghlamtha ó fheidhmiú Chéim 1.

Ní féidir an t-amscála ar an bplean IFMS féin a dheimhniú nó go mbeidh:

- Soláthróir roghnaithe an ardáin IFMS ceaptha
- Toradh an togra cobhsaíochta do Chéim 2 ar eolas
- Soláthróirí an chomhtháthaithe córas, an phróisís bainistíochta athraithe agus na seirbhísí bainistithe a cheapadh.

Ach sin ráite, tarlóidh an fheidhmiú ina chur chuige céimneach mar atá leagtha amach i gcás gnó an FSS don athchóiriú airgeadais, ag tosú leis na feidhmeanna náisiúnta, Grúpaí Ospidéal agus CHOnna, agus na heagraíochtaí móra S39 ina dhiaidh sin.

Tá feidhmiú iomlán ar chóras náisiúnta IFMS a bheidh comhtháite go hiomlán ina chuid de phlean athchóirithe airgeadais cúig bliana an FSS. Baineadh spriocanna suntasacha amach in 2015 a chuirfidh ar chumas an FSS seachadadh a dhéanamh ar fheabhsúcháin ghearrthéarmacha i bpróisís agus i rialuithe mar aon leis an sprioc fadtéarmach d' Athchóiriú Airgeadais.

4. Gnáthaimh Airgeadais agus Rialachais

Tá an FSS tiomanta d'athbhreithniú leanúnach ar phróisís airgeadais agus rialachais chun cultúr éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.

4.1.1 Tá **Cód Rialachais** an FSS leagtha amach ar www.hse.ie. Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin, beartais agus gnáthaimh reatha atá le cur i bhfeidhm laistigh de agus ag an FSS agus ag na gníomhaireachta a mhaoiníonn sé chun seirbhísí a chur ar fáil thar a cheann. Rinneadh nuashonrú ar an gCód in 2015 tar éis comhairliúcháin agus taighde agus cheadaigh an tAire Sláinte é de réir Alt 35 den Acht Sláinte 2004 agus léiríonn sé na riachtanais atá sa Chód Cleachtais do Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit. Tá dualgas ar an bhfoireann eolas iomlán a bheith acu ar a bhfreagrachtaí mar atá imlíne go soiléir sa Chód agus is dá réir sin a dhéanfar gach comhlíontacht a thagarmharcáil.

4.1.2 **An Creat Freagrachta:** In 2015, thug an FSS Creat Freagrachta isteach a léiríonn go soiléir na dualgais atá ar bhainisteoirí agus a thugann mionchuntas ar na bealaí a gcaithfidh an tseirbhís sláinte, Grúpaí Ospidéal agus CHOnna ach go háirithe, a bheith freagrach as a n-éifeachtúlacht agus a rialú maidir le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus an fórsa saothair. Forbairt thábhachtach is ea tús a bheith curtha le **Creat Freagrachta** mar chuid de shocrúithe rialachais iomlána an FSS, agus tacóidh sé le feidhmiú na struchtúir nua seirbhíse sláinte. Tá cuid mhór de na próisís fhreagrachta i bhfearas cheana féin agus iad ná oibriú le roinnt blianta. Seo iad na príomhfhorbairtí do 2015:

- Comhaontuithe Feidhmíochta foirmiúla a thabhairt isteach idir an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí Náisiúnta agus idir na Stiúrthóirí Náisiúnta agus na POFanna nuacheaptha Grúpaí Ospidéal agus na Príomhoifigigh CHO.

- Próiseas foirmiúil géaraithe agus idirghabhála a thabhairt isteach do sheirbhísí tearcfheidhmíochta ina n-áireofar réimse de smachtbhannaí do thearcfeidhmíocht shuntasach nó leanúnach.
 - Socruithe nua bainistíochta ag leibhéal náisiúnta do na Príomhoifigigh nua CHO.
 - Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta a bhunú le cur in áit an Ghrúpa Náisiúnta Dearbhaithe, Pleanála agus Feidhmíochta (NPPAG).
- 4.1.3 Tá **creat nósanna imeachta riaracháin** agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas, córas tarmilgín agus cuntasachta, córas chun caiteachas a údarú agus tuairiscí rialta bainistíochta.
- 4.1.4 Tá **Rialacháin Airgeadais Náisiúnta** an FSS ina gcuid lárnach den chóras um rialú inmheánach airgeadais agus iad ullmhaithe chun léargas a thabhairt ar an gcleachtas reatha is fearr. Rinneadh iarracht ar leith a chinntiú go bhfuil na Rialacháin Airgeadais ag cloí le riachtanais reachtúla, le ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le treoirlínte na hearnála poiblí. Sna Rialacháin Airgeadais Náisiúnta leagtar amach na teorainneacha airgeadais, de réir ghrád na foirne, i dtaca le ceadú conartha soláthair, caiteachas airgeadais agus maoin, agus idirbhearta maoin. Tá sé éigeantach ar fud na heagraíochta go gcloífid le Rialachán Airgeadais Náisiúnta. Próiseas leanúnach is ea forbairt agus cothabháil shraith Rialachas Airgeadais Náisiúnta an FSS, agus tá rialacháin nua agus nuashonruithe ar rialacháin reatha á n-eisiúint ar bhonn tréimhsiúil mar fhreagairt do riachtanais nua nó riachtanais atá ag teacht chun cinn.
- 4.1.5 Tá **córas buiséid déabhlóidithe** i bhfeidhm le bainisteoirí sinsearacha atá freagrach as feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe cuntasachta agus cuntas maidir le hathruithe suntasacha buiséid a thuairisciú don Ard-Stiúrthóir laistigh den chreat foirmiúil um meantóireacht feidhmíochta atá ag an nGrúpa Náisiúnta Dearbhaithe Pleanála agus Feidhmíochta (NPOG). Tá sé de dhuilgais ar an NPOG, mar chuid dá bpróiseas iomlán freagrachta, dualgas a chur ar gach Stiúrthóir Náisiúnta mar Cheannasaí ar a Rannáin faoi seach, as an bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta
- 4.1.6 Reáchtáiltear **próiseas caighdeánaithe breithmheasa** mionsonraithe i ndáil le gach tionscadal caipitil a bhfuil buiséad de bhreis ar €0.5 milliún luaithe leis. Déanann Coiste Stiúrtha Náisiúnta Caipitil na Seirbhíse Sláinte breithmheas ar gach tionscadal atá le cur sa Phlean Caipitil faoi réir *Chód Caiteachais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2012). Tá gach mórthionscadal caipitil a bhfuil breis is €20 milliún de bhuiséad luaithe leo faoi réir **anailís costais is tairbhe** shonrach faoi réir an *Chóid Chaiteachais Phoiblí*. Déanann Foirne Ceannasaíochta/Stiúrthóireachta athbhreithnithe ar an gclár caipitil ar bhonn rialta. Tá ionadaíocht gach Roinn Seirbhíse ar an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta Caipitil.
- 4.1.7 **Tá na nósanna imeachta a bhaineann le héadálacha agus diúscairtí maoin** ag an FSS ag cloí leis na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha síos in Alt 78 agus 79 den Acht Sláinte 1947, mar a leasaíodh ag an Acht Sláinte 2004. Tá sé d'údarás ag an gCeannasaí Eastát idirbhearta maoin atá beartaithe a cheadú suas go dtí teorainn €2 mhilliún, ó bheidh siad molta le faomhadh ag an nGrúpa Athbhreithnithe Maoin. I gcás idirbhearta os cionn an iomláin sin, caithfidh an tArd-Stiúrthóir iad a cheadú, ón am a mbeidh siad ceadaithe ag an nGrúpa Athbhreithnithe Maoin agus formhuinith ag an bhFoireann

Cheannasaíochta. Nuair a bheid idirbhearta os cionn €2 mhilliún ceadaithe ag an Ard-Stiúrthóir, ní mór iad a chur faoi bhráid na Stiúrthóireachta ansin chun an cead deiridh a fháil. Ní mór cead na Stiúrthóireachta a fháil chun aon mhaoin a dhíúscairt faoi bhun luach an mhargaidh.

- 4.1.8 Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS chun **comhlíontacht le gach ciorclán pá agus taistil a eisiúint an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe** a chinntiú. Déileáiltear le haon eisceachtaí aitheanta agus tuairiscítear a leithéid don Aire Sláinte go bliantúil, de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

4.2 Maoirseacht na Stiúrthóireachta

Mar chomhlacht rialaithe an FSS, tá freagracht fíoriomlán ar an Stiúrthóireacht maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus bainistíocht riosca. Is ceadmhach don Stiúrthóireacht coistí a bhunú chun cúnaimh agus comhairle a sholáthar i dtaca le feidhmíocht a dhualgais agus a feidhmeanna.

- 4.2.1 Bunaíodh an **Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta (NPOG)** in 2015 mar chuid de na socrúcháin do chuntasacht threisithe. Tá údarás tarmilgthe foirmiúil ón Ard-Stiúrthóir ag NPOG chun feidhmiú mar eochairmheicníocht freagrachta don tseirbhís sláinte agus chun tacaíocht a thabhairt dó féin agus don Stiúrthóireacht i gcomhlíonadh a ndualgais rialaithe agus cuntasachta.

Lena chois sin, bhunaigh an Príomhoifigeach Airgeadais Grúpa Náisiúnta Cinnteachta Rialuithe Airgeadais in 2015 mar fhreagra ar riachtanas aitheanta chun athraithe. An príomhchuspóir atá leis ná tacaíocht phraiticiúil ardléibhéil a chur ar fáil mar aon le comhordú agus spás réitigh fadhbanna maidir le réimse de chúinsí comhlíontachta rialaithe agus airgeadais atá anois ina gcúinsí leanúnacha bliantúla sna hathbhreithnithe ar rialuithe inmheánacha a dhéanann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, Iniúcháireacht Inmheánach agus athbhreithnithe eile. Á dhéanamh sin, tá sé i gceist cultúr feabhsaithe freagrachta a chur chun cinn i leith athraithe ar fud an FSS agus breis tacaíochta a thabhairt don chóras um rialú inmheánach airgeadais laistigh den eagraíocht. An POA atá ina chathaoirleach ar an NFCAG agus tuairiscíonn sé don NPOG.

- 4.2.2 Bunaíodh **Coiste Iniúcháireachta** nua in Eanáir 2014 faoi réir fhorálacha an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013. Tá cathaoirleach neamhspleách ar an gCoiste Iniúcháireachta agus tá comhalta den Stiúrthóireacht air mar aon le ceathrar comhaltaí seachtracha. Is í an Stiúrthóireacht a cheapann an Coiste Iniúcháireachta. Gníomhaíonn sé mar chomhairleoir agus níl aon ghnó Feidhmiúcháin aige.

I dtús 2014, ghlac an Coiste le **Cairt Choiste Iniúcháireachta an FSS** ina leagtar amach go sonrach an ról, na dualgais chomhairleoireachta agus an t-údarás atá ag an gCoiste, mar aon le cúinsí áirithe riaracháin agus rinneadh nua shonrú air in Eanáir 2015. Agus comhairle á thabhairt aige don Stiúrthóireacht agus don Ard-Stiúrthóir, bíonn fócas an Choiste Iniúcháireachta dírithe ar rialtacht agus ar chuibheas na n-idirbheartaíochtaí atá cláraithe sna cuntais, agus ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais atá an FSS a oibriú. Ionas go bhféadfadh sé a chuid dualgais a chomhlíonadh, d'aontaigh an Coiste ar chlár oibre don bhliain faoi réir Chairt an Choiste. De réir an chlár oibre seo, fuair an Coiste tuairiscithe agus páipéir rialta ón bPríomhoifigeach Airgeadais agus ó Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí, a raibh an bheirt acu ag cruinnithe den

Choiste go rialta mar aon le baill sinsearach a dá bhfoirne. Trí mhiontuairiscí a chruinnithe a chuireann an Coiste a chomhairle ar an Stiúrthóireacht go príomha. Cuirtear na miontuairiscí sin ar fáil agus bíonn siad ar chlár do chruinnithe na Stiúrthóireachta tar éis chruinnithe ábhartha an Choiste Iníúchóireachta. Coinníonn an Coiste Iníúchóireachta cuntas ar na gníomhaíochtaí atá aontaithe aige agus athbhreithníonn sé dul chun cinn na mbainistíochta i leith na ngníomhaíochtaí sin. Bhí an Cathaoirleach ag trí chruinniú den Stiúrthóireacht chun comhairle an Choiste Iníúchóireachta a thabhairt i dtaca le ráitis airgeadais an FSS 2015 sular ghlac an Stiúrthóireacht leo agus chun an Stiúrthóireacht a nuashonrú i dtaca le hobair agus comhairle an Choiste.

Tháinig an Coiste Iníúchóireachta le chéile seacht n-uaire in 2015, agus reáchtáladh comhchruinniú den Coiste Iníúchóireachta agus an Coiste Riosca ag tráth amháin eile. Lena chois sin, bhí cruinnithe aonarach a go tréimhsiúil ag Cathaoirleach an Coiste Iníúchóireachta leis an Ard-Stiúrthóir, leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, le baill sinsearach den fhoireann Airgeadais, leis an Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúchóireachta Inmheánaí agus a bhainisteoirí sinsearach, le bainisteoirí sinsearach eile agus le Cathaoirleach an Choiste Riosca. Bhuail an Cathaoirleach le hionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a d'fhreastail go tréimhsiúil ar an gCoiste Iníúchóireachta agus a raibh rochtain dhíreach i gcónaí aige ar Chathaoirleach an Choiste.

D'eisigh an Coiste Iníúchóireachta a Thuarascáil Bhliantúil don Stiúrthóireacht i mí na Nollag 2015 agus cuireadh cóip chuig an Aire Sláinte.

- 4.2.3 Bunaíodh **Coiste Riosca** nua in 2014 faoi réir fhorálacha an Acha um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2013. Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Stiúrthóireacht, tá cathaoirleach neamhspleách air mar aon le comhalta den Stiúrthóireacht agus ceathrar comhaltaí seachtracha. Feidhmíonn an Coiste Riosca faoi Théarmaí Tagartha comhaontaithe agus díríonn sé go príomha ar chabhrú leis an Stiúrthóireacht a dualgais a chomhlíonadh, trí athbhreithniú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar ar rioscaí neamhairgeadais. Choinnigh an Coiste a théarmaí tagartha agus a chlár oibre faoi athbhreithniú i rith na bliana.

Rinne an Coiste measúnacht ar an gClár Riosca Corparáideach, ar phleananna bainistíochta riosca na Rannán, ar fheidhm Sláinte & Sábháilteachta an FSS, ar thuarascálacha na hIníúchóireachta inmheánaí i dtaca le héifeachtúlacht na srianta inmheánacha neamhairgeadais, agus tuarascáil HIQA, feidhmiú mholtaí HIQA san áireamh. D'fhreastail an Stiúrthóir an Rannán Náisiúnta um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar ar na cruinnithe Coiste chun dearbhú a thabhairt faoi éifeachtúlacht na gcóras a bhí bunaithe ag an mbainistíocht chun rioscaí a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Déantar éascú ar an gcomhchaidreamh idir an Coiste Riosca agus an Coiste Iníúchóireachta trí chomhchruinniú bliantúil den dá choiste agus caidreamh rialta idir an dá chathaoirleach Coiste. Roinntear miontuairiscí gach coiste acu go cómhalartach. Tháinig an Coiste Riosca agus an Stiúrthóireacht le chéile sé huair in 2015.

- 4.2.4 Tá Rannán **Iníúchóireachta Inmheánaí** ag an FSS ina bhfuil pearsanra atá oile go cuí ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faoia ag an Stiúrthóireacht. Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúchóireachta Inmheánaí d'Ard-Stiúrthóir FSS trí Chathaoirleach an Choiste Iníúchóireachta, tá dlúthchaidreamh oibre aige leis an Ard-

Stiúrthóir agus is comhalta é d'fhoireann Cheannasaíochta an FSS. Tá an Coiste Iníúchóireachta freagrach, i gcomhar leis an Ard-Stiúrthóir, as treorú, tacú agus maoirseacht a dhéanamh ar obair Rannáin Iníúchóireachta Inmheánaí an FSS. Faigheann plean oibre bliantúil na hIníúchóireachta Inmheánaí eolas ón anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an FSS nochta ina leith agus tá sé faoia ag an gCoiste Iníúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrioscaí a chlúdach mar aon leis na rialúcháin a ghabhann leo ar bhunús rollach Fostaíonn an tIníúchadh Inmheánach seirbhís iníúchóireachta IT chun cuidiú le hiniúchtaí speisialta agus ceapadh Deloitte chun an obair sin a dhéanamh. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúchóireachta Inmheánaí ar chruinnithe an Choiste Iníúchóireachta ar fad, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Cathaoirleach an Choiste Iníúchóireachta agus leis an Ard-Stiúrthóir. Rinneadh méadú suntasach ar acmhainní foirne an Rannáin i rith na bliana le hearcú iníúchóirí agus imscrúdaitheoirí le taithí agus cáilíochtaí. De bhreis air sin, ceapadh Bainisteoir Iníúchóireachta freisin.

- 4.2.5 I rith 2015 d'oibrigh an Coiste Iníúchóireachta go dlúth le Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúchóireachta Inmheánaí chun breis forbartha agus feabhais a chur ar na príomh-thuarascálacha a eisíonn an Iníúchóireacht Inmheánach, KPlanna an rannáin agus ar fhoráid na dtuairiscí achomair agus na dtuairiscí ceartrianúcháin ar fheidhmiú moltaí a eisíonn an Iníúchóireacht Inmheánach. Tá béim curtha ar an ngá go mbeadh tuarascálacha, achoimrí agus rianairí a chuireann béim ar chúinsí baolacha i dtaca le rialú airgeadais aitheanta le linn iníúchóireachtaí inmheánacha ionas go mbeidh an Stiúrthóireacht in ann aird na mbainisteoirí sinsearach a dhírú níos fearr ar chúinsí dá leithéid. Tá nósanna imeachta i bhfearas chun a chinntiú go mbeidh na comhaltaí sonracha den Stiúrthóireacht freagrach as moltaí na hIníúchóireachta Inmheánaí agus go leanfaidh an NPOG suas iad, go ndéileáilfead leo agus go ndéanfar monatóireacht orthu.

Aon chásanna calaoise nó neamhréireanna eile a aithnítear trí athbhreithniú bainistíochta nó trí iníúchadh, díríonn an bhainistíocht orthu agus cuirtear an Garda Síochána ar an eolas. Rinneadh athbhreithniú agus athchóiriú ar Bheartas an FSS i dtaca le Calaois agus Caimiléireacht i rith na bliana.

I rith na bliana, d'aontaigh an Iníúchóireacht Inmheánach prótacal leis an gCoiste Iníúchóireachta agus leis an gCoiste Riosca faoina dtabharfar tuairisc don Choiste Riosca ar aon chúinsí riosca neamhairgeadais a aithneofar sna hiniúchtaí.

- 4.2.6 Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais á dtreorú ag obair an **Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**. Déanann an Stiúrthóireacht agus an Fhoireann Cheannasaíochta athbhreithniú ar thagairtí agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta, i dteastais iníúchóireachta nó i dtuarascálacha bliantúla agus gníomhaítear chun moltaí a chur i bhfeidhm. Déanann an Coiste Iníúchóireachta monatóireacht agus athbhreithniú ar a bhfeidhmiú.

4.3 Pleanáil, Monatóireacht Feidhmíochta agus Tuairisciú

Tá Pleanáil, Monatóireacht Feidhmíochta agus Tuairisciú ina ngnéithe lárnacha de thimpeallacht mhaith rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tá próisis agus nósanna imeachta i bhfearas ag an FSS ag gach leibhéal ar fud an FSS chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar bhuiséid agus ar phleananna, go dtuairiscítear orthu agus nuair is gá go ndéantar beart ceartaitheach ina leith.

4.3.1 Pleanáil

- Déantar pleanáil ag roinnt leibhéal laistigh den FSS agus cuirtear san áireamh ann an treoraíocht inmheánach agus seachtrach atá curtha ar fáil ar a n-áirítear, mar shampla, clár athchóirithe an Rialtais, Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, doiciméid pholasáí náisiúnta, réamhaisnéisí geilleagracha, agus tosaíochtaí cliniciúla agus cáilíochta.
- **Meastachán Bliantúil:** Ullmhaítear measúnacht ar na hacmhainní a mbeidh gá leo chun tacú le seachadadh seirbhísí éifeachtacha, sábháilte agus ardchaighdeán sa bhliain dar gcionn. Áirítear ansin tá an costas a bhaineann leis na leibhéil reatha seirbhísí a chothabháil, an tionchar atá ag athrú déimeagrafach, agus idirghabhálacha cáilíochta agus sabháilteachta. Cuireann sé san áireamh freisin tosaíochtaí an bheartais straitéisigh mar aon le héifeachtúlachtaí agus sábhálacha nach bhfuil súil leo.
- **Caidreamh leis an Rialtas:** Nuair a bhíonn an Meastachán Bliantúil tugtha ar lámh, reáchtáiltear sraith fhoirmiúil de chruinnithe leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ullmhaítear doiciméid faisnéise chun an Rialtas a chur ar an eolas go hiomlán i dtaca leis an riachtanas deiridh i réimsí tábhachtacha.
- **An Buiséad Náisiúnta:** Lá an bhuiséid náisiúnta i lár mhí Dheireadh Fómhair, nó thart air, leagann an Rialtas síos cén maoiniú go príomha a bheidh ar fáil do Shláinte agus cuirtear é sin in iúl tríd an Roinn Sláinte. Eagraítear cruinnithe leis an Roinn Sláinte chun tuiscint níos fearr a fháil ar shonraí an bhuiséid.
- **Buiséad v Meastacháin:** Tugtar faoi anailís shuntasach go himmheánach chun measúnú a dhéanamh ar aon easnamh ionchasach idir an riachtanas measta agus an leithdháileadh buiséid. Cuirtear é sin in iúl do gach Rannán na himpleachtaí ar sholáthar seirbhísí a mheas agus a chinntiú go gcoifear leis an mbuiséad atá leithdháilte agus faofa.
- **An Plean Seirbhíse Náisiúnta:** Ag teacht le hAlt 31, an tAcht Sláinte 2004 agus Alt 12, an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013, foilsíonn an FSS Plean Seirbhíse Náisiúnta ina leagtar amach cineál agus mhéid na gníomhaíochta seirbhíse a bhfuil gá leis chun cúram sláinte agus sóisialta a chur ar fáil laistigh den leithdháileadh bliantúil maoinithe atá faighte ón Aire. Leagann sé amach na spriocanna agus na tosaíochtaí príomha, na gníomhaíochtaí is gá chun iad a bhaint amach agus na bearta lena ndéanfar breithiúnas ar fheidhmíocht. Cuireadh Plean Seirbhíse Náisiúnta 2016 faoi bhráid an Aire Sláinte ar an 4 Nollaig 2015 agus cheadaigh an tAire é ar an 16 Nollaig 2015.

4.3.2 Tuairiscíú

- Cuireann **tuarascálacha tráthúla agus cuimsitheacha** faoin mbealach a bhfuil seirbhísí ag feidhmiú i gcomparáid le spriocanna éagsúla, spriocanna airgeadais san áireamh, ar chumas fhoireann agus bhainisteoirí an FSS feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus críochnúlacht seirbhísí. Ar na nithe a dhéantar:
 - Cuirtear Tuarascálacha Míosúla ar Eisceachtaí Feidhmíochta ar fáil chun eolas a thabhairt faoi chúinsí don Leas-AS roimh an NPPAG;
 - Is é an PR míosúil a fhaightear as gníomhaíocht chorparáideach, sraitheanna sonraí AD agus Airgeadais, an príomhpháipéar a mheasann an NPOG don dearbhú feidhmíochta. Comhlánaítear é sin le sonraí i dTuarascáil Sonraí Bainistíochta (MDR).

- De bhreis air sin, mar chuid den phróiseas urrúis feidhmíochta, cuirtear na **príomh-thuarascálacha** seo a leanas i dtoll a chéile agus foilsítear iad:
 - **Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais** an FSS – curtha ar fáil agus foilsithe gach bliain chun forbheathnú a thabhairt ar fheidhmíocht na bliana roimhe sin. Tuarascáil chuimsitheach í seo ar ghníomhaíocht, gnóthachtálacha, dúshlán agus feidhmíocht airgeadais na heagraíochta mar atá leagtha síos ina Plean Seirbhíse Náisiúnta. Tríd na ráitis airgeadais iniúchta, tugann an FSS cuntas ar úsáid na n-acmhainní a fhaigheann an Roinn Sláinte trí mhaoiniú deontais a bhíonn leithdháilte as Vóta na Roinne Sláinte. Ceanglas dlíthiúil is ea Tuarascáil Bhliantúil an FSS faoi alt 37 den tAcht Sláinte 2004. Ní hionann agus doiciméid agus tuarascálacha eile a éilítear faoin Acht Sláinte, ní chaithfidh an tAire an Tuarascáil Bhliantúil a fhaomhadh. Foilsítear an tuarascáil ar líne ag deireadh mhí Mheithimh gach bliain.
 - Tugann na **cuntais mhíosúla bainistíochta** léargas sonrath ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta i gcomparáid leis an mbuiséad. Tá na nithe seo a leanas áirithe sna cuntais gan a bheith teoranta leo:
 - Feidhmíocht géarchúraim de réir grúpaí ospidéal
 - Feidhmíocht de réir rannáin náisiúnta
 - An tSeirbhís um Athchistiú Cúram Príomhúil - feidhmíocht de réir scéime
 - Seirbhísí Náisiúnta – feidhmíocht de réir feidhme
 - Corparáideach – feidhmíocht de réir feidhme
 - Feidhmíocht pá, neamhphá agus ioncaim i gcomparáid le próifíl

Bíonn **cur síos agus anailís** in éineacht leis na cuntais bhainistíochta chun comhthéacs agus cur síos a sholáthar faoi threochtaí atá reatha nó ag teacht chun cinn, agus faoi fheidhmíocht rannach.

- Déanann Comhpháirtithe Gnó Airgeadais (comhaltáí sinsearacha den fhoireann airgeadais a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí tacaíochta ina rannáin féin) tuarascálacha a chur ar fáil a bhíonn oiriúnaithe do na seirbhísí atá ina réimse féin agus cruthaíonn siad tuarascálacha ad hoc faoi chúinsí a bhfuil imní fúthu.
- De bhreis ar a bheith ag tuairiscíú faoi fheidhmíocht bliana go dáta, cuirtear réamh-mheastacháin rialta ar fáil a thugann féidearthachtaí deireadh bliana a d'fhéadfadh tarlú bunaithe ar rátaí rití, forbairtí faofa, pleananna srianta costas agus fachtóirí ábhartha eile.
- Tá dualgas ar an FSS **tuairisceáin mhíosúla ar íostarraingt de réir fo-cheannteideal** a chur ar fáil don Roinn Sláinte ionas gur féidir leis an Roinn Sláinte gnéithe vóta na Roinne Sláinte agus na tuarascálacha ar chaiteachas vóta a ullmhú. Meastachán é sin den íostarraingt airgid míosúil de réir fo-cheanteidil i gcomparáid leis an bpróifíl fo-cheanteidil mhíosúil.
- Déanann an tAonad Stáitchiste Tuarascáil Airgeadais mhíosúil a ghiniúint ina n-áirítear meadarachtaí as roinnt foinsí ar a n-áirítear an tsamhail Réamhaisnéise Airgeadais, chun comharthaí luatha a thabhairt faoin staid deireadh bliana. Tá an tuarascáil sin de bhreis ar na riachtanais chun próifíl airgid tirim chomh maith le próifíl ioncaim agus caiteachais a chur ar fáil don Roinn Sláinte agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag tús na bliana. Tá na tuarascálacha mhíosúla seo ina gcuid den chlár do chruinnithe míosúla

leis an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais reatha agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Bíonn iarratais ar luathú airgid faoi réir prótacail fhaofa a gcaithfidh an Príomhoifigeach Airgeadais agus an tArd-Stiúrthóir glacadh leo mar aon le hOifigigh Sinsearach a ábhartha sa Roinn Sláinte agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

- Is é an tAonad Faisnéise Gnó (BIU) an stóras lárnach d'fhaisnéis gníomhaíochtaí laistigh den FSS i dtaca le seirbhísí géarchúraim agus pobail. Déantar cuid mhór sonraí, bhailiú, a shainscagadh, a fhaomhadh agus a anailísíú san aonad. Úsáidtear na sonraí i meantóireacht agus i dtomhas feidhmíochta a bhfuil tionchar aige ar an FSS agus cinntí oibríochtúla agus straitéiseacha a ndéanamh.
- Bíonn na tuairisceáin sonraí bunaithe go príomha ar an ngníomhaíocht agus ar na spríocanna a bhíonn i bPlean Seirbhíse Náisiúnta na bliana reatha. Sainscagann anailísithe rannacha na sonraí agus deimhníonn siad iad ó thaobh cáilíochta de. De bhreis air sin, ullmhaíonn na hanailísithe graif a léiríonn treochtaí san fheidhmíocht i ngach Roinn agus rianaítear an soláthar seirbhíse i gcomparáid leis an spríoc. I gcás go mbíonn neamhréireachtaí sna tuairisceáin sonraí, cuirtear ceistiúcháin chuig na Bainisteoirí Gnó chun cruinneas na faisnéise a fuarthas a dheimhniú. Leanann an fhoireann suas na ceistiúcháin agus deimhnítear an fhaisnéis leis na seirbhísí chun a chinntiú go mbíonn na sonraí a fhaightear cruinn.

4.3.3 Monatóireacht

Bíonn monatóireacht ar siúl ar feadh an timhrialla tuairiscithe, ag gach leibhéal den eagraíocht, ar bhonn míosúil ar a laghad.

- Mar chuid de na socrúithe treisithe freagartha do 2015, bunaíodh **Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta** (NPOG) agus cuireadh é sin in ionad an NPPAG. Bíonn an Grúpa faoi chathaoirleacht an Leas-Ardstíurthóra thar cheann an Ard-Stíurthóra, agus áiríthe air tá comhaltaí sinsearach ón Stíurthóireacht, an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Stíurthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna mar shampla, mar aon le comhaltaí sinsearach ón Rannán Dearbhaithe agus Fíoraithe Cáilíochta. Tá údarás tarmilghe foirmiúil ón Ard-Stíurthóir ag NPOG chun feidhmíú mar eochairmheicníocht freagrachta don tseirbhís sláinte agus chun tacaíocht a thabhairt dó féin agus don Stíurthóireacht i gcomhlíonadh a ndualgas rialaithe agus cuntasachta. Tá na Stíurthóirí Náisiúnta freagrach go fóill don Ard-Stíurthóir as a bhfeidhmíocht agus as feidhmíocht a Rannán. Mar chuid den phróiseas iomlán freagrachta, tá sé de dhualgas ar an NPOG freagracht a chur ar gach Stíurthóir Náisiúnta, mar cheannasaithe ar a Rannán, as an bhfeidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta de réir na gceithre cheathramhán den Scórchárta Ualaithe, Cáilíocht agus Sábháilteacht, Airgeadas, Rochtain agus an Acmhainní Daonna.
- **Athbhreithnithe Airgeadais:** Déantar athbhreithnithe laistigh de Phleanáil agus Feidhmíocht gach mí. Áiríthe orthu sin tá athbhreithnithe oibríochtúla leis na Comhpháirtithe Gnó Airgeadais do gach Rannán.
- **Grúpaí Ospidéal Géarmhíochaine:** Déantar athbhreithniú ar na hospidéalí géarmhíochaine mar chuid de shraith míosúil cruinnithe feidhmíochta

a bhíonn ag an Stíurthóir Náisiúnta, Rannán na nOspidéal Géarmhíochaine leis an POF agus Foireann Bhainistíochta Sinsir i ngach grúpa ospidéal.

- **Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail:** Bíonn cruinnithe ag gach Stíurthóir Náisiúnta le Príomhoifigigh agus comhaltaí Fhoireann Bhainistíochta Sinsir CHO gach grúpa ospidéal. Déantar athbhreithniú ar chúinsí coiteanna ag cruinnithe feidhmíochta míosúla idir an Coiste Bainistíochta Feidhmíocháin (EMC) agus Príomhoifigeach agus Foireann Sinsir gach CHO.
- **Rannáin Seirbhíse Náisiúnta:** Tá an Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta (NPOG) bunaithe mar fhoghrúpa den Stíurthóireacht agus is é atá mar phríomh-mheicníocht freagrachta feidhmíochta san FSS. Bíonn cruinniú míosúil ag an NPOG le gach Stíurthóir Náisiúnta seirbhíse chun athbhreithniú a dhéanamh ar feidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta.
- **Stíurthóirí Náisiúnta:** Tá gach Stíurthóir Náisiúnta freagrach don Ard-Stíurthóir as a bhfeidhmíocht agus as feidhmíocht a Rannán. Tá Comhaontuithe Feidhmíochta i bhfeidhm idir an tArd-Stíurthóir agus na Stíurthóirí Náisiúnta seirbhíse agus réachtáiltear cruinnithe míosúla athbhreithnithe feidhmíochta.
- **Stíurthóireacht an FSS:** Is iad Stíurthóireacht an FSS agus an Fhoireann Cheannasaíochta an príomh-fhóram inmheánach ina ndéantar athbhreithniú míosúil ar feidhmíocht na heagraíochta.
- **Monatóireacht Sheachtrach:** Déantar feidhmíocht an FSS, feidhmíocht airgeadais san áireamh, a thuairisciú agus a athbhreithniú ag sraith de choistí seachtracha roinne. Orthu sin tá: Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC); Comhchoiste Monatóireachta (JMC); Grúpa na nOifigeach Sinsearach (SOG); An Coiste Comh-Aireachta um Shláinte (CCH); An Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC); An Comhchoiste um Shláinte agus Leanaí (JCHC).

4.4 Bainistíocht Riosca

- 4.4.1 Tuigeann an FSS an tábhacht a bhaineann le **bainistíocht riosca, bainistíocht riosca airgeadais san áireamh**, mar phróiseas riachtanach i seachadadh seirbhísí ardcháilíochta agus sábháilte. Feidhm de chuid na bainistíochta líne is ea bainistíocht riosca ag leibhéal oibríochtúil. Tá dualgas ar gach Rannán cur síos ar dhéanamh ar shocrúithe cuntasachta chun riosca a bhainistiú ag gach leibhéal laistigh den Stíurthóireacht. Tá na socrúithe sin ina gcuid den ghnáthmheicníocht tuairiscithe chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe sa phróiseas gnó. Tá dualgas ar gach seirbhís/feidhm riosca a bhaineann lena réimse féin a aithint, a mheas agus a bhainistiú; is é an clár rioscaí an príomhuirlis chun an fhaisnéis riosca sin a chur in iúl. Nuair a aithnítear rioscaí a bhfuil ionchas suntasach acu tionchar a imirt ar spriocanna foriomlána an FSS déantar iad a thaifeadadh sa Chlár Rioscaí Corparáideach. Meicníocht atá sa chlár chun dearbhú (fianaise) a thabhairt don Stíurthóireacht go bhfuil riosca á aithint, á mheas agus á bhainistiú agus go bhfuil raon beart rialaithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm am ar bith chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirtear tuarascálacha rialta faoi stádas na rioscaí corparáideach ar fáil don Choiste Riosca agus déanann Stíurthóireacht an FSS agus an Fhoireann Cheannasaíochta athbhreithniú orthu. Tá sraith iomlán de bheartais, nósanna imeachta agus treoirilínte bainistíochta riosca an FSS foilsithe ar www.hse.ie.

4.4.2 Tá tionchar airgeadais na gcúinsí cliniciúla agus oibríocháin léirithe sna cásanna a shocraigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus na hárachóirí, thar cheann an FSS. Tá an fhreagracht as bainistiú ar éilimh i gcoinne an FSS i dtaca le faillí cliniciúil, gortú pearsanta agus damáiste maoiní curtha ar an SCA de réir reachtaíochta. Lena chois sin, cuireann an SCA comhairle agus tacaíocht ar fáil do phearsanra bhainistíocht riosca, cliniciúil agus riaracháin an FSS d'fhonn tacú le sábháilteacht othar agus laghdú a dhéanamh ar éilimh agus ar dhlíthíocht amach anseo. I gcásanna ina dtagann éilimh chun cinn, is é cuspóir an SCA, ag cur leas is fearr na n-íocóirí cánach san áireamh, ná gníomhú go cothrom agus go heiticiúil ina dhéileálacha le daoine a bhfuil gortuithe faighte acu agus a thógann caingne dlí i gcoinne comhlachtaí stáit, mar aon le teaghlach na ndaoine sin. Déanann an SCA óstáil ar **chóras tuairiscithe leictreonach náisiúnta bainistithe teagmhas (NIMS)** a éascaíonn an fiosrúchan ar aon éilimh iardain mar aon le sainathint agus anailís ar threochtaí agus ar phatrúin atá ag teacht chun cinn. An aidhm atá leis sin ná go dtacódh na ceachtanna a fhoghlaimítear ón anailís sin chun sábháilteacht othar a fheabhsú agus cuidíonn sin chun laghdú a dhéanamh ar éilimh san FSS. Go bliantúil, feidhmíonn an SCA clár oibre sprioctha bainistíochta riosca chun riosca dlíthíochta a laghdú sna fiontair chúram sláinte, chun laghdú a dhéanamh ar chostais an stáit i dtaca le dlíthíocht sa todhchaí. Sheachaid aonaid bhainistíochta riosca an SCA clár leathan oiliúna agus seimineár i rith 2015. Soláthraíonn an SCA comhairle árachais maidir le conarthaí, ceadúnais, scéimeanna agus tairiscintí FSS i gcásanna ina bhfuil slánaíocht Stáit i gceist nó ar árachais a theastaíonn sa chás nach mbíonn slánaíocht i gceist.

4.5 Rialúcháin ar incháilitheacht do chártaí leighis

Ciallaíonn an scála costas laistigh de Scéimeanna Cártaí Leighis agus Cúram Príomhúil mar aon leis na cárta cuairt dochtúra agus an líon idirbheart atá luaite leo gur réimsí ionchasacha riosca iad sin nach mór a bhainistiú go cúramach.

I gcoitinne, braitheann incháilitheacht chun cárta leighis a fháil ar an measúnú a dhéantar ar acmhainní an iarratasóra. Déantar an measúnú sin nuair a dhéantar an chéad iarratas ar chárta leighis agus déantar in athuair é go tréimhsiúil chun incháilitheacht leanúnach a chinntiú. Deontar formhór na gcártaí leighis ar feadh trí bliana tar éis an mheasúnaithe ar incháilitheacht. Ach sin ráite, d'fhead deireadh a theacht leis an incháilitheacht má thagann athrú ar chúinsí agus dá réir d'fheadfadh athbhreithniú a bheith i gceist i rith na tréimhse incháilitheachta chun incháilitheacht leanúnach a chinntiú.

In 2013, ritheadh reachtaíocht nua ionas go bhfeadfaí eolas a roinnt leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Táthar ag leanacht den fhorbairt ar réimse agus ar cháilíocht na comhroinnte eolais don rialú ar incháilitheacht do chártaí leighis.

4.5.1 Athbhreithnithe ar Fhógraí Athnuachana

Ar an 31 Nollaig 2015, bhí beagnach 1,734,853 (BI 2014 1,768,700) cárta leighis iomlán éisithe agus 431,306 (BI 2014 159,576) cárta cuarta dochtúra. I rith 2015, bhí 894,602 le n-imeacht as dáta ina dtráinsí míosúla. Bhí anailís riosca le déanamh ar an ngrúpa iomlán i ngach tráinse míosúil a bhí ag druidim le ham éaga chun a dhéanamh amach cén cur chuige athbhreithnithe a d'úsáidfí i ngach cás acu. Eisíodh fógraí athnuachana i dtaca le 352,460 duine. Níor eisíodh fógraí athnuachana

don 542,142 duine a bhí fágtha mar gur breithníodh ar bhonn measúnaithe riosca (inar áiríodh sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim) nach raibh ann ach riosca beag nó nach raibh aon riosca ann go mbeadh na daoine sin neamh-incháilithe ar feadh bliana eile. Is féidir athnuachan a dhéanamh ar chárta leighis tar éis athbhreithniú iomlán ar incháilitheacht ag an FSS nó trí féinmheasúnú shealbhóir an chárta, ag brath ar an riosca coibhneasta a aithníodh le linn an phróisis measúnaithe riosca. As na 352,460 athnuachan a eisíodh in 2015, bhí athbhreithniú iomlán i gceist le 106,066 agus d'iarr 246,394 ar an sealbhóir cárta féinmheasúnú a dhéanamh.

Faoi Mhárta 2016, bhí deireadh curtha leis an measúnú ar incháilitheacht i dtaca le 297,575 de na sealbhóirí cártaí.

- Deimhníodh incháilitheacht i ndáil le 271,191 cárta (91.1%).
- Níor dearnadh athnuachan ar 26,384 cárta (8.9%) toisc nár comhlíonadh na critéir incháilitheachta, m.sh., uasteorainneacha ioncaim.
- In 1,867 cás (0.6%) bhí an sealbhóir cárta básaithe.
- Níor dearnadh athnuachan ar 35,956 (12%) de na cártaí, geall leis, mar nár fhreagair an sealbhóir an próiseas athnuachana.
- Bhí an measúnú incháilitheachta ag dul ar aghaidh i dtaca le 17,062 cárta (5.7%).

4.5.2 Athbhreithnithe Sprioctha

"Sprioc" athbhreithniú nuair a thosaítear é i rith na tréimhse incháilitheachta seachas nuair a bhíonn an cárta le hathnuachan. I rith 2015 d'eisigh an FSS 1,575 athbhreithniú sprioctha. Faoi Mhárta 2016, bhí deireadh curtha leis an measúnú ar incháilitheacht i dtaca le 1,356 de na sealbhóirí cártaí. Deimhníodh incháilitheacht i ndáil le 1,259 cárta (92.8% de na measúnaithe a bhí críochnaithe). Cuireadh deireadh leis an incháilitheacht in 97 cás (7.1% de na measúnaithe a bhí críochnaithe) toisc nár comhlíonadh na critéir incháilitheachta.

In 99 (7.3%) eile de na hathbhreithnithe sprioctha, níor dearnadh athnuachan ar na cártaí leighis mar nár fhreagair an sealbhóir an próiseas athnuachana. Bhí an measúnú incháilitheachta ag dul ar aghaidh i dtaca le 119 cárta agus in 1 chás amháin bhí an sealbhóir cárta básaithe.

4.5.3 Dearbhú Cónaithe

De bhreis ar an athbhreithniú incháilitheachta atá imlínithe thuas bhain an FSS úsáid freisin as measúnú riosca chun a shocrú cén uair ba chóir dearbhú cónaithe sa Stát a lorg i dtaca le cártaí neamhghníomhacha.

Le linn 2015, chuathas i dteagmháil le 101,190 duine aonair a raibh a gcártaí leighis neamhghníomhach agus iarraidh dearbhú cónaithe orthu. Faoi Mhárta 2016, bhí dearbhú cónaithe tugtha ag 78,561 duine aonair (77.64%). Baineadh incháilitheacht i ndáil le 22,629 cárta (22.36%).

Seans go mbeidh na rátaí neamh-incháilitheachta atá aitheanta as na hathbhreithnithe riosca-bhunaithe níos airde ná na cinn a eascróidh ón bpobal sealbhóirí cártaí leighis ina iomláine. Níl aon mheastachán iontaoifa ag an FSS faoi láthair den leibhéal incháilitheachta ar fud an phobail sealbhóirí cártaí. Táthar ag scrúdú roghanna chun modheolaíocht a fhorbairt le meastacháin iontaoifa a fhorbairt.

4.6 Rialachas ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha.

In 2015, bhain díreach os cionn €3.7 billiún de chaiteachas iomlán an FSS le deontais do ghníomhaireachtaí deonacha. Tá an creat dlíthiúil atá mar bhonn leis an tacaíocht airgeadais a sholáthraíonn an FSS do sholáthraithe seirbhíse sonraithe san Acht Sláinte 2004.

Léirigh torthaí iniúchóireachta i mblianta roimhe go raibh laigí srianta i rialachas deontas, go háirithe i dtaca leis an monatóireacht agus an mhaireacht ar ghníomhaireachtaí a bhí ag fáil cistiú ón státchiste, agus áirithe leo sin bhí:

- Moilleanna le síniú Chuid 2 de na Comhaontuithe Seirbhíse ina bhfuil sraith de 10 sceideal leis an gComhaontú ag sonrú eolais atá ábhartha le seachadadh seirbhíse riachtanacha per CHO agus/nó Grúpa Ospidéal.
- Gan dóthain fianaise a bheith ar mmonatóireacht agus maoirseacht fhoirmiúil ar ghníomhaireachtaí ag an FSS;
- Easpa athbhreithnithe agus réitigh ar ráitis airgeadais na ndeontaithe le taifid an FSS;
- Laigí sna córais um rialú inmheánach airgeadais laistigh de na gníomhaireachtaí sin a bhí ag fáil cistiú státchiste ón FSS;
- Sonraí neamhiomlána léirithe sa chóras Rialachais um Sholáthraithe Seirbhíse (SPG);

4.6.1 I Meán Fómhair 2014, d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorclán (13/2014) inar leagadh amach creat leasaithe don bhainistíocht agus do shocrúcháin chuntasachta i dtaca le deontais ó mhaoiniú Státchiste. Ba é an 1 Eanáir 2015 an dáta éifeachtach chun tosú le forálacha an Chiorcláin. Sa chreat leasaithe, leat ar amach riachtanais nach raibh i gceist roimhe sin ach amháin le cineálacha áirithe deontas agus tugann sé isteach riar de riachtanais bhreise a bhfuil tionchar acu ar mhaoiniú agus ar chomhlachtaí faighteora. Tá sonraí curtha ar fáil thíos i dtaca le nósanna imeachta an FSS chuige sin.

4.6.2 Soláthar maoinithe deontais

- Nótálann an ciorclán gurb á an seasamh réamhshocráithe gur cheart go mbeadh íocaíochtaí deontais ar bhunús caiteachais dheimhnithe. Is féidir réamh-mhaoiniú a dhéanamh ar fhaighteoirí deontas i gcúinsí áirithe. Áirithe ansin tá soláthar cistí don deontáí sula mbíonn an caiteachas déanta. Bíonn ga le cead roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcás go mbíonn réamh-mhaoiniú molta.
- Tá cead faighte ag an FSS i dtaca le BI2015 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun gníomhaireachtaí a réamh-mhaoiniú ar an mbunús go mbaineann cuid shuntasach den mhaoiniú deontais le hoibleagáidí reachtúla i dtaca le pá agus soláthar foirne ina bhfuil gá le hairgead roimh ré chun freastal ar an oibleagáid sin agus chun a chinntiú nach mbeidh aon iarmhairtí díobhálacha ó iarmhéideanna rótharraingthe neamhúdaraíthe.
- I gcásanna ina mbíonn iarmhéideanna gan choinne deireadh bliana ag na faighteoirí de bharr réamh-mhaoinithe, is féidir leis an bhfaighteoir na hiamhéideanna sin a choinneáil le cead ón rannóg maoinithe agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gníomhaireachtaí Deonacha Alt 38 go léir agus an chuid is mó de na gníomhaireachtaí Alt 39 a fhaigheann breis agus 99% de na deontais iomlána a íocann an FSS. Leithdháiltear Buiséad Ioncaim agus Caiteachais go gach ceann de na gníomhaireachtaí sin in aghaidh na bliana agus caithfidh siad cuntais bhainistíochta mhíosúla

a chur ar fáil don FSS. Lena chois sin, caithfidh gach gníomhaireacht Comhaontú Seirbhíse (SLA) a shíniú ina sonraítear an candam agus an cineál seirbhíse a chuirfidh an gníomhaireacht ar fáil don bhuiséad atá leithdháilte. Faighteann gach gníomhaireacht leithdháileadh de bhuiséad airgid tirim atá próifílithe thar an mbliain roimh ré. Ní dhéanann an FSS íocaíochtaí ach amháin ar bhunús na bhuiséid airgid leithdháilte. Gníomhaireachtaí a bhfuil gá acu le breis airgid caithfidh siad iarratas ar luathú airgid agus caithfear cead a fháil chuige sin ón Stiúrthóir Náisiúnta ábhartha agus ón bPríomhoifigeach Airgeadais. Déantar monatóireacht ar iarmhéideanna bainc chun breis comhlíontachta a chinntiú le riachtanais an chiorcláin seo.

- Caithfidh deontóirí cur chuige forghníomhach a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil na téarmaí agus na coinníollacha a theann le deontais in oiriúint do na coinníollacha áitiúla san earnáil ina bhfuil an deontáí ag oibriú agus freisin go gcoinneofar bainistíocht agus cuntasacht éifeachtach ar airgead poiblí. Gné lárnach de shocrúithe den chineál sin is ea comhaontuithe seirbhíse a leagann amach na hacmhainní atáthar a chur ar fáil agus na haschuir atá le déanamh ag an gcomhlacht atá ag fáil an deontais. Ba chóir ndéanfadh an comhaontú áireamh freisin ar na socrúcháin don íostarraingt ar mhaoiniú, nádúr an athbhreithnithe feidhmíochta – na nósanna imeachta i gcásanna nach ndéantar na haschuir a sheachadadh san áireamh – agus riachtanais urrúis agus rialachais.
- Tá Creat Rialachais (“An Creat”) i bhfearas ag an FSS ina gcorpraítear cáipéisíocht chaighdeánaithe náisiúnta, agus treirdhoiciméid, a chuireann ar chumas an FSS taca conarthach a chur faoin maoiniú deontais atáthar a chur ar fáil do na Soláthraithe Seirbhíse Neamhreachtúla (“Soláthraithe”) go léir. Déanann an Creat iarracht a chinntiú go bhfeidhmeofar príonsabail mhaith rialachais go caighdeánach agus go comhsheasmhach, cinn atá daingean agus éifeachtach, lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an FSS agus na Soláthróirí araon a n-oibleagáidí faoi seach. Tá Aonad Comhlíontachta bunaithe ag an FSS a thugann tacaíocht do na rannáin oibríochtúla i bhfeidhmiú an Chreata Rialachais seo.
- Tá an cháipéisíocht rialachais ina bhfuil Socruithe Seirbhíse, Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus an treirdhoiciméadú a ghabhann leo, scaipthe ag an Aonad Comhlíontachta chuig an FSS agus na rannáin Neamhghéara d’úsáid na nGrúpaí Ospidéal agus na nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOnna) nuair a bhíonn Conarthaí á socrú acu le Soláthraithe Seirbhíse. I nDeireadh Fómhair 2015, bhunaigh an FSS an tAonad Comhlíontachta chun maoirseacht a dhéanamh agus feabhas a chur ar na socrúcháin atá i bhfearas idir an FSS agus deontaithe.
- Coinnítear súil ar chríochnú na gcomhaontuithe Seirbhíse agus na gcomhaontuithe maidir le fóirdheontais tríd an gcóras IT Rialachais um Sholáthraithe Seirbhíse (SPG) agus déantar tuarascálacha stádais a dháileadh ar na bainisteoirí ábhartha ag tréimhsí rialta agus nuair is gá. Faoi mhí na Nollag 2015, bhí Comhaontuithe Seirbhíse nó comhaontuithe maidir le fóirdheontais (i dtaca le maoiniú a chuireadh ar fáil in 2015) aontaithe agus sínithe i dtaca le 1,987 (82.6%) de ghníomhaireachtaí lena raibh €3.2 billiún caiteachais i gceist nó 87.3% de luach iomlán na ndeontas a cuireadh ar fáil.

4.6.3 Athbhreithniú, Monatóireacht agus Comhlíontacht

- Tugann nósanna imeachta an FSS sonraí faoin riachtanas do
 - Athbhreithniú feidhmíochta ag tréimhsí rialta ag a ndéantar athbhreithniú ar sheachadadh seirbhísí mar atá leagtha síos sa chomhaontú seirbhíse – cruinnithe Tuairiscí Comhtháite Bainistíochta (IMR).
 - Taisceadh agus athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) (do Sholáthróirí os cionn €150k) agus Tuarascáil Bhliantúil.

Deanann na riachtanais sin éascaíocht i gcomhthéacs conarthach ar an athbhreithniú tréimhseach ar thorthaí i gcoinne “íocaíochtaí”.

- Cuireann na Soláthraithe Seirbhíse tuairisceáin Airgeadais agus AD ar fáil go míosúil agus bíonn Cruinnithe Athbhreithnithe ar siúl leis na heagraíochtaí sin gach ráithe, nó níos minice, más gá.
- Tá Foireann Feabhsúcháin Seirbhísí bunaithe ag an Rannán Cúram Sóisialta (Míchumais) a fhaigheann thart ar €1.2 billiún den mhaoiniú neamhghéar bliantúil circa €1.6 billiún, chun an maoiniú a fhaightear a nascadh le gníomhaíocht, costas, cáilíocht agus torthaí. Tá na cúig eagraíocht mhíchumais mhóra (a fhaigheann breis agus 45% den iomlán a chuirtear ar fáil don earnáil) imithe trí phróiseas leis an bhFoireann Feabhsúcháin Seirbhísí agus tá bailchríoch a chur ar na tuarascála sin faoi láthair. Tá tús curtha cheana féin leis an obair ar na chead 45 Soláthróirí míchumais eile.
- Aithníonn an FSS, mar gheall ar bhrú ar acmhainní áitiúla, go dtarlódh nár réachtáladh cruinnithe monatóireachta chomh minic agus a bhí riachtanach. Leanfaidh an tAonad Comhlíontachta ag oibriú le grúpaí ospidéal agus CHONna chun a chinntiú go mbeidh dóthain fócais ar mheantóireacht leanúnach (airgeadas agus torthaí). Tá sé i gceist ag an Aonad Comhlíontachta córas a bhunú chun a sheiceáil go bhfuil monatóireacht leanúnach á déanamh ag an leibhéal atá riachtanach.
- I dtaca le fáiltas agus athbhreithniú ar ráitis airgeadais na ndéontaithe, i rith 2015 thug an FSS próiseas isteach chun ráitis airgeadais a athbhreithniú agus beidh monatóireacht á dheanamh air ag an Aonad Comhlíontachta. Ar an 30 Aibreán 2016, bhí na ráitis airgeadas ar fad do 2014 faighte i dtaca leis na comhlachtaí deontaschúnta A38, tá athbhreithniú lárnach déantar ar 25% acu agus tá réimse d’athbhreithnithe ar siúl i réimsí an FSS. Tá sé i gceist ag an FSS na hathbhreithnithe sin a leathnú amach chuig na comhlachtaí móra deontaschúnta A39 ar chur chuige céimneach, ag tosú go luath in 2017.
- Deir ciorclán 13/2014 nach mór ráiteas urrúis sínithe a fháil ó gach comhlacht faighteora ag dearbhú gur baineadh úsáid as na cistí a cuireadh ar fáil faoi réir théarmaí agus choinníollacha an deontais. Níl sé ráite cé chomh minic a theastaíonn na ráitis sin ach ba chóir go mbeadh sé cuí do mhéid agus do nádúr an deontais.
- Caithfidh soláthróirí Alt 38 Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil a chomhlánú ina n-áireofar dearbhú gur baineadh úsáid as na cistí a cuireadh ar fáil faoi réir théarmaí agus choinníollacha an deontais. Faigheann Soláthróirí Alt 38 circa 75% den mhaoiniú foriomlán a eisiúint an FSS do Soláthraithe Seirbhíse Neamhrechtúla gach bliain. Faoi Aibreán 2016, bhí

ráitis chomhlíontachta faighte ó na gníomhaireachtaí Alt 38 go léir i dtaca le 2014 agus is é an spriocdháta chun iad sin a fháil i dtaca le socrúithe 2015 ná 31 Bealtaine 2016. Tá sé beartaithe síneadh an riachtanas chun ráiteas comhlíontachta bliantúil a shíneadh go dtí gníomhaireachtaí Alt 39 níos deireanaí in 2016.

- De bhreis air sin, tá doiciméad Riachtanais Mhonatóireachta Airgeadais Bliantúil forbartha ag an Aonad Comhlíontachta faoina gcaithfidh soláthraithe seirbhíse míneolas airgeadais a chur ar fáil i bhformáidí sainiúla de bhreis ar an urrús i dtaca le comhlíontacht le coinníollacha deontas agus éifeachtúlacht an rialaithe airgeadais. Déanfaidh an próiseas éascú do chaidreamh tuairiscithe níos éifeachtaí idir soláthraithe seirbhíse agus an FSS.
- Éilíonn ciorclán 13/2014 freisin ndearbhóidh comhlachtaí faighteora go bhfuil córais rialaithe airgeadais i bhfearas acu atá dóthanach chun na cistí atá faighte a bhainistiú.
- Tá coimisiúnú déanta ag an FSS ar athbhreithniú ar rialachas ag leibhéal Boird agus feidhmeannais in eagraíochtaí Alt 38. Tá sé i gceist athbhreithniú a déanamh ar na soláthróirí Alt 38 go léir i rith na tréimhe 2016-2018. Áirithe san athbhreithniú sin beidh athbhreithniú ar na príomh-cháipéisí rialachais mar aon le dearbhú go bhfuil rialuithe inmheánacha airgeadais i bhfearas.
- Lena chois sin, sa doiciméad Riachtanais Mhonatóireachta Airgeadais Bliantúil atá á thabhairt amach go céimneach faoi láthair, áireofar dearbhú ón deontaithe go bhfuil rialuithe inmheánacha airgeadais i bhfearas acu atá dóthanach chun na cistí atá faighte a bhainistiú.
- Tá síneadh curtha freisin le Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe Bliantúil 2015 chun áireamh a dhéanamh ar riar cuimsitheach de cheisteanna a bhfuil sé d’aidhm leo comhlíontacht a thomhas laistigh den Chreat Rialachais. Tá anailís á dhéanamh ar thorthaí an athbhreithnithe sin chun cuidiú le breis riachtanas díreach oiliúna a aithint agus chun díriú ar bhreis feabhsúcháin leanúnach ar bheartas agus ar phróisis don todhchaí.

4.6.4 Faisnéisithe ó faighteoirí deontas

- Ó 2011, tá sé dlite ar comhlachtaí faighteora deontas faisnéis a thabhairt ina ráitis airgeadais bhliantúla faoi fhoinis agus méideanna gach deontas. Sna socrúcháin leasaithe faoi ciorclán 13/2014 tá na faisnéisithe sna ráitis airgeadais bhliantúla leathnaithe amach do chomhlachtaí faighteora chun áireamh a dhéanamh ar
 - na cúinsí ar lorgaíodh cistí dóibh faoi na ceanteidil chúí (mar shampla, pá agus riarachán ginearálta, soláthar seirbhísí, gníomhaíocht charthanachta, fógraíocht, comhairliúcháin)
 - líon na bhfostaithe i ngach comhlacht ar thit a sochair iomlána fostaithe laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas, mar aon leis an móriomlán de ranníocaíochtaí pinsin fostóra
 - i gcás go mbíonn an comhlacht ag fáil deontais chaipitil, geallúint go bhfuil infheistíocht an Stáit á cosaint agus nach mbainfear úsáid as an acmhainn mar urrú d’aon gníomhaíocht eile gan cead a bheith faighte roimh ré
 - Ráiteas ina léireofar go bhfuil nó nach bhfuil an comhlacht comhlíontach leis na nósanna imeachta ábhartha i dtaca le himréiteach cánach.

- Rinneadh leasú ar chomhaontuithe seirbhíse agus ar chomhaontuithe maidir le fóirdheontais an FSS in 2016 chun na faisnéisithe feabhsaithe atá riachtanach i ráitis airgeadais na ndéontaithe a chur san áireamh. Ní bheidh aon tionchar ag an scaipeadh atá le déanamh ar an doiciméid seo go luath ar ráitis airgeadais na soláthróirí do 2015 ach as sin ar aghaidh feabhsóidh sé a ráitis airgeadais agus cinnteoidh sé comhlíontacht le Ciorclán 13/2014 ó 2016 ar aghaidh.
- Tá Aonad Comhlíontachta an FSS ag leanúint dá n-obair leis na Rannáin Seirbhísí, Príomhoifigigh CHOanna agus Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na nGrúpaí Ospidéal chun feidhmiú an chreata rialachais a fheabhsú i dtaca le deontais agus béim shonrach curtha ar chomhlíonadh tráthúil na cáipéisíochta ábhartha. Do 2016, coinneoidh an FSS maoiniú suas go dtí 20% nó go mbeidh an cháipéisíocht críochnaithe.

4.7 Comhlíontacht Cánach

In 2015, le cabhair ó speisialtóirí cánach ón taobh amuigh, críochnaíodh an féin-athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíontacht cánach ar cuireadh tús leis in 2013. Cuireadh sonraí faoi ghanníocaíocht cánach a aithníodh le linn féin-athbhreithnithe chuig na Coimisinéirí loncaim trí fhaisnéisiú deonach gan iarraidh i mí na Nollag 2014, rud ar ghlac na Coimisinéirí loncaim leis tar áis iniúchta sonraithe a rinne na Coimisinéirí loncaim de réir a nósanna imeachta.

I rith 2015, d'oibrigh foireann Chánach nuacheaptha an FSS le comhairleoirí seachtracha chun bainistiú a dhéanamh ar phróiseas féin-athbhreithnithe breise i dtaca le comhlíontacht cánach 2014. Rinneadh an féin-athbhreithniú ar fud na gceannasaithe cánach ar fad a gcaithfidh an FSS cuntas a thabhairt ina leith, na réimsí riosca sin a haithníodh roimhe sin ach go háirithe. Cuireadh sonraí faoi ghanníocaíocht cánach a aithníodh le linn an fhéin-athbhreithnithe seo in 2014 chuig na Coimisinéirí loncaim mar Fhéin-Cheartúchán mar go raibh an t-athbhreithniú seo críochnaithe agus curtha isteach i mí na Nollag 2015 laistigh de na srianta ama a cheadaítear faoi Fhéin-Athbhreithniú. Ní raibh aon bhaint le hábhar san fhaisnéisiú i dtéarmaí airgeadais i gcomhthéacs dliteanas cánach foriomlán bliantúil an FSS. Rinneadh soláthar do ghanníocaíocht 2014 in 2014 agus rinneadh an íocaíocht féin leis na Coimisinéirí loncaim i mí na Nollag 2015. Tá foráil chuí do 2015 déanta sna ráitis airgeadais.

Tá céimeanna tógtha ag an FSS chun déileáil le réimsí neamhchomhlíontachta a aithníodh le linn an chleachtaidh fhéin-athbhreithnithe, chun comhlíontacht cánach a bheith chomh maith agus is féidir, mar seo a leanas:

- Ag deireadh 2013, bunaíodh rannóg lárnach bhuan inti cánach a dhéileáil le gach gnó cánach don FSS. Tá an foireann comhdhéanta de Cheannasaí Canach agus beirt chuntasóirí cánach láncháilithe.
- In áit ar aithníodh rioscaí comhlíontachta, chuir an foireann chánach aighneachtaí foirmiúla chuig na Coimisinéirí loncaim agus mar fhreagra tá rialuithe faighte i scríbhinn ó na Coimisinéirí. Cuireann sé sin an scéal ar bhonn foirmiúil i roinnt de na réimsí riosca agus tá deireadh curtha aige le haon débhríocht sa mhíniú a bhaintear as treoraíocht na gCoimisinéirí loncaim mar dá uireasa go bhféadfá an FSS a chur faoi dhliteanas cánach amach anseo.
- Tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ar bheartas foirmiúil cánach don FSS chun cuimsiú a dhéanamh ar na beartais chánach, na nósanna imeachta agus

na nótaí treoraíochta go léir. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar rialacháin airgeadais (NFRanna) agus, nuair is cuí, déanfar leasú agus nuashonrú orthu don reachtaíocht agus cleachtas cánach reatha mar aon le rialuithe scríofa ó na Coimisinéirí loncaim agus cúinsí eile atá aitheanta mar chuid den chleachtas féin-athbhreithnithe.

- Tá treoirnótaí agus meamraim mhíniúcháin ag an bhfoireann cánach faoi réimse leathan de chúinsí coiteanna a tháinig chun cinn san FSS ar fud na gceannteideal canach agus tá siad sin ar fáil don foireann ar fad ar shuíomh inlín an FSS. Tá oiliúint curtha ar fáil ag an bhfoireann cánach don foireann próiseála airgeadais in 2015 agus tá an oiliúint seo leathnaithe amach go dtí 2016 chuig gach ball foirne ábhartha cánach agus seirbhíse ar fud an FSS.
- Rinne an NFCAG, a bunaíodh in 2015, athchóiriú cánach a áireamh ina phlean oibre, go sonrach i dtaca le cánacha fochonraitheoirí agus an bealach chun deileáil le liúntais taistil.

Tá an FSS tiomanta i gcónaí do ghéilliúntas den scoth do na dlíthe cánacha.

4.8 Teicneolaíocht Faisnéise agus Rialuithe

Tá dul chun cinn tapa déanta ag úsáid córas ríomhaireachta agus ag malartú eolais go leictreonach ar fud na rannán go léir san FSS, réimsí an Airgeadais ach go háirithe. Tá Príomhoifigeach Faisnéise atá ina Stiúrthóir Náisiúnta ceaptha ag an FSS mar léiriú ar an tábhacht atá curtha ar chórais IT agus tá sé de dhuilgias ar an Stiúrthóireacht seo a chinntiú go mbeidh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe i bhfearas chun leasa an FSS a chosaint.

Tá na beartais go léir ar fáil ar shuíomh idirlín an FSS www.hse.ie agus tá cuid de na príomh-bheartais nótaíte anseo:

- Beartas um Shlándáil Faisnéise
- Beartas um Shlándáil Pásthocail
- Beartas um Criptiúchán
- Beartas Rochtana
- Beartas um Úsáid Inghlactha
- Beartas um Chumarsáid Leictreonach
- Faisnéisithe Cosanta agus Léiriú Imní

5. Sáruithe Suntasacha an Chórais Rialaithe in 2015

5.1 Comhlíontacht le Rialacha Soláthair

Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí a soláthar, caithfidh gach réimse laistigh den FSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais an FSS.

In 2015, agus i mblianta roimhe sin, tá leibhéal suntasach neamhchomhlíontachta le rialacha soláthair aitheanta, go háirithe i gcásanna nár cloíodh le riachtanais i dtaca le tástáil margaidh, tairiscintí nó próisis iomaíochta.

Faoi Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, caithfidh gach roinn Rialtais tuarascáil bhliantúil a chur i gcrích i dtaca le conarthaí os cionn €25,000 a bronnadh gan próiseas iomaíochta agus ní mór é sin a chur ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 31 Márta na bliana tar éis an chinn a bhfuiltear ag tuairisciú fúithi.

Tar éis díbhunú an Vóta FSS ar 1 Eanáir 2015, níl aon dualgas a thuilleadh ar an FSS an tuairisceán sin a dhéanamh, ach leanfaidh an FSS ag cur an tuairisceáin seo ar fáil ar mhaithe le hionracas.

Ní mór don tuairisceán sin sonraí a nochtadh faoi aon chonarthaí de bhreis air €25,000 (gan CBL a áireamh), a bronnadh gan próiseas iomaíoch a bheith i gceist leo. Níl aon chóras láraithe uathoibríthe ag an FSS atá in an chonarthaí a bronnadh gan próiseas iomaíoch a aithint. Ina áit sin, braitear ar na réimsí ar leith féinmheasúnú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh den chineál sin, é a aithint agus a thuairisciú. Léiríonn tuairisceán 40/02 an FSS do 2015 gur ceadaíodh 205 conradh de bhreis ar €25,000, a raibh luach comhiomlán de €33.1m acu, gan aon phróiseas iomaíoch (2014: 229 conradh, a raibh luach comhiomlán de €56.5m acu).

Seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinne an FSS in 2015 chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht le rialacha soláthair.

- Tá na Seirbhísí Gnó Sláinte (HBS) ag leanúint den mhéadú ar an leibhéal caidrimh agus oiliúna atá ábhartha d'fhoireann an FSS i dtaca le riachtanais an Chiorcláin 40/02 agus ar na rialacha soláthair i gcoitinne i Rialacháin Naisiúnta Airgeadais an HSE chun comhlíontacht a fheabhsú sa réimse sin. Tá sé i gceist ag HBS comhoibriú le hAirgeadas chun cúnamh a thabhairt le méadú ar an bpróiseas urrúis rialuithe. Tá an fhreagracht as comhthiomsú na dtuairisceán sin curtha ar Stiúrthóir Cúnta Naisiúnta Soláthair ainmnithe. I rith 2015, rinne an HBS óstáil ar chúrsaí oiliúna go náisiúnta i Márta, Meitheamh, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair agus bhí fáil orthu sin ar fad ar líne.
- Freisin, cheap an HBS Ceannasaí Comhlíontachta i nDeireadh Fómhair 2015 le freagracht as maoirseacht ar fheidhmiú na gcaighdeán agus an chláir chomhlíontachta ag gach leibhéal ar fud an FSS.
- Comhcheanglaíodh roinnt socruithe creata ar an mbunús go raibh riachtanais den chineál céanna acu. Faoi láthair, tá 97 creat-chomhantú náisiúnta i bhfearas ag clúdach fhormhór na gcatagóirí coitianta caiteachais agus tá breis agus 597 conradh lárnach i bhfearas ag clúdach caiteachais iomlán bhliantúil de €488m. Chun feabhas a chur ar fheasacht na foirne faoi chreat-chomhaontuithe agus conarthaí atá i bhfeidhm, tá Córas Foinsithe Solátharchuidithe (PASS) forbartha ag an FSS a thugann cead rochtana do shealbhóirí buiséad ar an eolas reatha faoi chonarthaí.
- Forbairt leanúnach ar Chóras Bainistithe an Tionscadaí Soláthair (PPMS) a thacóidh le foireann an FSS chun soláthar a chur chun cinn.
- Forbairt leanúnach ar Córas Praghsála agus Foinsithe Solátharchuidithe (PASS) a leanfaidh ag tabhairt tacaíochta d'fhoireann an FSS trí fheabhas a chur ar rochtain & infheictheacht i dtaca le conarthaí reatha
- Tá an próiseas forbartha agus deartha reatha ar chóras aonair náisiúnta airgeadais agus soláthair ina riachtanas lárnach don FSS chun tuilleadh feabhais agus treise a chur ar an gcomhlíontacht le rialacháin soláthair sa todhchaí.

Cuideoidh na córais agus na próisis fheabhsaithe sin leis na sealbhóirí buiséad agus le Soláthar chun réimsí a aithint inar féidir éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach agus tacú le comhlíontacht na rialacha soláthair. Eochairchuspóir d'aon chóras nua airgeadais agus soláthair is ea teicneolaíocht so-úsáidte tosaigh a chur ar

fáil chun tacú le pobal mór ceannaitheoirí neamhghairmiúla an FSS ionas go bhfeabhsófar comhlíontacht agus go bhfaighfead luach ar airgead.

6. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá an t-athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht chórais um rialú inmheánach airgeadais an FSS dírithe ar dheis a thabhairt don Ard-Stiúrthóir agus don Stiúrthóireacht cloí lena ndualgas iad féin a bheith sásta agus a dheimhniú don Aire Sláinte agus don Oireachtas go bhfuil rialú cuí éifeachtach laistigh den FSS. I rith 2015, chuir an Rannán Airgeadais bailchríoch ar Athbhreithniú foirmiúil ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais san FSS agus tá a thorthaí sin mar bhonn leis an Ráiteas seo faoin Rialú Inmheánach Airgeadais. Bainisteoirí airgeadais a bhfuil saineolas acu i réimsí airgeadais, iniúchta, rialú agus riosca a rinne an t-athbhreithniú. Baineann athbhreithnithe bliantúla ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais úsáid as modheolaíocht próiseas urrúis rialaithe atá seanbhunaithe agus tuilleadh forbartha déanta le linn an athbhreithnithe seo i rith 2015.

Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar eolas ó na heilimintí seo a leanas a dtugann gach ceann acu fianaise faoi éifeachtúlacht, nó a mhalairt, an chórais um rialú inmheánach san FSS:

Ceistneoir Faoi Rialú Inmheánach (ICQ)

Bhí an ICQ le comhlánú ag gach ball foirne ar Ghrád VIII (nó a chomhionann) agus os a chionn sin, a chuireann a síniú freisin leis an Ráiteas Dearbhaithe Rialaithe bliantúil. Rinneadh nuashonrú suntasach freisin ar ráitis i dtaca le réimsí lárnacha rialúcháin eile chun léiriú a thabhairt ar na rialúcháin fheabhsaithe a bhí sna réimsí sin – Cánacha agus Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha ach go háirithe. Chuir an ICQ de fhreagracht ar an bhfoireann freagra a thabhairt ar 172 ráiteas ar fud 12 réimse rialuithe lárnacha. Thug gach ball foirne freagra ar 134 ráiteas, agus bhí 38 ráiteas breise dírithe ar bhail speisialaithe foirne amháin. Rinneadh óstáil ar an ICQ ar líne agus chomhlánaigh na freagróirí é i bhformaid leictreonach. Le haistriú an ICQ go dtí formáid leictreonach tá éascú déanta ar anailís shonrach staidrimh ar na freagraí a fuarthas ó 1,192 bainisteoir sinsearach. Cuidíodh an anailís seo chun leibhéal fhoriomlána comhlíontachta le rialuithe a aithint mar aon le réimsí geografacha/rannacha a bhfuil laige ar leith comhlíontachta iontu. Bainfead úsáid as an aschur freisin chun acmhainní oiliúna agus tacaíochta a fhócasú in 2016. Cuireadh tuilleadh feabhais ar phróiseas 2015 trí thástáil neamhspleách sheachtrach ar strus a thabhairt isteach i dtaca le freagraí samplacha chun substaint bhreise a chur ar fáil d'iontaofacht na bhfreagraí réamhráite.

Ráiteas Dearbhaithe Rialuithe (CAS)

Tá an CAS le comhlánú freisin ag gach bainisteoir sinsearach, riaracháin agus cliniciúil, ó leibhéal Stiúrthóra Náisiúnta go leibhéal Grád VIII (nó a chomhionann) agus le cur ar ais, chuig na bainisteoirí líne. Áirítear sa ráiteas seo tá dearbhú go bhfuil bainisteoirí ar an eolas faoi agus ag cloí leis na príomh-rialacháin airgeadais agus an Cód Rialachais atá i bhfearas laistigh den FSS. Dearbhaíonn siad freisin comhlíontacht le heochair-rialacháin shonracha, ar a n-áirítear na cinn laistigh de Sholáthar, Cosaint Sonraí agus oibleagáidí i dtaca le tabhartais agus bronnantais dheonacha.

Áirítear in athbhreithniú 2015 freisin bhí tagairt do:

- Stádas na moltaí a rinneadh sna Tuarascálacha ar an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach;

- Tuarascálacha Iníúchta inmheánaigh, clár iniúchta 2015;
- Miontuairiscí / Tuarascálacha an Choiste Iníúcháireachta agus an Choiste Riosca;
- Tuarascálacha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Clár iniúchta 2015 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus go háirithe na rioscaí iniúchta atá aitheanta iontu;
- Measúnú ar an dul chun cinn i ndáil le cur i bhfeidhm na moltaí atá luaite i dtuarascálacha Iníúchta Inmheánaigh roimhe seo agus i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Nuacht inmheánach / preaseisiúintí;
- Miontuairiscí Stiúrtóireacht an FSS agus na Foirne Ceannasaíochta;
- Miontuairiscí Ghrúpa Stiúrtha/Ghrúpa Oibre /Ghrúpaí Forfheidhmithe, srl.;
- Athbhreithnithe / Tuarascálacha Seachtracha;
- Tuarascálacha Choiste na gCuntas Poiblí;
- Polasaí Rialtais, ar nós *Sláinte sa Todhchaí – Creat Maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Sláinte 2012-2015* agus Clár an Rialtais.

In 2015, bhí feabhas leanúnach ar chomhlíontacht na foirne leis an bpróiseas leathnaithe urrúis rialuithe i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Aithníonn na Cláir Stiúrtóirí Naisiúnta aonair na baill foirne nach bhfuil CAS agus ICQ críochnaithe acu agus rachfar i ndiaidh na ndaoine nár thug freagra chun a fháil amach cén fáth nár críochnaíodh an próiseas agus réimsí neamhchomhlíontachta a aimsiú nach bhfuil aitheanta i bpróiseas 2015. Bainfear úsáid as sin mar chleachtadh feasachta ar rialuithe agus oiliúna le daoine nár thug freagra. Mura bhfuil CAS sínithe ar fáil ag dearbhú go bhfuil rialuithe i bhfearas is cúis imní é go dtarlódh bhféadfadh rioscaí corparáideacha a bheith ann nach bhfuil aitheanta agus réitithe mar is ceart.

7. Conclúid

Rinne Stiúrtóireacht an FSS measúnú ar an Athbhreithniú ar an gCóras um Rialú Inmheánach san FSS i Márta 2016 agus rinne Coiste Iníúcháireachta an FSS athbhreithniú air freisin.


Go hachomair, léirigh an t-athbhreithniú an tuairim go bhfuil an fhianaise seo ann:

- Tá raon de bheartais agus de nósanna imeachta inmheánacha airgeadais glactha ag an FSS agus iad sin mar bhunús leis an gcreat um rialú inmheánach
- In áiteanna ar aithníodh leibhéil arda rioscaí tá rialuithe maolaitheacha / cúiteacha i bhfearas i gcoitinne
- Tá réimse de chásanna nach bhfuiltear ag comhlíonadh na mbeartais agus na nósanna imeachta sin aitheanta, rud a chuireann an eagraíocht faoi riosca ábhartha mura ndéileálfar go pras leo
- Tá ardú tagtha i rith 2015 ar an bhfeasacht faoin riachtanas do rialuithe inmheánacha. Tháinig ardú ar an líon ball foirne a chríochnaigh an suirbhé ICQ ó 1,067 in 2014 go dtí 1,192. Is léir ó na freagraí atá faighte go bhfuil leibhéal ard comhlíontachta á léiriú ag formhór na mbainisteoirí i dtaca le rialuithe inmheánacha. Ach sin ráite, léiríonn an easpa comhsheasmhachta aonfhoirmigh sna freagraí a nótáladh in 2015 go bhfuil éagsúlacht sna leibhéil chomhlíontachta i réimsí sonracha rialaithe. Bainfear úsáid as an eolas sin in 2016 chun obair a dhíriú ar chomhlíontacht le rialuithe sonracha agus chun feasacht ghinearálta a ardú faoin riachtanas atá le comhlíontacht leis na rialuithe go léir

- Is féidir dearbhú réasúnach a thabhairt faoi leorgacht na rialuithe inmheánach chun maolú agus/nó bainistiú a dhéanamh ar na heochair-rioscaí bunúsacha a bhaineann le gníomhaíochtaí airgeadais. Fós féin, tá roinnt de na rialuithe neamhréireach agus is réimse suntasach fócais é sin thar na blianta atá romhainn
- Tá méadú ag teacht ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint faoin riachtanas atá le Cuntasacht agus Freagracht ag gach leibhéal den FSS chun taca a chur faoi chóras láidir de rialú inmheánach airgeadais.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, chuir an measúnú a rinne siad ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach san áireamh an fhorbairt leanúnach ar na córais rialaithe atá ar siúl ag an FSS mar eagraíocht a bhfuil athrú suntasach a dhéanamh uirthi, sin an cónascadh atáthar a dhéanamh ar na comhlachtaí leighis agus a gcórais oidhreachta. Tá an síneadh ar scóip agus ar fhairsinge an phróisis bhliantúil um dhearbhu rialuithe 2015 ag cur breise leis an tuiscint agus leis an eolas atá ar an gcóras rialaithe ar fud na heagraíochta. Tá cur chuige combheartaithe á ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar mholtaí an athbhreithnithe ar bhealach comhsheasmhach, agus gníomhaíochtaí bainistithe á sannadh do chomhaltaí na Foirne Ceannasaíochta.

Dearbhaíonn na sárúithe ar thimpeallacht rialaithe an FSS a bhfuil tagairt déanta dóibh sa ráiteas seo an gá mór atá le fócas sonrach agus leanúnach ar chomhlíontacht ag gach leibhéal den eagraíocht. Mar achoimre, d'ainneoin na sárúithe rialaithe a aithníodh agus a bhfuil an bhainistíocht ag déileáil leo anois mar atá leagtha amach thuas, tá leibhéal shásúla comhlíontachta leis an gcreat rialaithe i gcoitinne ag formhór na foirne. Tá cásanna dianseasmhacha de neamhchomhlíonadh fós ar siúl i réimsí áirithe ar nós comhlíontacht le rialacha soláthair, neamhaird ar riachtanais soláthair, agus NFRanna agus is nithe iad sin le measúnú faoi nósanna imeachta araíonachta an FSS. Ar aon dul le moltaí a bhíonn in aon thuarascáil eile, ar nós thuarascálacha na hIníúcháireachta Inmheánaí agus C&AG, is í an bhainistíocht a ullmhaíonn pleananna struchtúrtha d'fheidhmiú na moltaí atá san Athbhreithniú ar an gCóras um Rialú Inmheánach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Leanfaidh feidhmiú na moltaí sin mar dhualgas ar an Stiúrtóir Naisiúnta ábhartha agus nuair is ábhartha tacóidh an Grúpa Naisiúnta Cinnteachta Rialuithe Airgeadais leis agus déanfaidh an Grúpa Naisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta agus Coiste Iníúcháireachta an FSS monatóireacht ar an dul chun cinn i rith 2016. Tá freagracht foriomlán ar an Stiúrtóireacht i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais laistigh den FSS agus leanfaidh sé ag monatóireacht agus ag tacú le tuilleadh forbartha ar na rialuithe sin. Déanfar measúnú in athuair ar an gcás san Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais 2016.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoi Alt 36 den Acht Sláinte 2004. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas ioncaim, an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitiúil, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi athruithe sna cúlchistí, an ráiteas faoi shreafaí airgid agus na nótaí a ghabhann leo.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte. Míníonn an ráiteas faoin mbunús cuntasaíochta sna beartais chuntasaíochta a bealach a bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte difriúil ón gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí chomhaltaí na Stiúirthóireachta

Tá Stiúirthóireacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom, i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu faoi réir an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistiú agus a n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (UK agus Éire) agus ag cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá ag an mBord um Chleachtas Iniúchóireachta.

Scóip na hiniúchóireachta ar na ráitis airgeadais

Cuid den iniúchadh is ea dóthain fianaise a fháil faoi na suimeanna agus na faisnéis a bhíonn sna ráitis airgeadais, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíthuirisc ábhar, bíodh sin de bharr calaíse nó earráide. Áirítear ansin tá measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus an bhfuil siad feidhmithe go comhsheasmhach agus nochtta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- an cur i láthair iomlán atá déanta ar na ráitis airgeadais.

Bím ag iarraidh fianaise a fháil freisin faoi rialtacht na mbeart airgeadais le linn na hiniúchóireachta.

De bhreis air sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun neamhréireachtaí ábhartha a aithint i dtaca leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas a aithint a bhfuil cosúlacht ann é a bheith míchruinn go hábhartha bunaithe ar, nó neamhréireach go hábhartha leis an eolas a fuair mé le linn dom a bheith ag déanamh an iniúchta. Má thugaim aon mhíshonrú nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí faoi na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, tuairisc fhíor agus chothrom de réir na gcaighdeáin sin ar staid ghnóthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar 31 Nollaig 2015, agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2015.

I mo thuairim, bhí taifid chuntasaíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go ceart. Tá na ráitis airgeadais ag aontú leis na taifid chuntais.

Nithe a ndéanaim tuairisciú eisceachtúil orthu

Déanaim tuairisciú eisceachtúil mura mbíonn an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó má fhaighim

- aon chás ábharach nár baineadh úsáid as airgead mar a bhí leagtha síos dó nó nach raibh na bearta ag dul leis na húdaráis atá á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó leis an eolas atá faighte agamsa le linn dom a bheith i bhfeighil an iniúchta, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Soláthar neamhiomaíoch

D'aithin m'iniúchadh leibhéal suntasach de sholáthar neamhiomaíoch a bhí ag teacht le cinntí iniúchóireachta ó bhlianta roimhe sin. Bhí easpa fianaise ar sholáthar iomaíoch i gceist in 30% (de réir luacha) de na samplaí íocaíochta a scrúdaíodh. €29.6 milliún an luach a bhí ar an sampla iomlán. Faisnéiseann an ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais na céimeanna atá glactha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun díriú ar a neamhchomhlíontacht leis na rialacha soláthair.

Ús agus cúiteamh ar phrasíocaíochtaí

Faisnéiseann Nóta 9 leis na ráitis airgeadais freaschur ar fhorail de €9 milliún i dtaca le cúiteamh a bhí iníoctha le soláthróirí idir Márta 2013 (nuair a cuireadh tús le rialacháin leasaithe maidir le híocaíochtaí déanacha) agus 31 Nollaig 2014. Rinneadh an fhoráil a fhreaschur de thairbhe comhairle dhlíthiúil a fuarthas i Márta 2016 a dúirt nach raibh soláthróirí i dteideal cúitimh den chineál sin go uathoibríoch. Faisnéiseann Nóta 29 dliteanas teagmhasach i dtaca le cúiteamh d'íocaíocht dhéanach, rud is féidir leis na soláthróirí a éileamh.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Bealtaine 2016

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	4	12,811,953	11,843,214
Fáltais ó dhleachtanna máil ar leith ar tháirgí tobac	4	0	167,605
Ioncam ó sheirbhísí arna soláthar faoi rialacháin AE	4	0	171,980
Aisghabháil costas ón gCiste Árachais Shóisialaigh	4	0	8,808
Ioncam Othar	5	434,521	409,922
Ioncam eile	6	640,447	627,212
		13,886,921	13,228,741
Caiteachas – Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	7 & 8	3,139,765	3,071,010
Neamhchliniciúil	7 & 8	1,020,128	1,010,788
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	7 & 8	752,074	713,456
		4,911,967	4,795,254
Caiteachas – Neamhphá			
Cliniciúil	9	933,026	880,780
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	9	61,756	56,892
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cátaí Leighis	9	2,830,604	2,667,502
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	9	19,574	15,994
Deontais d'Eagraíochtaí Seachtracha	9	3,620,503	3,425,454
Tíos	9	237,456	229,193
Costais Oifige agus Riaracháin	9	421,541	403,096
Costais Oibriúcháin Eile	9	48,043	41,110
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	10	1,682	1,124
Scéim Árachais Heipitítis C	11	793	882
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	12	205,228	117,356
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin	13	602,679	585,511
		8,982,885	8,424,894
Caiteachas Iomlán			
		13,894,852	13,220,148
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain roimh Mhíreanna Eisceachtúla			
		(7,931)	8,593
Glandliteanais Reatha ar Oibriúcháin Aistrithe			
		0	37,095
(Glaneasnamh)/Glanbharrachas Oibriúcháin don Bhliain			
		(7,931)	45,688

Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.


Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an Ráiteas faoin Ioncam agus Caiteachas Ioncaim agus sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachais Chaipitiúil.

Cuimsíonn ráitis phríomha airgeadais an FSS an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachais Ioncaim, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid ar leathanaigh 107-111.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016



Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Airgeadais

17 Bealtaine 2016

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2015

	<i>Nótaí</i>	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	4	375,806	362,518
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		1,083	1,014
Cur i bhFeidhm Fháiltas na nDiúscairtí		3,046	2,871
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	14(c)	8,310	2,302
		388,245	368,705
Caiteachas			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FSS	14(b)	303,539	303,596
Deontais Chaipitil do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	14(b)	84,520	53,292
		388,059	356,888
Glanbharrachas Caipitil don Bhliain		186	11,817


Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímhéasa agus amúchta tríd an Ráiteas faoin Ioncaim agus Caiteachas Ioncaim agus sa Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Cuimsíonn ráitis phríomha airgeadais an FSS an Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoin Sreabhach Airgid ar leathanaigh 107-111.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016



Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Airgeadais

17 Bealtaine 2016


Ráiteas faoi Athruithe sna Cúlchistí

Mar a bhí ag 31 Nollaig 2015

<i>Nótaí</i>	Cúlchistí loncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cuntas Caipitilthe €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2014 (athshonraithe*)	(1,081,318)	(150,779)	4,910,238	3,678,141
Glanbharrachas/(Glaneasnamh) Caipitil don bhliain	45,688	11,817		57,505
Tiomnacht aistrithe go dtí an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Tiomnacht Thearmann do Mhná Ráth Maonais		(63)		(63)
Maoin, Gléasra agus Trealamh Breise don bhliain			219,709	219,709
Lúide: Glanluach leabhar na Maoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain - CFA			(76,151)	(76,151)
Lúide: Glanluach leabhar na Maoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain - Nach CFA			(14,266)	(14,266)
Lúide: Muirear dímhheasa sa bhliain			(177,858)	(177,858)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2014	(1,035,630)	(139,025)	4,861,672	3,687,017
Iarmhéid ag 1 Eanáir 2015	(1,035,630)	(139,025)	4,861,672	3,687,017
Glanbharrachas/(Glaneasnamh) Caipitil don bhliain	(7,931)	186		(7,745)
Coigeartú Teicniúil Vóta	18	(94,000)		(94,000)
Iarmhéid ar Fháiltas ón gCuntas Diúscartha	20	125		125
Maoin, Gléasra agus Trealamh Breise don bhliain			210,278	210,278
Lúide: Glanluach leabhar na Maoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain			(26,426)	(26,426)
Lúide: Muirear dímhheasa sa bhliain			(171,960)	(171,960)
Iarmhéid ag 31 Nollaig 2015	(1,137,561)	(138,714)	4,873,564	3,597,289


* Faoi GAAP UK roimhe seo, níor fhabhraigh an FSS do phá saoire. Faoi FRS 102 tá sé de riachtanas ar an FSS fabhrú do na neamhláithreachtaí cúitithe gearrthéarmacha go léir, ar nós teidilochtaí saoire a bhí tuillte ach nach raibh tógtha ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. An tionchar ná pá a fhabhrú a fhabhrú don FSS ar 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2014. Tá iarmhéideanna na gCúlchistí loncaim athshonraithe maidir leis sin. Féach Nóta 33, le do thoil, chun breis eolais a fháil.

Cuimsíonn ráitis príomha airgeadais an FSS an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, Ráiteas faoi Athruithe sna Cúlchistí, Ráiteas faoin Staid Airgeadais agus Ráiteas faoi Shreafaí Airgid ar leathanaigh 107-111.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016



Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Airgeadais

17 Bealtaine 2016

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Mar a bhí ag 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra & Trealamh	15	4,873,564	4,861,672
Sócmhainní Airgeadais		3	3
Iomlán na Sócmhainní Seasta		4,873,567	4,861,675
Sócmhainní Reatha			
Fardal	16	146,814	137,133
Trádáil agus Infháltais Eile	17	356,545	339,321
Iarmhéid an Phámháistir Ginearálta	18	0	92,016
Airgead Tirim		48,650	53,379
Creidiúnaithe (méideanna dlite in aon bhliain amháin)	19	(1,759,925)	(1,729,449)
Glandliteanais Reatha		(1,207,916)	(1,107,600)
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	20	(35,465)	(41,334)
Ioncam Iarchurtha	21	(32,897)	(25,724)
Glansócmhainní		3,597,289	3,687,017
Cuntas Caipitlithe		4,873,564	4,861,672
Cúlchistí Caipitil		(138,714)	(139,025)
Cúlchistí Ioncaim		(1,137,561)	(1,035,630)
Caipiteal agus Cúlchistí		3,597,289	3,687,017


Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

Cuimsíonn ráitis príomha airgeadais an FSS an Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoin Sreabhach Airgid ar leathanaigh 107-111.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016



Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Airgeadais


17 Bealtaine 2016

Ráiteas faoi na Sreafaí Airgid

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2015


	<i>Nótaí</i>	2015 €'000	2014 €'000
(Glan-eis-sreabhadh)/Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	22	(82,509)	21,437
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús íochta ar iasachtaí agus rótharraingtí		(1)	(2)
Ús íochta ar léasanna airgeadais		(1,037)	(1,106)
Ús faighte		129	31
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – caipitlithe	14(b)	(198,719)	(206,424)
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – gan a bheith caipitlithe	14(b)	(189,340)	(150,464)
Íocaíochtaí ó ioncam i ndáil le: éadail maoinne, gléasra agus trealaimh (glan ó thrádáil isteach)	14(a)	(11,559)	(13,285)
Maoiniú ioncaim curtha i bhfeidhm ar Chaipiteal		1,083	1,014
Fáltais ó dhíolachán maoinne, gléasra agus trealaimh (glan ó thrádáil isteach)		2,175	3,624
Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(397,269)	(366,612)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Deontas Caipitil faighte		375,806	362,518
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile		8,310	2,302
Íocaíocht ghné chaipitil d'aisíocaíochtaí iasachta agus léasa airgeadais		(1,083)	(1,014)
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		383,033	363,806
(Laghduithe)/Méadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid sa bhliain		(96,745)	18,631
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		145,395	126,764
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	23	48,650	145,395

Cuimsíonn ráitis phríomha airgeadais an FSS an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, Ráiteas faoi Athruithe sna Cúlchistí, Ráiteas faoin Staid Airgeadais agus Ráiteas faoi Shreafaí Airgid ar leathanaigh 107-111.



Tony O'Brien
Cathaoirleach

17 Bealtaine 2016



Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Airgeadais

17 Bealtaine 2016

Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

Ráiteas um Chomhlíontacht agus Bunús na Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe, i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoin Acht Sláinte 2004, sonraíonn an tAire na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag an FSS. Tá an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhmíthe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) curtha in áit chleachtais chuntasaíochta na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP) a bhí ar marthain, ag tosú ar nó tar éis 1 Eanáir 2015. Seo í an chéad bhliain inar ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi FRS 102. Ar an 1 Eanáir 2014, d'aistrigh an FSS ó UK GAAP a bhí ar marthain roimhe sin. Tá míniú tugtha i Nóta 33 ar an tionchar a bhí ag an aistriú go dtí FRS 102 ar an staid airgeadais tuairiscithe agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais.

Tá FRS 102 glactha ag an FSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraíte ag an Aire:

1. Ní ghearrtar dímhéas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim, is ar an gCuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a ghearrtar é. Faoi UK GAAP, caithfear dímhéas a ghearradh sa Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim.
2. Déantar deontais a fhaightear ón Stát do cheannach maoin, gléasra agus trealaimh a thairgeadh Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. Faoi UK GAAP, déantar deontais chaipitil a thairgeadh mar ioncam iarchurtha agus é amúchta thar shaolré fóna na maoin, gléasra agus trealaimh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muirear dímhéasa a bhaineann leis.
3. Déantar cuntasaíocht ar phinsin de réir mar a úsáidtear iad. Forálacha FRS 102 'Alt 28': Ní chuirtear *Sochair Fostaithe* i bhfeidhm agus níl aitheantas tugtha don dliteanas do shochair phinsin amach anseo a bhfabraíodh sa bhliain sna ráitis airgeadais.

I mbliaint roimhe sin, nótáil an FSS eisceacht i dtaca leis an gCuntasaíocht ar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil a íocann an FSS agus a riarann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát thar ceann an FSS. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar caighdeáin chuntasaíochta, tá an FSS den tuairim nach bhfuil gá leis an ráiteas sin.

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú freisin de réir Chiorclán 21/2015 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe '*Titles of Financial Statements under FRS 102 for State Bodies audited by the Comptroller and Auditor General*'.

An Bunús Ullmhúcháin

Tá tiomantas tugtha ag Clár an Rialtais go scorfar an FSS thar thréimhse ama agus go dtabharfar isteach eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHONna) agus Grúpaí Ospidéal (HGanna). Glacann an Stiúrthóireacht leis go mbeidh gníomhaíochtaí iomlána an FSS á ndéanamh ar deireadh thiar ag CHONna agus HGanna nuair a bheidh siad struchtúrtha go reachtúil agus na dliteanais agus sócmhainní go léir aistrithe mar is cuí. Níl aon choigeartú athstruchtúrtha déanta sna ráitis airgeadais do 2015 maidir le luach anonn na sócmhainní ná na ndliteanas. Os rud é go bhfuil leanúnachas na gníomhaíochtaí an aonáin (bíodh sin trí struchtúr FSS nó aonáin nua reachtúla) leanfar ag ullmhú na ráiteas airgeadais do 2015 ar bhonn gnóthais leantaigh.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

Ioncam a Aithint

Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Suas go dtí 31 Nollaig 2014, fuair an FSS maoiniú via an bpróiseas meastachán trí Vóta 39. Suas go dtí an dáta sin, ba é an deontas ioncaim a aithníodh i ráitis ioncaim an FSS an t-aon bheart glan a bhí ag an Státchiste chun íocaíochtaí a mhaoiniú le linn na bliana.

Rinneadh vóta an FSS a dhíbhunú ar an 1 Eanáir 2015, faoi réir na bhforálacha san Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014. Tar éis Vóta an FSS a dhíbhunú, déantar airgead chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú a vótáil chuig an Roinn Sláinte (Cóta 38). Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil don FSS maidir le riarachán, seirbhísí caipitiúla agus seirbhísí neamhchaipitiúla.

Faoin Acht, eiseoidh an tAire Litir Cinnidh chuig an FSS ina leagfar amach an t-ollchaiteachas a fhéadfaidh sé a dhéanamh sa bhliain airgeadais ábhartha. Glactar leis go dtarlódh ó am go ham go mbeadh an méid atá sonraíte sa Litir Cinnidh difriúil ón méid a vótáladh don Roinn Sláinte i dtaca le seirbhísí sláinte. Fuarthas an Litir Cinnidh deiridh i dtaca le 2015 ar an 24 Nollaig 2015.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire, déanann an FSS cuntas ar dheontais ar bhonn fabhráithe. Dá réir sin, déantar an t-iomlán atá sonraíte sa Litir Cinnidh don bhliain airgeadais ábhartha a aithint mar ioncam sa bhliain sin.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais maidir le seirbhísí riaracháin agus neamh-chaipitiúla san:

- Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim nuair a bhaineann sé leis na réimsí neamhchaipitiúla den chaiteachas;
- Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil faoin teideal '*Maoiniú Ioncaim Curtha i bhFeidhm ar Thionscadail Chaipitil*, nuair a bhaintear úsáid as airgead deontais neamhchaipitiúil chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais maidir le seirbhísí caipitiúla sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil.

Faoi Alt 10 den Acht caithfidh an FSS seirbhísí a bhainistiú agus a sheachadadh ar bhealach a bheidh faoi réir le Plean Seirbhíse atá faofa. Faoin Acht freisin, caithfidh an FSS na seirbhísí a bhainistiú laistigh den chinntiúchán atá fógartha ag an Aire. Nuair a théann caiteachas an FSS os cionn chinntiúchán an Aire i mbliaint airgeadais, ceadaíonn an tAcht an t-easnamh a ghearradh ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile. I gcás go mbíonn caiteachas an FSS níos ísle ná cinntiúchán an Aire i mbliaint airgeadais, ceadaíonn an tAcht an barrachas a chur do shochar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile, faoi réir fhaomhadh an Aire le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, gearraíodh an FSS an t-easnamh oibriúcháin ioncaim de €7.9 milliún, ar 31 Nollaig 2015, ar an Ráiteas faoi Ioncaim agus Caiteachais Ioncaim in 2016 agus cuirfidh sé an barrachas oibriúcháin caipitiúil de €186,000, ar 31 Nollaig 2015, ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil in 2016, mar atá dlite faoin Acht.

Ioncam eile

- (i) Aithnítear ioncam othar agus seirbhísí ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil.
- (ii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann ag an am a ndéantar an asbhaint (féach beartas cuntasáiochta pinsean thíos).
- (iii) Aithnítear ioncam as gach foinse eile ar bhonn fáltas.

Deontais d'Eagraíochtaí Seachtracha

Maoiníonn FSS roinnt soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí chun seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta a sholáthar thar a ceann, de réir fhorálacha Alt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004. Sula ndéantar socrú den sórt sin, socraíonn FSS an t-uasmhéid maoinithe a bheidh i gceist aici a chur ar fáil faoin socrú sa bhliain airgeadais agus an leibhéal seirbhíse atá súil aici a chuirfeadh ar fáil le haghaidh an mhaoinithe sin. Tá an fhaisnéis sin leagtha amach i ndoiciméid atá caighdeánaithe go náisiúnta agus nach mór do gach páirtí leis an socrú iad a shíniú. Déantar an maoiniú a ghearradh, i mblain an chuntais ar ioncam agus caiteachas ag an uasmhéid arna chinneadh don bhliain, cé go dtarlódh nach ndéanfaí ach cuid áirithe de a íoc amach go dtí an bhliain dar gcionn.

Léasanna

Déileáiltear sna ráitis airgeadais le cíosanna iniúchta faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnítear dreasachtaí léasa thar théarma an léasa de réir méid chothroim. Ní cheadaítear don FSS oibleagáidí léas airgeadais a dhéanamh faoi Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan ceadú nó faomhadh Stiúrtóireacht an FSS a fháil roimh ré. Ach sin ráite, i gcás ina bhfuil sócmhainní a bhí ag comhlachtaí roimh ré faighte faoi léasanna airgeadais, tá na léasanna sin tógtha ar lámh ag an FSS ag a mbunú. Do na léasanna sin, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainní seasta agus déantar dí luacháil air thar a shaolré úsáide. De bhreis ar an gcóireáil gnách UK GAAP ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais, gearrtar costas na sócmhainne ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus déantar an Cuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a chreidiúnú de shuim choibhíseach. Áirítear gné chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa i gcreidiúnaithe. Gearrtar ús ar ioncam agus caiteachas thar thréimhse an léasa.

Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thaifeadadh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil. Anuas ar mhaoiniú deontais chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachais chaipitiúil ó ioncam. Cuirtear an méid ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal chun dochair go hiomlán sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas loncaim sa bhliain. Tarlaíonn an cineál cuntasáiochta seo, nach gcloíonn le UK GAAP, mar iarmhairt ar na heisceachtaí atá sonraíte ag an Aire.

An Cuntas Maoine, Gléasra agus Trealaimh agus Caipitilthe

Áirithe le Maoine, Gléasra agus Trealamh tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótarmeithiclí. Sonraítear breiseanna maoinne, gléasra agus trealamh ó 1 Eanáir 2005 i leith ag costas stairiúil lúide dímheas carntha. Bhí na luachanna anonn a bhí ar shócmhainn a ghlac an FSS ó chomhlachtaí réamhtheachtacha áirithe sa chéad Ráiteas faoin Staid Airgeadais

ar lá a bhunaithe, 1 Eanáir 2005, ar a gcostas / luach bunaidh. I gcásanna inar dearnadh athluacháil ar thailte sular aistríodh go dtí an FSS iad, baineadh úsáid as rátaí luachála na Roinne Sláinte. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhláin ghaolmhar freisin sa chlár comhardaithe sa chéad Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Tá beartas glactha ag an FSS gan athluacháil a dhéanamh ar mhaoin, gléasra agus trealamh.

Tá na tailte i seilbh an FSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar ní choinníonn an FSS talamh ar chúinsí tráchtála.

Faoi réir na gcaighdeán cuntasáiochta atá ordaithe ag an Aire, gearrtar caiteachas ar mhaoin, gléasra agus trealamh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas loncaim nó ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, ag brath ar an tsócmhainn a bheith maoinithe le maoiniú caipitil sin nó le maoiniú ioncaim. Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitilú má théann an costas os cionn tairseacha áirithe luacha: €2,000 d'fhearas ríomhaireachta agus €7,000 do gach aicme sócmhainní eile. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin uasteorainn sin agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mblain a gceannaigh. Déantar breiseanna sócmhainní atá faoin uasteorainn seo agus a mhaoinítear ó chaipiteal a áireamh i Nóta 14(b) faoi *'Caiteachas ar thionscadail FSS nach bhfuil breiseanna Maoine, Gléasra agus Trealaimh de thoradh orthu'*. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 14(a) leis na cuntais. Ní ghearrtar dímheas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas loncaim thar shaolré úsáideach na sócmhainne. Ina ionad sin, bíonn cuntas cúlchiste den Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Cuntas Caipitilthe, ina iontráil chómhálartach do Mhaoin, Gléasra agus Trealamh. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Maoine, Gléasra agus Trealaimh agus ar an gCuntas Caipitilthe thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne.

Déantar dímheas a ríomh chun díscríobh ar chostas/luacháil bunaidh gach sócmhainne thar a shaolré eacnamaíoch úsáide de réir méid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: Ní dhéantar talamh a dhímheas
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
- Foirgnimh Mhodúlacha: (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas
- Trealamh - ríomhairí agus córais ICT: dímheasta ag 33.33% sa bhliain
- Trealamh - eile: dímheasta ag 10% sa bhliain
- Mótarmeithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar an Cuntas Maoine, Gléasra agus Trealaimh agus an Cuntas Caipitilthe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tá anailís ar ghluaiseacht an Chuntais Chaipitilthe curtha ar fáil Ráiteas faoi Athruithe sna Cúlchistí.

I dtréimhsí roimhe seo, rinneadh fáltas ó dhiúscairt sócmhainní seasta a mheas mar Fháiltas Bhreise don Stáitchiste (EERanna) faoi Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní raibh an FSS i dteideal na fáltas dhiúlacháin sin a choinneáil dá n-úsáid féin, ach amháin nuair a bhain fáltas le Meabhairshláinte agus tionscadail eile mar a bhí ceadaithe, faoi réir uasteorann de €8m in 2014. Níor mhór cead a fháil ón an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun feidhm a bhaint as aon fháiltas bhreise ó shócmhainní barrachais os cionn €8m.

D'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe an Ceadú Tarmilgthe Ilbhliantúil Caipitil 2015-2018 i mí na Nollag 2015. An tionchar atá aige sin ar an FSS ná go bhfuil cead tugtha sa Litir Cinnidh 2015 Caipitil chun fáltas suas go dtí €5 mhilliún ó

dhiólachán sócmhainní seasta a infheistiú in athuair. Tá na fáiltais ó dhiólachán sócmhainní seasta in AFS 2015 faoi bhun an tairsí seo de €5 milliún, mar sin ní mheastar gur EERanna atá ann agus in 2015 tá siad léirithe faoi Caipiteal agus Cúlchistí.

Pinsin

Tá fostaithe incháilithe an FSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann an FSS pinsin le hiarfhostaithe. Tá an FSS á maoiniú ag an Roinn Sláinte ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear chun na críche seo. Tá maoiniú ón an Roinn Sláinte i dtaca le pinsin áirithe in ioncam. Gearrtaí íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim nuair a íoctar iad mar seo a leanas:

- (i) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe an FSS atá ar scor laistigh den aicme pá (féach Nóta 7);
- (ii) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais le gníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicme neamhphá (féach Nóta 9 agus Aghuisín 1).

Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe an FSS atá ina mbaill den scéim do shochar an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí ar comhaltaí den scéim iad a choimeád mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníoctha i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, comhsheasmhach leis an gcóireáil chuntasaíochta i mblianta roimhe seo. Seo é an socrúchán atá an FSS a leanúint de thoradh na sonraíochtaí cuntasaíochta a tháinig ón Aire.

Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009, tugadh tobhach pinsin isteach do gach ball foirne atá ina mbaill de scéim pinsin seirbhíse poiblí, baill foirne i gcuid de na soláthróirí seirbhíse atá maoinithe ag an FSS san áireamh. Tugtar cuntas ar an tobhach pinsin a bhailíonn soláthraithe seirbhíse chomh maith le tobhach pinsin a asbhaintear ó fhoireann FSS mar ioncam de chuid FSS. Tá sonraí maidir leis an méid a asbhaineadh maidir leis an tobhach pinsin leagtha amach i Nóta 6(a) leis na Ráitis Airgeadais.

Fardal

Déantar fardail a shonrú ag an ceann is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe. Is ionann glanluach inréadaithe agus fáiltais mheasta dhiólachán lúide costais a thabhófar i ndíol fardail. Go stairiúil, bíonn foráil ag an FSS i gcoinne fardail vacsaíní sonracha agus déantar aon díscríobhanna agus coigeartuithe eile do dhífheidhmeacht sa bhliain reatha a ghearradh i gcoinne ioncam agus caiteachas ioncaim.

Maoin Phearsanta na nOthar

Aon suimeanna airgid a fhaigheann an FSS le cumhdach ó othair, nó thar cheann othar, coinnítear iad i gcuntais speisialta atá neamhspleách agus glan ó chuntais an FSS féin. Tugtar cuntais Maoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá an FSS freagrach as riaradh na gcuntas sin. Ach sin ráite, toisc nach leis an FSS an t-airgead seo, ní áirítear na cuntais sin ar Ráiteas faoi Staid Airgeadais an FSS. Gníomhaíonn FSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoine Príobháidí Othar gach bliain.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don FSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d'ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadadh na torthaí fíora a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais:

Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach i d'aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil ghinearálta d'fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. Déantar costas saoire atá tuillte ach nach bhfuil tógtha ag fostaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais a aithint sna ráitis airgeadais sa mhéid is go bhfuil cead ag fostaithe saoire bhliantúil neamhíoctha a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dar gcionn. Mar gheall ar na córais éagsúla párolla atá ar fud an FSS, bhí sé riachtanach toimhdí a dhéanamh chun an fabhrú a ríomh. Na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, déantar iad a chinntiú (próifíilí fostaithe agus patrún an tsaoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nóta 2 Anailís Deighilteach de réir Réimse Oibríochta

	Rannóg na nOspidéal, Otharcharranna san áireamh	An Rannóg Cúram Príomhúil	An Rannóg Meabhair-shláinte	An Rannóg Cúram Sóisialta	An Rannóg Sláinte agus Folláine	Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Corparáid.	lomlán	lomlán
	2015	2015	2015	2015	2015	2015	2015	2014*
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Caiteachas								
Pá agus Pinsin								
Cliniciúil	1,485,907	391,973	467,240	340,641	54,267	399,737	3,139,765	3,071,010
Neamhchliniciúil	334,576	144,621	70,615	148,309	32,593	289,414	1,020,128	1,010,788
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	237,538	31,985	46,322	345,272	2,912	88,045	752,074	713,456
	2,058,021	568,579	584,177	834,222	89,772	777,196	4,911,967	4,795,254
Neamhphá								
Cliniciúil	605,429	167,324	20,304	54,625	43,029	42,315	933,026	880,780
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	40,016	6,610	4,304	9,627	510	689	61,756	56,892
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cáirtáí Leighis	19,924	2,583,248	32,046	167,134	13,770	14,482	2,830,604	2,667,502
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	1,833	953	2,036	14,372	40	340	19,574	15,994
Deontais d'Eagraíochtaí Seachtracha	2,415,080	160,957	40,999	985,349	11,138	6,980	3,620,503	3,425,454
Tíos	116,742	25,089	27,632	62,480	1,215	4,298	237,456	229,193
Costais Oifige agus Riaracháin	125,648	91,786	42,797	40,214	20,689	100,407	421,541	403,096
Costais Oibríúcháin Eile	13,241	8,344	7,860	9,917	5,203	3,478	48,043	41,110
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	0	0	0	0	0	1,682	1,682	1,124
Scéim Árachais Heipitítis C	0	0	0	0	0	793	793	882
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	0	0	0	0	0	205,228	205,228	117,356
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) –Tithe Altranais Príobháideacha amháin	0	0	0	602,679	0	0	602,679	585,511
	3,337,913	3,044,311	177,978	1,946,397	95,594	380,692	8,982,885	8,424,894
Ollchaiteachas don Bhliain								
	5,395,934	3,612,890	762,155	2,780,619	185,366	1,157,888	13,894,852	13,220,148
Ollchaiteachas don Bhliain: comparáidí leis an mbliain roimhe								
	5,225,293	3,416,804	715,870	2,633,647	190,125	1,038,409	13,220,148	

* Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

Nóta 3 (Glaneasnamh)/Glanbharrachas Oibriúcháin

	2015 €'000	2014 €'000
Faightear (glaneasnamh)/glanbharrachas oibriúcháin don bhliain tar éis iad seo a ghearradh: Táillí iniúchóireachta	550	520
Ard-Stiúrthóir – bunphá an Ard-Stiúrthóra*	185	185

* Bunphá amháin atá i bpacáiste íocaíochta an Ard-Stiúrthóra. Níl aon liúntais, bónaís ná peorcaisí i gceist leis an bpost. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim pinsin an FSS agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar na dteidlíochtaí caighdeánacha atá i samhail scéime na hearnála poiblí.

	2015 €	2014 €
Costais chomhaltaí na stiúrthóireachta**		
Tony O'Brien	7,099	7,603
Laverne McGuinness (éirithe as 31 Nollaig 2015)	6,428	4,912
Stephen Mulvany	3,943	3,886
John Hennessy	2,101	780
Dr. Stephanie O'Keeffe	4,656	857
Ian Carter (éirithe as 12 Bealtaine 2014)	0	730
Pat Healy	22,093	9,531
Tom Byrne (éirithe as 19 Bealtaine 2014)	0	215
Anne O'Connor	3,424	1,355
Dr Tony O'Connell (éirithe as 31 Eanáir 2015)	451	10,418
Liam Woods (ceaptha 1 Feabhra 2015)	12,059	0
Dr. Philip Crowley (ceaptha 1 Feabhra 2015)	4,901	0
	67,155	40,287

** Tá costais chomhaltaí na Stiúrthóireachta do 2015 taispeánta ón dáta ceapacháin.

Tá an Stiúrthóireacht comhdhéanta d'fheidhmeannaigh shinsearacha atá ceaptha ag an Aire Sláinte faoin reachtaíocht (an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013) as daoine atá fostaithe mar Stiúrthóirí Náisiúnta de chuid an FSS nó grád sinsearach nach bhfuil níos ísle ná sin. De réir bheartas pá an Rialtais, ní íoctar luach saothair le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhónann ar bhoird Stáit nó a ainmneofar ar bhoird den sórt sin go neamhspleách dá bhfostaíocht seirbhíse poiblí i bhfoirm táillí boird agus baineann a luach saothair lena ról fheidhmiúcháin FSS agus leis sin amháin ní íoctar aon táillí le comhaltaí na Stiúrthóireachta.

Nóta 4 Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

	2015	2014
	€'000	€'000
Maoiniú Glan Ioncaim leithdháilte don FSS*	13,187,759	12,232,496
Lúide: Glanbharrachas le Géilleadh don Stáitchiste	0	(26,764)
Ceart cúitimh glan don Roinn Sláinte/Stáitchiste	13,187,759	12,205,732
Lúide: Maoiniú Caipitil*	(375,806)	(362,518)
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte/an Stáitchiste	12,811,953	11,843,214

* Tá an FSS maoinithe go príomha trí dheontais a fhaightear go bliantúil ón Roinn Sláinte maidir le seirbhísí riaracháin, caipitiúla agus neamh-caipitiúla. Tar éis an tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014 a chur i bhfeidhm rinneadh Vóta an FSS a dhibhúnú ar an 1 Eanáir 2015 agus cuireadh na cistí le Vóta na Roinne Sláinte. Faigheann an FSS Litir Cinnidh bliantúil ón Aire faoi réir fhaomhadh ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe. In 2014, rinneadh an maoiniú le hairgead a bhíodh Dáil Éireann a mhaoiniú gach bliain (Deontas Stáitchiste).

Tugann an tábla thíos breis anailíse ar an maoiniú Stáitchiste a fuarthas in 2015.

	€'000
Deontas Ioncaim - Leithdháileadh Maoinithe ón Roinn Sláinte 2015	12,811,953
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir 2015 agus 31 Nollaig 2015	(12,757,963)
larmhéid an Deontais Ioncaim a bhí dlite ón Roinn Sláinte (suas go dtí an Leithdháileadh Faofa) ar an 31 Nollaig 2015	53,990
Deontas Caipitil - Leithdháileadh Maoinithe ón Roinn Sláinte 2015	375,806
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir 2015 agus 31 Nollaig 2015	(374,971)
larmhéid an Deontais Chaipitil a bhí dlite ón Roinn Sláinte (suas go dtí an Leithdháileadh Faofa) ar an 31 Nollaig 2015	835
lomlán an Ioncaim agus an Deontais Ioncaim a bhí dlite ón Roinn Sláinte (suas go dtí an Leithdháileadh Faofa) ar an 31 Nollaig 2015 (Nóta 17)	54,825

** Ní fhaigheann an FSS fáiltas a thuilleadh ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac, ó ioncam as seirbhísí a cuireadh ar fáil faoi rialachán an AE, agus ní fhaigheann siad Costais ar Ais ón gCiste Árachais Sóisialta. Roimhe sin, dhéantaí cuntas ar na fáiltas i Vóta an FSS agus i Ráitis Airgeadais an FSS nuair a bhí an FSS ina vóta ar leith. Ón 1 Eanáir 2015, déantar cuntas ar na fáiltas sin i Vóta na Roinne Sláinte agus dá réir sin níl siad áirithe i Ráitis Airgeadais an FSS. Tá an FSS á mhaoiniú anois ar bhunús glandeontais agus tharla cuid den ardú ar dheontas na Roinne Sláinte i gcomparáid le 2014 mar gheall nach ndéanann an FSS cuntas a thuilleadh ar an dá fháltas sin.

Nóta 5 Ioncam Othar

	2015	2014
	€'000	€'000
Muirir Phríobháideacha	321,540	298,010
Muirir na nOthar Cónaitheach	17,766	18,011
Muirir na Rannóige Éigeandála	9,849	9,225
Muirir a bhain le Taismí Bóthair	4,772	4,841
Muirir Fhadchónaithe	80,065	79,820
Ioncam AE – Éilimh E111	529	15
	434,521	409,922

Nóta 6 Ioncam eile

	2015 €'000	2014 €'000
(a) Ioncam eile		
Ioncam Aoisliúntais	164,122	169,373
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó fhoireann an FSS féin	213,972	212,743
Asbhaintí an tobhaigh phinsin ó sholáthraithe seirbhíse	101,177	106,427
Asbhaintí Párolla Eile	7,213	8,303
Gníomhaireacht/Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	6,557	7,279
Fáltais Cheaintín	12,197	11,693
Ioncam ó Gníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 6(b) anailís thíos)	6,676	4,339
Ioncam Ilghnéitheach (Féach anailís Nóta 6(c) thíos)	128,533	107,055
	640,447	627,212

	2015 €'000	2014 €'000
(b) Ioncam ó Gníomhaireachtaí Eile		
An Chomhairle Náisiúnta um Fhorbairt Ghairmiúil an Altranais & an Chnámhseachais	231	0
Cairde Naomh Lúcáis Ráth Garbh	901	0
An Roinn Éalaíon, Oidhreachta & Gaeltachta - seirbhísí Héileacaptair	62	53
An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige - Seirbhísí agus Áiseanna do Dhaoine Óga	991	0
Grúpa Taighde Cliniciúil an Chomharchumainn Uile-Éireann (ICORG)/An Bord um Thaighde Sláinte (Clár chomhaltachta Acadúla, trialacha cliniciúla taighde)	1,265	1,289
An Roinn Dí agus Cirt (Tionscnamh Idirghabhála um Choimhlíntí i measc an Lucht Siúil)	0	100
Ioncam AE – CAWT (Comhoibriú agus ag Obair le Chéile – tionscnamh trasteorann AE)	1,555	921
Genio Trust (Tionscadail Mheabhairshláinte)	94	182
Freagairt Fostaíochta - tionscnaimh fhostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas	111	136
Boird Oideachais & Oiliúna/Solas	972	1,158
An Ciste um Cheannach Cóir Leighis	358	0
Fondúireacht SEIF Elton John	0	158
The Atlantic Philanthropies - uirlis aonair measúnachta do dhaoine scothaosta	136	92
Cumann Ailse na hÉireann - ionscópacht ar an drólann don Chlár Scagthástála Putóige	0	250
	6,676	4,339

	2015 €'000	2014 €'000
(c) Ioncam Ilghnéitheach		
Lacáiste ó Dhéantúsóirí Cógaisíochta*	54,281	41,192
Ioncam ó Dheimhniú agus Clárúcháin (Breitheanna, Básanna agus Póstaí)	11,665	11,654
Páirceáil	12,617	12,408
Éileamh Árachais maidir le damáiste ó thuilte (Nóta 12)	1,500	14,000
Ioncam Ilghnéitheach Eile (m.s. aisiocaíochtaí, ioncam cíosa, sintiúis, oiliúint)	48,470	27,801
	128,533	107,055

* I dtaca le Comhaontú IPHA 2010 agus socrúcháin speisialta do dhrugaí agus cógais shonracha.

Nóta 7 Caiteachas Pá agus Pinsin

	2015 €'000	2014* €'000
Foireann Chliniciúil an FSS		
Míochaine/Fiaclóireacht	691,764	656,067
Altranas	1,387,082	1,359,126
Gairmí Cúram Sláinte & Sóisialta	496,196	483,350
Aoisliúntas	384,485	371,222
	2,959,527	2,869,765
Foireann Gníomhaireachta Chliniciúil		
Míochaine/Fiaclóireacht	103,095	109,880
Altranas	57,503	63,172
Gairmí Cúram Sláinte & Sóisialta	19,640	28,193
	180,238	201,245
Foireann Neamhchliniciúil FSS		
Bainistíocht/Riarachán	536,745	515,284
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	301,864	318,402
Aoisliúntas	153,417	147,706
	992,026	981,392
Foireann Gníomhaireachta Neamhchliniciúil		
Bainistíocht/Riarachán	12,004	15,926
Foireann Tacaíochta Ghinearálta	16,098	13,470
	28,102	29,396
Seirbhísí Eile Cliant/Othar Fhoireann an FSS		
Cúram Othar & Cliant Eile	614,805	585,666
Aoisliúntas	86,312	80,925
	701,117	666,591
Seirbhísí Eile Cliant/Othar Foirne Gníomhaireachtaí		
Cúram Othar & Cliant Eile	50,957	46,865
	50,957	46,865
Caiteachas Iomlán Pá	4,911,967	4,795,254

* Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

Nóta 7 Caiteachas Pá agus Pinsin ar lean.

	Cliniciúil 2015 €'000	Neamhchliniciúil 2015 €'000	Seirbhísí Eile Othar/Cliant 2015 €'000	Iomlán 2015 €'000	Iomlán 2014* €'000
Achoimre na hAnailíse ar Phá					
Bunphá	1,986,210	724,429	456,911	3,167,550	3,086,367
Liúntais	69,179	11,321	19,742	100,242	101,638
Ragobair	104,428	3,983	19,335	127,746	128,043
Dualgas oíche	47,943	5,520	10,307	63,770	69,614
Deirí Seachtaine	96,391	23,176	44,774	164,341	156,741
Ar glao-dhualgas	49,162	1,444	438	51,044	50,608
Riaráistí	17,835	3,048	9,949	30,832	17,010
Pá agus Tuarastail	2,371,148	772,921	561,456	3,705,525	3,610,021
PRSI an Fhostóra	203,894	65,688	53,350	322,932	307,874
Aoisliúntas**	384,485	153,417	86,311	624,213	599,853
Pá FSS iomlán	2,959,527	992,026	701,117	4,652,670	4,517,748
Pá Gníomhaireachta	180,238	28,102	50,957	259,297	277,506
Pá Iomlán	3,139,765	1,020,128	752,074	4,911,967	4,795,254

* Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

Ní bhaineann na Costais Phá Iomlána thuas ach le seirbhísí an FSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi Caiteachas Neamhphá (Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 9 agus Aguisín 1.

Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaithe san FSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim iad sa bhliain ina dtagann siad chun a bheith iníoctha. De réir Treorach ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí agus níl aon mhúirear gearrtha ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim ina leith sin. Déantar ranniócaíochtaí aoisliúntas ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhlíteanais phinsin an FSS. Ba é an múirear ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim in 2015 ná €624m (2014: €599m), ina raibh íocaíochtaí i dtaca le cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir de €99m (2014: €91m).

	2015 €'000	2014 €'000
**Anailís ar Aoisliúntas		
Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí	524,629	508,496
Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aiscí	99,584	91,357
	624,213	599,853

Nóta 8 Fostaíocht

Ba é seo a leanas líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig de réir Réimse Oibríochta (i gcoibhéisí lánaimseartha (CLanna)):

	2015	2014
Seirbhísí Géarmhíochaine	28,974	27,171
Meabhairshláinte	8,969	8,750
Cúram Príomhúil	9,407	9,469
Cúram Sóisialta	12,319	12,197
Sláinte & Folláine	1,283	1,237
Seirbhísí Otharcharranna	1,694	1,623
Corparáideach & HBS	2,735	2,599
Fo-iomlán	65,381	63,046
Cúntóirí Baile atá Fostaithe go Díreach	3,390	3,703
Fostaithe Iomlána an FSS (breis anailíse thíos)	68,771	66,749
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Géarmhíochaine	23,384	22,572
An Earnáil Dheonach – Seirbhísí Neamh-ghéarmhíochaine	14,240	13,709
Fo-iomlán d'fhostaithe na hEarnála Alt 38	37,624	36,281
Iomlán na bhfostaithe san Earnáil Sláinte	106,395	103,030

In 2015, d'athraigh bainistíocht an FSS ó chloí go dtí creat rialaithe fostaíochta d'fhonn oibriú laistigh de chreat pá leithdháilte. Tá figiúirí fostaíochta na bliana roimhe athshonraíte chun an t-athrú sin a léiriú.

Breis Anailíse - riachtanas Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe

Tá líon na bhfostaithe FSS in 2015 ar thit a sochair fostaithe iomlána (seachas costais pinsin an fhostóra) don tréimhse tuairiscithe laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas, mar seo a leanas:

	2015	2014
Banda tuarastail (CLanna)		
€0 go dtí €30,000	12,025	11,250
€30,001 go dtí €45,000	34,833	32,946
€45,001 go dtí €60,000	15,254	15,902
Fo-iomlán €0 go €60,000	62,112	60,098
€60,001 go dtí €70,000	3,030	3,020
€70,001 go dtí €80,000	1,228	1,284
€80,001 go dtí €90,000	479	479
€90,001 go dtí €100,000	142	160
€100,001 go dtí €110,000	172	199
€110,001 go dtí €120,000	98	83
€120,001 go dtí €130,000	44	29
€130,001 go dtí €140,000	123	105
€140,001 go dtí €150,000	257	215
€150,001 go dtí €160,000	126	143
€160,001 go dtí €170,000	501	507
€170,001 go dtí €180,000	428	409
€180,001 go dtí €190,000	7	10
€190,001 go dtí €200,000	21	2
€200,001 go dtí €210,000	1	1
€210,001 go dtí €220,000	2	4
€220,001 go dtí €230,000	0	1
Iomlán na bhfostaithe san FSS	68,771	66,749

Nóta: Athrú ar Nóta 8 (banda Tuarastail) tar éis fhoilsiú na cáipéise:

Ní mór "Tá líon na bhfostaithe FSS in 2015 ar thit a sochair fostaithe iomlána (seachas costais pinsin an fhostóra)" a athrú go dtí "Tá líon na bhfostaithe FSS in 2015 ar thit a bpá fostaithe iomlán (seachas costais phinsin an fhostóra)".

Nóta 9 Caiteachas Neamhphá

	2015 €'000	2014 €'000
Cliniciúil		
Drugáí & Cógais (gan scéimeanna bunaithe ar éileamh san áireamh)	242,091	229,863
Fuil/Táirgí Fola	27,800	28,309
Gáis Mhíochaine	8,918	8,573
Soláthairtí Míochaine/Máinliachta	259,516	245,047
Trealamh Míochaine Eile	101,842	90,113
X-Gha/Íomháu	26,958	30,078
Saotharlann	109,555	108,199
Seirbhísí Gairmiúla (m.sh. costais teiripe, raideolaíocht, srl.)	98,829	87,314
Oideachas & Oiliúint	57,517	53,284
	933,026	880,780
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna		
Iompar Othar	48,109	42,613
Costais Coinneála Feithiclí	13,647	14,279
	61,756	56,892
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cáirtaí Leighis		
Seirbhísí Cógaisíochta	2,067,925	1,987,042
Lúide Muirir Thobhaigh ar Oidís	(112,912)	(117,646)
Glanchoistas Seirbhísí Cógaisíochta	1,955,013	1,869,396
Táillí agus Liúntais Dochtúirí	498,752	462,211
Íocaíochtaí Pinsin le hIardhochtúirí Oifigiúla Dúiche/Cleithiúnaithe	3,306	3,695
Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta	66,864	69,936
Scéim na Seirbhísí Oftalmacha Pobail	31,809	31,723
Liúntais Airgid (Leas na nDall, Cúram Baile, srl.)	33,892	34,080
Íocaíochtaí Caipitíochta	240,968	196,461
	2,830,604	2,667,502
Seirbhísí Eile Othar/Cliant		
Seirbhísí Gairmiúla m.sh. cúntóirí cúraim, seirbhísí cúram leanaí ar conradh, srl.	17,872	13,468
Oideachas & Oiliúint	1,702	2,526
	19,574	15,994
Deontais d'Eagraíochtaí Seachtracha		
Deontais Ioncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	3,620,503	3,425,304
Deontais arna maoiniú as Ranna Rialtais/Gníomhaireachtaí Stáit eile	0	150
	3,620,503	3,425,454
Tíos		
Lónadóireacht	56,900	54,789
Teas, Cumhacht & Solas	71,794	72,875
Glanadh & Níochán	84,023	81,434
Troscán, Gréithe & Crua-earraí	10,362	7,848
Cóir Leapa & Éadach	14,377	12,247
	237,456	229,193

Nóta 9 Caiteachas Neamhphá ar lean.

	2015 €'000	2014 €'000
Costais Oifige agus Riaracháin		
Cothabháil	62,977	60,903
Costais Airgeadais	2,787	2,779
Ús & Cúiteamh ar Phrasíocaíochtaí*	(7,936)	9,336
Árachas	5,360	6,081
Iníúcháireacht	550	520
Táillí Gairmiúla & Dí	46,344	40,474
Drochfhiacha & Fiacha Amhrasacha	23,928	15,609
Oideachas & Oilúint	8,451	8,181
Taisteal & Cothabháil	54,554	50,865
Costais Feithiclí	2,227	829
Costais Oifige/Cíos & Rátaí	167,490	159,101
Ríomhairí & Cothabháil Córas	54,809	48,418
	421,541	403,096

* Áirítear sa laghdú maidir le hÚs & Cúiteamh Prasioicaíochtaí tá freaschur forála de €9 milliún sa bhliain roimhe sin.

	2015 €'000	2014 €'000
Costais Oibríocháin Eile		
Cothabháil Feirme & Tailte	2,248	2,253
Slándáil	19,753	18,427
Fluairídiú	4,148	2,394
Ballraíochtaí	254	154
Ceadúnais*	(1,204)	2,767
Síntiúis	534	712
Costais Éagsúla	13,965	7,723
Costais Adhlactha	91	106
Muirir Daoine ar Iasacht	4,112	2,128
Caitheamh Aimsire (Aonaid Chónaitheacha)	804	650
Ábhair do Cheardlanna	1,659	1,653
Fóirdheontais do Bhéilí ar Rothaí	1,258	1,813
Aisíocaíochtaí	421	330
	48,043	41,110

* Baineann an laghdú maidir le Ceadúnais leis an bhfreaschur ar rósholáthar sa bhliain roimhe sin.

Nóta 10 An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006

Foráiltear leis an Acht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 an bunús reachtúil le haghaidh 'táillí fadchónaithe' mar a thugtar orthu a aisíoc, táillí a toibhíodh go mícheart ar dhaoine a bhí incháilithe go hiomlán do chárta leighis roimh an 14 Iúil 2005. Ceadaíonn an scéim táillí a aisíoc leis na daoine seo a leanas:

- Daoine beo ar gearradh muirear mícheart orthu ag aon am ó 1976 anall
- Eastáit daoine ar gearradh muirear mícheart orthu agus a fuair bás ar an 9 Nollaig 1998 nó dá éis.

Cuireadh cuntas speisialta i bhfearas atá á mhaoiniú ag airgead a sholáthraigh an tOireachtas agus as a ndéantar aisíocáíochtaí. Cuireadh €4m i leataobh in 2015 chuige sin. Baineann an chuid is mó den mhaoiniú sin le foráil d'íocaíochtaí a eascróidh mar thoradh ar achomhairc. Ba é an meastachán ab fhearr maidir le costas iomlán na n-aisíocáíochtaí, ag tús na scéime bunaithe ar na téarmaí mar atá siad leagtha amach san Acht, ná suas go dtí €1bn. Bhíodhas ag súil go ndéanfaí aisíocáíochtaí le thart ar 20,000 othar atá beo agus le heastáit idir 40,000 go 50,000 duine eile a bhí ina n-othair ach atá ar shlí na fírinne anois.

Cuireadh deireadh leis an scéim d'iaratasóirí nua ar an 31 Nollaig 2007 agus fuarthas beagnach 14,000 éileamh maidir le hothair atá beo agus beagnach 27,000 éileamh i ndáil le heastáit. Suas go dtí 31 Nollaig 2015, íocadh 20,264 éileamh. Amhail ag Nollaig 2015, bhí 29 éileamh san iomlán gan ioc a bhí á bpróiseáil chuig an gcéim tairisceana faoin scéim. Baineann na héilimh sin le 498 iaratas a rinneadh faoin scéim agus a bhí faoi réir achomharc chun na hArd-Chúirte. Tharraing an Stát siar an achomharc chun na hArd-Chúirte ina dhiaidh sin agus, dá thoradh, tá na héilimh sin á bpróiseáil anois. Táthar ag súil go mbeidh gach ceann de na héilimh sin á phróiseáil faoi dheireadh Ráithe 2, 2016. Tá €2m curtha ar fáil i mbuiséad 2016 an FSS chun aisíocáíochtaí agus éilimh atá gan íoc a mhaoiniú mar aon leis na costais riaracháin a ghabhann leo.

€484.877m ab ea an caiteachas carnach iomlán ar an scéim (costais riaracháin san áireamh) go dtí an 31 Nollaig 2015.

In 2015, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim maidir leis an Scéim Aisíocáíochta:

	2015 €'000	2014 €'000
Pá	170	146
Neamhphá:		
Aisíocáíochtaí d'Othair	1,682	1,124
Táillí Gairmiúla & Dí	0	17
Costais Oifige*	3	48
Iomlán an Neamhphá	1,685	1,189
Iomlán	1,855	1,335

* Tá Costais Oifige agus Riaracháin i dtaca leis an Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 áirithe i gcaiteachas an FSS.

Nóta 11 An tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006

Bhunaigh an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 scéim reachtúil chun dul i ngleic le deacrachtaí árachais a bhí ag daoine a bhí ionfhabhtaithe ag Heipitíteas C agus HIV trí fhuil agus táirgí fola a riaradh laistigh den Stát. Téitear i ngleic sa scéim leis na fadhbanna a bhí ag na daoine seo toisc nach raibh ar a gcumas costais mhorgáiste ná polasaithe árachais saoil a cheannach mar gheall gur tugadh táirgí fola dóibh a bhí éillithe. Cumhdóidh an scéim an riosca árachais don 1,700 duine nó níos mó a bhí i dteideal táirgí árachais a fháil, beag beann ar aon riochtaí leighis eile a d'fhéadfadh a bheith ag dul do na daoine sin, nuair a íocann siad an phréimh chaighdeánach a d'íocadh duine ar chomhaois agus inscne leo nach mbeadh aon ionfhabhtú ag dul dó. Sheol an FSS an ghné árachais saoil den scéim i Meán Fómhair 2007. Tugadh gné eile isteach i Márta 2009 ina raibh foráil do chumhdach árachais taistil.

Measadh i dtús ama go mbeadh costas foriomlán de €90m i gceist thar shaolré iomlán na scéime. Ba é an caiteachas carnach ar an scéim árachais go dtí 31 Nollaig 2015 ná €8m.

In 2015, cuireadh an caiteachas seo a leanas chun dochair an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil maidir leis an Scéim Árachais:

	2015 €'000	2014 €'000
Pá	82	79
Neamhphá:		
Íocaíochtaí ar ualuithe préimhe	378	442
Íocaíochtaí sochar atá frithgheallta ag an FSS	415	440
	793	882
Costais Oifige*	5	5
Iomlán an Neamhphá	798	887
Iomlán	880	966

* Tá Costais Oifige áirithe i gcaiteachas an FSS.

** Tá Costais Heipitítis C Eile áirithe i gCuntas Speisialta na Scéime Árachais Heipitítis C, sa Chuntas Speisialta Heipitítis C agus sa Chuntas Cúitimh Heipitítis C.

Nóta 12 Árachas

Roimh an 1 Eanáir 2001, bhí préimh árachais FSS faoi réir cúlratála. Faoin mbunús cúlratála, ní chinntear an phréimh dheiridh go dtí deireadh na tréimhse cumhdaigh agus tá sé bunaithe ar thairbhí cailleanais an FSS don tréimhse chéanna sin. Tá an coigeartú cúlratála atá inioctha leis an FSS faoi réir uasteorainneacha agus íosteorainneacha. Ag 31 Nollaig 2015, níorbh fhéidir an dliteanas beacht a dhéanamh amach, más ann, a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar thoradh ar chúlrátáil amach anseo. Is iad na huasdliteanais d'éilimh chúlrátála atá fós le n-íoc, bunaithe ar leibhéil aontaithe gach riosca inárachais, ná €5,000 agus €980,500m le haghaidh dliteanais fhóstóirí agus dliteanais phoiblí faoi seach. Íocadh gach préimh árachais ón 1 Eanáir 2001 ar bhunús bunráta amháin agus níl feidhm ag cúlratáil ar chumhdach ón dáta sin ar aghaidh. Nó gur aistríodh go slánaíocht an Stáit ar an 1 Eanáir 2010, bhí an FSS faoi árachas i gcoinne rioscaí dliteanais fhóstóirí agus dliteanais phoiblí suas go dtí teorainn slánaíochta, ar bhunús cúlratála agus bunráta araon.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ón 1 Iúil 2009, maoinítear an FSS i gcomhair éileamh a phróiseálann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ón 1 Eanáir 2010, rinne an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmhigean Feidhmeanna) 2009 slánaíocht an Stáit a leathnú chuig éilimh dhíobhála phearsanta agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí in aghaidh an FSS. Tugtar cuntas ar íocaíochtaí a rinneadh le héilitheoirí faoi théarmaí na scéime ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear. Ag 31 Nollaig 2015, ba é an dliteanas measta a bhí tabhaithe go dtí an dáta sin faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil agus slánaíocht an Stáit ná €1,525m (2014: €1,277m). As an €1,525m sin, baineann thart ar €1,332m le héilimh ghníomhacha i dtaca le cúram cliniciúil, agus baineann iarmhéid an dliteanais mheasta le héilimh cúram neamhchliniciúil. In 2015, ba é an muirear don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim ná €205.2m (2014: €117.3m). Bunaithe ar mheastacháin achtúireacha, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú mór ar an muirear don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim sna blianta amach anseo. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta le haghaidh an dliteanais seo sna ráitis airgeadais.

Árachas – Damáiste ó Thuilte ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn

Rinneadh damáiste ollmhór ag Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn tar éis tuile a tharla ar an 26 Iúil 2013. Chuir an tuile as don Rannóg Éigeandála, don Aonad Cúraim Chorónaigh, don Rannóg Raideolaíochta, don Bharda Haemaiteolaíochta Oinceolaíochta, don Saotharlann, do Phríomhrannóg na nOthar Seachtrach, don ionad Fiosrúchán Cairdiach, do na taifid mhíochaine agus don chóiríocht oifige. Lean Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn ag feidhmiú na seirbhísí agus tá comhoibriú dlúth déanta le hárachóirí chun seirbhísí a thabhairt ar ais, deisiúchán a dhéanamh ar an damáiste a rinne an tuile agus céimeanna a thógáil chun cosc a chur lena leithéid de chás tarlú arís. Bhí clúdach iomlán árachais ar fhoirgneamh agus inneachar mar aon le clúdach do stopadh gnó i bhfearas don éileamh €34.05m agus ní raibh aon chailleanais gan árachas i gceist as an damáiste a rinne an tuile.

Ach sin ráite, tá easnamh idir an socrúchán árachais agus an costas measta de €40.6m atá ar atógáil an ospidéil. Sin mar gheall go bhfuil teorainn le dliteanas na n-árachóirí go dtí athchur an infreastructúir. Áirithe sa chlár atógála tá feabhsúcháin de bhreis ar an athchur, ar nós forbairt ar sheomra raideolaíochta idirghabhálach agus forbairt eile atáthar a ionchorpráidíú ag an am seo chun cosc a chur le cur as don tseirbhís sna blianta amach romhainn. Fuarthas fáltais de €8.48m ó éilimh árachais in 2015 (2014: €20m). Tá na fáltais sin le cur i gcoinne caiteachais in ioncam agus caipiteal araon chun an clár atógála a mhaoiniú. As na fáltais de €8.48m ó éilimh árachais a fuarthas in 2015, aithníodh €6m i dtaca le caiteachas in 2015. Tá an iarmhéid de €2.48m ó na fáltais árachais á choinneal mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais le dáileadh i gcoinne caiteachais i dtréimhsí cuntasaíochta sa todhchaí nuair a tharlóidh sé sin. Beidh fáltais bhreise ó éilimh ar fáil i dtréimhsí cuntasaíochta sa todhchaí agus, faoi réir bheartas cuntasaíochta an FSS, tabharfar aitheantas dóibh agus déanfar iad a mheaitseáil in aghaidh caiteachais nó a aistriú chuig ioncam iarchurtha sa bhliain ina bhfaighfead iad.

Ioncam larchurtha - tá siad seo a leanas in iarmhéid Ospidéal Ghinearálta Leitir Ceanainn:

	2015	2014
	€'000	€'000
Iarmhéid an Ioncaim larchurtha ag 1 Eanáir	6,000	0
Fáltais ó éilimh árachais a fuarthas i rith na bliana	8,480	20,000
Suimeanna a leithdháileadh i gcoinne caiteachais	(6,000)	(14,000)
Iarmhéid an Ioncaim larchurtha ar 31 Nollaig (Nóta 21)	8,480	6,000

Nóta 13 Scéim Cúram Sláinte Fadtéarmach (a chorpraíonn an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/A Fair Deal)

Cuireadh tús leis an Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) in 2009 agus chuir sé sin deireadh de réir a chéile leis an Scéim Fóirdheontais Tí Altranais a bhí ann roimhe sin agus le córas na 'leapacha ar Conradh' do dhaoine scothaosta. Faoin scéim, i gcás daoine a bhfuil gá acu le seirbhísí cúraim fhadtéarmacha chónaitheacha i dteach altranais déantar measúnú ar a n-ioncam agus ar a sócmhainní, agus ansin déanann siad ranníocaíocht de suas le 80% den ioncam inmheasta agus suas le 7.5% de luach na sócmhainní atá acu i leith chostas a gcúraim. Íocann FSS an t-iarbhéid, más ann, de chostais a gcúraim i dtithe altranais poiblí agus i dtithe altranais príobháideacha atá cláraithe agus cumhdaithe faoin scéim.

Costais an Chúraim Chónaithe Fhadtéarmaigh (An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais/Fair Deal)

	2015 €'000	2014 €'000
Íocaíochtaí le Tithe Altranais Príobháideacha	560,679	529,496
Leapacha ar Conradh i dTithe Altranais Phríobháideacha agus Íocaíochtaí Fóirdheontais	42,000	56,015
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) –Tithe Altranais Príobháideacha amháin	602,679	585,511
Costas na dTithe Altranais Phoiblí*	328,871	320,218
Deontais loncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	24,338	24,589
Costais sheasta Tithe Altranais agus Costais Aonaid Eile	11,896	23,775
Iomlán na gCúram Cónaithe Fadtéarmach	967,784	954,093

* Tá costais tithe altranais poiblí áirithe faoi na ceanteidil chaiteachais ábhartha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas loncaim.

Ranníocaíochtaí othar

Bhí ranníocaíochtaí othar Fair Deal d'othair atá i dtithe poiblí cothrom le €57.643m (2014: €54.079m) agus tá siad áirithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas loncaim faoi Ioncam Othar.

Bhí ranníocaíochtaí othar Fair Deal do na hothair sin atá i dtithe deonacha (Eagraíochtaí A38) cothrom le €6.645m (2014: €6.431m), tá siad coinnithe ag na tithe sin agus ní ioncam don FSS atá iontu.

Leapacha ar conradh, leapacha Fóirdheontais

In 2015, rinneadh íocaíochtaí de €42m (2014: €56m) maidir le leapacha ar conradh agus le fóirdheontais do thithe altranais. Táthar ag cur deireadh de réir a chéile leis na scéimeanna sin agus níor chuir aon iontrálai nua isteach orthu ó cuireadh An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais ar bun in 2009.

Caiteachas laistigh de shaoráidí poiblí

Bhí costais bhreise de €11.896m laistigh de na tithe altranais poiblí in 2015 (2014: €23.775m) i dtaca le cúram fadtéarmach. Bhain na costais sin le costais aonad seasta agus costais eile a tabhaíodh a bhí níos mó ná an ráta aisíocaíochta 'leanann an t-airgead an t-othar' a íocadh faoin Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais.

Nóta 14 Caiteachas Caipitiúil

	2015 €'000	2014 €'000
(a) Breiseanna ar Shócmhainní Seasta		
Breiseanna le Maoin, Gléasra agus Trealamh (Nóta 15), Talamh & Foirgnimh	144,427	153,549
Breiseanna le Maoin, Gléasra agus Trealamh (Nóta 15), Seachas Talamh & Foirgnimh	65,851	66,160
	210,278	219,709
Maoinithe ó Dheontas Caipitil na Roinne Sláinte	198,719	206,424
Maoinithe ó Dheontas Ioncaim na Roinne Sláinte	11,559	13,285
	210,278	219,709

	2015 €'000	2014 €'000
(b) Anailís ar Chaiteachas		
Muirearaithe ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil		
Caiteachas ar shócmhainní an FSS féin (Caipitlithe)	198,719	206,424
Caiteachas ar thograí FSS nach mbíonn breiseanna maoin, gléasra agus trealamh mar thoradh orthu*	104,820	97,172
Caiteachas iomlán ar Thograí FSS muirearaithe ar chaipiteal**	303,539	303,596
Deontais chaipitil do ghníomhaireachtaí seachtracha (Aguisín 1)*	84,520	53,292
Caiteachas Caipitiúil Iomlán de réir an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil	388,059	356,888

* Tá an Caiteachas iomlán caipitiúil nár caipitlódh cothrom le €189.3m (2014: €150.5m)

** Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má théann an costas os cionn tairseacha áirithe luacha: €2,000 d'fhearas ríomhaireachta agus €7,000 do gach aicme sócmhainní eile.

	2015 €'000	2014 €'000
(c) Anailís ar Ioncam Caipitiúil ó Fhoinsí Eile		
Ioncam ó Ranna Rialtais agus ó Fhoinsí Eile maidir le tionscadail chaipitil:		
Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (SEI) – coigiltí fuinnimh in ospidéal ghéarmhíochaine	100	268
Fáltais Árachais – Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, damáiste ó thuille	4,500	0
Remise - Ionad Leanaí agus Ógánach Ghort na Silíní	471	0
Cheshire Ireland - Ionad Leanaí agus Ógánach Ghort na Silíní	141	0
Aonad Fiobrúise Cistí Phort Láirge - Ionad Leanaí agus Ógánach Ghort na Silíní	180	0
Ionad Naomh Conall - Ionad Leanaí agus Ógánach Ghort na Silíní	297	0
Fáltais Árachais Eile	354	394
Chumann Leicéime na Leanaí - Tabhartas	0	600
Cairde Ospidéal Inis Díomáin – deonachán d'aonaid en-suite	0	397
Cairde Ospidéal Naomh Íde – Tionscadal um Aonad Athshlánúcháin	785	160
Tabhartas ó Fhiobrúis Chisteach na Gaillimhe do UCHG	0	250
Deonachán ó Ospidéal N. Uinseann don FSS	0	125
Carthanacht CUH - Deonachán do Thionscadal Péidiatraiceach	450	0
Ollscoil Luimnigh - Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh	375	0
RCSI - Ionad Oideachais Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh	250	0
Ciste Domhanda Chomhpháirtíocht an Taobh ó Thuaidh - Athchóiriú ar Theach Adelphi	100	0
Ioncam Ilghnéitheach Eile	307	108
Iomlán an Ioncaim Chaipitiúil ó Fhoinsí Eile	8,310	2,302

Nóta 15 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh*	Foirgnimh**	Obair Idir Lámha (L&B)	Mótarf- heithiclí	Trealamh	Obair Idir Lámha (P&E)	Iomlán 2015
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas/Luacháil							
Ag 1 Eanáir 2015	1,697,724	3,730,098	230,467	87,266	1,311,599	939	7,058,093
Breiseanna	7	3,059	141,361	9,607	49,343	6,901	210,278
Aistrithe ó Obair idir Lámha	0	143,628	(143,628)	183	2,413	(2,596)	0
Diúscairtí	(21,104)	(3,864)	(2,472)	(9,329)	(27,679)	(581)	(65,029)
Ar 31 Nollaig 2015	1,676,627	3,872,921	225,728	87,727	1,335,676	4,663	7,203,342
Dímheas							
Dímheas Garnta ar an 1 Eanáir 2015	0	1,024,463	0	74,837	1,097,121	0	2,196,421
Muirear don Bhliain	0	93,334	0	6,976	71,650	0	171,960
Diúscairtí	0	(2,146)	0	(9,438)	(27,019)	0	(38,603)
Ar 31 Nollaig 2015	0	1,115,651	0	72,375	1,141,752	0	2,329,778
Glanluachanna de réir na Leabhar							
Ar 1 Eanáir 2015	1,697,724	2,705,635	230,467	12,429	214,478	939	4,861,672
Ar 31 Nollaig 2015	1,676,627	2,757,270	225,728	15,352	193,924	4,663	4,873,564

* Aistríodh talamh de luach €2.121bn chuig an FSS nuair a bunaíodh é ar an luach anonn ar an 1 Eanáir 2005. Rinne na Boird Sláinte ag an am an talamh a luacháil in 2002 faoi réir bheartas athluachála na Roinne Sláinte agus bunaithe ar na rátaí luachála a bhí eisithe ag an Roinn Sláinte. Rinneadh callteanas le gairid ar dhiúscairtí talún nach raibh riachtanach don FSS, ar luach an mhargaidh oscailte, rud a léiríonn go bhféadfadh rátaí luachála na Roinne Sláinte in 2002 a bheith os cionn na húsáide reatha nó luach an mhargaidh oscailte ar thalamh dá leithéid.

** Áirítear le glanluach leabhar na Maoine, Gléasra agus Trealaimh thuas tá €27.9m (2014: €29.8m) maidir le foirgnimh atá á sealbhú faoi léasanna airgeadais; áirítear sa dímheas a gearradh don bhliain thuas tá €1.8m (2014: €1.8m) ar na foirgnimh sin.

Nóta 16 Fardal

	2015	2014
	€'000	€'000
Soláthairtí Míochaine, Fiaclóireachta agus Máinliacha	33,758	31,745
Soláthairtí Saotharlainne	5,625	6,166
Soláthairtí Cógaslainne	19,634	18,751
Fardail Ardteicniúla Cógaslann	49,138	44,814
Fardail Dáilte i gCógaslanna	791	968
Fuil agus Táirgí Fola	1,155	1,120
Fardail Vacsaíní	28,174	23,319
Seirbhísí Tí	6,485	7,684
Stáiseanáireacht agus Soláthairtí Oifige	1,762	2,021
Ilnithe	292	545
	146,814	137,133

Nóta 17 Trádáil agus Infháltais Eile

	2015 €'000	2014 €'000
Infháltais: Féichiúnaithe Othar - Saoráidí Priobháideacha in Ospidéal Phoiblí*	118,933	158,068
Infháltais: Féichiúnaithe Othar - Muirir d'Othair Chónaithe Poiblí	5,534	5,587
Infháltais: Féichiúnaithe Othar - Muirir Fhadchónaithe	8,656	8,998
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	27,686	19,784
An Roinn Sláinte**	54,825	0
Deontas Státchiste 2014 nár tarraingíodh***	21,000	0
Déantúsóirí Cógaisíochta	27,785	18,428
Coigeartú Teicniúil Párolla	25,251	27,228
Asbhaintí an Tobhaigh Phinsin ón bhFoireann/Soláthraithe Seirbhíse	6,531	9,981
Éileamh ar Iomarcaíocht Reachtúil	2,370	3,720
Údaráis Áitiúla	1,169	1,007
Réamhíocaíochtaí Párolla agus Ró-íocaíochtaí	5,411	30,247
Ospidéal Dheonacha maidir le: Conarthaí Seirbhíse Náisiúnta maidir le Feistí Leighis	20,284	16,313
Infháltais Éagsúla	31,110	39,960
	356,545	339,321

* Infháltais: Féichiúnaithe Othar - Tá laghdú suntasach tagtha ar Shaoráidí Priobháideacha in Ospidéal Phoiblí bliain ar bhliain mar gheall ar airgead breise a bheith faighte de thoradh socrúithe ar dearnadh idirbheartaíocht in athuair fúthu le hÁrachóirí Priobháideacha.

** Déantar leibhéal caiteachais faofa an FSS a chinneann an tAire a chur in iúl don FSS (an cinneadh). De thoradh na méaduithe i bhfáltais airgid an FSS féin, ní raibh gá ag an FSS le hairgead chun an leibhéal caiteachais faofa a chlúdach don bhliain. Ag 31 Nollaig, tá an FSS ag aithint infháltais de shuim €54.8m ón Roinn Sláinte mar thoradh ar na leibhéil caiteachais faofa in 2015 nár cuireadh airgead ar fáil dóibh in 2015. Is é an figiúr de €54.8m an difríocht atá idir an cinntiúchán agus an leibhéal de mhaoiniú airgid a fuarthas ón Roinn Sláinte in 2015.

*** Seo suim atá dlite don FSS maidir le Deontas Státchiste neamhtharraingthe ar 31 Nollaig 2014.

Nóta 18 Iarmhéid an Phámháistir Ginearálta

	2015 €'000	2014 €'000
Cuntas Baint an Phámháistir Ghinearálta	0	97,780
Glandliteanas don Státchiste	0	(5,764)
Iarmhéid an Phámháistir Ginearálta	0	92,016

Bhí iarmhéid de €97.78m i gcuntas Baint an Phámháistir Ginearálta (PMG) ar 31 Nollaig 2014. Ar an dáta sin, bhí €94m áirithe i gcuntas an PMG do dliteanas chánach, a bhí dlite in 2015, maidir le tuarastail ráithe a ceathair 2014. Chun na dliteanas chánach sin a íoc, bhain an FSS úsáid as maoiniú a cuireadh ar fáil ón Roinn Sláinte dá chuntais bhanc tráchtála i rith 2015. D'iarr an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go dtabharfaí ar ais an €94m don Státchiste in 2015 ionas go bhféadfaí é a leithdháileadh in athuair ar an FSS mar chuid de Mheastachán na Roinne Sláinte do 2015. Tar éis dhíbhunú Vóta an FSS, dúnadh cuntas Baint an PMG agus dearnadh an tsuim de €94m a tharchur chuig an Státchiste mar Fháltais Bhreise Státchiste i mí na Samhna 2015. Coigeartú Teicniúil Vóta aon uaire a raibh gá leis a bhí sa mhéid sin de thoradh aistriú an vóta go dtí an Roinn Sláinte.

Nóta 19 Creidiúnaithe (méideanna dlite in aon bhliain amháin)

	2015 €'000	2014 €'000
Léasanna Airgeadais	2,152	2,083
Iníocaíochtaí - Ioncam	159,014	149,726
Iníocaíochtaí - Caipiteal	6,365	4,140
Fabhrúithe Neamhphá – Ioncam	672,065	657,346
Fabhrúithe Neamhphá – Caipiteal	6,268	5,340
Fabhrúithe – Deontais d'Ospidéal Dheonacha & do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	295,063	270,790
Fabhrúithe Pá	443,243	458,802
Cáin Ioncaim agus Leas Sóisialach	151,767	125,654
Cáin Mhaoine Áitiúil (LPT)	296	339
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí	1,600	771
Deontais Chrannchuir Iníoctha**	1,497	1,513
An Roinn Sláinte (Réamhíocaíocht Deontais Mhaoinithe)	3,900	36,733
Iníocaíochtaí Éagsúla	16,695	16,212
	1,759,925	1,729,449

* Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt ar fhabhrúithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

** **Riarann an FSS eisíocaíocht na ndéontais ón gCrannchuir Náisiúnta do chláir áitiúla faoi Scéimeanna Cistithe Sláinte agus Leasa an Chrannchuir Náisiúnta. Seasann an iarmhéid do chistiú atá ceadaithe ach nach bhfuil íoctha amach go fóill le faighteoirí deontas faoi dheireadh na bliana.

Nóta 20 Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	2015 €'000	2014 €'000
Oibleagáidí léasa airgeadais - foirgnimh:		
Tar éis bliain amháin ach laistigh de chúig bliana	6,740	5,984
Tar éis cúig bliana	27,060	28,968
Iomlán na n-oibleagáidí Léasa Airgeadais	33,800	34,952
Dlíteanas don Státchiste i dtaca le Fáltais Bhreise Státchiste (tá breis anailíse thíos)	1,665	6,382
	35,465	41,334
Ollfháltais na nDiúscairtí go léir sa bhliain	2,278	3,830
Lúide: Glanchostais a tabhaíodh ar dhiúscairtí	(103)	(207)
Glanfháltais na diúscairthe	2,175	3,623
Lúide Cur i bhFeidhm na bhFáltas	(3,046)	(2,871)
Ar an 1 Eanáir	996	244
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	125	996
Tá an Dlíteanas don Státchiste i dtaca le Fáltais Bhreise Státchiste anailísithe mar a leanas:		
Fáltais as Dhiúscairt an Chuntais Sócmhainní Seasta*	0	996
Diólacháin/Aisíocaíochtaí Deontas Caipitil eile	1,665	1,665
Éileamh ar Lascaine Reachtúil	0	3,721
Dlíteanas Iomlán don Státchiste	1,665	6,382

* Fáltais as Dhiúscairt an Chuntais Sócmhainní Seasta

D'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe an Ceadú Tarmilgthe Ilbhliantúil Caipitil 2015-2018 i mí na Nollag 2015. An tionchar atá aige sin ar an FSS ná go bhfuil cead tugtha sa Litr Cinnidh 2015 Caipitil chun fáltais suas go dtí €5 mhilliún ó dhiólachán sócmhainní a infheistiú in athuair. Bhí na fáltais ó dhiólachán sócmhainní seasta i rith 2015 faoi bhun an tairis seo de €5 mhilliún. Dá bhrí sin, ní mheastar na Fáltais as Diúscairt an Chuntais Sócmhainní Seasta mar Fháltais Bhreise Státchiste (EERanna) in 2015 agus tá ian t-iarmhéid ar an gcuntas sin léirithe sna Cúlchistí Caipitil.

Nóta 21 Ioncam Iarchurtha

	2015 €'000	2014 €'000
Tá siad seo a leanas san ioncam iarchurtha:		
Tabhartais agus tiomnachtaí*	11,005	9,280
Ioncam ó dhíol talún nach bhfuil curtha i gcrích	718	739
Maoiniú deontais ón Stát agus ó chomhlachtaí eile	9,229	7,923
Maoiniú ó thionscadail chaipitil shonracha	3,465	1,782
Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (Nóta 12)	8,480	6,000
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	32,897	25,724

* Ioncam nár caitheadh a eascraíonn as tabhartais agus tiomnachtaí i gcás ina mbíonn na críocha ina bhféadfar an t-airgead a chur i bhfeidhm sonraithe ach nach bhfuil an caiteachas gaolmhar tabhaithe.

Nóta 22 (Glan-eis-sreabhadh)/Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2015 €'000	2014* €'000
(Easnamh)/barrachas don bhliain reatha	(7,931)	45,688
Cúlchistí Caipitil – aistrithe go dtí an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach	0	(63)
Gné chaipitil d'íocaíochtaí léasa arna muirearú ar ioncam	1,083	1,014
Lúide Ús a fuarthas	(129)	(31)
Ceannach trealaimh muirearaithe don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim	11,559	13,285
Dlíteanas don Státchiste - Fáltais ar Chuntas Dhiúscairt na Sócmhainní Seasta 2014 atá coinnithe**	996	0
Costais Airgeadais muirearaithe don Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim	1,038	1,108
(Méadú) i bhFardail	(9,681)	(14,281)
(Méadú) i bhFéichiúnaithe	(17,224)	(76,527)
Méadú i gCreidiúnaithe	30,476	44,627
Cúlchistí Ioncaim - Coigeartú Teicniúil Vóta (Nóta 18)	(94,000)	0
(Laghdú) i gCreidiúnaithe (dlíte faoi cheann breis is bliain amháin) – oibleagáid léasa airgeadais	(5,869)	(8,667)
Méadú ar Ioncam Iarchurtha	7,173	15,284
(Glan-eis-sreabhadh)/Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(82,509)	21,437

* Tá figiúirí 2014 athshonraithe chun léiriú a thabhairt ar iarmhairt an fhabhráithe pá saoire, rud atá riachtanach faoi FRS 102.

** Dlíteanas don Státchiste Fáltais ar Chuntas Dhiúscairt na Sócmhainní Seasta 2014 atá coinnithe agus gan gá le híocaíocht mar EER (Nóta 20).

Nóta 23 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

	2015 €'000	2014 €'000
Cuimsíonn Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid na nithe seo a leanas:		
Cuntas Bainc an Phámháistir Ghinearálta (Nóta 18)	0	92,016
Airgead Tirim	48,650	53,379
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid iomlána ag deireadh na bliana	48,650	145,395

Nóta 24 Ceangaltais Chaipitil

	2015 €'000	2014 €'000
Ceangaltais Mhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa todhchaí:		
Laistigh d'aon bhliain amháin	319,544	297,011
Tar éis bliain amháin ach laistigh de chúig bliana	841,990	856,620
	1,161,534	1,153,631
Ar conradh ach gan a bheith ar fáil sna ráitis airgeadais	344,532	357,161
San áireamh sa Phlean Caipitil ach gan a bheith ar conradh	817,002	796,470
	1,161,534	1,153,631

Bhí Plean Infheistíochta Caipitil ilbhliantúil ag an FSS ina dtugtar tosaíocht do chaiteachas ar thograí caipitil ar aon dul leis na spriocanna sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seirbhíse Bliantúil. Baineann na gealltanais a aithníodh thuas le costas iomlán tograí a raibh buiséid mhaoinithe shonracha ceadaithe dóibh ag deireadh na bliana. D'fhéadfadh costais a bheith i gceist leis na ceangaltais i mblianta tar éis 2015 a bhfuil buiséid le ceadú ina leith fós agus dá réir sin nach bhfuil measta.

Nóta 25 Maoin

	2015 Líon Réadmhaoine	2014 Líon Réadmhaoine
Tá 2,442 réadmhaoine in eastát FSS.		
Is féidir teideal na réadmhaoine a anailísiú mar seo a leanas:		
Ruílse	1,549	1,559
Léas	893	890
Iomlán Réadmhaoine	2,442	2,449
Is féidir príomhúsáid na n-ionad réadmhaoine a anailísiú mar seo a leanas:		
Seachadadh seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta	2,366	2,371
Seirbhísí Gnó & Tacaíochta Sláinte (lena n-áirítear próiseáil cártaí leighis, srl.)	76	78
Iomlán Réadmhaoine	2,442	2,449

I rith na bliana cuireadh 24 réadmhaoine breise leis an eastát cúram sláinte agus baineadh amach 31 réadmhaoine trí dhiúscairtí agus foirceannadh léasa ar aon. An glantoradh ná gur dearnadh laghdú 7 réadmhaoine i rith 2015.

Nóta 26 Fochuideachtaí

Rinneadh comhchuimsiú i bpáirt ar Aontacht Phobail Teoranta ag 31 Nollaig 2010 agus táthar ag súil bailchríoch a chur ar aistriú na n-iarbhéideanna eile in 2016.

Ní aon fochuideachtaí eile ag FSS. Roimhe seo, chuir An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, tríd na húdaráis áitiúla cuí, iasachtaí fóirdheontais d'Aontacht Phobail Teoranta ar phraghas ceannaigh na sealúchas a fuarthas le morgáistí agus €1,062,042 ab ea luach na n-iasachtaí ar an dáta ar comhchuimsíodh é. Tháinig na comhairlí ábhartha thar cheann na Roinne Comhshaoil ar réiteach faoi luach fuascailte de €70,062 ar na morgáistí ar 31 Nollaig 2012, laghdú €991,980, mar faoi théarmaí an chomhaontaithe níl na hiasachtaí le haisioc ar choinníoll go mbaintear úsáid astu chun cóiríocht a thabhairt do dhaoine gan dídean. Níl aon mhorgáistí amuigh ag Dé Céadaoin 31 Nollaig 2015.

Nóta 27 Cánachas

Rinne an FSS féin-athbhreithniú cuimsitheach ar chomhlíontacht cánach i dtaca le 2014 le cabhair ó speisialtóirí cánach ón taobh amuigh agus cuireadh bailchríoch shásúil air sin in 2015. Rinneadh an féin-athbhreithniú ar fud na gceannasaithe cánach ar fad a gcaithfidh an FSS cuntas a thabhairt fúthu agus díriodh ach go háirithe ar na réimsí riosca sin a léirigh measúnú foirmiúil riosca a rinneadh in 2012. Cuireadh mionsonraí faoi ghanníocaíocht cánach a aithníodh le linn an fhéin-athbhreithnithe ar fáil trí Fhéincheartú agus rinneadh íocaíocht iomlán (ús san áireamh) leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2015. Bhunaigh an FSS feidhm speisialaithe cánach i rith 2013 agus cuireadh breis acmhainní ar fáil chuige sin in 2015. Tá an FSS tiomanta i gcónaí do ghéilliúntas den scoth do na dlíthe cánacha.

Nóta 28 Léasanna Oibriúcháin

	2015 €'000	2014 €'000
Cíosanna ó léasanna oibriúcháin (gearrtha ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Ioncaim)		
Talamh & Foirgnimh	43,740	39,456
Mótarfheithicilí	150	79
Trealamh	418	433
	44,308	39,968

Tá na suimeanna iomlána iníoctha seo a leanas faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe roinnte ag an FSS idir suimeanna dlíthe:

	Talamh & Foirgnimh 2015 €'000	Eile 2015 €'000	Iomlán 2015 €'000	Iomlán 2014 €'000
Laistigh d'aon bhliain amháin	36,521	451	36,972	42,634
Idir an dara agus an cúigiú bliain, go heisiatach	136,004	122	136,126	119,909
In os cionn cúig bliana	381,964	11	381,975	361,444
	554,489	584	555,073	523,987

Nóta 29 Dliteanais Theagmhasacha

Ginearálta

Tá baint ag FSS le roinnt éilimh lena mbaineann imeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá cumhdach árachais ag FSS le haghaidh slánaíocht ghairmiúil, dóiteán agus gach éileamh riosca sonrath. I bhformhór na gcásanna bheadh an t-árachas sin leordhóthanach chun gach costas a chumhdach, ach ní féidir a bheith cinnte faoi i ngeall ar theorainneacha slánaíochta agus roinnt coinníollacha beartais. Níl aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir leis na héifeachtaí airgeadais a bhainfeadh le teagmhais nach bhfuil aon árachas orthu.

Díospóid Dlíthiúil – Allmhairí Comhthreomhara

Faoi láthair, tá an FSS gafa i ndíospóid dlíthiúil le roinnt cuideachtaí iompórtála drugaí maidir le feidhmiú sábhálacha costais agus tionscnamh eile atá imlínte mar chuid de chreat-chomhaontú idir Cumann Sláinte Cógaisíochta na hÉireann (IPHA), an Roinn Sláinte agus an FSS a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2012. Bunaithe ar staid reatha na n-imeachtaí dlíthiúla tá éiginnteacht fós leis an toradh a bheidh ar an bpróiseas díospóide agus dá réir sin is deacair a mheas cén dliteanas ionchasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Dá thoradh sin níl aon fhoráil déanta sna ráitis airgeadais d'aon dhliteanas ionchasach sa todhchaí.

Éileamh Comhairleoirí

Tá an FSS ar an eolas go bhfuil Chomhairleoirí míochaine áirithe i mbun próisis mheastóireachta i dtaca le cás dlí a thabhairt i gcoinne an FSS i dtaca le riaráistí ionchasacha pá. Tá bainistiú an cháis seo faoi cheannas na Roinne Sláinte agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Níl aon bhunús soiléir ann faoi láthair chun meastachán iontaoifa a chur ar an luach ionchasach, más ann dó, a bheidh ar aon toradh i dtaca leis seo.

Cúiteamh Prasíocaíochta

I Márta 2013, cuireadh rialachán leasaithe i bhfeidhm maidir le prasíocaíocht, Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 (IR Uimh. 580/2012). Faoi reachtaíocht seo is féidir íocaíocht úis agus cúiteamh a thabhairt do soláthróirí i dtaca le sonraisc a mbíonn moill lena n-íoc. I gcomhairle dlíthiúil a fuair an FSS i Márta 2016, deirtear nach bhfuil teidliocht uathoibríoch ag soláthróirí chun cúiteamh prasíocaíochta a éileamh i dtaca le cúiteamh do shonraisc a mbíonn moill lena n-íoc, ach sin ráite is ceadmhach do sholáthróirí an cúiteamh sin a éileamh. Dá réir sin, tá sé deacair a thuair le haon chinnteacht cén meid de na suimeanna sin is ceadmhach do sholáthróirí a éileamh.

Nóta 30 Tacaíocht Choimhdeach ón Stát

Gné bhreise roghnach de Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais is ea an Tacaíocht Choimhdeach ón Stát do dhaoine a bhfuil réadmhaoin nó sócmhainní acu sa Stát. In ionad ranníocaíocht iomlán a íoc gach seachtain dá gcúram as a n-acmhainní féin, is féidir le cliant roghnú iarratas a dhéanamh ar lasacht Teach Altranais, chun cuid dá ranníocaíocht a chumhdach, atá bunaithe ar shócmhainní shealúchais nó talún atá acu sa Stát. Ansin íocann FSS an chuid sin de chostas an chúraim anuas ar an íocaíocht Tacaíochta ón Stát. Íoctar an iasacht ar ais leis an Stát tar éis an tsócmhainn a dhíol nó ar bhás an chliant, cibé acu is túisce a tharlaíonn. Is leis na Coimisinéirí Ioncaim a dhéantar aisíoc na hiasachta. I roinnt cásanna, is féidir aisíoc na hiasachta a iarchur. Tá an chuid seo den scéim deartha chun daoine a chosaint ón ngá a dteach a dhíol fad is atá siad beo.

€50.402m an t-iomlán comhlán de Thacaíocht Choimhdeach ón Stát a cuireadh in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim amháin ar an 31 Nollaig 2015 mar fhorchúiteamh ó cuireadh An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais ar bun, ina raibh 2,143 iasacht le cliant i gceist Tá sé deimhnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim don FSS go bhfuair siad €32.213m d'aisíocaíochtaí iasachta san iomlán, i dtaca le 2,018 iasacht cliant.

Nóta 31 Imeachtaí Tar Éis an Chláir Chomhardaithe

Níor tháinig aon chúinsí chun cinn ná níor tharla aon imeachtaí, idir dháta an chláir chomhardaithe agus dháta fhaomhadh na ráiteas airgeadais ón Stiúthóireacht, a d'éileodh coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

Nóta 32 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa a ngnó, tá cead ag an FSS deontais a fhaomhadh agus is ceadmhach dóibh dul i mbun socruithe conartha eile chomh maith le gnóthais a bhfuil comhaltaí de Stiúthóireacht na Seirbhíse Sláinte fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu. Glacann an FSS le nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit na Roinne Airgeadais, an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001, maidir le nochtadh leasanna chomhaltaí Stiúthóireacht na Seirbhíse Sláinte. Tá na comhaltaí Stiúthóireacht na Seirbhíse Sláinte agus an FSS tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. I rith 2015 ní raibh aon leas díreach ag aon chomhalta laistigh d'aon pháirtithe gaolmhara. Ach sin ráite, tá comhalta Stiúthóireachta amháin atá ar bhoird iontaobhas Peter McVerry agus Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn araon. Tá an té sin ar an mbord ar bhonn gairmiúlachta leighis amháin agus níl an té sin gafa le hiarratas ná ceadú aon íocaíochtaí do na haonáin sin.

Príomh-phearsanra Bainistíochta

Meastar comhaltá na Stiúrthóireachta go léir a bheith ina mar phríomh-bhainistíocht ar an FSS. €1.429m i rith na bliana is ea an luach saothair foriomlán i dtaca le comhaltá atá ag freastal ar an Stiúrthóireacht, iad sin a ceapadh agus a d'éirigh as san áireamh (2014: €1.410m). Bunphá amháin a chuimsíonn na pacáistí luacha saothair don Stiúrthóireacht. Níl aon liúntais, bótais ná peorcaisí i gceist leis an bpost sin. Tá an Stiúrthóireacht ina mbaill de scéim pinsin an FSS agus ní théann a dteidlíochtaí pinsin thar na dteidlíochtaí caighdeánacha atá i samhail scéime na hearnála poiblí.

Nóta 33 Aistriú chuig FRS 102

Ar an 1 Eanáir 2015, d'aistrigh an FSS go dtí FRS 102 ón UK GAAP a bhí ar marthain roimhe sin. Seo a leanas tionchar an aistrithe chuig FRS 102:

	€'000
Réiteach na gCúlchistí ag 1 Eanáir 2014	
Cúlchistí loncaim ag 1 Eanáir 2014 faoin UK GAAP roimhe sin	(996,516)
Fabhrú Pá Saoire	(84,802)
Cúlchistí loncaim ag 1 Eanáir 2014 faoi FRS 102	(1,081,318)
Réiteach na gCúlchistí ag 31 Nollaig 2014	
Cúlchistí loncaim ag 31 Nollaig 2014 faoin UK GAAP roimhe sin	(951,001)
Fabhrú Pá Saoire	(84,629)
Cúlchistí loncaim ag 31 Nollaig 2014 faoi FRS 102	(1,035,630)

Ba iad seo a leanas na hathruithe sna beartais chuntasaíochta a d'eascair ón aistriú go dtí FRS 102:

Fabhrú Pá Saoire

Faoin UK GAAP roimhe sin, ní dhearna an FSS fabhrú do phá saoire a bhí tuillte ach rinneadh é do theidlíocht saoire a rabhthas ag súil í a thógáil sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Faoi FRS 102 tá sé de riachtanas ar an FSS fabhrú do na neamhláithreachtaí cúitithe gearrthéarmacha go léir mar theidlíochtaí saoire a bhí tuillte ach nach raibh tógtha ag dáta an ráitis faoin staid airgeadais. An tionchar atá aige sin ná pá a fhabhrú don FSS ag 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2014 faoi seach.

Nóta 34 Glacadh leis na Ráiteas Airgeadais

Ghlac an Stiúrthóireacht leis na ráitis airgeadais ar an Dé Luain 17 Bealtaine 2016.

Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil**

Anailís ar Dheontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha i Nóta 9 agus Nóta 14

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015 €000	Deontais Chaipitil 2015 €000	Deontais Iomlána* 2015 €000	Deontais Iomlána** 2014 €000
Deontais Iomlána faoi €100,000 (1,847 Deontas Ioncaim; 1 Deontas Caipitil)	38,226	75	38,301	34,400

Deontais de €100,000 nó os a chionn

A Ghrá Homecare Services Ltd	782		782	378
Ability West Ltd	23,058		23,058	22,214
Brú agus Ionad Cúram Lae Abode	1,007		1,007	1,000
ACET Ireland	104		104	95
Díobháil Inchinne Faigthe Éireann (Fondúireacht Peter Bradley roimhe seo)	9,918		9,918	9,382
Scor Gníomhach Éireann	253		253	251
Foireann Pobail Adapt in aghaidh Drugaí	616		616	554
Addiction Response Crumlin (ARC)	867		867	865
Grúpa Iarchúraim Athshlánaithe	105		105	105
Aoisghníomhaíocht Éireann	489		489	513
Aosacht agus Deiseanna	555		555	526
Tionscadal Tithíochta Ciste SEIF (Teach an Chéid)	364		364	364
Cúnamh SEIF san Iarthar	253		253	250
Áiseanna Tacaíochta	1,130		1,130	655
Aiséirí	512		512	281
Ionad Aislín, Cill Chainnigh	792		792	742
Alcohol Action Ireland	200		200	152
All About Healthcare T/A An Fhoireann Cúraim	729		729	348
All Communicarers Ltd	160		160	0
All In Care	10,910		10,910	9,781
Alliance	227		227	227
Fondúireacht Alpha One	120		120	120
Cumann Alzheimer na hÉireann	10,826		10,826	10,510
AMEN	0		0	147
Tionscadal Drugaí Ana Liffey	1,928		1,928	1,669
Fondúireacht Anne Sullivan do na Bodhair agus na Daill	115		115	94
Applewood Homecare Ltd	113		113	0
Arabella Counselling, t/a Here2Help	203		203	203
Ionad Cúram Lae Áras Mhuire (Seirbhísí Pobail Thiobraid Árann Thuaidh)	297		297	297
Ionad Tacaíochta Ailse ARC	189		189	171

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Ionad Ard Aoibhinn	3,349		3,349	3,143
Ionad Lae Ard Chúram	142		142	47
Ionad Cúram Lae Bhaile Átha Fhirdia	304		304	274
Arlington Novas Ireland	2,356		2,356	2,259
Airtríteas Éireann	186		186	185
Cumann Siondróim Asperger na hÉireann (ASPIRE)	261		261	472
Iontaobhas na gCarthanas Chomhlachaithe	151		151	167
Association for the Healing of Institutional Abuse (AHIA). (a raibh aithne air roimhe seo mar an Aislinn Centre, Baile Átha Cliath).	228		228	223
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Daoine faoi Bhac Meabhrach	1,196		1,196	627
Cumann Asma na hÉireann	120		120	8
Athlone Community Services Council Ltd	276		276	280
An Grúpa um Thionscnaimh Uathachais	4,456		4,456	4,163
Autism West Ltd	717		717	567
Aware	255		255	162
Aonad Téarnaimh Bhaile Mhuire do Dhaoine Scothaosta	212		212	217
Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe	142		142	132
Ballincollig Senior Citizens Club Ltd	356		356	356
Ballyfermot Advanced Project Ltd	676		676	525
Cúram Baile Bhaile Formaid	2,224		2,224	2,159
Ballyfermot Star Ltd	373		373	376
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Munna	352		352	303
Tionscadal Gníomhaíochta Óige Bhaile Munna (YAP)	882		882	663
Ionad Acmhainne Bhaile Féitheán agus an Tóchair	152		152	162
Barnardos	814		814	782
Campa Bhaile an Bhairéadaigh	151		151	151
Barrow Valley Enterprises for Adult Members with Special Needs Ltd (BEAM)	430		430	444
Cúram Baile - Bí Neamhspleách	378		378	0
Ionad Cúram Lae Beaufort	204		204	177
Ospidéal Beaumont	279,682	10,603	290,285	270,175
Belong to Youth Services Ltd.	202		202	192
Iontaobhas Bergerie	302		302	285
Tionscnamh Óige Bhaile an Bhlácaigh agus Radharc an Chnocáin (BMYI)	480		480	480
Cúraim Baile Bhaile Bhainséir agus Lár na Cathrach	3,364		3,364	3,459
Tascfhórsa Drugaí Áitiúil Bhaile Bhainséir	273		273	294
Seirbhís Óige Bhaile Bhainséir	228		228	192
Ionad Cúram Bloomfield	242		242	43
Cúram Bluebird	11,311		11,311	7,269

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Bodywhys Cumann Neamhord Itheacháin na hÉireann	283		283	289
Siúracha Bon Secours	804		804	829
Foireann Andúile Pobail Bhré	706		706	706
Bray Lakers Social and Recreational Club Ltd	140		140	137
Grúpa Taistealaithe Bhré	111		111	111
Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta Éireann	174,054	38	174,092	163,383
Ionad Acmhainní na Cabraí	217		217	217
Cairde	611		611	495
Ionad Cairdeas, Ceatharlach	282		282	274
Grúpa Cambian	185		185	0
Pobail Camphill na hÉireann	1,449		1,449	1,066
Cúram Ailse an Iarthair	500		500	500
Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí	29,815	1,526	31,341	26,715
Care About You	239		239	147
Seirbhísí Cúram sa Bhaile	451		451	295
Care For Me Ltd	352		352	15
Cúram na Sean, Ciarraí Thiar	129		129	129
CareBright	3,789		3,789	2,750
Comharchumann DG Caredoc	7,936		7,936	7,855
Caremark Éireann	4,695		4,695	3,286
Cúramóirí Teaghlaigh Éireann	7,597		7,597	6,093
Careworld	1,071		1,071	1,021
Caring and Sharing Association (CASA)	202		202	199
Caritas	2,044		2,044	2,026
Ionad Cúram Lae Cheatharlach (Seirbhísí Pobail na hEasca)	109		109	106
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach	92		92	107
Foireann Cúram Baile Cheatharlach/Chill Chainnigh	218		218	218
Ionad Cúram Pobail Charn an Bhua	139		139	140
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Charraig Mhachaire Rois				348
Carriglea Cairde Services Ltd (Siúracha Bon Sauveur roimhe seo)	9,682		9,682	8,639
Casadh	195		195	195
Casla Home Care Ltd	389		389	303
Cúram Baile an Chaisleáin	863		863	700
Institiúid Chaitliceach na mBodhar (CIDF)	1,606		1,606	1,084
CDA Trust Ltd (Feasacht Drugaí an Chabháin)	216		216	213
An Clinic Lárnach Íocshláinteach	15,408		15,408	15,695
Ionaid um Mhaireachtáil Neamhspleách (CIL)	10,879		10,879	10,581
Charleville Care Project Ltd	161		161	175

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncainm 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Cheeverstown House Ltd	24,183		24,183	22,736
Fondúireacht Cheshire na hÉireann	21,887		21,887	21,487
An Sunshine Home le haghaidh Leanaí	3,884		3,884	3,907
ChildVision (Scoil Naomh Iósaf do Dhaoine Lagamhairc)	4,042		4,042	4,043
Tionscadal Drugaí Pobail Chrysalis	204		204	255
Cill Dara Ar Aghaidh	160		160	202
Clann Mór	1,141		1,141	1,121
Cúram Chlannad	533		533	281
Clarecare Ltd lena gcuimsítear Comhairle Sheirbhísí Sóisialta an Chláir	5,757		5,757	5,162
Ionad Cúram Lae Dhroichead an Chláir	409		409	389
Ionad Lae Cúirt Bhaile Chláir	166		166	168
CLASP (Tionscadal Sóisialta Phobal Loch Arbhach)	116		116	126
Clár Tacaíochta Andúile Chluain Dolcáin (CASP)	842		842	842
Clondalkin Behavioural Initiative Ltd	130		130	10
Tascfhórsa Drugaí Chluain Dolcáin	203		203	203
Clondalkin Tus Nua Ltd	442		442	451
Ionad Acmhainní Pobail Chluain Meala	105		105	200
Cúnamh Baile Chluain Tarbh	2,856		2,856	1,538
Cúnamh Baile CLR	1,740		1,740	1,827
CLUB 91 (Seirbhís Chez Nous roimhe seo), Sligeach	125		125	125
Comhghníomhaíocht Iarthar Chorcaí	6,820		6,820	6,421
Ospidéal Ginearálta an Chóibh	598		598	760
Comfort Keepers Ltd	17,218		17,218	14,104
Communicare Healthcare Ltd	1,982		1,982	1,338
Community Creations Ltd	200		200	156
Cluichí Pobail	200		200	200
Aonad Altranais Pobail an Iarthuaiscirt	2,330		2,330	662
Freagairt Pobail, Baile Átha Cliath	311		311	311
Foireann Mhí-úsáid Substaintí Phobal Luimnigh	393		393	417
Console (Ag maireachtáil le Féinmharú)	622		622	925
Contact Care	935		935	842
Coolmine Therapeutic Community Ltd	1,510		1,510	1,516
Ospidéal an Choim do Mhná	56,405	458	56,863	51,609
Fondúireacht COPE	46,786		46,786	45,059
COPE na Gaillimhe	2,048		2,048	2,033
Teach Tacaíochta Ailse Arc Corcaigh	45		45	105
Cumann Uathachais Chorcaí	4,875		4,875	4,020
Cork City Partnership Ltd	100		100	54

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Clinic Pleanála Clainne Chorcaí	277		277	267
Tionscadal Foyer Chorcaí	282		282	287
Cumann Meabhairshláinte Chorcaí	151		151	240
Togra Oideachais Shóisialta agus Shláinte Chorcaí (CSHEP)	938		938	686
Ospidéal agus Scoil Dhéadach Ollscoil Chorcaí	1,715		1,715	1,867
Ceardlann Pobail Chontae Loch Garman, Inis Córthaidh / Ros Mhic Thriúin Teo	4,147		4,147	3,843
County Wexford Partnership Ltd	167		167	65
CPL Healthcare	2,108		2,108	2,178
CROI (Cumann Cairdeolaíochta Iarthar na hÉireann)	189		189	166
Crosscare	2,255		2,255	2,311
Cúram Baile Chromghlinne	2,994		2,994	2,824
Cuan Mhuire	1,753		1,753	1,543
Cumas Teo	491		491	488
Cúnamh	32		32	105
Cura	820		820	814
Cúram Clainne Ltd	102		102	72
Cumann Fiobrúise Cistí na hÉireann	10		10	210
Clár Fiobrúise Cistí na hÉireann	140		140	140
Seirbhísí Cónaitheacha Dara	2,067		2,067	1,676
Feasacht Drugaí Belcamp Dharndál	237		237	202
Iníonacha na Carthanachta	106,828		106,828	100,898
Deafhear.ie	4,488		4,488	4,559
Ionad Delta, Ceatharlach	3,002		3,002	2,774
Depaul Ireland	2,282		2,282	2,260
Cónaidhm Diaibéitis na hÉireann	250		250	304
Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI)	1,623		1,623	1,545
Dóchas	101		101	101
Dolmen Clubhouse Ltd	158		158	143
Donnycarney and Beaumont Home Help Services Ltd.	1,399		1,399	1,208
Tionscadal Óige Dhomhnach Cearna Teo	396		396	263
Cúram Áitiúil Dhomhnach Cearna/Beaumont	101		101	218
Forbairt Pobail Dhún Uabhair	178		178	178
Siondróm Down Éireann	156		156	183
Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha	118		118	106
Cumann Dhroichead Átha um Chúnamh do Dhídeanaithe	143		143	151
Ionad Cúram Faoisimh Dhrom Collachair agus Dúiche	496		496	402
Cúnamh Baile Dhroim Conrach	1,447		1,447	1,325
Cúram do Dhaoine Scothaosta Dhroim Caorthainn	197		197	196

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncainm 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Teach Drumlin	169		169	162
Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath (DAA) Teo	388		388	393
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	570		570	200
Ospidéal Déadach Bhaile Átha Cliath	5,947	283	6,230	6,538
Tascfhórsa Drugaí Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	458		458	358
Feidhmeannas Dhaoine Gan Dídean Réigiúin Bhaile Átha Cliath	518		518	754
Cúnamh Baile Dhún Laoghaire	834		834	831
Foireann Pobail Andúile Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	466		466	466
Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	81		81	107
Tionscadal For-Rochtana Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	365		365	377
East London NHS	278		278	73
Leabharlann Edward Worth	125		125	135
Cumas Éireann	37,342		37,342	36,027
Tionscadal Forbartha Pobail Inse	146		146	161
An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	201		201	0
Titeamas Éireann	777		777	728
Tuismitheoirí agus Cairde Riachtanais Speisialta Errigal Truagh Teo	170		170	154
Escombe Care Ltd.	129		129	96
Extern Ireland	260		260	113
Extra Care (Poblacht na hÉireann)	97		97	356
Ionad Ilmheáin an Athar Mhic Craith (Ionad Acmhainní Teaghlaigh)	121		121	130
Teach Fatima, Trá Lí	87		87	229
Seirbhísí Ógra Deoise Fhearna (FDYS)	252		252	246
Fondúireacht Festina Lente	375		375	360
Tionscadal Athshlánaithe ó Dhrugaí Fhothar Chardain	111		111	110
Fighting Blindness Ireland	111		111	111
Cúram Baile Fhine Gall	5,353		5,353	4,912
Foireann Tacaíochta Andúile Fhionnghlaise	454		454	454
Cúram Baile/Eagraíocht Chúraim Fhionnghlaise	1,954		1,954	2,382
Focus Ireland	1,454		1,454	1,490
Fold Ireland	1,769		1,769	1,880
Foróige	216		216	328
Cumann Neamhluaille Friedreich in Éirinn	113		113	111
Cúram Baile FRS	323		323	307
Fusion CPL Ltd	119		119	111
Cumann Lúthchleas Gael (Clár um Chosaint Mí-úsáide Alcóil agus Substaintí)	100		100	125
Fondúireacht Ospíse na Gaillimhe	3,955		3,955	3,356
Iontaobhas Genio	4,641		4,641	5,590

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Gheel Autism Services Ltd	6,342		6,342	5,883
GLEN – Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha	130		130	146
Teach Altranais Glenashling	112		112	0
Good Morning Inishowen	133		133	72
Siúracha an Aoire Mhaith	993		993	982
Cumann Ghráig na Manach do Dhaoine Scothaosta	363		363	160
GROW	1,379		1,379	1,220
Oifig an Chaomhnóra Ad Litem agus Athshlánúcháin (GALRO)	2,563		2,563	2,275
Cumann Tithíochta Hail don Chónaí Comhtháite	382		382	382
Hands On Peer Education (HOPE)	147		147	149
Headstrong	6,061		6,061	2,156
Headway, an Cumann Náisiúnta do Ghortú Inchinne Faighte	2,466		2,466	2,356
Teach Hesed	241		241	241
Na hAingil Naofa Ceatharlach, Ionad Cúram Lae do Dhaoine le Riachtanais Speisialta	1,081		1,081	680
Scoil an Teaghlaigh Naofa	111		111	111
Ospidéal an Spioraid Naofa	573		573	172
Home Care Plus	224		224	156
Seirbhísí um Chúnamh Baile i mBaile Munna	2,303		2,303	1,868
Cúram Seanóirí Home Instead	20,815		20,815	12,930
Homecare Independent Living Ltd	2,768		2,768	3,150
Homecare Solutions Ltd.	535		535	435
Teach Hope	154		154	104
Tionscadal Drugaí Idirghníomhaireachta IADP – UISCE	317		317	139
Comhairliúchán agus Sícteiripe Inimirceach (ICAP)	348		348	268
Foireann Pobail Inse Chór in aghaidh Drugaí	485		485	480
Cúnamh Baile Inse Chór	1,177		1,177	1,161
Cuimsiú Éireann	787		787	430
Ospidéal Ortaipéideach Corpraithe na hÉireann	10,016		10,016	9,195
Inspire Ireland Foundation Ltd	210		210	210
Seirbhísí Ire	113		113	166
Líonra Abhcóideachta na hÉireann	832		832	799
Cumann Spina Bífida agus Hidriceifileas na hÉireann (IASBH)	1,035		1,035	1,018
Cumann Ailse na hÉireann	326		326	300
Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann	472		472	125
Cumann Pleanála Clainne na hÉireann (IFPA)	1,257		1,257	1,240
Cumann Madraí Daill na hÉireann	777		777	776
Cumann Haemaifíla na hÉireann (IHS)	552		552	534
Foras Croí na hÉireann	324		324	314

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Seirbhísí Chúram Baile na hÉireann	8,963		8,963	8,506
Foras Duán na hÉireann (IKA)	362		362	217
Foras Ghalar Néarón Luadrach na hÉireann	254		254	256
Seirbhís Príosún na hÉireann	256		256	256
Cumann Uathachais na hÉireann	4,179		4,179	3,813
Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPPC)	386		386	355
Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann (ITM)	5,893		5,893	6,152
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA)	36,609		36,609	35,569
Fondúireacht Leanaí Jack and Jill	796		796	642
Tionscadal Ráth Miontáin um Chúnamh le Spleáchas ar Dhrugaí (Tionscadal JAAD)	274		274	266
K Doc (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	1,891		1,891	1,876
Kalbay Ltd	2,102		2,102	2,040
KARE Plan Ltd	1,899		1,899	1,216
KARE, Droichead Nua	17,260		17,260	15,986
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde Chiarraí	8,740		8,740	7,932
Clár Pobail Chósta Chill Bharróg Teo (KCCP)	391		391	351
Foireann Pobail Andúile Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin Teo	368		368	368
Seirbhísí Óige Chill Dara (KYS)	356		356	243
Cill an Ardáin (KARP)	145		145	148
Cumann Tithíochta Deonaí Chill Mháille	154		154	152
Pobal Abhainn Rí	469		469	309
Seirbhísí Tacaíochta d'Aos Óg Chionn tSáile	101		101	30
Tionscadal Ceartais Speisialta Chnoc na hAoine – Chnoc an Chuilinn	430		430	268
L'Arche Ireland	3,044		3,044	2,636
Cumann Liatroma do Dhaoine faoi Mhíchumas (LAPWD)	533		533	532
Cuideachta Forbartha Liatroma	245		245	220
Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar	13,284	125	13,409	13,117
Ionad na mBan, Leitir Ceanainn	206		206	209
Cúnamh Baile na Libeartaí agus Rialto	1,295		1,295	1,355
Seirbhís Cúraim Toirchis Life	477		477	477
Cúram Saoil	226		226	75
Ionad Acmhainní Leifir Chluain Lao	267		267	145
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus An Chláir (LCETB)	103		103	105
Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh	339		339	307
Link (Galway) Ltd	155		155	155
Seanóirí Chúirt Lios an Chairn	115		115	115
Brú Little Angels Leitir Ceanainn	160		160	172
Lochrann Ireland Ltd	133		133	133

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncainm 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Acmhainní Pobail an Longfoirt Teo	187		187	229
Coiste Seirbhísí Sóisialta an Longfoirt	181		181	156
Ionad Cúram Lae Lourdes	186		186	187
Forbairt Tithíochta Seanóirí Mhaigh Chromtha, Sullane Haven Ltd	107		107	93
Naíolann Pobail Mhachan	165		165	155
Teach Leasa Chúirt Mhuire, Cluain Meala	128		128	150
Cúnamh Baile Marino/Fhionnradhairc	1,033		1,033	1,018
Mater and Children's Hospital Development Ltd	0		0	1,281
Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae Teo	253,266	1,644	254,910	240,971
Seirbhísí Ógánach Matt Talbot	1,367		1,367	1,434
Iompar Inrochtana na Mí t/a Flexi Bus	5		5	139
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí	141		141	0
Comhpháirtíocht na Mí	458		458	461
Cumainn Mheabhairshláinte (MHAanna)	2,009		2,009	1,380
Meabhairshláinte Éireann	224		224	137
Cé na gCeannaithe, Éire (MQI)	2,557		2,557	2,425
Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh	70,661	957	71,618	70,226
Middlequarter Ltd	399		399	0
MIDOC	1,086		1,086	853
MIDWAY - Meath Intellectual Disability Work Advocacy You Ltd	9		9	2,238
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Mheán-Iarthair	400		400	512
Cumann Mígréine na hÉireann	129		129	142
Ionad Cúram Áth an Mhuilinn	11,729		11,729	11,589
Mindspace	158		158	
Mná Feasa	0		0	107
Moorehaven Centre Tipperary Ltd	1,139		1,139	1,040
Teach Achadh an Toir, Callán, Co. Chill Chainnigh	396		396	116
MS Ireland – Cumann Scléaróis Iolrach na hÉireann	2,597		2,597	2,677
Muintir na Tire Ltd	137		137	125
Foireann Mhullach Eadrad/na Coirre Duibhe in aghaidh Drugaí	263		263	385
Multiple Sclerosis North West Therapy Centre Ltd	282		282	256
Diostróife Mhatánach Éireann	1,277		1,277	1,251
Cumann Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine ar Lagamhairc Teo	762		762	486
An Gréasán Náisiúnta Leanbhaoise (NCN)	236		236	40
Cumann Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI)	6,436		6,436	6,305
Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Deonacha in Éirinn	417		417	280
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais	48,693	657	49,350	53,308
Ionad Náisiúnta um Fhaireachas ar Chothú UCD	192		192	93

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
An Oifig Náisiúnta d'Íospartaigh Mí-Úsáide (NOVA)	1,002		1,002	882
An tOspidéal Náisiúnta Pédiatraiceach	10	20,774	20,784	7,259
An tOspidéal Athshlánaithe Náisiúnta	28,334	1,054	29,388	28,256
Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde ar Fhéinmharú (NSRF)	964		964	650
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh (OÉG)	100		100	1,801
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad	500		500	0
Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann	204		204	154
Teach Nazarat, Mala	1,307		1,307	1,430
Teach Nazarat, Sligeach	583		583	673
Ospidéal Pobail Ros Mhic Tríúin	157		157	232
Ionad Oiliúna Pobail Dhroichead Nua agus Dhún Laoghaire	124		124	125
Ionad Teaghlaigh Theach Newbury, Baile na mBocht, Corcaigh	53		53	485
Seirbhísí Sóisialta an Phoirt Nua, Ionad Cúram Lae	226		226	228
No Name Youth Club Ltd	150		150	165
Seirbhísí um Chúnamh Baile agus um Chúram Baile Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh	954		954	1,879
Cumann Pobail agus Deonach Thiobraid Árann Thuaidh (CAVA)	171		171	172
Seirbhísí Tacaíochta Míchumais Thiobraid Árann Thuaidh Teo	606		606	636
Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh	221		221	234
Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt	519		519	510
Cumann Tuismitheoirí agus Cairde an Iarthuaiscirt	1,985		1,985	1,911
Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Iarthuaiscirt	205		205	292
Tionscnamh Sláinte Pobail Thuaisceart na Cathrach (NICHE)	563		563	377
Seirbhísí Chúram Baile Thuaisceart na Cathrach Teo	2,746		2,746	2,242
Comhpháirtíocht an Taobh ó Thuaidh	378		378	131
Tionscadal Tacaíochta Teaghlaigh Northstar	160		160	160
Ospís an Iarthuaiscirt	1,042		1,042	1,042
Seirbhísí um Chúram Sláinte Nua	3,111		3,111	1,823
Altra ar Glao-Dhualgas – Pacáiste Cúram Baile	3,997		3,997	3,661
Cúram Cónaitheach agus Lae Chúirt Uí Chonail	358		358	258
Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí	121		121	115
One Family	434		434	416
One in Four	548		548	515
Ionad Lae Open Door	365		365	400
Teach Open Heart	0		0	186
Ord Mhálta	449		449	431
Seirbhísí Óige Osraí	112		112	115
Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn	134,901	3,427	138,328	123,452
Ospís Mhuire, Crois Araid	27,553		27,553	27,734

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Outhouse Ltd	187		187	187
Parentstop Ltd	88		88	109
Parkrun Ireland Ltd	108		108	0
Patient Focus	216		216	197
Iontaobhas Peacehaven	728		728	632
Ospidéal Mhullach na Pise	24,645		24,645	24,261
Iontaobhas Peter McVerry (Cumann Arrupe roimhe seo)	1,442		1,442	1,239
Bainistíocht Chúraim PHC Teo	1,310		1,310	1,556
Teach Pieta	817		817	817
Pobal	1,915		1,915	0
Positive Age Ltd	73		73	105
Positive Options An Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime	151		151	92
Grúpa Tacaíochta Iar-Pholaimialítis (PPSG)	368		368	364
Teach Phrág	294		294	133
Grúpa Cúraim Praxis	3,971		3,971	3,682
Prosper Fingal Ltd	9,756		9,756	6,546
RAH Home Care Ltd t/a Right At Home	278		278	283
Cúnamh Baile Ráth Maonais	0		0	204
Comhpháirtíocht Phobal Pembroke Ráth Maonais	91		91	138
Tionscadal Red Ribbon	303		303	303
Tascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla um Dhrugaí	4,188		4,188	4,208
Grúpa Rehab	45,181		45,181	42,991
Resilience Ireland (Resilience Healthcare Ltd)	1,414		1,414	950
Respond! Cumann Tithíochta Respond!	692		692	644
Forbairt Pobail Rialto	165		165	123
Foireann Pobail Rialto in aghaidh Drugaí	363		363	368
Líonra Pobail Rialto	115		115	34
Cuideachta Chomhpháirtíochta Rialto	714		714	713
An Grúpa Dara Seans ar Cheart Áite	159		159	167
Freagra na Rinne agus an Dúiche ar Dhrugaí	379		379	343
Comharchumann Seirbhísi Baile Ros Comáin	3,213		3,213	2,972
Cuideachta Chomhpháirtíochta Ros Comáin Teo	96		96	229
Grúpa Tacaíochta Ros Comáin Teo	1,527		1,527	1,097
Teach Cónaithe Rosedale	409		409	115
Ospidéal an Rotunda	50,507	1,171	51,678	48,929
Coláiste Ríoga na Lianna	1,511		1,511	1,481
Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn	2,126		2,126	1,947
Ospidéal Ríoga Dhomhnach Broc	18,021	59	18,080	17,666

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Ospidéal Ríoga Victoria Súl agus Cluas	25,287	10	25,297	24,326
Tionscadal na mBan, Ruhama	220		220	220
S H A R E	205		205	208
Salesian Youth Enterprises Ltd	457		457	387
Arm an tSlánaithe	1,685		1,685	1,483
Na Samáraigh	648		648	622
Cúram Baile Sandra Cooney	1,043		1,043	656
Cúnamh Baile Dhumhach Thrá	358		358	309
Sankalpa	236		236	236
Tionscadal SAOL	310		310	310
Foras SCJMS/Mhuiríosa	45,171		45,171	41,938
Comhpháirtíocht SDC Dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath (Comhpháirtíocht Ghleann na Dortha roimhe seo)	511		511	490
Earcaíocht Servisource	1,069		1,069	678
Cumann Tithíochta Shalamar Fhionasclainn	197		197	184
Cumann Sheanáirí na Seanchille	109		109	73
Shannodoc Teo (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	4,852		4,852	4,786
SHINE	1,839		1,839	1,819
Clanna Shíomóin na hÉireann	7,511		7,511	7,491
Siúracha na Carthanachta	17,799		17,799	16,029
Siúracha na Carthanachta Ionad Mhuire do Dhaoine Dalla agus Lagamhairc	3,182		3,182	3,181
Siúracha na Trócaire	386		386	310
Seirbhísí Tacaíochta Slí Eile Teo	391		391	222
Ionad Teaghlaigh Shligigh	150		150	140
Comhairle Seirbhísí Sóisialta Shligigh Teo	469		469	560
Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh	80		80	115
Comhairliúchán Pobail Shnuga	143		143	148
Cumann Naomh Uinseann de Pól (SVDP)	3,298		3,298	3,096
Cumann Tithíochta Sonas	0		0	113
Cumann Tithíochta Sophia	708		708	695
Scéim Saothair Speisialta SOS (Kilkenny) Ltd.	135		135	10
Comharchumann DG SouthDoc	8,422		8,422	8,247
an Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria	53,265	1,082	54,347	53,814
Cuideachta Forbartha Mhaigh Eo Thiar Theas	124		124	124
Southern Drug and Alcohol Services Limited	190		190	0
Tionscadal an Deiscirt um Shláinte Daoine Aeracha	104		104	93
Gortuithe Dromlaigh Éireann	309		309	300
Tionscnamh Seirbhísí Tearmainn Spiritan (SPIRASI)	385		385	404

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncainm 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Tionscadail Springboard	0		0	145
Grúpa Gníomhaíochta Pobail Naomh Aonghas	141		141	141
Seirbhísí Naomh Aodáin	4,061		4,061	3,732
Ionad Acmhainne Naomh Aindriú	405		405	405
Ionad Cúraim Lae Naomh Bríd	120		120	162
Teach Naomh Carthage Lios Mór	367		367	173
Cumann Naomh Cairtriona Teo	6,053		6,053	5,562
Ionad Seirbhísí Pobail Naomh Cairtriona, Ceatharlach	164		164	65
Seirbhísí Naomh Críostóir, an Longfort	8,795		8,795	8,344
Ionad Cúraim Lae Naomh Colmán	111		111	92
Cumann Naomh Crónán	811		811	800
Tionscadal Freagartha Pobail Naomh Doimnic	311		311	274
Teach Naomh Fiach, An Ghráig	441		441	326
Ospís Naomh Proinsias	10,414		10,414	8,768
Scoil agus Ionad Naomh Gaibriéil	2,084		2,084	1,926
Seirbhísí Naomh Hilda do Dhaoine faoi Bhac Meabhrach, Baile Átha Luain	4,464		4,464	4,181
Ospidéal San Séamas	333,822	23,044	356,866	341,588
Ospidéal San Séamas, Brúnna Jonathan Swift	4,566		4,566	4,439
Ionad Óige Naomh Eoin Bosco	159		159	159
Seirbhísí Óstaíochta Naomh Eoin Dé	133,069		133,069	130,300
Ospidéal Naomh Eoin	20,440	827	21,267	20,921
Fondúireacht Naomh Iósaf	15,158		15,158	12,826
Teach Naomh Iósaf do Dhaoine Scothaosta	741		741	789
Teach Naomh Iósaf, Cill Mogeanna, Co. Chill Chainnigh	218		218	127
Scoil Naomh Iósaf do na Bodhair	2,146		2,146	1,762
Seirbhís Chúnamh Baile Naomh Caoimhín	434		434	415
SSC Naomh Lorcán Ó Tuathail	1,173		1,173	982
Teach Naomh Lazarian, Muine Bheag	364		364	246
Teach Naomh Lúcas	1,948		1,948	2,425
Ospidéal Naomh Lúcas (An Ríocht Aontaithe)	4		4	166
Scoil Naomh Iósaf do na Bodhair	381		381	1,143
Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire	25,477		25,477	25,518
Teach Naomh Micheál	75,199		75,199	73,082
Ionad Cúraim Lae Naomh Micheál	172		172	170
Coiste Forbartha Pobail Naomh Monica	372		372	259
Teach Altranais Naomh Monica	124		124	124
Ospidéal Naomh Pádraig	0		0	184
Scoil Speisialta Naomh Pádraig	173		173	170

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncaim 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Ionad Phádraig, Bóthar Wellington	8,726		8,726	8,751
Ospidéal Naomh Uinseann, Fionnradharc	13,910		13,910	14,130
Ospidéal na hOllscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán	223,831	1,984	225,815	217,435
Tionscadal Star Bhaile Munna Teo	271		271	244
Áis Stella Maris	146		146	146
Ospidéal an Stíobhardaigh	44,072		44,072	44,122
Cúnamh Baile Stigh Lorgan	562		562	560
Suicide or Survive (SOS)	198		198	144
Seirbhísí Theach Sunbeam	21,440		21,440	19,803
Teach Tabor, an Uaimh	158		158	108
Lóiste Tabor	749		749	501
Ionad Cóireála Gharrán an Talbóidigh	175		175	169
Cúnamh Baile Thamhlachta	1,259		1,259	1,212
Ospidéal Thamhlachta	201,251	5,115	206,366	196,150
Tionscadal Athshlánúcháin Thamhlachta	186		186	108
Seirbhís Ógra Thaistealaithe Thamhlachta	133		133	115
Ionad Cúram Lae Theach Mhuire	140		140	136
Teen Challenge Ireland Ltd	392		392	392
Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill	95,830	1,607	97,437	94,421
Ionad Cúram Lae an Teampaill Mhóir	160		160	163
Seirbhís Chúraim Thír an Iúir Teo	1,242		1,242	981
Ionad Avalon, Sligeach	308		308	254
Teach Cónaithe The Beeches	158		158	147
Ionad Lae Alzheimer The Birches	181		181	192
Tionscadal Gateway	0		0	100
Tionscadal Óige Chomharsanacht an Ghleanna	0		0	170
Coláiste Ainéistéisithe na hÉireann	100		100	39
Ionad Oidhreachta Idirnáisiúnta Éamainn Rís	133		133	39
Ionad Oasis	164		164	164
An Lárionad Sláinte Gnéis	408		408	355
An Grúpa TCP	319		319	340
Scothaois	600		600	529
Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais	313		313	314
Tintean Housing Association Ltd	105		105	108
Cumann Thiobraid Árann do Riachtanais Speisialta	130		130	130
Gluaiseacht Ospíse Thiobraid Arran	220		220	220
Tionscadal na Tulchann	179		179	90
Fóram Ban Thrá Lí	110		110	127

Ainm na Gníomhaireachta	Deontais Ioncainm 2015	Deontais Chaipitil 2015	Deontais Iomlána* 2015	Deontais Iomlána** 2014
	€000	€000	€000	€000
Transfusion Positive	95		95	138
Líonra Comhionannais Trasinscne Éireann	142		142	112
Treoir	421		421	420
Tribli Limited, t/a Exchange House National Travellers Service	822		822	714
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	97		97	140
Ionad Cúram Lae na Tulaí	166		166	166
Turas Counselling Services Ltd	334		334	370
Seirbhísí Sóisialta Chrois an Tornóra Teo	182		182	157
Coláiste na hOllscoile Corcaigh	160		160	15
Ospidéal Pobail Dhairbhre	516		516	557
Seirbhís Chomhairliúcháin an Bhaile	149		149	140
Cumann Bhaile Bhailcín do Dhaoine faoi Mhíchumas Teo	4,400		4,400	3,973
Ionad Acmhainní na nGlaschnoc, Baile Bhailcín	233		233	233
Réamhscoil Wallaroo	100		100	107
Seirbhís Óige Pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas	1,198		1,198	1,201
Cumann Phort Láirge do Dhaoine faoi Bhac Meabhrach	2,484		2,484	2,102
Cúram Leanaí Phort Láirge	123		123	80
Gluaiseacht Ospise Phort Láirge	264		264	237
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	72		72	114
Clinicí Well Woman	548		548	548
Grúpa Tacaíochta Cúramóirí Iarthar Chorcaí Teo	142		142	130
Acmhainní Iarthar Luimnigh Teo	136		136	157
Cumann Alzheimer Iarthar na hÉireann	1,447		1,447	961
Westdoc (Seirbhísí DG Lasmuigh de Ghnáthuaireanta)	1,862		1,862	1,409
Cumann Cúraim an Iarthair	30,838		30,838	28,575
Western Health Social Care Trust Northern Ireland	0	8,000	8,000	3,000
Tascfhórsa Drugaí Réigiúin an Iarthair	300		300	300
Forbairt Pobail na hIarmhí Teo	269		269	177
Seirbhís Cúram Baile Loch Garman	202		202	202
Cumann Tithíochta na Daracha Geala Teo	354		354	304
Seirbhísí um Chúnamh Baile Chúram Pobail Chill Mhantáin	5,848		5,848	5,386
Aonad Oiliúna Teiripeach an Mhuilinn Ghaoithe	513		513	359
Cumann Críostaí na bhFear Óg (YMCA)	66		66	162
Young Social Innovators Ltd	118		118	142
Youth For Peace Ltd	139		139	139
Deontais Iomlána do Gníomhaireachtaí Seachtracha (féach Nóta 9 d'Ioncam; féach Nóta 14 do Chaipiteal)	3,620,503	84,520	3,705,023	3,478,746

* Tharlódh gur tugadh íocaíochtaí breise, nach bhfuil taispeánta anseo, do roinnt gníomhaireachtaí i dtaca le seirbhís a tugadh.

** Tá gníomhaireachtaí a fhaigheann deontais de bhreis ar €100,000 i gceachtar bliain taispeánta. Tá gach deontas eile áirithe ag “Deontais Iomlána faoi €100,000”. Dá réir sin, tá comparáidí 2014 thuas athshonraithe nuair is cuí.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Ospidéal an Dr. Steevens
Lána Steevens
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: 01 6352000

www.hse.ie

Bealtaine 2016

ISBN: 978-1-78602-021-5

© 2016 FSS